II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/262 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin a bhfuil tacaíocht oifigiúil acu

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/76/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2001/77/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na treoirlínte atá sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin a bhfuil Tacaíocht Oifigiúil acu ("an Socrú"), leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 go mbeidh feidhm ag na treoirlínte sin san Aontas, agus tá téacs an tSocraithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Chomhaontaigh na Rannpháirtithe sa Socrú ar líon substaintiúil leasuithe ar an Socrú i gcomparáid leis an leagan den Socrú is infheidhme faoi láthair atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011.

(3) Is iad na príomhathruithe ar ghlac na Rannpháirtithe leo sa Socrú agus ina gComhaontuithe Earnála éagsúla idir mí Feabhra 2017, dáta an leagain is infheidhme faoi láthair, agus mí Eanáir 2022: nuashonrú ar liosta na Rannpháirtithe chun an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe a chur leis; athbhreithniú ar Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála; athrú ar fhorálacha costais áitiúil ar mhaithe le méadú ar thacaíocht costais áitiúil a cheadú; toirmeasc ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin agus ar thacaíocht cabhrach ceangailte le haghaidh gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe neamhlaghdaithe.

(4) An 10 Eanáir 2022, d'fhoilsigh ECFE leagan nuashonraithe den Socrú a chuimsíonn na leasuithe go léir a ghlac a rannpháirtithe go dtí deireadh 2021. Is iomchuí agus is gá na leasuithe sin a ionchorprú i reachtaíocht an Aontais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 a leasú dá réir,

([1]) IO L 326, 8.12.2011, lch. 45.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 7 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN II

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

1. CUSPÓIR

1. Is é príomhchuspóir an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil, dá dtagraítear ar fud an doiciméid seo mar an Socrú, ná creat a chur ar fáil lena bhféadfar na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a úsáid go rianúil.

2. Féachann an Socrú le cothroime iomaíochta a chothú don tacaíocht oifigiúil, amhail a shainítear in Airteagal 5 a), d'fhonn an iomaíocht a spreagadh i measc onnmhaireoirí bunaithe ar cháilíocht agus ar phraghas na n earraí agus na seirbhísí a dhéantar a onnmhairiú, seachas ar na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais is fabhraí agus ag a bhfuil tacaíocht oifigiúil á fáil.

2. STÁDAS

Tháinig éifeacht leis an Socrú, a forbraíodh faoi chuimsiú an ECFE, ar dtús in Aibreán 1978 agus is go ceann tréimhse éiginnte é. Is Comhaontú Oinigh i measc na Rannpháirtithe atá sa Socrú; ní Gníomh de chuid ECFE é ([1]), cé go bhfaigheann sé tacaíocht riaracháin ó Rúnaíocht ECFE (anseo feasta: 'an Rúnaíocht').

3. RANNPHÁIRTÍOCHT

Is iad seo na Rannpháirtithe don Socrú faoi láthair: An tAontas Eorpach, an Astráil, Ceanada, an Chóiré, an Eilvéis, an Iorua, an Nua Shéalainn, an Ríocht Aontaithe, an Tuirc, an tSeapáin, agus na Stáit Aontaithe. Féadfaidh na Rannpháirtithe reatha cuireadh a thabhairt do Chomhaltaí eile ECFE agus do thíortha nach Comhaltaí ECFE iad a bheith ina Rannpháirtithe.

4. FAISNÉIS ATÁ AR FÁIL DO NEAMH-RANNPHÁIRTITHE

a) Geallann na Rannpháirtithe go roinnfidh siad faisnéis faoi fhógraí a bhaineann le tacaíocht oifigiúil, faoi mar a leagtar síos in Airteagal 5 a) é, le neamh-rannpháirtithe.

b) Má dhéanann neamh-Rannpháirtí, atá i staid iomaíochta, iarraidh i dtaca leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a dhéantar a thairiscint i gcomhair tacaíocht oifigiúil; tabharfaidh Rannpháirtí, ar bhonn cómhalartaithe, freagra ar an iarraidh sin díreach faoi mar a thabharfadh sé freagra ar iarraidh ó Rannpháirtí.

5. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM

Beidh feidhm ag an Socrú maidir le gach tacaíocht oifigiúil a sholáthraíonn rialtas, nó a sholáthraítear thar ceann rialtais, le haghaidh onnmhairiú earraí agus/nó seirbhísí, lena n-áirítear léasanna airgeadais, agus a bhfuil téarma aisíocaíochta de 2 bhliain nó níos mó ag gabháil leo.

a) Féadfar tacaíocht oifigiúil a sholáthar ar bhealaí éagsúla:

1. Ráthaíocht nó árachas creidmheasa onnmhairiúcháin (cumhdach foirfe).

2. Tacaíocht oifigiúil maoinithe:

— creidmheas díreach/maoiniú díreach agus athmhaoiniú, nó

— tacaíocht ráta úis.

3. Aon teaglaim díobh sin thuasluaite.

b) Beidh feidhm ag an Socrú maidir le cabhair cheangailte; beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar síos i gCaibidil IV freisin maidir le cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar.

c) Níl feidhm ag an Socrú maidir le honnmhairí trealaimh mhíleata agus tráchtearraí talmhaíochta.

d) Ní dhéanfar tacaíocht oifigiúil a sholáthar má tá fianaise shoiléir ann go ndearnadh an conradh a struchtúrú le ceannaitheoir i dtír nach í ceann scríbe deiridh na n-earraí í agus é mar aidhm phríomha leis sin go bhfaighfí téarmaí aisíocaíochta níos fabhraí.

([1]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 5 de Choinbhinsiún ECFE.

6. TOIRMISC AR THACAÍOCHT DON SOCRÚ

Ní sholáthróidh rannpháirtithe creidmheasanna onnmhairiúcháin lena dtacaítear go hoifigiúil ná cabhair cheangailte chun:

a) Onnmhairiú gléasraí nua giniúna leictreachais gualbhreoslaithe nó codanna díobh, lena gcuimsítear gach comhpháirt, trealamh, ábhar agus seirbhís (lena n-áirítear oiliúint a chur ar phearsanra) a bhfuil gá díreach leo chun stáisiúin chumhachta den sórt sin a thógáil agus a choimisiúnú. Meastar cur aonaid nua giniúna leictreachais gualbhreoslaithe le gléasra atá ann cheana a bheith ina ghléasra nua giniúna leictreachais gualbhreoslaithe.

b) Trealamh a sholáthar do ghléasraí giniúna leictreachais ghualbhreoslaithe atá ann cheana, mura gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

i. Is é laghdú ar an aerthruailliú, laghdú ar an uiscethruailliú, nó laghdú ar astaíochtaí CO_2 é cuspóir an trealaimh arna sholáthair.

ii. Ní chuirtear fad ama le saolré úsáidte an ghléasra ná ní chuirtear lena acmhainneacht mar thoradh ar an trealamh a sholáthraítear.

c) Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i míreanna a) agus b) thuas maidir le gléasraí giniúna leictreachais gualbhreoslaithe a oibríonn le saoráidí éifeachtacha um ghabháil, úsáid agus stóráil carbóin (CCUS) ná maidir le gléasraí giniúna leictreachais gualbhreoslaithe atá ann cheana a iarfheistiú le CCUS a shuiteáil, dá bhforáiltear faoi Fhoscríbhinn II, Aicme Tionscadail A, a ghabhann le hIarscríbhinn IV.

d) Aontaíonn rannpháirtithe chun tabhairt faoi athbhreithniú, arna iarraidh sin do Rannpháirtí, ar theicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí CO_2 nach CCUS iad a d'fhéadfaí a fhorbairt amach anseo, chun críoch eisceachtaí ó mhíreanna a) agus b) thuas. Beidh cuimsiú aon eisceacht amach anseo bunaithe ar chinneadh comhthola ag na Rannpháirtithe.

e) Déanfar an tAirteagal seo a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2022, chun rannchuidiú leis an sprioc chomónta aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus na nithe seo á gcur san áireamh:

i. Na tuarascálacha is déanaí um eolaíocht na haeráide agus na himpleachtaí do chinntí infheistíochta domhanda sa bhonneagar a bhaineann leis an méadú sa mheánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 chéim Celsius os cionn na leibhéal réamhthionsclaíochta agus iarrachtaí a dhéanamh chun teorainn a chur leis an méadú sa teocht chuig 1,5 céim Celsius os cionn na leibhéal réamhthionsclaíochta;

ii. Creidmheasanna onnmhairiúcháin ag a bhfuil tacaíocht oifigiúil nó tacaíocht cabhrach ceangailte do thionscadail eile guail;

iii. Infhaighteacht na teicneolaíochta CCUS; agus

iv. Infhaighteacht na dteicneolaíochtaí laghdaithe CO_2 nach CCUS iad.

7. TUISCINTÍ EARNÁLA

a) Tá na Tuiscintí Earnála seo a leanas mar chuid den Socrú:

— Longa (Iarscríbhinn I)

— Gléasraí Cumhachta Núicléiche (Iarscríbhinn II)

— Aerárthaí Sibhialta (Iarscríbhinn III)

— Fuinneamh In-athnuaite, Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú dó, agus Tionscadail Uisce (Iarscríbhinn IV)

— Bonneagar Iarnróid (Iarscríbhinn V)

b) Féadfaidh Rannpháirtí in Iarscríbhinn I, II, IV nó V na forálacha faoi seach a chur i bhfeidhm maidir le tacaíocht oifigiúil d'onnmhairiú earraí agus/nó seirbhísí a chumhdaítear leis na Tuiscintí Earnála ábhartha. I gcás nach mbíonn foráil sa Tuiscint Earnála a chomhfhreagraíonn d'fhoráil chuig sin sa Socrú, déanfaidh Rannpháirtí sa Tuiscint Earnála an fhoráil atá sa Socrú a chur i bhfeidhm.

c) I gcás onnmhairiú earraí agus/nó seirbhísí a chumhdaítear le hIarscríbhinn III, cuirfidh na Rannpháirtithe ar Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála sin freisin iad forálacha na Tuisceana Earnála sin i bhfeidhm.

8. MAOINIÚ TIONSCADAIL

a) Féadfaidh na Rannpháirtithe na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a chur i bhfeidhm maidir le honnmhairiú earraí agus/nó seirbhísí le haghaidh idirbhearta a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn VI.

b) Beidh feidhm ag mír a) thuas maidir le honnmhairiú earraí agus seirbhísí a chumhdaítear leis an Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Gléasraí Cumhachta Núicléiche, an Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh an Fhuinnimh In-athnuaite, an Mhaolaithe ar an Athrú Aeráide agus an Oiriúnaithe don Athrú sin, agus an Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh an Bhonneagair Iarnróid.

c) Ní bheidh feidhm ag mír a) thuas maidir le honnmhairiú earraí agus seirbhísí a chumhdaítear leis an Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ná maidir leis an Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Long.

9. TARRAINGT SIAR

Féadfaidh Rannpháirtí tarraingt siar trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Rúnaíocht trí mheán cumarsáid mheandrach, e.g. úsáid a bhaint as an gcóras ríomhphoist a choinníonn an Rúnaíocht ar bun chun cumarsáid i measc Rannpháirtithe agus na Rúnaíochta a éascú. Beidh éifeacht ag an tarraingt siar 180 lá féilire tar éis don Rúnaíocht an fógra a fháil.

10. FAIREACHÁN

Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar chur chun feidhme an tSocraithe.

CAIBIDIL II

Téarmaí agus coinníollacha airgeadais le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin

Cuimsítear leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin na forálacha go léir a leagtar síos sa Chaibidil seo, forálacha a léifear i dteannta a chéile. Leagtar síos leis an Socrú, teorainneacha ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhféadfar tacaíocht oifigiúil a thabhairt dóibh. Aithníonn na Rannpháirtithe go bhfuil feidhm go traidisiúnta ag téarmaí agus coinníollacha airgeadais atá níos srianta ná na téarmaí agus na coinníollacha sin dá bhforáiltear sa Socrú maidir le hearnálacha áirithe trádála nó tionsclaíochta. Beidh urraim i gcónaí ag na Rannpháirtithe do na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais sin is gnách a bheith ann, go háirithe an prionsabal nach rachaidh téarmaí aisíocaíochta thar ré úsáideach na n-earraí.

11. AICMIÚCHÁN NA dTÍORTHA I gCOMHAIR TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA DO CHOSTAIS ÁITIÚLA

a) Tíortha Ardioncaim ([2]) ECFE is ea iad tíortha Chatagóir I. Tá gach tír eile i gCatagóir II.

b) Bíonn feidhm ag na critéir agus nósanna imeachta oibriúcháin seo a leanas nuair a bhíonn tíortha á n-aicmiú:

1. Déantar Aicmiú chun críche an tSocraithe a chinneadh de réir OIN *per capita* mar atá ríofa ag an mBanc Domhanda chun críocha aicmiú na dtíortha iasachtaíochta ag an mBanc Domhanda.

2. I gcásanna nach mbíonn a dhóthain faisnéise ag an mBanc Domhanda chun sonraí OIN *per capita* a fhoilsiú, iarrfar ar an mBanc Domhanda meastachán a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil OIN *per capita* na tíre i dtrácht os cionn na tairsí reatha nó faoin tairseach sin. Déanfar an tír a aicmiú de réir an mheastacháin sin, mura rud é go gcinneann na Rannpháirtithe a mhalairt a dhéanamh.

3. Má dhéantar tír a athaicmiú i gcomhréir le hAirteagal 11 a), beidh éifeacht ag an athaicmiúchán 2 sheachtain tar éis don Rúnaíocht na conclúidí a baineadh as na sonraí thuasluaite ón mBanc Domhanda a chur in iúl do na Rannpháirtithe go léir.

4. I gcásanna ina ndéanann an Banc Domhanda athbhreithniú ar na figiúirí, ní bheidh beann ar na hathbhreithnithe sin a fhad agus a bhaineann leis an Socrú. Mar sin féin, féadfar aicmiú tíre a athrú trí bhíthin Líne Coitinne agus dhéanfadh na Rannpháirtithe breithniú fabhrach ar aon athrú mar gheall ar earráidí agus easnaimh sna figiúirí a tugadh faoi deara sa bhliain féilire chéanna ina ndearna an Rúnaíocht na figiúirí a scaipeadh den chéad uair.

c) Ní athróidh tír ó chatagóir amháin go ceann eile ach amháin nuair a bhíonn a catagóir de réir an Bhainc Dhomhanda gan athrú ar feadh 2 bhliain i ndiaidh a chéile.

([2]) Mar a shainítear ag an mBanc Domhanda, ar bhonn bliantúil de réir OIN *per capita*.

12. ÉARLAIS, TACAÍOCHT OIFIGIÚIL UASTA AGUS COSTAIS ÁITIÚLA

a) Cuirfidh na Rannpháirtithe de cheangal ar cheannaitheoirí earraí agus seirbhísí atá faoi réir tacaíochta oifigiúla éarlais de 15 % ar a laghad de luach an chonartha onnmhairiúcháin a dhéanamh ag túsphointe an chreidmheasa, nó roimhe sin, amhail a shainítear in Iarscríbhinn XIV. D'fhonn éarlais a mheas, féadfar luach an chonartha onnmhairiúcháin a laghdú go cionmhar más rud é go ndéantar earraí agus seirbhísí ó thríú tír nach bhfaigheann tacaíocht oifigiúil a áireamh san idirbheart. Is incheadaithe é maoiniú/árachas 100 % den phréimh a dhéanamh. Féadfar an phréimh a áireamh i luach an chonartha onnmhairiúcháin, nó féadfar an phréimh a fhágáil ar lár as. Sa chomhthéacs seo, ní bhreathnaítear ar íocaíochtaí coinneála a dhéantar tar éis thúsphointe an chreidmheasa mar éarlais.

b) Is i bhfoirm árachais nó ráthaíochta in aghaidh na ngnáthrioscaí réamhchreidmheasa, agus san fhoirm sin amháin, a bheidh an tacaíocht oifigiúil d'éarlais den sórt sin.

c) Ach amháin mar a fhoráiltear i míreanna b) agus d), ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil is mó ná 85 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin, agus soláthar tríú tíre san áireamh ach gan costais áitiúla san áireamh.

d) Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil a sholáthar le haghaidh costais áitiúla faoi na coinníollacha seo a leanas:

1. Ní sháróidh uasmhéid na tacaíochta oifigiúla le haghaidh costais áitiúla:

— Le haghaidh tíortha de Chatagóir I, 40 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin.

— Le haghaidh tíortha de Chatagóir II, 50 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin.

2. Ní sholáthrófar tacaíocht oifigiúil le haghaidh costais áitiúla ar théarmaí is fabhraí/is lú srian ná na téarmaí a comhaontaíodh i gcás na n-onnmhairí lena mbaineann.

3. I gcás ina sáróidh tacaíocht oifigiúil le haghaidh costais áitiúla 15 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin, beidh an tacaíocht oifigiúil sin faoi réir fógra a thabhairt roimh ré, de bhun Airteagal 46, lena sonraítear cineál na gcostas áitiúil a bhfuiltear ag tacú leo.

13. TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA

Gan dochar d'Airteagal 14, athraíonn an téarma uasta aisíocaíochta de réir aicmiúchán na tíre ceann scríbe arna chinneadh de réir na gcritéar atá in Airteagal 11.

a) Maidir le tíortha de Chatagóir I, 8 mbliana go leith is ea an téarma uasta aisíocaíochta.

b) Maidir le tíortha de Chatagóir II, 10 mbliana is ea an téarma uasta aisíocaíochta.

c) Sa chás go mbíonn níos mó ná tír cinn scríbe amháin i gceist leis an gconradh, ba cheart do na Rannpháirtithe féachaint le Líne Choiteann a leagan síos i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá in Airteagail 56 go 61 chun teacht ar chomhaontú i dtaobh na dtéarmaí iomchuí.

14. TÉARMAÍ AISÍOCAÍOCHTA LE hAGHAIDH GLÉASRAÍ CUMHACHTA NEAMHNÚICLÉICHE

a) Maidir le gléasraí cumhachta neamhnúicléiche, 12 bhliain a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta. Más rud é go mbíonn sé ar intinn ag Rannpháirtí tacaíocht a thabhairt do théarma aisíocaíochta is faide ná an téarma dá bhforáiltear in Airteagal 13, tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 46.

b) Is éard is gléasraí cumhachta neamhnúicléiche ann ná stáisiúin chumhachta iomlána, nó codanna díobh, nach ndéantar a bhreoslú le cumhacht núicléach; áirítear leo gach comhpháirt, trealamh, ábhar agus seirbhís (lena n-áirítear oiliúint don phearsanra) a bhíonn riachtanach go díreach chun stáisiúin chumhachta neamhnúicléiche den sórt sin a thógáil agus a choimisiúnú. Ní áirítear leis seo míreanna as a mbíonn an custaiméir freagrach de ghnáth, go háirithe costais a bhaineann le forbairt talún, bóithre, sráidbhailte foirgníochta, línte cumhachta, agus lasc-chlós agus soláthar uisce atá suite lasmuigh de theorainn shuíomh an ghléasra cumhachta, chomh maith le costais a eascraíonn i dtír an cheannaitheora as nósanna imeachta faofa oifigiúla (e.g. ceadanna suímh, cead foirgníochta, ceadanna lánluchtaithe), seachas:

1. i gcásanna inarb ionann ceannaitheoir an lasc chlóis agus ceannaitheoir an ghléasra cumhachta, beidh an téarma uasta aisíocaíochta don lasc-chlós bunaidh mar a chéile leis an téarma don ghléasra cumhachta neamhnúicléiche (i.e. 12 bhliain); agus

2. beidh an téarma uasta aisíocaíochta d'fhostáisiúin, do chlaochladáin agus do línte tarchuir ag a bhfuil tairseach íosta voltais de 100 kV mar a chéile leis an téarma don stáisiún cumhachta neamhnúicléiche.

15. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS ÍOCAÍOCHT AN ÚIS

a) Is iondúil go n-aisíocfar an bunairgead de chreidmheas onnmhairiúcháin i dtráthchodanna cothroma nó, i gcás inarb iomchuí (e.g. nuair a thugtar tacaíocht le haghaidh idirbhearta léasa nó le haghaidh meaisíní nó trealamh saorsheasaimh a onnmhairiú), aisíocaíochtaí cothroma den bhunairgead agus den ús in éineacht.

b) Déanfar an bunairgead a aisíoc agus déanfar an t-ús a íoc ar a laghad gach 6 mhí agus déanfar an chéad tráthchuid den bhunairgead agus ús tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

c) Ar bhonn eisceachtúil agus cuí-réasúnaithe, féadfar na creidmheasanna onnmhairiúcháin a sholáthar ar théarmaí eile seachas iad sin a leagtar amach i míreanna a) agus b) thuas. Is éard a bheidh de mhíniú ar sholáthar tacaíochta den sórt sin, gur ann d'éagothromaíocht idir tráthú na gcistí atá ar fáil don oibleagáideoir agus an phróifíl seirbhíse féich a bheidh ar fáil faoi sceideal aisíocaíochta comhionann, leathbhliantúil, agus comhlíonfar na critéir seo a leanas:

1. Ní rachaidh aon aisíocaíocht aonair den bhunairgead ná aon sraith d'íocaíochtaí an bhunairgid laistigh de thréimhse 6 mhí thar 25 % de bhunsuim an chreidmheasa.

2. Déanfar an bunairgead a aisíoc le minice nach mó ná gach 12 mhí. Déanfar an chéad aisíocaíocht den bhunairgead tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa agus beidh 2 %, ar a laghad, de bhunsuim an chreidmheasa aisíoctha 12 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

3. Déanfar an t-ús a íoc le minice nach mó ná gach 12 mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis ag tráth nach déanaí ná gach 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

4. Ní rachaidh meánré ualaithe uasta na tréimhse aisíocaíochta thar an tréimhse seo a leanas:

— Maidir le hidirbhearta le ceannaitheoirí flaithiúnais (nó le ráthaíocht aisíocaíochta flaithiúnais ann), 4 bliana go leith maidir le hidirbhearta i dTíortha de Chatagóir I agus 5 bliana agus ráithe do Thíortha de Chatagóir II.

— Maidir le hidirbhearta le ceannaitheoirí neamhfhlaithiúnais (agus gan aon ráthaíocht íocaíochta flaithiúnais ann), 5 bliana do Thíortha Chatagóir I agus 6 bliana do Thíortha de Chatagóir II.

— D'ainneoin na bhforálacha a leagadh amach sa dá fhleasc roimhe seo, maidir le hidirbhearta lena mbaineann tacaíocht do ghléasraí cumhachta neamhnúicléiche de réir Airteagal 14, 6 bliana agus ráithe.

5. Tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 46 lena mínítear an chúis nach bhfuil tacaíocht á tabhairt de réir mhíreanna a) go dtí b) thuas.

d) Ní dhéanfar caipitliú ar ús a bheidh dlite tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

16. RÁTAÍ ÚIS, PRÉIMHRÁTAÍ AGUS TÁILLÍ EILE

a) Eisiatar ón ús:

1. aon íocaíocht a dhéantar trí phréimh nó muirear eile chun creidmheasanna soláthróra nó creidmheasanna airgeadais a árachú nó a ráthú;

2. aon íocaíocht a dhéantar trí tháillí nó coimisiúin baincéireachta a bhaineann leis an gcreidmheas onnmhairiúcháin, taobh amuigh de mhuirir bhliantúla nó leathbhliantúla bainc is iníoctha i rith na tréimhse aisíocaíochta; agus

3. cánacha siarchoinneálacha arna bhforchur ag an tír allmhairiúcháin.

b) Sa chás go dtugtar tacaíocht oifigiúil trí bhíthin creidmheasanna díreacha/maoiniú díreach nó athmhaoiniú, féadfar an phréimh a chur le haghaidhluach an ráta úis nó féadfaidh sí a bheith ina muirear ar leithligh; beidh an dá chomhchuid sin le cur in iúl ar leithligh do na Rannpháirtithe.

17. TRÉIMHSE BAILÍOCHTA DO CHREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN

Maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais do chreidmheas onnmhairiúcháin aonair nó do líne chreidmheasa, seachas an tréimhse bhailíochta i gcomhair Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála (CIRRanna) a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, ní bheidh siad socraithe go ceann tréimhse is mó ná 6 mhí roimh an gceangaltas deiridh.

18. GNÍOMHAÍOCHT CHUN CAILLTEANAIS A SHEACHAINT NÓ A ÍOSLAGHDÚ

Ní stopann an Socrú seo údaráis chreidmheasa onnmhairiúcháin nó institiúidí airgeadais ó théarmaí agus coinníollacha airgeadais nach bhfuil chomh srianta leis na téarmaí dá bhforáiltear sa Socrú a chomhaontú, más rud é go ndéantar gníomhaíocht den sórt sin tar éis dhámhadh an chonartha (nuair a bhíonn éifeacht cheana leis an gcomhaontú creidmheasa onnmhairiúcháin agus leis na doiciméid theagmhasacha) agus go bhfuil an ghníomhaíocht sin beartaithe go huile agus go hiomlán chun go seachnófaí nó go n-íoslaghdófaí caillteanais ó imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtrúig le neamhíocaíocht nó éilimh.

19. COMHOIRIÚNÚ

Agus oibleagáidí idirnáisiúnta Rannpháirtí á gcur san áireamh, agus ag teacht le cuspóir an tSocraithe, féadfaidh Rannpháirtí, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 43, comhoiriúnú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha atá á dtairiscint ag Rannpháirtí nó ag Neamh-rannpháirtí. Meastar go gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha airgeadais a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo na forálacha atá i gCaibidil I II agus, nuair is infheidhme, atá in Iarscríbhinní I, II, III, IV, V agus VI.

20. RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS SEASTA FAOIN TACAÍOCHT OIFIGIÚIL MAOINITHE

a) Maidir leis na Rannpháirtithe a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais oifigiúil le haghaidh iasachtaí ar ráta seasta, déanfaidh siad na Rátaí Tagartha don Ús Tráchtála (CIRRanna) ábhartha a fheidhmiú mar rátaí íosta úis. Is éard atá in CIRRanna ná rátaí úis a bhunaítear de réir na bprionsabal seo a leanas:

1. Ba cheart go mbeadh CIRRanna ina léiriú ar na rátaí úis críochnaitheacha d'iasachtú tráchtála i margadh baile an airgeadra lena mbaineann;

2. Ba cheart do CIRRanna a bheith ag comhfhreagairt go dlúth leis an ráta d'iasachtaithe baile den chéad aicme;

3. Ba cheart do CIRRanna a bheith bunaithe ar chostas maoinithe mhaoiniú an ráta úis sheasta;

4. Níor cheart go ndéanfadh CIRRanna saobhadh ar dhálaí iomaíochais baile; agus

5. Ba cheart do CIRRanna a bheith ag comhfhreagairt go dlúth leis an ráta atá ar fáil d'iasachtaithe coigríche den chéad aicme.

b) Ní dhéanfar soláthar tacaíochta airgeadais oifigiúla a fhritháireamh ná a chúiteamh, go páirteach ná go hiomlán, chun críche na préimhe riosca creidmheasa iomchuí a bheidh le muirearú as an riosca a ghabhann le neamh-aisíocaíocht de bhun fhorálacha Airteagal 22.

21. CIRRanna A SHOCRÚ AGUS A CHUR I bhFEIDHM

An CIRR maidir le tacaíocht oifigiúil maoinithe dá bhforáiltear faoin Socrú agus na hIarscríbhinní uile a ghabhann leis, seachas Tuiscint Earnála um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin d'Aerárthaí Sibhialta (Iarscríbhinn III), is i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn XV a dhéantar é a chinneadh agus a chur i bhfeidhm.

22. PRÉIMH DON RIOSCA CREIDMHEASA

Déanfaidh na Rannpháirtithe muirir phréimhe, in éineacht le muirir úis, a mhuirearú d'fhonn riosca neamhíocaíocht creidmheasanna onnmhairiúcháin a chumhdach. Maidir leis na préimhrátaí a mhuirearaítear ar na Rannpháirtithe, beidh siad bunaithe ar riosca, déanfaidh siad coinbhéirsiú agus ní bheidh siad neamhleordhóthanach chun na costais oibriúcháin fhadthéarmacha agus na caillteanais oibriúcháin fhadtéarmacha a chumhdach.

23. PRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA LE hAGHAIDH RIOSCA CREIDMHEASA

Ní ghearrfaidh na Rannpháirtithe muirear is lú ná an Préimhráta Íosta (MPR) is infheidhme le haghaidh Riosca Creidmheasa.

a) Déantar an MPR is infheidhme a chinneadh i gcomhréir leis na tosca seo a leanas:

— an t-aicmiúchán riosca tíre is infheidhme,

— an tréimhse a bhfuil an riosca ann (i.e. Ionchas an Riosca nó HOR),

— catagóir roghnaithe riosca ceannaitheora an oibleagáideora,

— céatadán an chumhdaigh riosca pholaitiúil agus tráchtála agus cáilíocht an táirge creidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil a sholáthraítear,

— aon teicníc maolaithe riosca tíre a chuirtear i bhfeidhm, agus

— aon fheabhsú creidmheasa um riosca ceannaitheora a cuireadh i bhfeidhm.

b) Is i gcéatadáin de bhunluach an chreidmheasa a shloinntear MPRanna amhail is dá mbaileofaí an phréimh go hiomlán an dáta ar tarraingíodh an creidmheas anuas ar dtús. Soláthraítear míniú ar an gcaoi chun MPRanna a ríomh, lena n-áirítear an fhoirmle mhatamaiticiúil, in Iarscríbhinn VIII.

c) Gan beann ar an tír is ceann scríbe, na préimhrátaí a mhuirearaíonn Rannpháirtithe le haghaidh Idirbhearta Tagarmhairc Margaidh, i.e., idirbhearta lena mbaineann oibleagáideoirí/ráthóirí deiridh (i.e. eintitis riosca creidmheasa) i dTíortha de Chatagóir 0, Tíortha Ardioncaim ECFE agus Tíortha Ardioncaim i Limistéar an Euro ([3]), nó lena mbaineann institiúid iltaobhach nó réigiúnach ar a n-aontaíonn na Rannpháirtithe gurb iondúil go mbíonn sí díolmhaithe ó na rialacháin maidir le rialú agus aistriú airgeadaíochta na tíre ina mbíonn sí suite ([4]), déanfar iad a chinneadh ar bhonn cás ar chás. Chun a áirithiú nach mbaintear an bonn de phraghsáil sa mhargadh príobháideach leis na préimhrátaí a mhuirearaítear ar idirbhearta lena mbaineann oibleagáideoirí, agus i gcás inarb iomchuí ráthóirí, sna tíortha sin, cloífidh na rannpháirtithe leis na nósanna imeachta seo a leanas, agus úsáid á baint as gnásanna aontaithe chun an phraghsáil tagarmhairc ábhartha a aistriú ina préimhrátaí:

1. I gcás ina soláthraíonn Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil mar chuid de phacáiste iasachtaí sindeacáite arna struchtúrú mar idirbheart de bhun sócmhainní ([5]) nó idirbheart maoinithe tionscadail ([6]), sa chás sin:

   — ní lú costas ilghnéitheach na coda iasachtaithe dírí ná an costas ilghnéitheach a mhuirearaíonn rannpháirtí (rannpháirtithe) an mhargaidh tráchtála sa tsindeacáit;

   — ní lú an phréimh a mhuirearaítear ar chumhdach foirfe ná an préimhráta coibhéiseach aistrithe a mhuirearaíonn rannpháirtí (rannpháirtithe) an mhargaidh tráchtála, agus ní lú í ná an Préimhráta Íosta Achtúireach is infheidhme.

   Chun cáiliú mar phacáiste iasachtaí sindeacáite, ní mór gach ceann de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

   — Tá 25 % ([7]) ar a laghad den tsindeacáit ina hiasacht/hiasachtaí nó ráthaíocht/ráthaíochtaí margaidh tráchtála, gan aon tacaíocht dhéthaobhach ná iltaobhach (e.g., CIE, DFI, IFI nó MDB) ([8]), i gcás ina bhfuil gach páirtí sa mhaoiniú ar théarmaí *pari passu* i leith gach téarma agus coinníoll airgeadais, lena n-áirítear pacáiste slándála; agus

   — Tá téarmaí agus coinníollacha airgeadais an idirbhirt lán-chomhlíontach leis an Socrú, arna mhodhnú leis na forálacha seo den phraghsáil Tagarmhairc Margaidh in idirbhearta iasachtaí/ráthaíochtaí sindeacáite.

2. I gcás gach Idirbheart Tagarmhairc Margaidh eile, beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas:

   — Agus infhaighteacht na faisnéise margaidh agus saintréithe an idirbhirt bhunúsaigh á gcur san áireamh, cinnfidh Rannpháirtithe an préimhráta le cur i bhfeidhm ach tagarmharcáil in aghaidh aon cheann amháin nó níos mó de na tagarmharcanna margaidh a leagtar amach in Iarscríbhinn X, agus roghnóidh siad an tagarmharc (na tagarmharcanna) a mheastar de bheith ar na cinn is iomchuí le haghaidh an idirbhirt shonraigh.

([3]) Stádas na tíre i dtéarmaí: Déantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar (1) cé acu is Tír Ardioncaim (mar a shainíonn an Banc Domhanda ar bhonn bliantúil de réir OIN *per capita*) atá inti nó nach ea, (2) ballraíocht in ECFE agus (3) cé acu atá sí ina ball de Limistéar an Euro nó nach bhfuil. Ainmniúchán tíre de réir Airteagal 23 c) mar Thír Ardioncaim ECFE nó mar Thír Ardioncaim i Limistéar an Euro chomh maith le baint ainmniúcháin den sórt sin; ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin i ndiaidh d'aicmiúchán ioncaim na tíre (Ardioncam nó aicmiú eile) fanacht gan athrú go ceann 2 bhliain as a chéile. Aon athrú ar ainmniúchán tíre mar Thír Ardioncaim ECFE nó mar Thír Ardioncaim i Limistéar an Euro chomh maith le baint ainmniúcháin den sórt sin a bhaineann le hathrú ar bhallraíocht EFCE nó le bheith ina ball de Limistéar an Euro, tiocfaidh sé i bhfeidhm láithreach tráth an athbhreithnithe bhliantúil ar stádas na dtíortha.

([4]) An measúnú ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn Institiúid Iltaobhach nó Réigiúnach díolmhaithe go hiondúil ó rialacháin um rialú agus aistriú airgeadaíochta na tíre ina mbíonn sí suite, déanfar í ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn X. Coinneoidh na Rannpháirtithe ar bun liosta de na hinstitiúidí a mheastar go gcomhlíonann siad na critéir agus, dá bhrí sin, atá faoi réir na bpréimhrátaí le haghaidh Idirbhearta Tagarmhairc Margaidh.

([5]) Chun cáiliú mar idirbheart de bhun sócmhainní, ní mór leas urrúis céadtosaíochta a bheith ann ar an tsócmhainn arna maoiniú; agus, i gcás struchtúr léasa, sannachán agus/nó leas urrúis céadtosaíochta i ndáil leis na híocaíochtaí léasa.

([6]) Chun cáiliú mar idirbheart maoinithe tionscadail, ní mór don idirbheart na Bunchritéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VI den Socrú a chomhlíonadh.

([7]) D'ainneoin na tairsí sin, le haghaidh idirbhearta i dtíortha Tagarmhairc Margaidh lena n-úsáidtear téarmaí agus coinníollacha a thugtar faoi Iarscríbhinn V (iarnród) nó Iarscríbhinn VI (maoiniú tionscadail), beidh feidhm ag na rialacha íosta ábhartha um rannpháirtíocht in iasacht tráchtála is infheidhme faoi na hIarscríbhinní sin.

([8]) Féadfar an cion seo den chritéar 25 % a chomhlíonadh i gcás ina n-áirítear le cion íocaíochta neamhairgid d'idirbheart lena mbaineann banc aonair a fhaigheann cumhdach CIE cion neamhchumhdaithe 25 % ar a laghad. Ní mór d'idirbhearta den sórt sin gach critéar eile d'fhomhír 1 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na forálacha *pari passu* leis an bhfleasc seo.

— D'ainneoin na míre roimhe seo, ní fhéadfaidh Rannpháirtithe préimhráta a mhuirearú atá níos ísle ná an phréimh chomhfhreagrach a chinntear leis an tsamhail 'Tagarmharc Margaidh feadh an Timthrialla' (TCMB), bunaithe ar an aicmiúchán riosca agus téarma iomlán (Meánré Ualaithe an idirbhirt iomláin) an idirbhirt mura ndíorthaítear an tagarmharc margaidh ó Eintiteas Ainmshonrach nó Gaolmhar (i) banna ar an margadh tánaisteach nó (ii) Babhtáil Mainneachtana Creidmheasa (CDS). Rannpháirtí a mhuirearaíonn préimhráta is lú ná an phréimh chomhfhreagrach a chinntear leis an tsamhail TCMB, ar bhonn rátáil na Gníomhaireachta Rátála Creidmheasa Creidiúnaithe ([9]) (CRA) ar an tagarmharc margaidh Ainm-Shonrach ([10]), tabharfaidh sé réamhfhógra i gcomhréir le hAirteagal 46. Ní fhéadfaidh an phréimh a mhuirearaítear a bheith níos lú ná an Phréimh Íosta Achtúireach chomhfhreagrach, áfach.

— Agus an préimhráta á chinneadh, cinnfidh Rannpháirtí rátáil riosca le haghaidh an oibleagáideora/ráthóra dheiridh, lena n-áirítear cé atá nó nach bhfuil rátáil ag an oibleagáideoir/ráthóir ó CRA Creidiúnaithe. Féadfaidh Rannpháirtí rátáil a shocrú ag eang amháin níos fearr (de réir scála CRA Creidiúnaithe) ná an eang arna soláthar ag CRA Creidiúnaithe. Mura bhfuil aon rátáil ó CRA Creidiúnaithe ann, ní fhéadfaidh an t-aicmiúchán riosca rátáil CRA an fhlaithiúnais i sainchónaí an oibleagáideora/ráthóra a shárú (ní fhéadfaidh sé a bheith níos fabhraí ná í) le níos mó ná dhá eang. Ní mór do Rannpháirtithe réamhfhógra a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 46 sna cásanna seo a leanas:

— I gcás ina n-aicmíonn Rannpháirtí an t-oibleagáideoir/ráthóir níos fearr ná an rátáil is fearr ó CRA Creidiúnaithe; nó

— Mura bhfuil aon rátáil ann ó CRA Creidiúnaithe, i gcás ina n-aicmíonn Rannpháirtí idirbheart mar CC2 nó níos fearr, nó ag litir rátála creidmheasa atá coibhéiseach le AAA go A-, nó comhionann leis an rátáil is fearr ó CRA Creidiúnaithe ar an bhflaithiúnas i sainchónaí an oibleagáideora/ráthóra nó níos fabhraí ná í.

d) Beidh, i bprionsabal, na tíortha 'is mó riosca' i gCatagóir 7 faoi réir préimhrátaí de bhreis ar MPRanna arna mbunú don Chatagóir sin; is é an Rannpháirtí a bhfuil tacaíocht oifigiúil á cur ar fáil aige a chinnfidh na préimhrátaí sin.

e) Agus MPR le haghaidh idirbhirt á ríomh, is é an t-aicmiúchán riosca tíre is infheidhme é aicmiúchán thír an oibleagáideora agus is é an t-aicmiúchán riosca ceannaitheora is infheidhme é aicmiúchán an oibleagáideora ([11]), mura dtugann tríú páirtí urrús i bhfoirm ráthaíocht atá neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach, nó ar éileamh, atá bailí ó thaobh an dlí de agus atá in-fhorfheidhmithe ar an oibleagáid iomlán um aisíocaíocht fiachais go ceann fhad iomlán na creidmheasa, ar tríú páirtí é ag a bhfuil acmhainneacht creidmheasa i ndáil le méid an fhiachais faoi ráthaíocht. I gcás ráthaíocht tríú páirtí, féadfaidh Rannpháirtí roghnú aicmiúchán riosca tíre na tíre ina bhfuil an ráthóir suite agus catagóir riosca ceannaitheora an ráthóra a chur i bhfeidhm ([12]).

f) Leagtar amach in Iarscríbhinn X na critéir agus na coinníollacha i ndáil le cur i bhfeidhm ráthaíochta tríú páirtí i gcomhréir leis na cásanna a thuairiscítear i mír e), an chéad fhleasc agus an dara fleasc, thuas.

g) Maidir le coinbhinsiún HOR a úsáidtear i ríomh MPR, is leath amháin é den tréimhseeisíocaíochta móide fad na tréimhse iomláine don aisíocaíocht agus glacann sé chuige féin gnáthphróifíl um aisíocaíocht creidmheasa, i.e. aisíocaíocht i dtráthchodanna comhionanna leathbhliantúla den bhunairgead móide ús fabhraithe dar tús 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa. I gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin ag a bhfuil próifílí aisíocaíochta neamhchaighdeánacha, déantar an tréimhse aisíocaíochta choibhéiseach (arna sloinneadh i dtráthchodanna comhionanna, leathbhliantúla) a ríomh ag úsáid na foirmle seo a leanas: tréimhse choibhéiseach aisíocaíochta = (meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta − 0,25)/0,5.

h) An Rannpháirtí a roghnaíonn MPR a chur i bhfeidhm a bhaineann le ráthóir tríú páirtí atá suite i dtír éigin seachas tír an oibleagáideora, tabharfaidh sé réamhfhógra i gcomhréir le hAirteagal 45.

([9]) I gcás ina rátálann níos mó ná aon CRA Creidiúnaithe amháin an t-oibleagáideoir/ráthóir, is í an rátáil CRA an rátáil airgeadra eachtraigh is fearr dá bhfuil ar fáil ar bhonn neamhurraithe sinsearach le haghaidh an oibleagáideora (nó an ráthóra). Tiomsóidh agus coinneoidh an Rúnaíocht liosta ar bun de CRAnna creidiúnaithe den sórt sin.

([10]) Sa chás nach bhfuil rátáil ag eintiteas praghsála margaidh Ainm-Shonrach ábhartha ó CRA Creidiúnaithe, measfar ansin go mbeidh an phraghsáil margaidh dá thoradh faoi bhun an ráta chomhfhreagraigh TCMB agus faoi réir réamhfhógra i gcomhréir le hAirteagal 46.

([11]) Na préimhrátaí a mhuirearaítear ar idirbhearta le ráthaíocht tríú páirtí arna soláthar ag oibleagáideoir i dtír de Chatagóir 0, i dTír Ardioncaim ECFE, i dTír Ardioncaim i Limistéar an Euro, nó ag institiúid iltaobhach nó réigiúnach a mheastar go gcomhlíonann sí na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn X, tá siad faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 23 c).

([12]) I gcás ráthaíocht tríú páirtí, ní mór gaol a bheith ag an aicmiúchán riosca tíre agus ag an gcatagóir riosca ceannaitheora is infheidhme leis an eintiteas céanna, i.e. an t-oibleagáideoir nó an ráthóir.

24. AICMIÚ AN RIOSCA TÍRE

Cé is moite de Thíortha Ardioncaim ECFE agus de Thíortha Ardioncaim i Limistéar an Euro, aicmeofar tíortha de réir na dóchúlachta cé acu a sheirbhíseoidh nó nach seirbhíseoidh siad a bhfiachais sheachtracha (i.e. riosca creidmheasa tíre).

a) Is iad seo a leanas cúig eilimint aicmiú an riosca tíre:

— moratóir ginearálta maidir leis na haisíocaíochtaí arna leagan síos ag rialtas an oibleagáideora/ráthóra nó ag gníomhaireacht na tíre trína ndéantar aisíocaíocht;

— imeachtaí polaitiúla agus/nó deacrachtaí eacnamaíocha arna n-eascairt lasmuigh de thír an Rannpháirtí a thugann fógra nó de na bearta reachtacha/riaracháin arna nglacadh lasmuigh de thír an Rannpháirtí a thugann fógra, arb iad is cúis le cosc a chur le cistí a aistriú arna n-íoc maidir leis an gcreidmheas, nó moill a chur orthu;

— forálacha dlíthiúla arna nglacadh i dtír an oibleagáideora/ráthóra lena ndearbhaítear gur glanadh bailí ar an bhfiachas iad na haisíocaíochtaí arna ndéanamh san airgeadra áitiúil, d'ainneoin nach ndéantar, de thoradh na luaineachta sna rátaí malairte, leis na haisíocaíochtaí sin, agus iad á gcomhshó in airgead an chreidmheasa, méid an fhiachais a chumhdach a thuilleadh an dáta a aistreofar na cistí;

— aon bheart eile nó cinneadh eile ó rialtas tíre iasachta a dhéanann aisíocaíocht faoi chuimsiú creidmheasa a chosc; agus

— cásanna *force majeure* a tharlaíonn lasmuigh de thír an Rannpháirtí a thugann an fógra, i.e. cogadh (lena n-áirítear cogadh cathartha), díshealbhú, réabhlóid, círéib, suaitheadh sibhialta, cioclóin, tuilte, critheanna talún, brúchtaí bolcánacha, tonnta tuile agus timpistí núicléacha.

b) Déantar tíortha a aicmiú i gceann de na hocht gCatagóir Riosca (0-7). Rinneadh MPRanna a bhunú do Chatagóirí 1 go 7, agus 7 san áireamh, ach ní dhearnadh é sin do Chatagóir 0 toisc go meastar an riosca tíre a bheith diombaiseach do thíortha sa Chatagóir sin. Baineann an riosca creidmheasa a bhaineann le hidirbhearta i dtíortha de Chatagóir 0 den chuid is mó le riosca an oibleagáideora/ráthóra.

c) Baintear amach aicmiúchán na dtíortha ([13]) trí mheán na Modheolaíochta um Aicmiú Riosca Tíre, atá comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

— Samhail Mheasúnaithe Riosca Tíre (an tSamhail), lena gcuirtear ar fáil measúnú cainníochtúil ar riosca creidmheasa tíre atá bunaithe ar thrí ghrúpa táscairí riosca: taithí íocaíochta na Rannpháirtithe, an staid airgeadais agus an staid eacnamaíoch. Trí chéim éagsúla atá i modheolaíocht na Samhla, lena n-áirítear an measúnú ar na trí ghrúpa táscairí riosca, agus teaglaim agus ualú solúbtha ghrúpaí na dtáscairí riosca.

— Measúnú cáilíochta ar thorthaí na Samhla arna meas de réir gach tíre chun an riosca polaitiúil agus/nó tosca eile riosca nach bhfuil curtha san áireamh go hiomlán nó go páirteach sa tSamhail a chuimsiú inti. Más iomchuí, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh coigeartú ar an tSamhail measúnaithe cainníochtúla as an méid sin chun measúnú deiridh an riosca creidmheasa tíre a léiriú.

d) Déanfar faireachán ar Aicmiúcháin Riosca Tíre ar bhonn leanúnach, agus déanfar athbhreithniú orthu go bliantúil ar a laghad, agus déanfaidh an Rúnaíocht na hathruithe a thagann as an Modheolaíocht um Aicmiúchán Riosca Tíre a chur in iúl láithreach. Nuair a dhéantar tír a athaicmiú i gCatagóir Riosca Tíre níos ísle nó níos airde, déanfaidh na Rannpháirtithe, tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis don athaicmiúchán a bheith curtha in iúl ag an Rúnaíocht, préimhrátaí a mhuirearú maidir leis an gCatagóir nua Riosca Tíre ag MPRanna a bhfuil baint acu leis, nó os a gcionn.

e) Cuirfidh an Rúnaíocht na haicmiúcháin riosca tíre ar fáil go poiblí.

25. MEASÚNÚ AR RIOSCA FLAITHIÚNAIS

a) Maidir le gach tír a aicmítear trí mheán na Modheolaíochta um Aicmiú Riosca Tíre de réir Airteagal 24 d), déanfar riosca an fhlaithiúnais a mheasúnú chun na flaithiúnais úd a shainaithint, ar bhonn eisceachtúil:

— nach é an t-oibleagáideoir is ísle riosca sa tír iad agus,

— a bhfuil a riosca creidmheasa i bhfad níos airde ná riosca tíre.

([13]) Chun críoch riaracháin, ní fhéadfar aicmiúchán a dhéanamh ar roinnt tíortha atá incháilithe le bheith aicmithe i gceann amháin de na hocht gCatagóir Riosca Tíre mura bhfaigheann siad go hiondúil creidmheasanna onnmhairiúcháin ag a bhfuil tacaíocht oifigiúil. I gcás tíortha neamhaicmithe den sórt sin, beidh saoirse ag Rannpháirtithe an t-aicmiúchán riosca tíre a mheasann siad a bheith iomchuí a chur i bhfeidhm.

b) Rachfar i mbun shainaithint na bhflaithiúnas a chomhlíonann na critéir a liostaítear i mír a) thuas i gcomhréir leis an Modheolaíocht Mheasúnaithe maidir le Riosca Flaithiúnais a d'fhorbair na Rannpháirtithe agus ar ar chomhaontaigh siad.

c) Déanfar faireachán ar bhonn leanúnach ar liosta na bhflaithiúnas a chomhlíonann na critéir a liostaítear i mír a) thuas, agus déanfar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus cuirfidh an Rúnaíocht na hathruithe de thoradh na Modheolaíochta Mheasúnaithe maidir le Riosca Flaithiúnais a chur in iúl láithreach bonn.

d) Cuirfidh an Rúnaíocht liosta na bhflaithiúnas arna sainaithint faoi mhír b) thuas ar fáil go poiblí.

26. AICMIÚCHÁN AN RIOSCA CEANNAITHEORA

Aicmeofar oibleagáideoirí agus, de réir mar is iomchuí, ráthóirí i dtíortha a aicmítear i gCatagóirí Riosca Tíre 1-7 i gceann amháin de na catagóirí riosca ceannaitheora a bunaíodh i ndáil le tír an oibleagáideora/ráthóra ([14]). Soláthraítear in Iarscríbhinn VIII an mhaitrís de chatagóirí riosca ceannaitheora ina n-aicmeofar oibleagáideoirí agus ráthóirí. Soláthraítear tuairiscí cáilíochtúla ar na catagóirí riosca ceannaitheora in Iarscríbhinn XI.

a) Beidh aicmiúcháin ceannaitheora-riosca bunaithe ar rátáil creidmheasa neamhurraithe shinsearach an oibleagáideora/ráthóra arna cinneadh ag an Rannpháirtí.

b) D'ainneoin mhír a) thuas, idirbhearta ag a bhfuil tacaíocht de réir théarmaí agus choinníollacha Iarscríbhinn VI agus idirbhearta ag a bhfuil luach creidmheasa CTS 5 mhilliún nó níos lú; féadfar iad a aicmiú ar bhonn idirbhirt i.e. tar éis aon fheabhsú creidmheasa um riosca ceannaitheora a chur i bhfeidhm; ní bhíonn idirbhearta den sórt sin, gan beann ar an gcaoi a n-aicmítear iad, incháilithe d'aon lascaine as feabhsuithe creidmheasa um riosca ceannaitheora a chur i bhfeidhm áfach.

c) Aicmítear oibleagáideoirí flaithiúnais agus ráthóirí flaithiúnais i gcatagóir riosca ceannaitheora SOV/CC0.

d) Ar bhonn eisceachtúil, féadfar oibleagáideoirí agus ráthóirí neamhflaithiúnais a aicmiú sa chatagóir riosca 'Níos fearr ná Ceannaitheoir Flaithiúnais' (SOV+) más rud é ([15]):

— go bhfuil rátáil airgeadra eachtraigh ag an oibleagáideoir/ráthóir ó CRA Creidiúnaithe atá níos fearr ná rátáil airgeadra eachtraigh (ó CRA céanna) a bhflaithiúnais faoi seach, nó

— go bhfuil an t-oibleagáideoir/ráthóir suite i dtír inar sainaithníodh an riosca flaithiúnais de bheith i bhfad níos airde ná an riosca tíre.

e) Tabharfaidh na Rannpháirtithe réamhfhógra de réir Airteagal 46 maidir le hidirbhearta:

— le hoibleagáideoir/ráthóir neamhflaithiúnais i gcás inar lú an phréimh a mhuirearaítear ná an phréimh a shocraítear de réir Chatagóir Riosca Ceannaitheora CC1, i.e. CC0 nó SOV+;

— le hoibleagáideoir/ráthóir neamhflaithiúnais i gcás ina ndéanann Rannpháirtí measúnú maidir le rátáil riosca ceannaitheora le haghaidh oibleagáideoir/ráthóir neamhflaithiúnais a fhaigheann rátáil ó CRA Creidiúnaithe, agus gur fearr í an rátáil riosca ceannaitheora arna measúnú ná an rátáil ó CRA Creidiúnaithe ([16]).

f) I gcás iomaíocht le haghaidh idirbheart sonrach, inar aicmigh Rannpháirtithe iomaíocha an t-oibleagáideoir/ráthóir i gcatagóirí difriúla riosca ceannaitheora, féachfaidh na Rannpháirtithe iomaíocha le teacht ar aicmiúchán comónta um riosca ceannaitheora. Mura dtagtar ar chomhaontú maidir le haicmiúchán comónta, níl aon chosc ar an Rannpháirtí (na Rannpháirtithe) i ndiaidh dó/dóibh an t-oibleagáideoir/ráthóir a aicmiú in aicmiúchán riosca ceannaitheora níos airde an t-aicmiúchán riosca ceannaitheora níos ísle a chur i bhfeidhm.

([14]) Ba cheart a thuiscint leis na rialacha a bhaineann le haicmiúchán ceannaitheoirí go n-ordaítear leo an t-aicmiúchán is fabhraí is féidir a chur i bhfeidhm, e.g. féadfar ceannaitheoir flaithiúnais a aicmiú in aicmiúchán riosca ceannaitheora níos neamhfhabhraí.

([15]) Tá MPRanna atá bainteach le catagóir riosca Níos Fearr ná Ceannaitheoir Flaithiúnais (SOV+) 10 % níos ísle ná MPRanna atá bainteach leis an gcatagóir riosca Ceannaitheoir Flaithiúnais (CC0).

([16]) I gcás ina bhfaigheann iasachtóir neamhflaithiúnais rátáil ó níos mó ná CRA creidiúnaithe amháin, ní bheidh fógra de dhíth ach amháin i gcás ina mbíonn an rátáil riosca ceannaitheora níos fabhraí ná an rátáil is fabhraí de na rátálacha CRA.

27. CÉATADÁN AGUS CÁILÍOCHT AN CHLÚDAIGH OIFIGIÚIL CREIDMHEASA ONNMHAIRIÚCHÁIN

Difreáiltear MPRanna chun cáilíocht éagsúil na dtáirgí creidmheasa onnmhairiúcháin agus céatadán an chlúdaigh arna chur ar fáil ag na Rannpháirtithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII á chur san áireamh. Is ar dhearcadh an onnmhairtheora atá an difreáil bunaithe (i.e. chun an éifeacht iomaíoch a thagann as cáilíochtaí difreálacha an táirge a chuirtear ar fáil don institiúid onnmhairiúcháin/airgeadais a neodrú).

a) Braitheann cáilíocht an táirge creidmheasa onnmhairiúcháin ar cibé acu is árachas, ráthaíocht nó creidmheas díreach/maoiniúchán díreach é an táirge, agus maidir le táirgí árachais cibé acu a chuirtear ar fáil nó nach gcuirtear ar fáil gan formhuirear clúdach an úis le linn thréimhse feithimh na n-éileamh (i.e. an tréimhse idir dáta dlite na híocaíochta ag an oibleagáideoir agus an dáta a dhlífear ar an árachóir an t-onnmhaireoir/institiúid airgeadais a aisíoc).

b) Déanfar na táirgí creidmheasa onnmhairiúcháin go léir arna dtairiscint ag na Rannpháirtithe a aicmiú i gceann de na trí chatagóir táirge, arb é atá iontu:

— Táirge a bheidh faoi bhun an chaighdeáin, i.e. árachas gan clúdach úis le linn thréimhse feithimh na n-éileamh agus árachas a mbeidh clúdach úis aige le linn thréimhse feithimh na n-éileamh ag a mbeidh formhuirear préimhe iomchuí,

— Táirge caighdeánach, i.e. árachas a mbeidh clúdach úis aige le linn thréimhse feithimh na n-éileamh gan formhuirear préimhe iomchuí agus creidmheas díreach/maoiniúchán díreach, agus

— Táirge a bheidh os cionn an chaighdeáin, i.e. ráthaíochtaí.

28. TEICNÍCÍ MAOLAITHE RIOSCA TÍRE

a) Féadfaidh na Rannpháirtithe na teicnící maolaithe riosca tíre seo a leanas a chur i bhfeidhm, a leagtar amach an cur i bhfeidhm sonrach de in Iarscríbhinn XII:

— Struchtúr ag a bhfuil Sreabhadh Ionchasach Eischósta nasctha le Cuntas Eascró Eischósta

— Maoiniú in Airgeadra Áitiúil

b) An Rannpháirtí a chuireann MPR i bhfeidhm ina léirítear úsáid maolaithe riosca tíre, tabharfaidh sé réamhfhógra de réir Airteagal 45.

c) Ní chuirfear aon mhaolú riosca tíre i bhfeidhm ar idirbhearta Tagarmhairc Margaidh.

29. FEABHSUITHE CREIDMHEASA AR RIOSCA CEANNAITHEORA

a) Féadfaidh na Rannpháirtithe na feabhsuithe creidmheasa ar riosca ceannaitheora (BRCE) seo a leanas a chur i bhfeidhm ina gceadaítear Toisc Feabhsaithe Creidmheasa (CEF) níos mó ná 0 a chur i bhfeidhm:

— Sannadh Fáltas nó Infháltas Conartha

— Urrús Sócmhainn-bhunaithe

— Urrús Sócmhainní Dochta

— Cuntas Eascró

b) Leagtar amach in Iarscríbhinn XII sainmhínithe ar BRCE agus ar luachanna CEF uasta le haghaidh oibleagáideoirí Chatagóir 1-7 agus oibleagáideoirí Tagarmhairc Margaidh araon.

c) Féadfar BRCEnna a úsáid ina n-aonar nó i dteannta leis na srianta seo a leanas:

— Is é 0,35 an CEF uasta is féidir a bhaint amach trí BRCEnna a úsáid le haghaidh idirbhearta Chatagóir 1-7. Maidir le hidirbhearta Tagarmhairc Margaidh, féadfar lascaine uasta 25 % a chur i bhfeidhm ar MPR Tagarmhairc Margaidh, ach ní fhéadfaidh an phréimh a mhuirearaítear a bheith níos ísle ná an Préimhráta Íosta Achtúireach is infheidhme.

— Ní féidir 'Urrús Sócmhainn-bhunaithe' agus 'Urrús Sócmhainní Dochta' a úsáid le chéile in aon idirbheart amháin.

— In idirbheart Chatagóir 1-7 inar feabhsaíodh an t-aicmiúchán riosca tíre is infheidhme trí 'Struchtúr ag a bhfuil Sreabhadh Ionchasach Eischósta nasctha le Cuntas Eascró Eischósta' a úsáid, ní fhéadfar aon BRCE a chur i bhfeidhm.

d) Tabharfaidh na Rannpháirtithe réamhfhógra de réir Airteagal 45 maidir le hidirbhearta le hoibleagáideoir/ráthóir neamhfhlaithiúnais i gcás ina mbeidh cur i bhfeidhm CEF is mó ná 0 de thoradh BRCEnna, nó cibé uair a úsáidtear BRCEnna in idirbheart Tagarmhairc Margaidh a mbíonn praghsáil faoi bhun MPR an TCMB chomhfhreagraigh dá thoradh.

30. ATHBHREITHNIÚ AR BHAILÍOCHT NA bPRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA LE hAGHAIDH RIOSCA CREIDMHEASA

a) Chun leordhóthanacht MPRanna a mheas agus chun a fhoráil, más gá, do choigeartuithe, suas nó síos, úsáidfear Uirlisí Aiseolais Préimhe (PFTanna) ar bhonn tráthrialta go comhuaineach chun faireachán a dhéanamh ar MPRanna agus chun coigeartú a dhéanamh orthu.

b) Déanfar measúnú le PFTanna ar leordhóthanacht MPRanna i dtéarmaí fheidhmíocht iarbhír na n-institiúidí a sholáthraíonn creidmheasanna onnmhairiúcháin oifigiúla agus faisnéis an mhargaidh phríobháidigh maidir le praghsáil an riosca creidmheasa araon.

c) Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar gach gné de na préimhrátaí den Socrú, le béim faoi leith ar Rialacha Praghsála Tagarmhairc Margaidh, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2019 ([17]).

CAIBIDIL III

Forálacha do chabhair cheangailte

31. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

a) D'aontaigh na Rannpháirtithe beartais chomhlántacha a bheith ann do chreidmheasanna onmhairiúcháin agus do chabhair cheangailte. Ba cheart gur ar iomaíocht oscailte agus saor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh a bheadh beartais onnmhairiúcháin bunaithe. Le beartais um chabhair cheangailte, ba cheart go gcuirfí ar fáil acmhainní seachtracha a bhfuil gá leo do thíortha, d'earnálacha nó do thionscadail ar beag an rochtain atá acu ar mhaoiniú margaidh nó nach bhfuil aon rochtain acu ar mhaoiniú margaidh. Le beartais um chabhair cheangailte, ba cheart go n-áiritheofaí an luach is fearr ar airgead, go n-íoslaghdófaí ar shaobhadh trádála, agus go gcuirfí le húsáid éifeachtach fhorbarthach na n-acmhainní sin.

b) Ní bhaineann na forálacha um chabhair cheangailte an tSocraithe le cláir cabhrach na n-institiúidí iltaobhacha nó réigiúnacha.

c) Ní thugtar réamhbhreith sna prionsabail seo ar thuairimí an Choiste Cúnaimh um Fhorbairt (DAC) maidir le cáilíocht cabhrach ceangailte agus neamhcheangailte.

d) D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh Rannpháirtí faisnéis bhreise a bhainfeadh le stádas ceangailteach aon fhoirme cabhrach. Má tá éiginnteacht ann cé acu a thagann nó nach dtagann cleachtas maoiniúcháin áirithe laistigh de raon feidhme an tsainmhínithe maidir le cabhair cheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV, cuirfidh an tír bhronntach fianaise ar fáil a thacaíonn le haon éileamh gur 'neamhcheangailte' le ceart atá an chabhair i gcomhréir leis an sainmhíniú in Iarscríbhinn XIV.

32. CINEÁLACHA CABHRACH CEANGAILTE

Féadfaidh an chabhair cheangailte a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

a) Iasachtaí um Chúnamh Forbraíochta Oifigiúla (ODA) mar a shainítear iad in 'DAC Guiding Principles for Associated Financing and Tied and Partially Untied Official Development Assistance [Treoirphrionsabail DAC maidir le Maoiniú Comhlachaithe agus Cúnamh Forbartha Oifigiúla atá Ceangailte agus Neamhcheangailte go Páirteach] (1987)';

b) Deontais ODA mar a shainmhínítear iad in 'DAC Guiding Principles for Associated Financing and Tied and Partially Untied Official Development Assistance [Treoirphrionsabail DAC maidir le Maoiniú Comhlachaithe agus Cúnamh Forbartha Oifigiúla atá Ceangailte agus Neamhcheangailte go Páirteach] (1987)'; agus

c) Sreafaí Oifigiúla Eile (OOF), lena n-áirítear deontais agus iasachtaí ach a dhéanann na creidmheasanna onnmhairiúcháin, arna dtacú go hoifigiúil, agus atá i gcomhréir leis an Socrú a eisiamh; nó

d) Aon chomhlachas, e.g. meascán, le dlí agus le gníomh, atá faoi rialú an bhronntóra, an iasachtóra nó an iasachtaí, ar nithe iad lena mbaineann dhá ní nó níos mó de na nithe roimhe seo, agus/nó na comhchodanna maoinithe seo a leanas:

1. creidmheas onnmhairiúcháin a bheidh á thacú go hoifigiúil trí chreidmheas díreach/maoiniú díreach, athmhaoiniú, tacaíocht ráta úis, ráthaíocht nó árachas a mbeidh feidhm ag an Socrú ina leith; agus

2. cistí eile ag téarmaí an mhargaidh, nó gar dóibh, nó éarlais ón gceannaitheoir.

([17]) Tá an t-athbhreithniú fós ar siúl.

33. MAOINIÚ COMHLACHAITHE

a) Féadfaidh foirmeacha éagsúla a bheith ag maoiniú comhlachaithe, lena n-áirítear creidmheasanna measctha, maoiniú measctha, maoiniú comhpháirteach nó idirbhearta comhtháite singile. Is iad na nithe seo a leanas na príomhthréithe atá acu:

— comhchuid lamháltais atá nasctha le dlí nó le gníomh leis an gcomhábhar neamhlamháltais,

— cuid shingil nó an pacáiste maoiniúcháin go léir arb é atá ann cabhair cheangailte iarbhír, agus

— cistí lamháltais ar cistí iad atá ar fáil más rud é go nglacann an faighteoir leis an gcomhábhar neamhlamháltais, agus sa chás sin amháin.

b) Déantar comhlachas nó nascáil 'le gníomh' a chinneadh leis na tosca seo a leanas:

— tuiscintí neamhfhoirmiúla a bheith ann idir an faighteoir agus na húdaráis bhronnta,

— intinn an bhronntóra chun inghlacthacht an phacáiste maoinithe a éascú trí bhíthin ODA a úsáid,

— ceangal éifeachtach an phacáiste maoinithe go léir le soláthar sa tír bhronntach,

— stádas ceangailteach ODA agus an meán chun gach idirbheart maoinithe a chur ar tairiscint nó ar conradh, nó

— aon chleachtas eile, arna aithint ag an DAC nó na Rannpháirtithe nuair a bhíonn teagmháil *de facto* ann idir dhá chomhchuid maoinithe nó níos mó.

c) Ní chuirfidh na cleachtais seo a leanas cosc ar chomhlachas nó nascáil a chinneadh 'le gníomh':

— scoilteadh conartha trí fhógra ar leithligh a thabhairt maidir le comhábhair chonartha amháin,

— conarthaí arna maoiniú i gcéimeanna éagsúla a scoilteadh,

— gan fógra a thabhairt faoi chodanna idirspleácha conartha, agus/nó

— gan fógra a thabhairt toisc cuid den phacáiste maoiniúcháin a bheith neamhcheangailte.

34. INCHÁILITHEACHT TÍRE I gCOMHAIR CABHRACH CEANGAILTE

a) Ní bheidh aon chabhair cheangailte ann do thíortha a bhfuil a OIN *per capita*, de réir sonraí ón mBanc Domhanda, os cionn na huasteorann le haghaidh tíortha íseal-mheánioncaim. Déanann an Banc Domhanda an tairseach sin a ríomh ar bhonn bliantúil ([18]). Ní athróidh tír ó chatagóir amháin go ceann eile ach amháin nuair a bhíonn a catagóir de réir an Bhainc Dhomhanda gan athrú ar feadh 2 bhliain i ndiaidh a chéile.

b) Bíonn feidhm ag na critéir agus nósanna imeachta oibriúcháin seo a leanas nuair a bhíonn tíortha á n-aicmiú:

1. Déantar Aicmiúchán chun críche an tSocraithe a chinneadh de réir OIN *per capita* mar atá ríofa ag an mBanc Domhanda chun críocha aicmiú na dtíortha iasachtaíochta ag an mBanc Domhanda; cuirfidh an Rúnaíocht an t-aicmiúchán seo ar fáil don phobal.

2. Sna cásanna nach mbíonn a dhóthain faisnéise ag an mBanc Domhanda chun sonraí OIN *per capita* a fhoilsiú, iarrfar ar an mBanc Domhanda meastachán a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil OIN *per capita* na tíre i dtrácht os cionn na tairsí atá i bhfeidhm faoi láthair nó faoin tairseach sin. Déanfar an tír a aicmiú de réir an mheastacháin sin, mura rud é go gcinneann na Rannpháirtithe a mhalairt a dhéanamh.

3. Mura n-athraíonn incháilitheacht tíre le haghaidh cabhair cheangailte i gcomhréir le mír a) thuas, tiocfaidh an t-athaicmiúchán i bhfeidhm 2 sheachtain i ndiaidh don Rúnaíocht na conclúidí a dhéantar ó na sonraí thuasluaite ón mBanc Domhanda a chur in iúl. Ní fhéadfar fógra a thabhairt maidir le haon mhaoiniú cabhrach ceangailte do thír incháilithe nua roimh dháta éifeachtúil an athaicmiúcháin; tar éis an dáta sin, ní fhéadfar fógra a thabhairt faoi aon mhaoiniú cabhrach ceangailte le haghaidh tír nuathionscanta, ach amháin go bhféadfar fógra a thabhairt faoi idirbhearta aonair, atá á gcumhdach faoi líne chreidmheasa a bhfuil gealltanas tugtha ina leith cheana, go dtí go rachaidh an líne chreidmheasa in éag (tráth nach mbeidh níos faide ná 1 bhliain amháin ón dáta éifeachtach).

([18]) Ar bhonn athbhreithniú bliantúil ag an mBanc Domhanda ar aicmiúchán na dtíortha, bainfear úsáid as tairseach *per capita* Oll-Ioncaim Náisiúnta (OIN) chun críche incháilitheacht na cabhrach ceangailte; tá an tairseach sin ar fáil ar shuíomh gréasáin ECFE (https://www.oecd.org/trade/topics/export-credits/arrangement-and-sector-understandings/financing-terms-and-conditions/).

4. I gcásanna ina ndéanann an Banc Domhanda athbhreithniú ar na figiúirí, ní bheidh beann ar na hathbhreithnithe sin a fhad agus a bhaineann leis an Socrú. Mar sin féin, féadfar aicmiúchán tíre a athrú trí bhíthin Líne Choiteann i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí in Airteagail 56 go 61, agus dhéanfadh na Rannpháirtithe breithniú fabhrach ar aon athrú mar gheall ar earráidí agus easnaimh sna figiúirí a tugadh faoi deara sa bhliain féilire chéanna ina ndearna an Rúnaíocht na figiúirí a scaipeadh den chéad uair.

35. INCHÁILITHEACHT TIONSCADAIL

a) Ní leathnófar cabhair cheangailte chuig tionscadail phoiblí nó phríobháideacha ar cheart, go hiondúil, go mbeidís inmharthana ar bhonn tráchtála má dhéantar iad a mhaoiniú ar théarmaí an mhargaidh nó an tSocraithe.

b) Is iad seo a leanas na heochairthástálacha don incháilitheacht sin:

— cé acu atá nó nach bhfuil an tionscadal neamh-inmharthana ar bhonn airgeadais, i.e. an bhfuil acmhainneacht in easnamh sa tionscadal in éineacht le praghsáil iomchuí arna cinneadh ar phrionsabail an mhargaidh chun sreabhadh airgid a ghiniúint a bheadh leordhóthanach chun costais oibriúcháin an tionscadail a chlúdach agus chun seirbhísiú a dhéanamh ar an gcaipiteal a úsáidtear, i.e. an chéad phríomhthástáil; nó

— cé acu atá nó nach bhfuil sé réasúnach a mheas gur neamhdhóchúil, bunaithe ar chumarsáid leis na Rannpháirtithe eile, gur féidir an tionscadal a mhaoinú ar théarmaí an mhargaidh nó an tSocraithe, i.e. an dara príomh-thástáil. I dtaca le tionscadail ar mó iad ná 50 milliún CTS, leagfar béim ar leith ar infhaighteacht ionchasach a bheith ar mhaoiniúchán ar théarmaí an mhargaidh nó ar théarmaí an tSocraithe nuair a bhíonn iomchuibheas na cabhrach sin á bhreithniú.

c) Tá na príomhthástálacha faoi mhír b) thuas ceaptha cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionscadal chun a chinneadh cé acu ar cheart nó nár cheart é a mhaoiniú leis an gcabhair sin nó le creidmheasanna onnmhairiúcháin ar théarmaí an mhargaidh nó an tSocraithe. Tríd an bpróiseas comhairliúcháin a thuairiscítear in Airteagail 49 go 51, tá coinne leis go bhforbrófar corpas taithí leis an aimsir lena saineofar ar bhonn níos beaichte, le haghaidh creidmheasa onnmhairiúcháin agus gníomhaireachtaí creidmheasa araon, treoraíocht *ex ante* idir an dá chatagóir tionscadal.

36. LEIBHÉAL ÍOSTA LAMHÁLTAIS

Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe cabhair cheangailte ag a bhfuil leibhéal lamháltais is lú ná 35 %, nó 50 % más Tír is lú Forbairt (TLF) í an tír thairbhíoch, ach amháin sna cásanna a leagtar amach thíos, cásanna atá díolmhaithe freisin ó na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar amach in Airteagail 47 a) agus 48 a):

a) Cúnamh teicniúil: cabhair cheangailte arb é atá sa chomhchuid oifigiúil cabhrach forbartha comhar teicniúil, agus comhar teicniúil amháin, ar lú é ná 3 % de luach iomlán an idirbhirt nó CTS 1 mhilliún, cibé acu is ísle; agus

b) Tionscadail bheaga: tionscadail chaipitil is lú ná CTS 1 mhilliún a mhaoinítear go hiomlán ó dheontais cúnaimh um fhorbairt.

37. DÍOLÚINTÍ Ó INCHÁILITHEACHT TÍRE NÓ TIONSCADAIL AR CHABHAIR CHEANGAILTE

a) Níl feidhm ag forálacha Airteagail 34 agus 35 maidir le cabhair cheangailte i gcás inar 80 % nó níos mó é an leibhéal lamháltais seachas cabhair cheangailte ar cuid é den phacáiste maoiniúháin comhlachaithe, a thuairiscítear in Airteagal 33.

b) Níl feidhm ag forálacha Airteagal 35 maidir le cabhair cheangailte a bhfuil luach is lú ná 2 mhilliún CTS aige, seachas cabhair cheangailte ar cuid í den phacáiste maoiniúcháin comhlachaithe, a thuairiscítear in Airteagal 33.

c) Níl cabhair cheangailte le haghaidh LDCanna, faoi mar a shainítear í ag na Náisiúin Aontaithe, faoi réir fhorálacha Airteagail 34 agus 35.

d) Breathnóidh Rannpháirtithe eile go fabhrach maidir le dlús a chur le nósanna imeachta i leith cabhair cheangailte i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha:

— i gcás tionóisc núicléach nó mórthionóisc thionsclaíochta a bheith ann a bhíonn ina chúis le truailliú tromchúiseach trasteorann, inar mian le haon Rannpháirtí a bhíonn thíos leis éifeachtaí na tionóisce a dhíothú nó a mhaolú, nó

— i gcás ina mbíonn riosca suntasach ann go dtarlóidh taisme den sórt sin, inar mian le haon Rannpháirtí a d'fhéadfadh a bheith thíos leis sin cabhair a chur ar fáil ionas nach dtarlóidh sé.

e) D'ainneoin Airteagail 34 agus 35, féadfaidh Rannpháirtí, go heisceachtúil, tacaíocht a chur ar fáil trí cheann de na nithe seo a leanas:

— an nós imeachta maidir le Líne Choiteann mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn XIV agus mar a thuairiscítear in Airteagail 56 go 61, nó

— bonn cirt a bheith ann ar fhorais cabhrach trí thacaíocht a fháil ó líon substaintiúil de na Rannpháirtithe mar a thuairiscítear in Airteagail 49 agus 50 é, nó

— litir chuig Ard-Rúnaí ECFE, i gcomhréir leis na nósanna imeachta in Airteagal 51, a bhfuil dúil ag na Rannpháirtithe iad a bheith neamhghnách agus neamhchoitianta.

38. LEIBHÉAL LAMHÁLTAIS NA CABHRACH CEANGAILTE A RÍOMH

Déantar an leibhéal lamháltais do chabhair cheangailte a ríomh agus feidhm á baint as an modh céanna agus a úsáideann an DAC d'eilimint an deontais, ach amháin:

a) An ráta lascaine a úsáidtear chun an leibhéal lamháltais i gcomhair iasachta a ríomh in airgeadra ar leith, i.e. an Ráta Lascaine Difreáilte (RLD), atá faoi réir athrú bliantúil an 15 Eanáir agus a ríomhtar mar a leanas:

— Meán an CIRR + Corrlach

Braitheann an Lamháil (M) ar an téarma aisíocaíochta (R) mar a leanas:

R	M
níos lú ná 15 bliana	0,75
idir 15 bliana agus suas le 20 bliain, ach gan 20 bliain a bheith san áireamh	1,00
idir 20 bliain agus suas le 30 bliain ach gan 30 bliain a bheith san áireamh	1,15
30 bliain agus os a chionn	1,25

— Maidir le gach airgeadra, déantar meán CIRR a ríomh ach meán na CIRRanna míosúla a chur san áireamh atá bailí le linn na tréimhse 6 mhí idir 15 Lúnasa an bhliain roimhe sin agus 14 Feabhra sa bhliain reatha, arna chinneadh de réir fhorálacha Iarscríbhinn XV. Slánaítear an ráta ríofa, lena n-áirítear an Corrlach, go dtí na 10 mbonnphointe is gaire. Má bhíonn níos mó ná CIRR amháin ann don airgeadra, déanfar an CIRR don aibíocht is faide, mar a leagtar amach in Airteagal 1 d'Iarscríbhinn XV, a úsáid don ríomh sin.

b) Is é an bonndáta chun an leibhéal lamháltais a ríomh an túsphointe don chreidmheas mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV é.

c) Chun críche leibhéal lamháltais foriomlán pacáiste maoinithe comhlachaithe a ríomh, meastar gur nialas iad leibhéal lamháltais na gcreidmheasanna, na gcistí agus na n-íocaíochtaí seo a leanas:

— creidmheasanna onnmhairiúcháin atá i gcomhréir leis an Socrú,

— cistí eile atá ag rátaí an mhargaidh nó gar dóibh,

— cistí oifigiúla eile ag a bhfuil leibhéal lamháltais is lú ná an t-íosmhéid a cheadaítear faoi Airteagal 36 ach amháin i gcásanna maidir le comhoiriúnú, agus

— éarlais ón gceannaitheoir.

Maidir le híocaíochtaí ag túsphointe an chreidmheasa, nó roimhe, a mheastar nach éarlais iad, áireofar iad i ríomh an leibhéil lamháltais.

d) An ráta lascaine i gcabhair chomhoiriúnaithe: i gcabhair chomhoiriúnaithe, ciallaíonn comhoiriúnú a dhéanamh le leibhéal comhoiriúnaithe comhionann a dhéantar a athríomh leis an ráta lascaine atá i bhfeidhm tráth an chomhoiriúnaithe.

e) Ní áireofar costais áitiúla agus soláthar tríú tír i ríomh an leibhéil lamháltais ach amháin más í an tír bhronntach a mhaoiníonn iad;

f) Déantar leibhéal foriomlán pacáiste a chinneadh trí leibhéal ainmniúil gach comhchoda sa phacáiste a iolrú faoi leibhéal lamháltais gach comhchoda lena mbaineann, ag suimiú na dtorthaí, agus an t-iomlán seo a roinnt ar luach ainmniúil comhiomlán na gcomhchodanna.

g) Is é an ráta lascaine d'iasacht ar leith an ráta atá in éifeacht tráth an fhógra. Má bhíonn fógra pras ann, áfach, is é an ráta lascaine an ráta atá i bhfeidhm an tráth ar socraíodh téarmaí agus coinníollacha na hiasachta cabhrach. Ní dhéanann athrú ar an ráta lascaine le linn ré na hiasachta a leibhéal lamháltais a athrú.

h) Má dhéantar athrú airgeadra sula dtugtar an conradh chun críche, déanfar an fógra a athbhreithniú. Is é an ráta lascaine a úsáidtear chun an leibhéal lamháltais a ríomh an ráta a bheidh infheidhme tráth an athbhreithnithe. Ní gá athbhreithniú a bheith ann má dhéantar an t-airgeadra malartach agus an fhaisnéis uile is gá do ríomh an leibhéil lamháltais a shonrú san fhógra bunaidh;

i) D'ainneoin mhír g) thuas, is é an ráta lascaine a úsáidtear chun leibhéal lamháltais idirbheart ar leith arna dtionscnamh faoi líne chreidmheasa um chabhair a ríomh, an ráta ar tugadh fógra faoi i dtús báire don líne chreidmheasa.

39. TRÉIMHSE BAILÍOCHTA DON CHABHAIR CHEANGAILTE

a) Leagfaidh na Rannpháirtithe síos na téarmaí agus na coinníollacha don chabhair cheangailte, cibé acu a bhaineann sé seo le hidirbhearta ar leith a mhaoiniú nó le prótacal cabhrach, le líne chreidmheasa um chabhair, nó le comhaontú dá shamhail, go ceann níos mó ná 2 bhliain. I gcás phrótacal cabhrach, líne chreidmheasa um chabhair nó comhaontú dá shamhail, tosóidh an tréimhse bhailíochta dáta an tsínithe, agus beidh fógra le tabhairt faoi i gcomhréir le hAirteagal 48; tabharfar fógra faoi fhadú na líne creidmheasa amhail is dá mb'idirbheart nua é lena ngabhfaidh nóta ag míniú gur fadú atá ann agus go bhfuil sí á hathnuachan ag téarmaí a ceadaíodh an tráth ar tugadh fógra faoin bhfadú. I gcás idirbheart aonair, lena n-áirítear iad sin ar tugadh fógra fúthu faoin bprótacal cabhrach líne chreidmheasa um chabhair nó comhaontú dá shamhail, tosóidh an tréimhse bhailíochta an dáta a thabharfar fógra faoin gceangaltas i gcomhréir le hAirteagal 47 nó 48, de réir mar is iomchuí.

b) Nuair a bheidh tír neamhcháilithe d'iasachtaí 17 mbliana ón mBanc Domhanda den chéad uair, déanfar tréimhse bhailíochta do phrótacail cabhrach ceangailte agus línte creidmheasa atá ann cheana agus do phrótacail cabhrach ceangailte agus línte cabhrach nua a bhfuil fógra tugtha ina leith a shrianadh go dtí 1 bhliain amháin tar éis dháta an athaicmiúcháin ionchasaigh i gcomhréir leis na nósanna imeachta in Airteagal 34 b).

c) Ní féidir athnuachan a dhéanamh ar na prótacail agus na línte creidmheasa sin ach amháin ar na téarmaí atá i gcomhréir le forálacha Airteagail 34 agus 35 den Socrú tar éis an méid seo a leanas:

— athaicmiúchán na dtíortha, agus

— athrú i bhforálacha an tSocraithe.

Sna cúinsí sin, féadfar na téarmaí agus na coinníollacha atá ann cheana a choimeád d'ainneoin athrú a bheith ar an ráta lascaine a leagtar amach in Airteagal 38.

40. COMHOIRIÚNÚ

Agus oibleagáidí idirnáisiúnta Rannpháirtí á gcur san áireamh, agus ag teacht le cuspóir an tSocraithe, féadfaidh Rannpháirtí, de réir na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 43, comhoiriúnú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha atá á dtairiscint ag Rannpháirtí nó ag Neamh-rannpháirtí.

CAIBIDIL IV

Nósanna imeachta

Roinn 1

Nósanna imeachta coiteanna maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin agus maidir le cabhair thrádghaolmhar

41. FÓGRAÍ

Na fógraí a leagtar amach leis na nósanna imeachta sa Socrú, déanfar iad i gcomhréir leis an bhfaisnéis a fhaightear in Iarscríbhinn VII, agus áireofar iontu an fhaisnéis atá inti, agus déanfar iad a chur i gcóip chuig an Rúnaíocht.

42. FAISNÉIS AR THACAÍOCHT OIFIGIÚIL

a) A luaithe a gheallann Rannpháirtí an tacaíocht oifigiúil a bhfuil fógra tugtha fúithi aige i gcomhréir leis na nósanna imeachta in Airteagail 45 go 48, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile go léir ar an eolas dá réir sin trí uimhir thagartha an fhógra a chur san fhoirm tuairiscithe ábhartha.

b) Má tá malartú faisnéise i gcomhréir le hAirteagail 53 go 55 ann, cuirfidh Rannpháirtí na Rannpháirtithe eile ar an eolas maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha creidmheasa atá á mbeartú aige chun tacaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh idirbheart ar leith agus d'fhéadfadh sé go n-iarrfadh sé faisnéis chomhcosúil ó na Rannpháirtithe eile.

43. NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LEIS AN gCOMHOIRIÚNÚ

a) Sula ndéanfaidh Rannpháirtí na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha airgeadais a thoimhdítear a bheith á dtairiscint ag Rannpháirtí nó neamh-Rannpháirtí de bhun Airteagail 17 agus 40 a chomhoiriúnú, déanfaidh sé gach iarracht réasúnach, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, trí na comhairliúcháin duine le duine a thuairiscítear in Airteagal 55 a úsáid, chun a fhíorú go bhfuil na téarmaí agus na coinníollacha á dtacú go hoifigiúil agus go gcomhlíonfar na nithe seo a leanas leo:

1. Tabharfaidh an Rannpháirtí fógra do na Rannpháirtithe eile go léir maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhfuil sé ar intinn aige a thacú agus na nósanna imeachta céanna um fhógra a cheanglaítear leis na téarmaí comhoirúnaithe agus na coinníollacha comhoiriúnaithe á leanúint aige. I gcás Neamh-rannpháirtí a chomhoiriúnú, leanfaidh an Rannpháirtí na nósanna imeachta céanna um fhógra a cheanglófaí dá mba rud é go dtairgfeadh Rannpháirtí na téarmaí comhoiriúnaithe;

2. D'ainneoin fhomhír 1 thuas, dá gceanglófaí leis an nós imeachta um fhógra is infheidhme go gcoinneodh an Rannpháirtí comhoiriúnaithe a cheangaltas siar go dtí tar éis spriocdháta na himthairisceana deiridh, tabharfaidh an Rannpháirtí comhoiriúnaithe fógra ansin go bhfuil sé i gceist aige an maoiniú a chomhoiriúnú a luaithe is féidir.

3. Más rud é go dtarraingíonn an Rannpháirtí tionscnaimh siar an tacaíocht atá ar intinn aige a thabhairt maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh fógra tugtha fúthu, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas láithreach dá réir sin.

b) Maidir le Rannpháirtí ag a bhfuil sé ar intinn téarmaí comhionanna airgeadais a thairscint agus na téarmaí a bhfuil fógra tugtha fúthu de réir Airteagail 45 agus 46, féadfaidh sé é sin a dhéanamh amhlaidh a luaithe a bheidh an tréimhse feithimh a leagtar síos iontu dulta in éag. Déanfaidh an Rannpháirtí fógra a thabhairt faoina bhfuil ar intinn aige a luaithe is féidir.

44. COMHAIRLIÚCHÁIN SPEISIALTA

a) Maidir le Rannpháirtí ag a bhfuil forais réasúnacha a chreidiúint gur flaithiúla na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha airgeadais atá á dtairiscint ag Rannpháirtí eile (an Rannpháirtí tionscnaimh) ná na téarmaí agus na coinníollacha dá bhforáiltear sa Socrú, cuirfidh sé an Rúnaíocht ar an eolas faoi sin; Cuirfidh an Rúnaíocht an fhaisnéis sin ar fáil láithreach.

b) Déanfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh téarmaí airgeadais agus coinníollacha airgeadais a thairisceana a shoiléiriú laistigh de 2 lá oibre tar éis an fhaisnéis ón Rúnaíocht a eisiúint.

c) Tar éis soiléiriú a bheith tugtha ag an Rannpháirtí tionscnaimh, féadfaidh aon Rannpháirtí a iarraidh go n-eagródh an Rúnaíocht sainchruinniú comhairliúcháinlaistigh de 5 lá oibre chun an tsaincheist a phlé.

d) Ní bheidh éifeacht leis na téarmaí airgeadais agus leis na coinníollacha airgeadais a thairbheoidh den tacaíocht oifigiúil go dtí go mbeidh toradh ar chruinniú comhairliúcháin speisialta na Rannpháirtithe.

Roinn 2

Nósanna imeachta maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin

45. FÓGRA ROIMH RÉ AGUS PLÉ INA THEANNTA

a) Cuirfidh Rannpháirtí fógra chuig na Rannpháirtithe eile go léir 10 lá féilire ar a laghad sula n-eisítear aon ghealltanas de luach is mó ná CTS 2 mhilliún i gcomhréir le hIarscríbhinn VII más rud é:

— gurb ionann an t-aicmiú riosca tíre agus an t-aicmiú riosca ceannaitheora is infheidhme a úsáidtear chun MPR a ríomh agus ceann ó ráthóir tríú páirtí atá lonnaithe lasmuigh de thír an oibleagáideora [i.e. arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 23 e), an chéad fhleasc],

— gur laghdaíodh an MPR is infheidhme trí theicníc maolaithe riosca tíre a liostaítear in Airteagal 28 a chur i bhfeidhm, nó

— go bhfuil sé ar intinn aige tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7 a) 2) nó d) d'Iarscríbhinn IV,

— go bhfuil sé ar intinn aige tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 4 a) d'Iarscríbhinn V.

b) Má iarrann aon Rannpháirtí eile plé le linn na tréimhse sin, fanfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh 10 lá féilire eile.

c) Cuirfidh Rannpháirtí na Rannpháirtithe eile go léir ar an eolas maidir lena chinneadh deiridh tar éis plé a bheith ann chun an t-athbhreithniú ar an gcorpas taithí a éascú i gcomhréir le hAirteagal 64. Coimeádfaidh na Rannpháirtithe taifid faoina dtaithí maidir le préimhrátaí a dtabharfar fógraí fúthu i gcomhréir le mír a) thuas.

46. RÉAMHFHÓGRA

a) I gcomhréir le hIarscríbhinn VII, cuirfidh Rannpháirtí fógra chuig na Rannpháirtithe eile go léir 10 lá féilire ar a laghad sula n-eisítear aon ghealltanas dar luach creidmheasa níos mó ná CTS 2 mhilliún má tá sé ar intinn aige:

1. Tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 12 d) 3).

2. Tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 14 a).

3. Tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 15 c).

4. Préimhráta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha d'Airteagal 22 c) 1) nuair a bheidh páirt á glacadh aige mar chuid de phacáiste iasachtaí sindeacáite.

5. Préimhráta is lú ná an phréimh chomhfhreagrach a chinntear leis an tsamhail TCMB a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 23 c) 2), an dara fleasc.

6. Tacaíocht a sholáthar d'idirbhearta Tagarmhairc Margaidh i gcás ina n-aicmíonn Rannpháirtí an t-oibleagáideoir/ráthóir níos fearr ná an rátáil is fearr ó CRA Creidiúnaithe; nó mura bhfuil aon rátáil ann ó CRA Creidiúnaithe, i gcás ina n-aicmíonn Rannpháirtí idirbheart mar CC2 nó níos fearr, nó ag litir rátála creidmheasa atá coibhéiseach le AAA go A-, nó comhionann nó níos fabhraí ná an rátáil is fearr ó CRA Creidiúnaithe ar an bhflaithiúnas i sainchónaí an oibleagáideora/ráthóra.

7. Préimhráta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 26 e) trína n-úsáidtear an chatagóir riosca ceannaitheora roghnaithe chun MPR a ríomh le haghaidh idirbhirt:

— le hoibleagáideoir/ráthóir neamhfhlaithiúnais is lú ná CC1 (i.e. CC0 nó SOV+),

— le hoibleagáideoir/ráthóir neamhfhlaithiúnais níos fearr ná an rátáil ó CRA Creidiúnaithe.

8. Préimhráta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 29 a) le haghaidh idirbhearta le hoibleagáideoir/ráthóir neamhfhlaithiúnais, trína gcuirtear i bhfeidhm CEF is mó ná 0 de thoradh feabhsuithe creidmheasa um riosca ceannaitheora a úsáid, nó cibé uair a úsáidtear BRCEnna in idirbheart Tagarmhairc Margaidh a mbíonn praghsáil faoi bhun MPR TCMB chomhfhreagraigh dá thoradh.

9. Tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6 a) d'Iarscríbhinn II.

10. Tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 7 a) 1 d'Iarscríbhinn IV.

11. Tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 4 b) d'Iarscríbhinn V.

b) Más rud é go maolaíonn Rannpháirtí tionscnaimh an tacaíocht atá ar intinn aige a thabhairt d'idirbheart den sórt sin, nó má tharraingíonn sé siar í, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas láithreach.

Roinn 3

Nósanna imeachta maidir le cabhair thrádghaolmhar

47. RÉAMHFHÓGRA

a) Tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir le hIarscríbhinn VII má tá sé ar intinn aige tacaíocht oifigiúil a sholáthar do na nithe seo a leanas:

— Cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar dar luach CTS 2 mhilliún nó níos mó, agus ag a bhfuil leibhéal lamháltais is lú ná 80 %,

— Cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar dar luach níos lú ná CTS 2 mhilliún agus comhchuid deontais (arna sainiú ag DAC) is lú ná 50 %,

— Cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar dar luach CTS 2 mhilliún nó níos mó agus ag a bhfuil leibhéal lamháltais níos lú ná 80 %, nó

— Cabhair neamhcheangailte thrádghaolmhar dar luach níos lú ná CTS 2 mhilliún agus ag a bhfuil leibhéal lamháltais níos lú ná 50 %, seachas sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 35 a) agus b),

— Cabhair cheangailte i gcomhréir le hAirteagal 37 d).

b) Tabharfar fógra roimh ré ar a dhéanaí 30 lá oibre roimh dháta deiridh na himthairisceana nó roimh an dáta ceangaltais, cibé acu is luaithe.

c) Más rud é go dtarraingíonn an Rannpháirtí tionscnaimh siar an tacaíocht atá ar intinn aige a thabhairt maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a mbeidh fógra tugtha fúthu, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas láithreach dá réir sin.

d) Beidh feidhm ag foráil an Airteagail seo maidir le cabhair cheangailte ar cuid í den phacáiste maoinithe comhlachaithe, a bhfuil tuairisc tugtha uirthi in Airteagal 33.

48. FÓGRA PRAS

a) Tabharfaidh an Rannpháirtí fógra go pras do na Rannpháirtithe eile go léir, *i.e.* laistigh de dhá lá oibre ón gceangaltas a dhéanamh, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, más rud é go soláthraíonn sé tacaíocht oifigiúil do chabhair cheangailte a bhfuil luach ceachtar díobh seo a leanas aici:

— CTS 2 mhilliún nó níos mó agus leibhéal lamháltais 80 % nó níos mó, nó

— is lú ná CTS 2 mhilliún agus leibhéal lamháltais de 50 % nó níos mó seachas na cásanna a leagtar amach in Airteagal 36 a) agus b).

b) Tabharfaidh Rannpháirtí fógra go pras freisin do na Rannpháirtithe eile go léir nuair a dhéantar prótacal cabhrach, líne chreidmheasa nó comhaontú comhchosúil a shíniú.

c) Ní gá fógra a thabhairt roimh ré más mian le Rannpháirtí comhoiriúnú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhí faoi réir fógra phrais.

Roinn 4

Nósanna imeachta comhairliúcháin maidir le cabhair cheangailte

49. CUSPÓIR NA gCOMHAIRLIÚCHÁN

a) Féadfaidh Rannpháirtí a bhíonn ag féachaint le soiléiriú a fháil faoi spreagadh trádála le haghaidh cabhair cheangailte a iarraidh go gcuirfí ar fáil Measúnú Cáilíochta iomlán um Chabhair (arna mhionsonrú in Iarscríbhinn XIII).

b) Lena chois sin, féadfaidh Rannpháirtí a iarraidh go rachfaí i mbun comhairliúchán leis na Rannpháirtithe eile i gcomhréir le hAirteagal 50. Áirítear leo sin comhairliúcháin duine le duine amhail a leagtar amach in Airteagal 55 d'fhonn plé a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

— ar an gcéad dul síos, cé acu atá nó nach bhfuil ceanglais Airteagail 34 agus 35 á gcomhlíonadh ag an tairiscint cabhrach, agus

— más gá sin, cibé atá nó nach bhfuil bonn cirt leis an tairiscint fiú amháin mura mbíonn ceanglais Airteagail 34 agus 35 á gcomhlíonadh.

50. RAON FEIDHME AGUS TRÁTHÚ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN

a) Le linn comhairliúchán a bheith ar siúl, féadfaidh Rannpháirtí, as measc nithe eile, an fhaisnéis seo a leanas a iarraidh:

— measúnú ar stáidéar féidearthachta mionsonraithe/breithmheas ar thionscadal,

— cé acu atá nó nach bhfuil tairiscint ann atá in iomaíocht ina bhfuil maoiniú neamhlamháltais nó maoiniú cabhrach,

— an t-ionchas a bheith ann airgeadra eachtrach a ghiniúint nó a shábháil leis an tionscadal,

— cé acu atá nó nach bhfuil comhar ann leis na heagraíochtaí iltaobhacha amhail an Banc Domhanda,

— Imthairiscint Iomaíoch Idirnáisiúnta (ICB) a bheith ann, go háirithe más ag soláthróir na tíre bronntaí atá an tairiscint mheasta is ísle,

— na himpleachtaí don chomhshaol,

— aon rannpháirtíocht ón earnáil phríobháideach, agus

— tráthú na bhfógraí (e.g. 6 mhí roimh dháta deiridh na himthairisceana nó an dáta ceangaltais), maidir le creidmheasanna lamháltais nó cabhrach.

b) Críochnófar an comhairliúchán agus tabharfaidh an Rúnaíocht fógra maidir leis na conclúidí ar an dá cheist in Airteagal 48 chuig na Rannpháirtithe go léir ar a laghad 10 lá oibre roimh dháta deiridh na himthairisceana nó an dáta ceangaltais, cibé acu is túisce. Má tá easaontú i measc na bpáirtithe comhairliúcháin, tabharfaidh an Rúnaíocht cuireadh do na Rannpháirtithe eile a dtuairimí a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre. Cuirfidh sí na tuairimí sin in iúl don Rannpháirtí a thugann fógra, rannpháirtí ar cheart dó athmhachnamh a dhéanamh ar dhul ar aghaidh má dhealraíonn sé nach bhfuil aon tacaíocht shubstaintiúil ann do thairiscint cabhrach.

51. TORADH NA gCOMHAIRLIÚCHÁN

a) Maidir le bronntóir ar mian leis dul ar aghaidh le tionscadal in ainneoin tacaíocht shubstaintiúil a bheith in easnamh, tabharfaidh sé fógra roimh ré maidir lena bhfuil ar intinn aige do na Rannpháirtithe eile tráth nach déanaí ná 60 lá féilire tar éis don Chomhairliúchán a bheith tagtha chun críche, i.e. glacadh le conclúid an Chathaoirligh. Scríobhfaidh an bronntóir litir freisin chuig Ard-Rúnaí ECFE ag leagan amach torthaí na gcomhairliúchán agus ag míniú an leasa sháraithigh náisiúnta neamh-thrádghaolmhar a bhrúnn an ghníomhaíocht seo ar aghaidh. Bíonn súil ag Rannpháirtithe gur tarlú neamhghnách agus neamhchoitianta a bheidh sa tarlú sin.

b) Tabharfaidh an bronntóir fógra do na Rannpháirtithe go bhfuil litir curtha aige chuig Ard-Rúnaí ECFE, litir a n-áireofar cóip di leis an bhfógra. Ní dhéanfaidh an bronntóir ná aon Rannpháirtí eile ceangaltas um chabhair cheangailte go dtí 10 lá oibre tar éis an fógra seo do na Rannpháirtithe a bheith eisithe. Maidir le tionscadail ar aithníodh tairiscintí tráchtála ina leith a bhí in iomaíocht lena chéile le linn na tréimhse comhairliúcháin, cuirfear síneadh leis an tréimhse 10 lá oibre thuasluaite go dtí 15 lá.

c) Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar an dul chun cinn agus ar thorthaí na gcomhairliúchán.

Roinn 5

Malartú faisnéise maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin agus maidir le cabhair thrádghaolmhar

52. POINTÍ TEAGMHÁLA

Déanfar gach cumarsáid idir na pointí teagmhála ainmnithe i ngach tír trí chumarsáid mheandrach, e.g. r-phost, agus pléifear leo i modh rúin.

53. RAON FEIDHME NA bhFIOSRÚCHÁN

a) Féadfaidh Rannpháirtí fiafraí de Rannpháirtí eile cad é an dearcadh atá aige maidir le tríú tír, institiúid i dtríú tír nó faoi mhodh ar leith chun gnó a dhéanamh.

b) Féadfaidh Rannpháirtí a mbeidh iarratas ar thacaíocht oifigiúil faighte aige fiosrú a chur chuig Rannpháirtí eile, agus féadfar a lua san fhiosrú sin na téarmaí creidmheasa is fabhraí agus na coinníollacha creidmheasa is fabhraí a mbeadh an Rannpháirtí fiafraitheach toilteanach tacaíocht a thabhairt dóibh.

c) Má dhéantar fiosrúchán do níos mó ná Rannpháirtí amháin, beidh liosta seolaithe ann.

d) Cuirfear cóip de na fiosrúcháin go léir chuig an Rúnaíocht.

54. RAON FEIDHME NA bhFREAGAIRTÍ

a) Tabharfaidh an Rannpháirtí a mbeidh an fiosrúchán dírithe chuige freagairt laistigh de 7 lá féilire agus cuirfidh sé ar fáil an oiread faisnéise agus is féidir. Áireofar sa fhreagra an léiriú is fearr a fhéadfaidh an Rannpháirtí a thabhairt den chinneadh is dócha a thógfaidh sé. Más gá sin, beidh an freagra á leanúint a luaithe is féidir. Cuirfear cóipeanna chuig seolaithe eile an fhiosrúcháin agus chuig an Rúnaíocht.

b) Más rud é, i gcás freagra ar fhiosrúchán, go n-éiríonn sé neamhbhailí ina dhiaidh sin ar chúis ar bith, de bhrí mar shampla:

— go ndearnadh iarratas, nó go ndearnadh é a athrú nó a tharraingt siar, nó

— go bhfuil téarmaí eile á mbreithniú,

tabharfar freagra gan mhoill agus déanfar é a chur i gcóip chuig seolaithe eile an fhiosrúcháin agus chuig an Rúnaíocht.

55. COMHAIRLIÚCHÁIN DUINE LE DUINE

a) Aontóidh Rannpháirtí laistigh de 10 lá oibre le hiarrataí chun comhairliúcháin duine le duine a bheith ann.

b) Cuirfear iarraidh chun comhairliúcháin duine le duine a bheith ann ar fáil do Rannpháirtithe agus do Neamh-rannpháirtithe. Beidh na comhairliúcháin sin ann a luaithe is féidir tar éis don tréimhse 10 lá oibre dul in éag.

c) Déanfaidh Cathaoirleach na Rannpháirtithe comhordú leis an Rúnaíocht maidir le haon ghníomhaíocht leantach is gá, e.g. Líne Choiteann. Déanfaidh an Rúnaíocht an toradh an chomhairliúcháin a chur ar fáil go pras.

56. NÓSANNA IMEACHTA AGUS FORMÁID NA LÍNTE COITEANNA

a) Is chuig an Rúnaíocht amháin a bhíonn na tograí maidir le Líne Choiteann dírithe. Cuirfidh an Rúnaíocht togra maidir le Líne Choiteann chuig na Rannpháirtithe go léir, agus nuair a bhíonn cabhair cheangailte i gceist, chuig pointí teagmhála DAC go léir. Ní dhéanfar céannacht an tionscnóra ar Chlár na Líne Coitinne a nochtadh ar an gClár Fógraí leictreonach arna choinneáil ar bun ag an Rúnaíocht ar Líonra Timpeallachta ECFE. Féadfaidh an Rúnaíocht, áfach, céannacht an tionscnóra a nochtadh ó bhéal do Rannpháirtí nó do chomhalta an DAC arna iarraidh sin dó. Coinneoidh an Rúnaíocht taifead de na hiarrataí sin.

b) Déanfar dáta ar an togra maidir le Líne Choiteann a dhátú agus is í an fhormáid seo a leanas a bheidh air:

— An uimhir thagartha, agus an 'Líne Choiteann' ina diaidh.

— Ainm na tíre allmhairiúcháin agus an cheannaitheora.

— Ainm an tionscadail agus cur síos chomh beacht agus is féidir air chun an tionscadal a shainaithint go soiléir.

— Na téarmaí agus na coinníollacha a bhí tuartha ag an tír thionscnaimh.

— Togra le haghaidh Líne Choiteann.

— Náisiúntacht agus ainmneacha na dtairgeoirí aitheanta iomaíocha.

— Dáta deiridh imthairisceana tráchtála agus airgeadais agus uimhir thairisceana a mhéid a bhfuil eolas ann fúithi.

— Faisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear na cúiseanna chun an Líne Choiteann a mholadh, infhaighteacht na staidéar ar an tionscadal agus/nó na cúinsí speisialta.

c) Le togra maidir le Líne Choiteann a chuirtear ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 34 b) 4), díreofar chuig an Rúnaíocht é agus déanfar é a chóipeáil chuig na Rannpháirtithe eile. Déanfaidh an Rannpháirtí a bhfuil togra maidir le Líne Choiteann á dhéanamh aige míniú iomlán a chur ar fáil faoi na cúiseanna a mheasann sé gur cheart aicmiú na tíre a bheith difriúil leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 34 b).

d) Déanfaidh an Rúnaíocht na Línte Coiteanna ar aontaíodh orthu a chur ar fáil go poiblí.

57. FREAGAIRTÍ AR THOGRAÍ MAIDIR LE LÍNE CHOITEANN

a) Tabharfar freagraí laistigh de 20 lá féilire, cé go moltar do na Rannpháirtithe freagairt do thogra maidir le Líne Choiteann a thapúla is féidir.

b) D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i bhfreagairt iarraidh ar fhaisnéis bhreise, glacadh, agus diúltú, togra chun modhnú a dhéanamh ar an Líne Choiteann nó togra malartach maidir leis an Líne Choiteann.

c) Maidir le Rannpháirtí a thugann le fios nach bhfuil aon seasamh á ghlacadh aige de bhrí nach ndeachaigh onnmhaireoir faoina dhéin, nó nach ndeachaigh na húdaráis sa tír fála faoina dhéin i gcás cabhair airgid a thabhairt don tionscadal, measfar go mbeidh an togra maidir le Líne Choiteann glactha aige.

58. GLACADH LE LÍNTE COITEANNA

a) Déanfaidh an Rúnaíocht, tar éis 20 lá féilire a beith caite, na Rannpháirtithe go léir a chur ar an eolas i dtaca le stádas an togra maidir le Líne Choiteann. Más rud é nach mbeidh an Líne Choiteann glactha ag na Rannpháirtithe go léir, ach nach mbeidh diúltaithe di ag aon Rannpháirtí, fágfar an togra ar oscailt go ceann thréimhse bhreise 8 lá féilire.

b) Tar éis na tréimhse breise sin, maidir le Rannpháirtí nach mbeidh an togra maidir le Líne Choiteann diúltaithe go sainráite aige, measfar go bhfuil an Líne Choiteann glactha aige. Mar sin féin, féadfaidh Rannpháirtí, lena n-áirítear Rannpháirtí tionscnaimh, a chur de choinníoll maidir le glacadh leis an Líne Choiteann go nglacfaidh Rannpháirtí amháin nó níos mó go sainráite léi.

c) Más rud é nach nglacfaidh Rannpháirtí le heilimint amháin nó níos mó den Líne Choiteann, glacfaidh sé go hintuigthe leis na heilimintí eile go léir den Líne Choiteann. Tuigtear go bhféadfadh sé go leanfadh de ghlacadh páirteach den sórt sin go n-athródh Rannpháirtithe eile a ndearcadh i leith Líne Coitinne a bheadh molta. Tá saoirse ag na Rannpháirtithe go léir na téarmaí agus na coinníollacha nach gcumhdaítear le Líne Choiteann a chomhoiriúnú.

d) Féadfar Líne Choiteann nach mbeidh glactha a athbhreithniú agus úsáid á baint as na nósanna imeachta in Airteagail 56 agus 57. Sna cúinsí sin, níl na Rannpháirtithe faoi cheangal ag a gcinneadh bunaidh.

59. EASAONTÚ FAOI LÍNTE COITEANNA

Más rud é nach bhféadfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh agus an Rannpháirtí a mhol modhnú nó athrú aontú ar Líne Choiteann laistigh den tréimhse 8 lá féilire sa bhreis, féadfar an tréimhse sin a fhadú trína gcomhthoil. Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas faoi aon fhadú den sórt sin.

60. DÁTA ÉIFEACHTA LÍNE COITINNE

Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas go rachaidh an Líne Choiteann in éifeacht nó go mbeidh diúltaithe di; beidh éifeacht ag an Líne Choiteann 3 lá féilire tar éis an fógra sin a fháil. Cuirfidh an Rúnaíocht ar fáil ar an gclár fógraí leictreonach taifead a bheidh á thabhairt cothrom le dáta ar shlí leanúnach maidir leis na Línte Coiteanna a bheidh aontaithe nó a mbeidh cinneadh aontaithe ina leith.

61. BAILÍOCHT NA LÍNTE COITEANNA

a) Maidir le Líne Choiteann, a luaithe a aontófar fúithi, beidh sí bailí go ceann thréimhse 2 bhliain ón dáta a rachaidh sí i bhfeidhm, mura rud é go gcuirtear an Rúnaíocht ar an eolas nach díol suime feasta í, agus go nglacann na Rannpháirtithe go léir leis sin. Beidh Líne Choiteann bailí i gcónaí go ceann thréimhse 2 bhliain bhreise má fhéachann Rannpháirtí le fadú a fháil laistigh de 14 lá féilire ón dáta éaga bunaidh. Féadfar aontú ar fhaduithe ina dhiaidh sin a bheidh ann tríd an nós imeachta céanna. Is bailí a bheidh Líne Choiteann arna haontú i gcomhréir le hAirteagal 34 b) 4) go dtí go mbeidh sonraí an Bhainc Dhomhanda don bhliain dár gcionn ar fáil.

b) Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar stádas na Línte Coiteanna agus cuirfidh sí na Rannpháirtithe ar an eolas dá réir sin, trí chothabháil a dhéanamh ar an liostú 'Stádas na Línte Coiteanna Bailí' ar OLIS. Dá réir sin, déanfaidh an Rúnaíocht, *inter alia*, an méid seo a leanas:

— Línte Coiteanna breise a chur leis nuair a bheidh siad sin glactha ag na Rannpháirtithe.

— An dáta éaga a thabhairt cothrom le dáta nuair a iarrfaidh an Rannpháirtí fad a chur leis.

— Línte Coiteanna atá imithe in éag a scriosadh.

— Liosta de na Línte Coiteanna atá ceaptha dul in éag an chéad ráithe eile a eisiúint go ráithiúil.

Roinn 6

Athbhreithnithe

62. ATHBHREITHNIÚ RIALTA AR AN SOCRÚ

a) Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar fheidhmiú an tSocraithe go tráthrialta. San athbhreithniú, déanfaidh na Rannpháirtithe scrúdú, *inter alia*, ar nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt, cur chun feidhme agus oibriú chóras DDR, na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le cabhair cheangailte, ceisteanna maidir le comhoiriúnú, ceangaltais roimh ré agus na féidearthachtaí maidir le rannpháirtíocht níos leithne sa Socrú.

b) Is ar fhaisnéis ar thaithí na Rannpháirtithe a bhunófar an t-athbhreithniú seo agus ar a moltaí chun feabhas a chur ar oibriú agus ar éifeachtacht an tSocraithe. Cuirfidh na Rannpháirtithe cuspóirí an tSocraithe san áireamh mar aon leis an staid eacnamaíoch agus airgeadais atá ann. Maidir leis an bhfaisnéis agus na moltaí is mian leis na Rannpháirtithe a chur ar aghaidh don athbhreithniú seo, sroichfidh siad an Rúnaíocht tráth nach déanaí ná 45 lá féilire roimh dháta an athbhreithnithe.

63. ATHBHREITHNIÚ AR RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS

a) Déanfaidh na Rannpháirtithe an córas chun CIRRanna a leagan síos a athbhreithniú go tráthrialta d'fhonn a áirithiú go léiríonn na rátaí fógartha coinníollacha reatha an mhargaidh agus go bhfuil na haidhmeanna is bun leis na rátaí atá i bhfeidhm á gcomhlíonadh acu. Leis na hathbhreithnithe sin freisin cumhdófar an corrlach a bheidh le cur isteach nuair a chuirfear na rátaí sin i bhfeidhm.

b) Féadfaidh Rannpháirtí iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid Chathaoirleach na Rannpháirtithe chun athbhreithniú urghnách a bheith ann sa chás go measann an Rannpháirtí sin nach léiríonn an CIRR d'airgeadra amháin nó níos mó coinníollacha reatha an mhargaidh a thuilleadh.

64. ATHBHREITHNIÚ AR PHRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA AGUS SAINCHEISTEANNA GAOLMHARA

Déanfaidh na Rannpháirtithe faireachán agus athbhreithniú ar na gnéithe go léir de na rialacha préimhe agus de na nósanna imeachta préimhe. Áireofar leis sin:

a) Na Modheolaíochtaí d'Aicmiú Riosca Tíre agus do Mheasúnú Riosca Flaithiúnais chun a mbailíocht a athbhreithniú i bhfianaise na taithí;

b) Leibhéal MPRanna chun a áirithiú go bhfanann siad mar thomhas cruinn de riosca creidmheasa, le feidhmíocht iarbhír na n-institiúidí a sholáthraíonn creidmheasanna onnmhairiúcháin oifigiúla agus le faisnéis an mhargaidh phríobháidigh maidir le praghsáil an riosca creidmheasa araon á gcur san áireamh;

c) Na hidirdhealuithe i MPRanna ina gcuirtear san áireamh cáilíocht dhifreálach táirgí creidmheasa onnmhairiúcháin agus céatadán an chumhdaigh a chuirtear ar fáil; agus

d) Corpas na taithí a bhaineann le maolú riosca tíre agus feabhsuithe riosca creidmheasa ceannaitheora a úsáid agus bailíocht leanúnach agus iomchuibheas a dtionchar sonrach ar MPRanna.

65. ATHBHREITHNIÚ AR THACAÍOCHT OIFIGIÚIL LE hAGHAIDH COSTAIS AITIÚLA

Déanfar na Rannpháirtithe athbhreithniú ar fhorálacha thacaíocht na gcostas áitiúil tráth nach déanaí ná 20 Aibreán 2024.

IARSCRÍBHINN I

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN DO LONGA

CAIBIDIL I

Raon feidhme na tuisceana earnála

1. RANNPHÁIRTÍOCHT

Is iad seo na rannpháirtithe don Tuiscint Earnála: an tAontas Eorpach, an Astráil, an Chóiré, an Iorua, an Nua-Shéalainn agus an tSeapáin.

2. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM

Maidir leis an Tuiscint Earnála seo, lena gcomhlántar an Socrú, leagtar amach inti treoirlínte sonracha do chreidmheasanna onnmhairiúcháin a bhfuil tacaíocht oifigiúil á fáil acu agus a bhaineann le conarthaí onnmhairiúcháin de na nithe seo a leanas:

a) Aon árthach farraige 100 gt agus níos mó a úsáidtear chun earraí nó daoine a iompar, nó maidir le sainseirbhís a chur i gcrích (mar shampla, árthaí iascaireachta, longa monarchan, bristeoirí oighir agus dreidirí, a léiríonn ar shlí bhuan trína ngluaiseacht agus trína dtreo (stiúradh) tréithe go léir na hinseoltachta ar an bhfarraige mhór), tugaí 365 kW nó níos mó agus cabhlacha long neamhchríochnaithe ach atá ar snámh agus atá soghluaiste. Ní chumhdaítear árthaí míleata leis an Tuiscint Earnála. Ní chumhdaítear leis an Tuiscint Earnála dugaí snámha agus aonaid shoghluaiste amach ón gcósta, ach dá dtarlódh fadhbanna maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin do dhéanmhais den sórt sin, féadfaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála (dá ngairfear na 'Rannpháirtithe' anseo feasta) tar éis iarrataí réasúnaithe ó aon Rannpháirtí a bheith breithnithe acu, a chinneadh go mbeidh siad cumhdaithe.

b) aon athchóiriú ar long. Ciallaíonn athchóiriú loinge aon athchóirí ar árthaí farraige de bhreis ar 1 000 gt ar choinníoll nach mbeidh athruithe radacacha ann ar phlean an lastais, ar an gcabhail ná ar an gcóras tiomána i gceist leis na hoibríochtaí athchóirithe.

1. cé nach n-áirítear árthaí de chineál árthaí foluaineacha sa Tuiscint Earnála, ceadaítear do Rannpháirtithe creidmheasanna onnmhairiúcháin a dheonú d'árthaí foluaineacha ar choinníollacha coibhéiseacha leis na coinníollacha atá i réim sa Tuiscint Earnála. Bíonn siad tiomanta an fhéidearthacht seo a chur i bhfeidhm go measartha agus gan na coinníollacha creidmheasa sin a dheonú d'árthaí foluaineacha i gcásanna ina suitear nach bhfuil aon iomaíocht á tairscint faoi choinníollacha na Tuisceana Earnála;

2. sa Tuiscint Earnála, déantar an téarma 'árthach foluaineach' a shainiú mar a leanas: feithicil amfaibiach de 100 tonna ar a laghad atá le tacú go hiomlán le haer arna sceitheadh ón bhfeithicil, aer lena bhfoirmítear líonadh atá laistigh de sciorta solúbtha thart timpeall ar chiumhais na feithicle agus an talamh nó an dromchla uisce faoin bhfeithicil, agus a bhfuil ar a cumas a bheith tiomáinte nó á rialú ag aerscriúnna nó duchtaithe ó fheananna nó ó fheistí comhchosúla;

3. Tuigtear maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin a dheonú ag coinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha atá sa Tuiscint Earnála seo, gur cheart é a theorannú go dtí na hárthaí foluaineacha sin atá in úsáid ar bhealaí muirí agus ar bhealaí neamhthalún, cé is moite de shaoráidí críochfoirt a shroicheadh arb aon chiliméadar é a bhfad uasta ón uisce.

CAIBIDIL II

Forálacha maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin agus maidir le cabhair cheangailte

3. TÉARMA UASTA AISÍOCAÍOCHTA

Is é an téarma uasta aisíocaíochta tar éis seachadta ná 12 bhliain, agus é sin beag beann ar aicmiú tíre.

4. ÍOCAÍOCHT IN AIRGEAD TIRIM

Beidh sé de cheangal go dtabharfaí do na Rannpháirtithe íocaíocht íosta de 20 % in airgead tirim de phraghas an chonartha faoin seachadadh.

5. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS ÍOCAÍOCHT AN ÚIS

a) Íocfar an bhunsuim den chreidmheas onnmhairiúcháin i dtráthchodanna comhionanna tráthrialta 6 mhí de ghnáth agus 12 mhí ar a mhéad.

b) Déanfar an t-ús a íoc le minicíocht nach mó ná gach 6 mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis ag tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

c) Maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin a sholáthraítear mar thacaíocht d'idirbhearta léasa, féadfar aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead agus den ús in éineacht a chur i bhfeidhm in ionad aisíocaíochtaí comhionanna den bhunairgead amhail a leagtar amach i mír a).

d) Ní dhéanfar caipitliú ar ús a bheidh dlite tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

e) Rannpháirtí sa Tuiscint Earnála seo a bhfuil sé ar intinn aige tacú le híocaíocht an úis ar théarmaí atá éagsúil ó na téarmaí sin a leagtar amach i mír b), tabharfaidh sé fógra roimh ré 10 lá féilire ar a laghad sula n-eisítear aon ghealltanas, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII den Socrú.

6. PRÉIMH ÍOSTA

Ní chuirfear forálacha an tSocraithe maidir leis na tagarmharcanna íosta préimhe i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo na forálacha sin a athbhreithniú tuilleadh.

7. MAOINIÚ TIONSCADAIL

Ní chuirfear forálacha d'Airteagal 8 agus d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Socrú i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo na forálacha sin a athbhreithniú tuilleadh.

8. CABHAIR

Ní mór d'aon Rannpháirtí ar mian leis cabhair a chur ar fáil, i dteannta fhorálacha an tSocraithe, a dhearbhú nach mbeidh an long á hoibriú faoi chlárlann oscailte le linn an téarma aisíocaíochta agus go mbeidh an dearbhú iomchuí faighte go bhfuil cónaí ar an úinéir deiridh sa tír ghlactha, nach fochuideachta neamhoibríochtúil é de leas eachtrach agus nár ghlac sé air féin gan an long a dhíol gan formheas a fháil óna rialtas.

CAIBIDIL III

Nósanna imeachta

9. FÓGRA

Chun críche trédhearcachta, déanfaidh gach Rannpháirtí, de bhreis ar fhorálacha an tSocraithe agus Chóras Tuairiscithe Creidmheasaí IBRD/Aontas Bheirn/ECFE, faisnéis a chur ar fáil go bliantúil ar a chóras maidir le tacaíocht oifigiúil a chur ar fáil agus maidir leis an gcaoi a ndéanfar an Tuiscint Earnála seo, lena n-áirítear na scéimeanna atá i bhfeidhm, a chur chun feidhme.

10. ATHBHREITHNIÚ

a) Déanfar an Tuiscint Earnála a athbhreithniú go bliantúil nó arna iarraidh sin ag aon Rannpháirtí i gcomhthéacs Mheitheal an ECFE sa longthógáil, agus déanfar tuarascáil do na Rannpháirtithe sa Socrú.

b) D'fhonn comhchuibheas agus comhsheasmhacht idir an Socrú agus an Tuiscint Earnála a éascú agus cineál thionscal na longthógála á chur san áireamh, rachaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo agus sa Socrú i gcomhairle le chéile agus déanfaidh siad comhordú de réir mar is iomchuí.

c) Ar chinneadh a bheith déanta ag na Rannpháirtithe sa Socrú an Socrú a athrú, déanfaidh na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo (na Rannpháirtithe) an cinneadh sin a scrúdú agus a ábharthacht don Tuiscint Earnála seo a bhreithniú. Go dtí go ndéanfar an breithniú sin, ní bheidh feidhm ag na leasuithe a ghabhann leis an Socrú don Tuiscint Earnála seo. Sa chás go bhféadfaidh na Rannpháirtithe glacadh leis na leasuithe a ghabhann leis an Socrú, déanfaidh siad é sin a thuairisciú i scríbhinn do na Rannpháirtithe sa Socrú. Sa chás nach féidir leis na Rannpháirtithe glacadh leis na leasuithe a ghabhann leis an Socrú a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm sa longthógáil, cuirfidh siad na Rannpháirtithe don Socrú ar an eolas faoina n-agóidí agus rachaidh siad i mbun comhairliúcháin d'fhonn féachaint le réiteach a fháil ar na saincheisteanna. Sa chás nach bhféadfar teacht ar aon socrú idir an dá ghrúpa, is ag tuairimí na Rannpháirtithe, maidir leis an bhfeidhm a bheidh ag na leasuithe don longthógáil, a bheidh an forlámhas.

Ceangaltán

Tiomantais don obair a bheidh ann amach anseo

I dteannta na hOibre a bheidh ann Amach Anseo maidir leis an Socrú, aontaíonn na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo an méid seo a leanas:

a) Liosta léiritheach a chur le chéile de chineálacha long a mheastar i gcoitinne nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de, agus na disciplíní i ndáil le cabhair cheangailte a leagtar amach sa Socrú á gcur san áireamh.

b) Forálacha an tSocraithe i ndáil leis na tagarmharcanna íosta préimhe a athbhreithniú d'fhonn iad a ionchorprú sa Tuiscint Earnála seo.

c) Plé a dhéanamh, faoi réir na bhforbairtí i gcaibidlí ábhartha idirnáisiúnta, maidir le cur isteach disciplíní eile i ndáil le rátaí íosta úis, lena n-áirítear CIRR speisialta agus rátaí comhlúthacha.

d) Athbhreithniú a dhéanamh ar a infheidhme maidir leis an Tuiscint Earnála seo atá forálacha an tSocraithe i ndáil le Maoiniú Tionscadail.

e) Plé a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí:

— dáta na chéad tráthchoda den bhunairgead,

— coincheap na Meánré Ualaithe

a úsáid i ndáil leis an bpróifíl aisíocaíochta atá in Airteagal 5 den Tuiscint Earnála seo.

IARSCRÍBHINN II

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN LE hAGHAIDH GLÉASRAÍ CUMHACHTA NÚICLÉICHE

CAIBIDIL I

Raon feidhme na tuisceana earnála

1. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM

a) Leis an Tuiscint Earnála seo, leagtar amach na forálacha a bhfuil feidhm acu maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí le haghaidh na nithe seo a leanas:

1. Onnmhairiú stáisiún cumhachta núicléiche iomlán, nó codanna díobh, agus lena gcuimsítear gach comhpháirt, trealamh, ábhar agus seirbhís, lena n-áirítear oiliúint ar an bpearsanra atá ag teastáil go díreach chun stáisiúin chumhachta núicléiche den sórt sin a thógáil agus a choimisiúnú.

2. Nuachóiriú gléasra cumhachta núicléiche atá cheana ann nuair is 80 milliún CTS nó os a chionn luach an nuachóirithe agus nuair is dóichí go bhféadfaí ré eacnamaíoch an ghléasra a fhadú go ceann na tréimhse aisíocaíochta ar a laghad. Mura gcomhlíontar ceachtar den dá chritéar sin, beidh feidhm ag téarmaí an tSocraithe.

3. Soláthar breosla núicléach agus saibhriú.

4. Soláthar bainistíochta breosla spíonta.

b) Níl feidhm ag an Tuiscint Earnála seo maidir leo seo a leanas:

1. Nithe atá lonnaithe lasmuigh de theorainn láithreáin an ghléasra cumhachta núicléiche a mbíonn an ceannaitheoir freagrach astu de ghnáth, go háirithe costais a bhaineann le forbairt talún, bóithre, sráidbhailte foirgníochta, línte cumhachta, lasc-chlós [1] agus soláthar uisce, chomh maith le costais a eascraíonn as nósanna imeachta um fhaomhadh oifigiúil (e.g. ceadanna láithreáin, ceadanna foirgníochta, ceadanna um luchtú breosla) i dtír an cheannaitheora.

2. Fostáisiúin, claochladáin agus línte tarchuir atá lonnaithe lasmuigh de theorainn láithreáin an ghléasra cumhachta núicléiche.

3. Tacaíocht oifigiúil a thugtar chun gléasra cumhachta núicléiche a dhíchoimisiúnú.

CAIBIDIL II

Forálacha maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin agus maidir le cabhair thrádghaolmhar

2. TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA

a) Is é 18 mbliana an téarma uasta aisíocaíochta d'earraí agus do sheirbhísí a gcuirtear san áireamh i bhforálacha Airteagail 1 a 1) agus 2) den Tuiscint Earnála seo.

b) Is é 4 bliana ó thráth a sheachadta an téarma uasta aisíocaíochta don chéad lucht breosla. Is é 2 bhliain ó thrátha a sheachadta an téarma uasta aisíocaíochta d'athluchtaí breosla núicléach.

c) Is é 2 bhliain an téarma uasta aisíocaíochta do bhreosla spíonta.

d) Is é 5 bliana an téarma uasta aisíocaíochta do shaibhriú agus do bhainistíocht breosla spíonta.

[1] I gcásanna, áfach, inarb ionann ceannaitheoir an lasc-chlóis agus ceannaitheoir an ghléasra cumhachta, agus go dtugtar an conradh i gcrích i ndáil leis an lasc-chlós bunaidh don ghléasra cumhachta sin, ní bheidh na téarmaí agus na coinníollacha don lasc-chlós bunaidh níos flaithiúla ná na cinn don ghléasra cumhachta núicléiche.

3. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS ÍOCAÍOCHT AN ÚIS

a) Déanfaidh na Rannpháirtithe próifíl d'aisíocaíocht an bhunairgid agus d'íocaíocht an úis a chur i bhfeidhm mar a shonraítear i bhfomhír 1) nó 2) thíos:

1. Déanfar aisíoc an bhunairgid ina tráthchodanna cothroma.

2. Déanfar aisíoc an bhunairgid agus íoc an úis in éineacht i dtráthchodanna cothroma.

b) Déanfar an bunairgead a aisíoc agus déanfar an t-ús a íoc ar a laghad gach 6 mhí agus déanfar an chéad tráthchuid den bhunairgead agus ús tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

c) Ar bhonn eisceachtúil agus cuí-réasúnaithe, féadfar tacaíocht oifigiúil d'earraí agus do sheirbhísí a luaitear in Airteagail 1) a) 1) agus 2) den Tuiscint seo a sholáthar ar théarmaí eile seachas iad sin a leagtar amach i míreanna a) agus b) thuas. Is éard a bheidh de mhíniú ar sholáthar tacaíochta den sórt sin, gur ann d'éagothromaíocht idir tráthú na gcistí atá ar fáil don fhéichiúnaí agus an phróifíl seirbhíse féich a bheidh ar fáil faoi sceideal aisíocaíochta comhionann, leathbhliantúil, agus comhlíonfar na critéir seo a leanas:

1. 15 bliana a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta.

2. Ní rachaidh aon aisíocaíocht aonair den bhunairgead ná aon sraith d'íocaíochtaí an bhunairgid laistigh de thréimhse 6 mhí thar 25 % de bhunsuim an chreidmheasa.

3. déanfar an bunairgead a aisíoc le minicíocht nach mó ná gach 12 mhí. Déanfar an chéad aisíocaíocht den bhunairgead tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa agus beidh 2 %, ar a laghad, de bhunsuim an chreidmheasa aisíoctha 12 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

4. Déanfar an t-ús a íoc le minice nach mó ná gach 12 mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis ag tráth nach déanaí ná gach 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

5. Ní rachaidh meánré ualaithe uasta na tréimhse aisíocaíochta thar 9 mbliana.

d) Ní dhéanfar caipitliú ar ús a bheidh dlite tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

4. TACAÍOCHT OIFIGIÚIL DO BHREOSLA NÚICLÉACH AGUS DO SHEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE BREOSLA NÚICLÉACH

Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 5 den Tuiscint Earnála seo, ní dhéanfaidh na Rannpháirtithe breosla núicléach ná seirbhísí gaolmhara a sholáthar saor in aisce.

5. CABHAIR

Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht chabhrach.

CAIBIDIL III

Nósanna imeachta

6. RÉAMHFHÓGRA

a) Tabharfaidh Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 46 den Socrú 10 lá féilire ar a laghad sula n-eisítear aon ghealltanas má tá sé ar intinn aige tacaíocht a sholáthar de réir na bhforálacha den Tuiscint Earnála seo.

b) Má tá sé ar intinn ag an Rannpháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige tacaíocht a sholáthar le tréimhse aisíocaíochta atá níos faide ná 15 bliana agus/nó i gcomhréir le hAirteagal 3 c) den Tuiscint Earnála seo, fanfaidh sé 10 lá féilire eile má iarrann Rannpháirtí eile plé le linn na chéad 10 lá féilire.

c) Cuirfidh Rannpháirtí na Rannpháirtithe eile go léir ar an eolas maidir lena chinneadh deiridh tar éis plé a bheith ann chun an t-athbhreithniú ar an gcorpas taithí a éascú.

CAIBIDIL IV

Athbhreithniú

7. OBAIR A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Comhaontaíonn na Rannpháirtithe na saincheisteanna seo a leanas a scrúdú:

a) Córas ráta íosta chomhlúthaigh.

b) Uasmhéid na tacaíochta oifigiúla le haghaidh costais áitiúla.

8. ATHBHREITHNIÚ AGUS FAIREACHÁN

Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú go tráthrialta ar fhorálacha na Tuisceana Earnála agus faoi dheireadh 2023 ar a dhéanaí.

IARSCRÍBHINN III

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LEIS NA CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN d'AERÁRTHAÍ SIBHIALTA

CUID 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. CUSPÓIR

a) Is é cuspóir na Tuisceana Earnála seo creat a chur ar fáil d'úsáid intuartha, chomhsheasmhach, agus thrédhearcach na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do dhíol nó léasú aerárthaí agus earraí agus seirbhísí eile a shonraítear in Airteagal 4 a) thíos. Féachann an Tuiscint Earnála seo le cothroime iomaíochta a chothú le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin den sórt sin, d'fhonn an iomaíocht a spreagadh i measc onnmhaireoirí, bunaithe ar cháilíocht agus ar phraghas na n-earraí agus na seirbhísí a dhéantar a onnmhairiú, seachas iad a bheith bunaithe ar na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais is fabhraí agus a bhfuil tacaíocht oifigiúil á fáil acu.

b) Leagtar amach leis an Tuiscint Earnála seo na téarmaí agus na coinníollacha is fabhraí faoina bhféadfaí creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a sholáthar.

c) Chun na críche sin, féachtar leis an Tuiscint Earnála seo le cothromaíocht chomhchuibhithe a bhunú lena ndéanfar sna margaí go léir:

1. Coinníollacha airgeadais iomaíocha idir na Rannpháirtithe a thabhairt cothrom lena chéile,

2. Tacaíocht oifigiúil a neodrú i measc na Rannpháirtithe, rud a bheadh ina thoisc sa rogha a dhéanfaí idir earraí agus seirbhísí iomaíocha a shonraítear in Airteagal 4 a) thíos, agus

3. Saobhadh ar iomaíocht a sheachaint i measc na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo agus aon fhoinse airgeadais eile.

d) Admhaíonn na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo (na Rannpháirtithe) gur forbraíodh na forálacha a chuirtear san áireamh sa Tuiscint Earnála seo chun críoch na Tuisceana Earnála seo agus chun na críche sin amháin agus nach ndéanann na forálacha sin dochar do na codanna eile den Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil (an Socrú) agus a n-éabhlóid.

2. STÁDAS

Comhaontú Oinigh i measc a Rannpháirtithe is ea an Tuiscint Earnála seo agus is í Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Socrú í; tá sí ina cuid lárnach den Socrú agus tagann sí i gcomharbacht ar an Tuiscint Earnála a tháinig i bhfeidhm in Iúil 2007.

3. RANNPHÁIRTÍOCHT

Is iad seo na Rannpháirtithe faoi láthair: an tAontas Eorpach, an Astráil, an Bhrasaíl, Ceanada, an Chóiré, an Eilvéis, an Iorua, an Nua-Shéalainn, an Ríocht Aontaithe, an tSeapáin, agus na Stáit Aontaithe. Féadfaidh aon Neamh-rannpháirtí a bheith ina Rannpháirtí i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i bhFoscríbhinn I.

4. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM

a) Beidh feidhm ag an Tuiscint Earnála seo maidir le gach tacaíocht oifigiúil a sholáthraíonn rialtas, nó a sholáthraítear thar ceann rialtais, a bhfuil téarma aisíocaíochta 2 bhliain nó níos mó ag gabháil léi, maidir le honnmhairiú na nithe seo a leanas:

1. Aerárthaí sibhialta nua agus innill atá suiteáilte iontu, lena n-áirítear trealamh arna sholáthar ag an gceannaitheoir.

2. Aerárthaí sibhialta athláimhe, athchóirithe agus athfheistithe agus innill atá suiteáilte iontu, lena n-áirítear i ngach cás trealamh arna sholáthar ag an gceannaitheoir.

3. Innill spártha.

4. Páirteanna spártha d'aerárthaí sibhialta agus innill.

5. Conarthaí cothabhála agus seirbhíse d'aerárthaí sibhialta agus innill.

6. Athchóiriú, mórmhodhnuithe agus athfheistiú aerárthaí sibhialta.

7. Fearais innill.

b) Féadfar tacaíocht oifigiúil a sholáthar ar bhealaí éagsúla:

1. ráthaíocht nó árachas creidmheasa onnmhairiúcháin ('cumhdach foirfe');

2. tacaíocht oifigiúil maoinithe:

— creidmheas díreach/maoiniúchán díreach agus athmhaoiniúchá, nó

— tacaíocht ráta úis,

3. aon teaglaim díobh sin thuasluaite.

c) Ní bheidh feidhm ag an Tuiscint Earnála seo maidir le tacaíocht oifigiúil le haghaidh na nithe seo a leanas:

1. Onnmhairí aerárthaí míleata nua nó athláimhe agus earraí agus seirbhísí gaolmhara a liostaítear i mír a) thuas, lena n-áirítear nuair a úsáidtear iad chun críoch míleata.

2. Ionsamhlóirí eitilte nua nó athláimhe.

5. FAISNÉIS ATÁ AR FÁIL DO NEAMH-RANNPHÁIRTITHE

Má dhéanann Neamh-rannpháirtí, atá i staid iomaíochta, iarraidh i dtaca leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a dhéantar a thairiscint i gcomhair tacaíocht oifigiúil; tabharfaidh Rannpháirtí, ar bhonn cómhalartaithe, freagra ar an iarraidh sin díreach faoi mar a thabharfadh sé freagra ar iarraidh ó Rannpháirtí.

6. TACAÍOCHT CHABHRACH

Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht chabhrach, ach amháin chun críoch daonnúil, trí nós imeachta maidir le Líne Choiteann.

7. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CHUN CAILLTEANAIS A SHEACHAINT NÓ A ÍOSLAGHDÚ

Ní chuirtear cosc leis an Tuiscint Earnála seo ar a Rannpháirtithe ó théarmaí agus coinníollacha airgeadais nach bhfuil chomh srianta leis na téarmaí dá bhforáiltear sa Tuiscint Earnála seo a chomhaontú, más rud é go ndéantar gníomhaíocht den sórt sin nuair a bhíonn éifeacht cheana leis an gcomhaontú creidmheasa onnmhairiúcháin agus leis na doiciméid theagmhasacha agus go bhfuil an ghníomhaíocht sin beartaithe go huile agus go hiomlán chun go seachnófaí nó go n-íoslaghdófaí caillteanais ó imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina dtrúig le neamhíocaíocht nó éilimh. Tabharfaidh an Rannpháirtí fógra do na Rannpháirtithe eile go léir agus do Rúnaíocht ECFE (an Rúnaíocht), laistigh de 20 lá oibre tar éis don Rannpháirtí teacht ar chomhaontú leis an gceannaitheoir/iasachtaí maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais modhnaithe. Cuimseofar leis an bhfógra faisnéis, lena n-áirítear an spreagadh, ar na téarmaí agus ar na coinníollacha airgeadais nua, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm thuairiscithe a leagtar amach i bhFoscríbhinn IV.

CUID 2

AERÁRTHAÍ NUA

CAIBIDIL I

Cumhdach

8. AERÁRTHAÍ NUA

a) Chun críoch na Tuisceana Earnála seo, is éard is aerárthach nua ann:

1. Aerárthach, lena n-áirítear trealamh arna sholáthar ag an gceannaitheoir, agus na hinnill atá suiteáilte ar an aerárthach sin faoi úinéireacht an mhonaróra nach bhfuil seachadta nó nár úsáideadh roimhe sin chun na críche atá ceaptha dó maidir le paisinéirí agus/nó lastas a iompar agus

2. Innill spártha agus páirteanna spártha nuair a bhreathnaítear orthu mar chuid d'ordú bunaidh an aerárthaigh i gcomhréir le forálacha Airteagal 20 a) thíos.

b) D'ainneoin fhorálacha mhír a) thuas, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht a thabhairt do théarmaí iomchuí d'aerárthaí nua maidir le hidirbhearta a bhfuil socruithe eatramhacha maoinithe tráchtála leagtha síos dóibh mar gheall gur cuireadh moill ar sholáthar na tacaíochta oifigiúla, agus go bhfuil a fhios ag an Rannpháirtí é sin roimh ré; ní bheidh moill den sórt sin níos faide ná 18 mí. I gcásanna den sórt sin, beidh an téarma aisíocaíochta agus dáta na haisíocaíochta deiridh mar a chéile agus faoi mar a bheadh sé dá mba rud é go mbeadh tacaíocht oifigiúil á tabhairt maidir le díol nó léasú an aerárthaigh ón dáta ar seachadadh an t-aerárthach i dtús báire.

CAIBIDIL II

Téarmaí agus coinníollacha airgeadais

Cuimsítear leis na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin na forálacha go léir a leagtar síos sa Chaibidil seo, forálacha a léifear i dteannta a chéile.

9. AIRGEADRAÍ INCHÁILITHE

An euro, dollar na Stát Aontaithe, punt na Ríochta Aontaithe, yen na Seapáine, agus airgeadraí lán-inmhalartaithe eile a bhfuil sonraí ar fáil dóibh d'fhonn na rátaí íosta úis a luaitear i bhFoscríbhinn III a dhéanamh, is iad sin na hairgeadraí atá incháilithe maidir le tacaíocht oifigiúil maoinithe.

10. ÉARLAIS AGUS TACAÍOCHT OIFIGIÚIL UASTA

a) Maidir le hidirbhearta le ceannaitheoirí/iasachtaithe a aicmítear i gCatagóir Riosca 1 (de réir Fhoscríbhinn II, Tábla 1):

1. Ceanglóidh na Rannpháirtithe go n-íocfar éarlais íosta de 20 % de ghlanphraghas an aerárthaigh ag túsphointe an chreidmheasa nó roimhe;

2. Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil níos mó ná 80 % de ghlanphraghas an aerárthaigh.

b) Maidir le hidirbhearta le ceannaitheoirí/iasachtaithe a aicmítear i gCatagóirí Riosca 2 go 8 (de réir Fhoscríbhinn II, Tábla 1):

1. Ceanglóidh na Rannpháirtithe go n-íocfar éarlais íosta de 15 % de ghlanphraghas an aerárthaigh ag túsphointe an chreidmheasa nó roimhe;

2. Ní sholáthróidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil níos mó ná 85 % de ghlanphraghas an aerárthaigh.

c) Rannpháirtí a chuireann Airteagal 8 b) thuas i bhfeidhm, laghdóidh sé uasmhéid na tacaíochta oifigiúla de réir bhunairgead na dtráthchodanna a meastar iad a bheith dlite ó thúsphointe an chreidmheasa chun a áirithiú, tráth na heisíocaíochta, go mbeidh an méid gan íoc mar a chéile agus faoi mar a bheadh sé dá soláthrófaí creidmheas onnmhairiúcháin arna thacú go hoifigiúil tráth an tseachadta. Sna cásanna sin, gheobhaidh an Rannpháirtí iarratas ar thacaíocht oifigiúil roimh sheachadadh.

11. PRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA

a) Na Rannpháirtithe a bhfuil tacaíocht oifigiúil á tabhairt acu, ní mhuirearóidh siad níos lú ná an préimhráta íosta a leagtar amach i gcomhréir le Foscríbhinn II don mhéid creidmheasa arna thacú go hoifigiúil.

b) Úsáidfidh na Rannpháirtithe, nuair is gá, an tsamhail comhshóite le haghaidh préimhrátaí chun comhshó idir raonta difríochta in aghaidh na bliana arna ríomh ar an méid gan íoc den tacaíocht oifigiúil agus préimhrátaí láithreacha aonair arna ríomh ar bhunmhéid na tacaíochta oifigiúla.

12. TÉARMA UASTA AISÍOCAÍOCHTA

a) 12 bhliain a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta de gach aerárthach nua.

b) Ar bhonn eisceachtúil, agus le fógra roimh ré, ceadófar téarma uasta aisíocaíochta suas go dtí 15 bliana. Sa chás sin, beidh feidhm ag formhuirear 35 % maidir leis na préimhrátaí íosta a dhéantar a ríomh i gcomhréir le Foscríbhinn II.

c) Ní bheidh síneadh ar an téarma aisíocaíochta trí chearta san urrús a roinnt ar bhonn *pari passu* le hiasachtóirí tráchtála maidir leis an gcreidmheas onnmhairiúcháin arna thacú go hoifigiúil.

13. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS ÍOCAÍOCHT AN ÚIS

a) Déanfaidh na Rannpháirtithe próifíl d'aisíocaíocht an bhunairgid agus d'íocaíocht an úis a chur i bhfeidhm mar a shonraítear i bhfomhír 1) nó 2) thíos ([1]).

1. Déanfar aisíocaíocht an bhunairgid agus íocaíocht an úis le chéile i dtráthchodanna cothroma:

— Íocfar tráthchodanna ag minicíocht nach lú ná gach 3 mhí, agus íocfar an chéad tráthchuid tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

— Mar mhalairt, agus faoi réir réamhfhógra (mura bhfuil sé ina idirbheart *de minimis*), íocfar tráthchodanna gach 6 mhí agus íocfar an chéad tráthchuid tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa. Sa chás sin, beidh feidhm ag formhuirear 15 % maidir leis na préimhrátaí íosta a dhéantar a ríomh i gcomhréir le Foscríbhinn II.

— I gcás idirbheart ráta chomhlúthaigh, beidh próifíl amúchta an bhunairgid socraithe don téarma iomlán, 5 lá gnó roimh an dáta eisíocaíochta ar a mhéad, bunaithe ar an ráta comhlúthach nó babhtála an tráth sin.

2. Déanfar aisíoc an bhunairgid i dtráthchodanna cothroma le hús iníoctha ar iarmhéideanna atá ag laghdú:

— Íocfar tráthchodanna ag minicíocht nach lú ná gach 3 mhí, agus íocfar an chéad tráthchuid tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

— Mar mhalairt, agus faoi réir réamhfhógra (mura bhfuil sé ina idirbheart *de minimis*), íocfar tráthchodanna gach 6 mhí agus íocfar an chéad tráthchuid tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa. Sa chás sin, beidh feidhm ag formhuirear 15 % maidir leis na préimhrátaí íosta a dhéantar a ríomh i gcomhréir le Foscríbhinn II.

b) D'ainneoin mhír a) thuas, agus faoi réir réamhfhógra, féadfar aisíocaíocht an bhunairgid a struchtúrú chun aisíocaíocht deiridh na méideanna gan íoc go léir a chur san áireamh ar dháta sonraithe. I gcás mar sin, déanfar aisíocaíochtaí an bhunairgid roimh an íocaíocht deiridh a struchtúrú mar a leagtar amach i mír a) thuas, bunaithe ar thréimhse amúchta nach mó ná an téarma uasta aisíocaíochta a cheadaítear le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí arna dtacú.

c) D'ainneoin mhír a) thuas, féadfar aisíocaíocht an bhunairgid a struchtúrú ar théarmaí is lú fabhar don oibleagáideoir.

d) Ní dhéanfar caipitliú ar ús a bheidh dlite tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

14. RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS

a) Maidir leis na Rannpháirtithe a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe, déanfaidh siad ráta íosta comhdhlúthach nó ráta íosta seasta a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le forálacha Fhoscríbhinn III.

b) Maidir le haerárthaí scairdinnill ar ghlanphraghas USD 35 mhilliún ar a laghad, ní sholáthrófar tacaíocht oifigiúil maoinithe ar bhonn CIRR ach in imthosca eisceachtúla amháin. Rannpháirtí a bhfuil sé ar intinn aige an tacaíocht sin a sholáthar, tabharfaidh sé fógra do na Rannpháirtithe eile go léir 20 lá féilire ar a laghad roimh an gceangaltas deiridh, agus aithneofar an t-iasachtaí ann.

([1]) Níl feidhm ag an gceanglas tuairiscithe aisíocaíochta leathbhliantúla *ex-ante* maidir le hidirbhearta aerárthaí beaga le mbaineann méid maoinithe iomlán níos lú ná USD 5 mhilliún (i.e., idirbhearta *de minimis*).

c) Eisiatar ón ráta úis aon íocaíocht a dhéantar trí phréimh dá dtagraítear in Airteagal 11 thuas, agus táillí dá dtagraítear in Airteagal 16 thíos.

15. TACAÍOCHT RÁTA ÚIS

Na Rannpháirtithe a bhfuil tacaíocht ráta úis á tabhairt acu, comhlíonfaidh siad téarmaí agus coinníollacha airgeadais na Tuisceana Earnála seo agus aon bhanc nó institiúid airgeadais eile atá mar pháirtí leis an idirbheart úis arna thacú, ní mór dó páirt a ghlacadh san idirbheart sin ar théarmaí atá ag teacht ar gach slí le téarmaí agus coinníollacha airgeadais na Tuisceana Earnála seo agus ar na téarmaí sin amháin.

16. TÁILLÍ

a) Faoi réir theorainneacha thréimhse shealbhaíochta na préimhe, gearrfaidh na Rannpháirtithe a bhfuil tacaíocht oifigiúil á tabhairt acu táille sealbhaithe préimhe ar an gcuid neamhtharraingthe den tacaíocht oifigiúil le linn thréimhse shealbhaíochta na préimhe, mar a leanas:

1. Maidir leis na chéad 6 mhí den tréimhse shealbhaíochta: bonnphointe ar bith in aghaidh na bliana.

2. Maidir leis an dara 6 mhí den tréimhse shealbhaíochta: 12,5 bonnphointe in aghaidh na bliana.

3. Maidir leis an tríú 6 mhí dheiridh den tréimhse shealbhaíochta: 25 bhonnphointe in aghaidh na bliana.

b) Maidir leis na Rannpháirtithe a bhfuil tacaíocht oifigiúil á soláthar acu i bhfoirm creidmheasa/maoinithe dhírigh, gearrfaidh siad na táillí seo a leanas:

1. Táille Socruithe/Struchtúrtha: 25 bhonnphointe ar an méid eisíoctha atá iníoctha tráth gach eisíocaíochta.

2. Táille ghealltanais agus sealbhaithe préimhe: 20 bonnphointe in aghaidh na bliana ar an gcuid neamhtharraingthe den chreidmheas onnmhairiúcháin atá le heisíoc a bhfuil tacaíocht oifigiúil aige, le linn thréimhse shealbhaíochta na préimhe, iníoctha i riaráiste.

3. Táille riaracháin: cúig bhonnphointe in aghaidh na bliana ar mhéid na tacaíochta oifigiúla amuigh atá iníoctha i riaráiste. De rogha air sin, féadfaidh na Rannpháirtithe a roghnú go mbeidh an táille sin iníoctha mar tháille láithreach, ar an méid a eisíoctar, tráth gach eisíocaíochta de bhun fhorálacha Airteagal 11 b) thuas.

17. CÓMHAOINIÚ

D'ainneoin Airteagail 14 agus 16 thuas, i gcómhaoiniú ina dtugtar tacaíocht oifigiúil trí chreidmheas díreach agus cumhdach foirfe, agus i gcás ina léirítear le cumhdach foirfe 35 % ar a laghad den mhéid arna thacú go hoifigiúil, déanfaidh an Rannpháirtí a bhfuil creidmheas díreach á sholáthar aige na téarmaí agus na coinníollacha céanna a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear táillí, leis na téarmaí agus na coinníollacha a sholáthraíonn an institiúid airgeadais faoi chumhdach foirfe, chun coibhéis costais ilghnéithigh a ghiniúint idir soláthróir an chumhdaigh fhoirfe agus an t-iasachtóir díreach. Sna cásanna sin, an Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht den sórt sin, tuairisceoidh sé na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais arna dtacú, lena n-áirítear táillí, i gcomhréir leis an bhfoirm thuairiscithe a leagtar amach i bhFoscríbhinn IV.

CUID 3

AERÁRTHAÍ ATHLÁIMHE, INNILL SPÁRTHA, PÁIRTEANNA SPÁRTHA, CONARTHAÍ COTHABHÁLA AGUS SEIRBHÍSE

CAIBIDIL I

Cumhdach

18. AERÁRTHAÍ ATHLÁIMHE AGUS EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ EILE

Beidh feidhm ag an gCuid seo den Tuiscint Earnála maidir le haerárthaí athláimhe agus innill spártha, páirteanna spártha, athchóiriú, mórmhodhnú, athfheistiú, conarthaí cothabhála agus seirbhíse d'aerárthaí agus d'fhearais innill nua agus athláimhe araon.

CAIBIDIL II

Téarmaí agus coinníollacha airgeadais

Na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais atá le cur i bhfeidhm, seachas an téarma uasta aisíocaíochta, beidh siad i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i gCuid 2 den Tuiscint Earnála seo.

19. DÍOL AERÁRTHAÍ ATHLÁIMHE

a) Faoi réir mhír b) thíos, déanfar an téarma uasta aisíocaíochta d'aerárthaí athláimhe a bhunú i gcomhréir le haois an aerárthaigh, mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

Aois an aerárthaigh (blianta ó dháta an bhunmhonaraithe)	Téarmaí uasta aisíocaíochta d'idirbhearta de bhun sócmhainní nó idirbhearta ceannasacha (blianta)	Téarmaí uasta aisíocaíochta d'idirbhearta nach idirbhearta de bhun sócmhainní ná idirbhearta ceannasacha iad (blianta)
1	10	8,5
2	9	7,5
3	8	6,5
4	7	6
5-8	6	5,5
Breis agus 8	5	5

b) Maidir leis an téarma uasta aisíocaíochta d'aerárthaí a ndearnadh athchóiriú orthu, bunófar é i gcomhréir leis an tréimhse ama ó dháta an athchóirithe agus aois an aerárthaigh, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-idirbheart na ceanglais go léir i bhFoscríbhinn II, Airteagal 19, agus nár soláthraíodh tacaíocht oifigiúil, más ann di, i leith an athchóirithe sin i gcomhréir le hAirteagal 21 a) thíos, mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

Téarmaí uasta aisíocaíochta d'aerárthaí athchóirithe de bhun sócmhainní (blianta)

Tréimhse ama ó dháta an athchóirithe (blianta)	Aois an aerárthaigh (blianta ó dháta an bhunmhonaraithe)					
	1	2	3	4	5-8	Breis agus 8
0 (Athchóirithe le déanaí)	10	9	8	8	8	8
1	10	9	8	7	7	7
2		9	8	7	6	6
3 nó níos mó			8	7	6	5

20. INNILL SPÁRTHA AGUS PÁIRTEANNA SPÁRTHA

a) Nuair a cheannaítear nó a ordaítear iad i ndáil leis na hinnill le bheith suiteáilte ar aerárthach nua, féadfar an tacaíocht oifigiúil d'innill spártha a sholáthar ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna leis na téarmaí agus na coinníollacha don aerárthach.

b) Nuair a cheannaítear iad le haerárthach nua, féadfar an tacaíocht oifigiúil do pháirteanna spártha a sholáthar ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna leis na téarmaí agus na coinníollacha don aerárthach suas go dtí 5 % de ghlanphraghas an aerárthaigh nua agus na n-inneall suiteáilte; beidh feidhm ag mír d) thíos maidir le tacaíocht oifigiúil do pháirteanna spártha os cionn na teorann de 5 %.

c) Nuair nach gceannaítear innill spártha le haerárthach nua, 8 mbliana a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta. Maidir le hinnill spártha lena mbaineann luach aonaid USD 10 milliún nó níos mó acu, féadfar an téarma aisíocaíochta a mhéadú go 10 mbliana, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-idirbheart na ceanglais uile i bhFoscríbhinn II, Airteagal 19.

d) Nuair nach gceannaítear páirteanna spártha eile le haerárthach nua, is é seo a leanas an téarma uasta aisíocaíochta:

1. 5 bliana i gcás luach conarthach de USD 5 mhilliún nó os a chionn.

2. 2 bhliain i gcás luach conarthach níos lú ná USD 5 mhilliún.

21. CONARTHAÍ LE hAGHAIDH ATHCHÓIRIÚ/MÓRMHODHNÚCHÁIN/ATHFHEISTIÚ

a) Maidir le hidirbheart le haghaidh athchóiriú, más rud é:

1. Go bhfuil luach USD 5 mhilliún nó os a chionn aige, agus

— Go gcomhlíonann sé na ceanglais go léir i bhFoscríbhinn II, Airteagal 19, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 8 mbliana.

— Nach gcomhlíonann sé na ceanglais go léir i bhFoscríbhinn II, Airteagal 19, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 5 bliana.

2. Go bhfuil luach níos lú ná USD 5 mhilliún aige, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 2 bhliain.

b) Más rud é gur le haghaidh mórmhodhnú nó athfheistiú atá idirbheart, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí:

1. 5 bliana sa chás ina bhfuil luach USD 5 mhilliún nó os a chionn leis an gconradh;

2. 2 bhliain sa chás ina bhfuil luach níos lú ná USD 5 mhilliún leis an gconradh.

22. CONARTHAÍ COTHABHÁLA AGUS SEIRBHÍSE

Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 3 bliana.

23. FEARAIS INNILL

Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 5 bliana.

CUID 4

NÓSANNA IMEACHTA TRÉDHEARCACHTA

Déanfar gach cumarsáid idir na pointí teagmhála ainmnithe i dtír gach Rannpháirtí trí chumarsáid mheandrach, e.g. úsáid a bhaint as an gcóras ríomhphoist a choinníonn an Rúnaíocht ar bun chun cumarsáid i measc Rannpháirtithe agus na Rúnaíochta a éascú. Mura gcomhaontófar a mhalairt, is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh na Rannpháirtithe go léir leis an bhfaisnéis uile a mhalartaítear faoin gCuid seo den Tuiscint Earnála.

Roinn 1

Ceanglais faisnéise

24. FAISNÉIS AR THACAÍOCHT OIFIGIÚIL

a) Cuirfidh Rannpháirtí an fhaisnéis a éilítear i bhFoscríbhinn IV faoi bhráid na Rannpháirtithe eile, mar aon le cóip don Rúnaíocht, laistigh de 1 mhí amháin tar éis dháta an cheangaltais deiridh.

b) Chun an tagarmharc corrlaigh a bhunú i gcomhréir le Foscríbhinn III Airteagal 8 b), cuirfear faisnéis ar chorrlaigh cumhdaigh fhoirfe, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn III Airteagail 8 c) agus d), faoi bhráid na Rúnaíochta tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dheireadh gach míosa.

Roinn 2

Malartú faisnéise

25. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

a) Féadfaidh Rannpháirtí faisnéis a lorg ó Rannpháirtí eile maidir le húsáid a chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil do dhíol nó do léas aerárthaí arna gcumhdach ag an Tuiscint Earnála seo.

b) Féadfaidh Rannpháirtí a mbeidh iarratas ar thacaíocht oifigiúil faighte aige fiosrú a chur chuig Rannpháirtí eile, agus féadfar a lua san fhiosrú sin na téarmaí creidmheasa is fabhraí agus na coinníollacha creidmheasa is fabhraí a mbeadh an Rannpháirtí fiafraitheach toilteanach tacaíocht a thabhairt dóibh.

c) Tabharfaidh an Rannpháirtí a mbeidh an fiosrúchán dírithe chuige freagairt laistigh de 7 lá féilire agus cuirfidh sé ar fáil an méid is mó faisnéise cómhalartaí agus is féidir. Áireofar sa fhreagra an léiriú is fearr a fhéadfaidh an Rannpháirtí a thabhairt den chinneadh is dócha a thógfaidh sé. Más gá sin, beidh an freagra á leanúint a luaithe is féidir.

d) Cuirfear cóipeanna de na fiosrúcháin agus na freagairtí go léir chuig an Rúnaíocht.

26. COMHAIRLIÚCHÁIN DUINE LE DUINE

a) I staid iomaíochta, féadfaidh Rannpháirtí comhairliúcháin duine le duine a iarraidh le haon Rannpháirtí amháin nó níos mó.

b) Aontóidh aon Rannpháirtí laistigh de 10 lá oibre le hiarrataí den sórt sin.

c) Beidh na comhairliúcháin sin ann a luaithe is féidir tar éis don tréimhse 10 lá oibre dul in éag.

d) Déanfaidh Cathaoirleach na Rannpháirtithe comhordú leis an Rúnaíocht maidir le haon ghníomhaíocht leantach is gá. Déanfaidh an Rúnaíocht toradh an chomhairliúcháin a chur ar fáil go pras do na Rannpháirtithe uile.

27. COMHAIRLIÚCHÁIN SPEISIALTA

a) Maidir le Rannpháirtí (an Rannpháirtí tionscnaimh) ag a bhfuil forais réasúnacha a chreidiúint gur flaithiúla na téarmaí airgeadais agus na coinníollacha airgeadais atá á dtairiscint ag Rannpháirtí eile (an Rannpháirtí freagartha) ná na téarmaí agus na coinníollacha dá bhforáiltear sa Tuiscint Earnála seo, cuirfidh sé an Rúnaíocht ar an eolas faoi sin; cuirfidh an Rúnaíocht an fhaisnéis sin ar fáil láithreach don Rannpháirtí freagartha.

b) Déanfaidh an Rannpháirtí freagartha na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais arna dtacú go hoifigiúil a shoiléiriú laistigh de 5 lá oibre tar éis an fhaisnéis ón Rúnaíocht a eisiúint.

c) Tar éis soiléiriú ón Rannpháirtí freagartha, féadfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh a iarraidh go n-eagródh an Rúnaíocht cruinniú comhairliúcháin speisialta leis an Rannpháirtí freagartha laistigh de 5 lá oibre chun an tsaincheist a phlé.

d) Fanfaidh an Rannpháirtí freagartha ar thoradh an chomhairliúcháin a chinnfear ar dháta an chomhairliúcháin sin sula leantar tuilleadh leis an idirbheart.

Roinn 3

Línte coiteanna

28. NÓSANNA IMEACHTA AGUS FORMÁID NA LÍNTE COITEANNA

a) Is chuig an Rúnaíocht amháin a dhírítear tograí maidir le Líne Choiteann. Ní dhéanfar céannacht an tionscnóra ar chlár na Líne Coitinne a nochtadh ar an gclár fógraí leictreonach arna choinneáil ar bun ag an Rúnaíocht ar Líonra Timpeallachta ECFE. Féadfaidh an Rúnaíocht, áfach, céannacht an tionscnóra a nochtadh ó bhéal do Rannpháirtí arna iarraidh sin dó. Coinneoidh an Rúnaíocht taifead de na hiarrataí sin.

b) Déanfar dáta ar an togra maidir le Líne Choiteann a dhátú agus is í an fhormáid seo a leanas a bheidh air:

1. An uimhir thagartha, agus an Líne Choiteann ina diaidh.

2. Ainm na tíre allmhairiúcháin agus an cheannaitheora/iasachtaí.

3. Ainm an idirbhirt nó tuairisc chomh beacht agus is féidir air chun an t-idirbheart a aithint go soiléir.

4. Togra maidir le Líne Choiteann le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is flaithiúla a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh.

5. Náisiúntacht agus ainmneacha na dtairgeoirí aitheanta iomaíocha.

6. Dáta deiridh imthairisceana tráchtála agus uimhir thairisceana a mhéid a bhfuil eolas ann fúithi.

7. Faisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear na cúiseanna chun an Líne Choiteann a mholadh, agus de réir mar is iomchuí, cúinsí speisialta.

29. FREAGAIRTÍ AR THOGRAÍ MAIDIR LE LÍNE CHOITEANN

a) Tabharfar freagraí laistigh de 20 lá féilire, cé go moltar do na Rannpháirtithe freagairt do thogra maidir le Líne Choiteann a thapúla is féidir.

b) D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i bhfreagairt glacadh, diúltú, iarraidh ar fhaisnéis bhreise, togra chun modhnú a dhéanamh ar an Líne Choiteann nó togra malartach maidir leis an Líne Choiteann.

c) I gcás Rannpháirtí a fhanann ina thost nó a thugann le fios nach bhfuil aon seasamh á ghlacadh aige, meastar go nglacann sé leis an togra maidir le Líne Choiteann.

30. GLACADH LE LÍNTE COITEANNA

a) Déanfaidh an Rúnaíocht, tar éis 20 lá féilire a beith caite, na Rannpháirtithe go léir a chur ar an eolas i dtaca le stádas an togra maidir le Líne Choiteann. Más rud é nach mbeidh an Líne Choiteann glactha ag na Rannpháirtithe go léir, ach nach mbeidh diúltaithe di ag aon Rannpháirtí, fágfar an togra ar oscailt go ceann thréimhse bhreise 8 lá féilire.

b) Tar éis na tréimhse breise sin, maidir le Rannpháirtí nach mbeidh an togra maidir le Líne Choiteann diúltaithe go sainráite aige, measfar go bhfuil an Líne Choiteann glactha aige. Mar sin féin, féadfaidh Rannpháirtí, lena n-áirítear Rannpháirtí tionscnaimh, a chur de choinníoll maidir le glacadh leis an Líne Choiteann go nglacfaidh Rannpháirtí amháin nó níos mó go sainráite léi.

c) Más rud é nach nglacfaidh Rannpháirtí le heilimint amháin nó níos mó den Líne Choiteann, glacfaidh sé go hintuigthe leis na heilimintí eile go léir den Líne Choiteann.

31. EASAONTÚ FAOI LÍNTE COITEANNA

a) Más rud é nach bhféadfaidh an Rannpháirtí tionscnaimh agus an Rannpháirtí a mhol modhnú nó athrú aontú ar Líne Choiteann laistigh den tréimhse 8 lá féilire sa bhreis a luaitear in Airteagal 30 thuas, féadfar an tréimhse sin a fhadú trína gcomhthoil. Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas faoi aon fhadú den sórt sin.

b) Féadfar Líne Choiteann nach mbeidh glactha a athbhreithniú agus úsáid á baint as na nósanna imeachta in Airteagail 28 agus 30. Sna cúinsí sin, níl na Rannpháirtithe faoi cheangal ag a gcinneadh bunaidh.

32. DÁTA ÉIFEACHTA LÍNE COITINNE

Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas go rachaidh an Líne Choiteann in éifeacht nó go mbeidh diúltaithe di; rachaidh an Líne Choiteann a comhaontaíodh in éifeacht 3 lá féilire tar éis an fógra sin a fháil.

33. BAILÍOCHT NA LÍNTE COITEANNA

a) Mura gcomhaontófar a mhalairt, maidir le Líne Choiteann, a luaithe a aontófar fúithi, beidh sí bailí go ceann thréimhse 2 bhliain ón dáta a rachaidh sí i bhfeidhm, mura rud é go gcuirtear an Rúnaíocht ar an eolas nach díol suime feasta í, agus go nglacann na Rannpháirtithe go léir leis an gcás sin.

b) Beidh Líne Choiteann bailí i gcónaí ar feadh tréimhse 2 bhliain bhreise má fhéachann Rannpháirtí le fadú a fháil laistigh de 14 lá féilire ón dáta éaga bunaidh agus in éagmais easaontaithe; féadfar aontú ar fhaduithe ina dhiaidh sin tríd an nós imeachta céanna.

c) Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar stádas na Línte Coiteanna agus cuirfidh sí na Rannpháirtithe ar an eolas dá réir sin, trí chothabháil a dhéanamh ar an liostú 'Stádas na Línte Coiteanna Bailí' ar OLIS. Dá réir sin, déanfaidh an Rúnaíocht, *inter alia*, liosta de na Línte Coiteanna atá ceaptha dul in éag an chéad ráithe eile a eisiúint go ráithiúil.

d) Ar iarraidh ó Neamh-rannpháirtí a tháirgeann aerárthaí iomaíocha, déanfaidh an Rúnaíocht Línte Coiteanna bailí a chur ar fáil don Neamh-rannpháirtí sin.

Roinn 4

Comhoiriúnú

34. COMHOIRIÚNÚ

a) Agus oibleagáidí idirnáisiúnta Rannpháirtí á gcur san áireamh, féadfaidh Rannpháirtí comhoiriúnú a dhéanamh ar na téarmaí agus na coinníollacha atá á dtairiscint ag Neamh-rannpháirtí.

b) I gcás téarmaí agus coinníollacha neamh-chomhlíontacha comhfhreagracha arna dtairiscint ag Neamh-rannpháirtí:

1. Déanfaidh an Rannpháirtí comhoiriúnaithe a dhícheall chun na téarmaí agus na coinníollacha sin a dheimhniú.

2. Déanfaidh an Rannpháirtí comhoiriúnaithe cineál agus toradh na n-iarrachtaí sin, chomh maith leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhfuil sé ar intinn aige tacaíocht a thabhairt dóibh, a chur in iúl don Rúnaíocht agus do na Rannpháirtithe eile go léir ar a laghad 10 lá féilire sula n-eisítear aon ghealltanas.

3. Má iarrann aon Rannpháirtí eile plé le linn na tréimhse 10 lá féilire sin, fanfaidh an Rannpháirtí comhoiriúnaithe 10 lá féilire eile sula n-eisítear aon ghealltanas ar na téarmaí sin.

c) Más rud é go modhnaíonn an Rannpháirtí nó go dtarraingíonn sé siar an tacaíocht atá ar intinn aige a thabhairt maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna bhfógairt, cuirfidh sé na Rannpháirtithe eile ar an eolas láithreach dá réir sin.

CUID 5

FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

35. FAIREACHÁN

Déanfaidh an Rúnaíocht faireachán ar chur chun feidhme na Tuisceana Earnála seo agus tabharfaidh sé tuairisc do na Rannpháirtithe ar bhonn bliantúil.

36. ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar nósanna imeachta agus forálacha na Tuisceana Earnála seo lena dtabhairt níos gaire do choinníollacha an mhargaidh.

a) Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar an Tuiscint Earnála mar a leanas:

1. Sa bhliain féilire 2019 agus gach ceathrú bliain ina dhiaidh sin, le fógra á thabhairt ag an Rúnaíocht 3 mhí roimhe i ngach cás.

2. Ar iarraidh ó Rannpháirtí tar éis comhairliúcháin chuí, ar choinníoll gur cuireadh fógra chuig an Rúnaíocht 3 mhí roimhe agus go soláthraíonn an Rannpháirtí iarrthach míniú i scríbhinn ar chúis agus ar chuspóirí an athbhreithnithe chomh maith le hachoimre ar na comhairliúcháin roimh an iarratas.

3. Leagtar amach módúlachtaí uasdátaithe na bpréimhrátaí íosta agus na rátaí íosta úis i bhFoscríbhinní II agus III faoi seach.

4. Beidh táillí a leagtar amach in Airteagal 16 mar chuid d'athbhreithnithe.

b) Breathnóidh an t-athbhreithniú a leagtar amach i bhfo-mhír a) 1) ar:

1. A mhéid atá cuspóirí na Tuisceana Earnála seo, mar a leagtar amach in Airteagal 1 thuas, bainte amach agus aon saincheist eile ar mian le Rannpháirtí í a tharraingt anuas lena plé.

2. I bhfianaise na n-eilimintí i bhfomhír b) 1) thuas, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar leasuithe ar ghné ar bith den Tuiscint Earnála seo a dhlisteanú.

c) Mar aitheantas ar thábhacht an phróisis athbhreithnithe, lena chinntiú go bhfreastalaíonn téarmaí agus coinníollacha na Tuisceana Earnála seo riachtanais na Rannpháirtithe i gcónaí, beidh sé de cheart ag gach Rannpháirtí éirí as an Tuiscint Earnála i gcomhréir le hAirteagal 40 thíos.

37. OBAIR A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Tabharfar aird ar:

a) Imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais na Rannpháirtithe maidir le tacaíocht oifigiúil a sholáthar roimh thúsphointe an chreidmheasa.

b) Na coinníollacha is infheidhme maidir le hiasachtaí indíreacha.

c) Síneadh ar théarmaí uasta aisíocaíochta faoi Airteagal 19 d'aerárthaí athláimhe a athfheistíodh go suntasach sular díoladh iad.

d) Síneadh ar théarmaí uasta aisíocaíochta faoi Airteagal 21 do luachanna conarthacha níos mó.

e) Na forálacha is infheidhme ar 'athfheistiú' (Airteagal 21) agus 'seirbhísí' (Airteagal 22).

f) Próiseas incháilitheachta Cape Town.

g) An sainmhíniú ar 'Rannpháirtí Leasmhar'.

CUID 6

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

38. TEACHT I bhFEIDHM

An 1 Feabhra 2011 atá mar dháta éifeachta na Tuisceana Earnála seo.

39. TARRAINGT SIAR

Féadfaidh Rannpháirtí tarraingt siar ón Tuiscint Earnála seo trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Rúnaíocht trí chumarsáid mheandrach, e.g. ríomhphost. Beidh éifeacht ag an tarraingt siar 6 mhí tar éis don Rúnaíocht an fógra a fháil. Ní dhéanfaidh tarraingt siar difear do chomhaontuithe ar thángthas orthu maidir le hidirbhearta indibhidiúla a rinneadh roimh dháta na tarraingthe siar.

Foscríbhinn I

Rannpháirtíocht i dtuiscint earnála maidir le haerárthaí

1. Maidir le Neamh-rannpháirtithe a bhfuil acmhainneacht mhonaraíochta maidir le haerárthaí sibhialta á forbairt acu, spreagann na Rannpháirtithe iad chun disciplíní na Tuisceana Earnála seo a chur i bhfeidhm. Sa chomhthéacs sin, iarrann na Rannpháirtithe ar Neamh-rannpháirtithe dul i mbun idirphlé leo maidir leis na coinníollacha chun teacht isteach in ASU.

2. Ní mór don Rúnaíocht a áirithiú go soláthraítear faisnéis iomlán ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le bheith mar Rannpháirtí sa Tuiscint Earnála seo chuig Neamh-rannpháirtí a bhfuil suim aige páirt a ghlacadh sa Tuiscint Earnála.

3. Cuirfidh na Rannpháirtithe cuireadh chuig an Neamh-rannpháirtí ansin chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí de bhun na Tuisceana Earnála seo agus chun freastal ar chruinnithe rialta mar bhreathnóir. Mairfidh cuireadh den sórt sin 2 bhliain ar a mhéad agus féadfar é a athnuachan aon uair amháin go ceann 2 bhliain eile. Le linn na tréimhse sin, tabharfar cuireadh chuig an Neamh-rannpháirtí athbhreithniú a sholáthar ar a chóras creidmheasa onnmhairiúcháin, go háirithe d'onnmhairiú aerárthaí sibhialta.

4. Ag deireadh na tréimhse sin, cuirfear an Neamh-rannpháirtí in iúl cé acu is mian nó nach mian leis a bheith mar Rannpháirtí sa Tuiscint Earnála seo agus a disciplíní a leanúint; i gcás dearbhuithe den sórt sin, cuirfidh an Neamh-rannpháirtí, ar bhonn bliantúil, leis na costais a bhaineann le cur chun feidhme na Tuisceana Earnála seo.

5. Breathnófar ar an Neamh-rannpháirtí leasmhar mar Rannpháirtí 30 lá oibre tar éis an deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 4 den Fhoscríbhinn seo.

Foscríbhinn II

Préimhrátaí íosta

Leagtar amach san Fhoscríbhinn seo na nósanna imeachta le húsáid agus praghsáil na tacaíochta oifigiúla le haghaidh idirbheart faoi réir na Tuisceana Earnála seo á cinneadh. Leagtar amach na nósanna imeachta um aicmiú riosca i Roinn 1; Leagtar amach i Roinn 2 na préimhrátaí íosta le muirearú ar aerárthaí nua agus athláimhe, agus leagtar amach i Roinn 3 na préimhrátaí íosta le muirearú ar innill spártha, páirteanna spártha, athchóiriú/mórmhodhnú/athfheistiú, conarthaí cothabhála agus seirbhísí, agus fearais innill.

Roinn 1

Nósanna imeachta um aicmiú riosca

1. Chomhaontaigh na Rannpháirtithe ar liosta aicmithe riosca (an Liosta) do cheannaitheoirí/iasachtaithe; léirítear le haicmithe riosca den sórt sin rátáil creidmheasa neamhurraithe shinsearach na gceannaitheoirí/n-iasachtaithe a bhfuil scála rátála coiteann amhail scála ó cheann de na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa (CRA) in úsáid acu.

2. Saineolaithe a ainmníonn na Rannpháirtithe a dhéanfaidh na haicmithe riosca le hais na gcatagóirí riosca a leagtar amach i dTábla 1 den Fhoscríbhinn.

3. Beidh an Liosta ina cheangal ag aon chéim den idirbheart (e.g. feachtas agus seachadadh), faoi réir fhorálacha Airteagal 15 den Fhoscríbhinn seo.

I. BUNÚ LIOSTA NA nAICMITHE RIOSCA

4. Déanfar an Liosta a fhorbairt agus a chomhaontú idir na Rannpháirtithe roimh theacht i bhfeidhm na Tuisceana Earnála seo; déanfaidh an Rúnaíocht é a chothú agus a chur ar fáil do na Rannpháirtithe go léir ar bhonn rúnda.

5. Ar iarraidh, féadfaidh an Rúnaíocht, ar bhonn rúnda, aicmiú riosca ceannaitheora/iasachtaí a chur in iúl do Neamh-rannpháirtí a tháirgeann aerárthaí; sa chás sin, cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas faoin iarraidh. Féadfaidh aon Neamh-rannpháirtí, tráth ar bith, moladh um breiseanna don Liosta a thabhairt don Rúnaíocht. Féadfaidh aon Neamh-rannpháirtí a bhfuil moladh um breis don Liosta á thabhairt acu páirt a ghlacadh sa nós imeachta um aicmiú riosca amhail is dá mba Rannpháirtí leasmhar é.

II. LIOSTA NA nAICMITHE RIOSCA A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

6. Faoi réir fhorálacha Airteagal 15 den Fhoscríbhinn seo, féadfar an Liosta a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn *ad hoc* sa chás go gcuireann Rannpháirtí in iúl go bhfuil sé ar intinn aige aicmiú riosca eile seachas an t-aicmiú ar an Liosta a chur i bhfeidhm, nó má theastaíonn aicmiú riosca ó Rannpháirtí do cheannaitheoir/iasachtaí nach bhfuil ar an Liosta go fóill ([1]) ([2]).

7. Sula mbaineann aon Rannpháirtí úsáid as rogha eile nó aicmiú riosca nua, cuirfidh sé iarratas chuig an Rúnaíocht d'fhonn an Liosta a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn aicmiú riosca eile nó nua. Déanfaidh an Rúnaíocht an iarraidh sin a scaipeadh chuig na Rannpháirtithe go léir laistigh de 2 lá oibre, gan céannacht an Rannpháirtí a chuir an iarraidh isteach a lua.

8. Ceadaítear tréimhse 10 ([3]) lá oibre do Rannpháirtithe leasmhara comhaontú le leasú a moladh ar an Liosta nó chun agóid a dhéanamh ina choinne; glactar le mainneachtain freagairt a thabhairt laistigh den tréimhse sin mar chomhaontú leis an moladh. Más rud é ag deireadh na tréimhse 10 lá nach aon bhfuil aon agóid tugtha in aghaidh an togra, meastar go nglactar leis an nuashonrú atá beartaithe ar an Liosta. Déanfaidh an Rúnaíocht an Liosta a mhodhnú dá réir sin agus seolfaidh sé teachtaireacht *via* ríomhphost laistigh de 5 lá oibre; beidh an Liosta athbhreithnithe ina cheangal ó dháta na teachtaireachta sin.

([1]) Soláthrófar míniú nuair is mó rátáil riosca bheartaithe an cheannaitheora/iasachtaí ná rátáil riosca an óstaigh cheannasaigh.

([2]) I gcás idirbhearta ar lú luach an chonartha onnmhairiúcháin ná USD 5 mhilliún, mura bhfuil an Rannpháirtí ag iarraidh an nós imeachta um aicmiú riosca a leagtar amach in Airteagail 6 go 8 den Fhoscríbhinn seo a leanúint, cuirfidh sé an t-aicmiú riosca '8' i bhfeidhm don cheannaitheoir/iasachtaí atá mar ábhar an idirbhirt agus tabharfaidh sé fógra faoin idirbheart i gcomhréir le hAirteagal 24 a) den Tuiscint Earnála seo.

([3]) Maidir le hidirbhearta lena mbaineann luach conarthach onnmhairiúcháin níos lú ná USD 5 mhilliún, beidh feidhm ag tréimhse 5 lá oibre.

III. RÉITEACH EASAONTUITHE

9. I gcás agóide ar aicmiú riosca beartaithe, déanfaidh Rannpháirtithe leasmhara, ar leibhéal na saineolaithe, a ndícheall teacht ar chomhaontú maidir leis an aicmiú riosca laistigh de thréimhse 10 lá oibre eile tar éis an fhógra maidir le heasaontú. Ba cheart na hacmhainní uile is gá d'fhonn easaontuithe a réiteach a fhiosrú, le cabhair ón Rúnaíocht más gá (e.g. glaonna comhdhála nó comhairliúcháin duine le duine). Más rud é go gcomhaontaíonn Rannpháirtithe Leasmhara le haicmiú riosca taobh istigh de thréimhse 10 lá oibre, cuirfidh siad an toradh in iúl don Rúnaíocht agus déanfaidh an Rúnaíocht Liosta Cape Town a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin agus teachtaireacht a sheoladh *via* ríomhphost laistigh de 5 lá oibre. Beidh an Liosta athbhreithnithe ina cheangal ó dháta na teachtaireachta sin.

10. I gcás nach réitítear an t-easaontas idir na saineolaithe laistigh de 10 lá oibre, cuirfear an tsaincheist chuig na Rannpháirtithe le haghaidh cinnidh maidir leis an aicmiú riosca iomchuí, laistigh de thréimhse nach mó ná 5 lá oibre.

11. In éagmais comhaontas críochnaitheach, d'fhéadfadh teacht a bheith ag Rannpháirtí ar CRA chun aicmiú riosca an cheannaitheora/iasachtaí a chinneadh. Sna cásanna sin, seolfaidh Cathaoirleach na Rannpháirtithe teachtaireacht ar son na Rannpháirtithe chuig an gceannaitheoir/iasachtaí, laistigh de 10 lá oibre. Cuimseofar leis an teachtaireacht na téarmaí tagartha don chomhairliúchán measúnaithe riosca arna n-aontú idir na Rannpháirtithe. An t-aicmiú riosca a n-éascaíonn as, déanfar é a chlárú ar an Liosta agus beidh sé ina cheangal díreach tar éis theachtaireacht na Rúnaíochta d'fhonn nós imeachta an nuashonraithe a chur i gcrích laistigh de 5 lá oibre.

12. Mura gcomhaontófar a mhalairt, íocfaidh an ceannaitheoir/t-iasachtaí leasmhar costas an teachta den chineál sin ar CRA.

13. Le linn na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 9 to 11 den Fhoscríbhinn seo, is é an t-aicmiú riosca i réim is infheidhme (nuair a bhíonn sé ar fáil ar an Liosta).

IV. TRÉIMHSE BHAILÍOCHTA AICMITHE

14. Is iad na haicmithe riosca bailí na haicmithe riosca atá i réim mar a thaifeadtar sa Liosta a choinníonn an Rúnaíocht ar bun; ní dhéanfar tásca agus gealltanais maidir le préimhrátaí ach i gcomhréir leis na haicmithe riosca sin amháin.

15. Baineann tréimhse bhailíochta nach mó ná 12 mhí le haicmithe riosca ó dháta an taifeadta ag an Rúnaíocht sa Liosta chun go dtabharfaidh na Rannpháirtithe tásc agus gealltanais deiridh maidir le préimhrátaí; féadfar síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta le haghaidh idirbheart faoi leith go ceann 18 mí eile más rud é gur tharla gealltanas nó gealltanas deiridh agus gur gearradh táillí sealbhaithe préimhe. Féadfar na haicmithe riosca a athbhreithniú le linn na tréimhse bailíochta 12 mhí i gcás athruithe ábhartha ar phróifíl riosca an cheannaitheora/iasachtaí, amhail modhnú ar rátáil arna seachadadh ag CRA.

16. Ach amháin má iarrann aon Rannpháirtí a thabhairt chothrom le dáta, 20 lá oibre ar a laghad roimh dheireadh thréimhse bhailíochta an aicmithe riosca ábhartha, bainfidh an Rúnaíocht an t-aicmiú riosca sin ón gcéad Liosta eile ina dhiaidh a thabharfar cothrom le dáta. Déanfaidh an Rúnaíocht an iarraidh sin ar thabhairt cothrom le dáta a scaipeadh ar na Rannpháirtithe go léir laistigh de 2 lá oibre, gan céannacht an Rannpháirtí a chuir an iarraidh isteach a lua, agus beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 9 go 11 den Fhoscríbhinn seo.

V. IARRAIDH AR AICMIÚ RIOSCA AN CHEANNAITHEORA/IASACHTAÍ

17. Má iarrann ceannaitheoir/iasachtaí léiriú ar a aicmiú riosca agus mura bhfuil sé ar an Liosta go fóill, féadfaidh an ceannaitheoir/iasachtaí sin aicmiú riosca táscach a iarraidh ó CRA ar a chostas féin. Ní bheidh an t-aicmiú riosca sin san áireamh sa Liosta; féadfaidh na Rannpháirtithe é a úsáid mar bhonn dá measúnú riosca féin.

Roinn 2

Préimhrátaí íosta le haghaidh aerárthaí nua agus athláimhe

I. BUNÚ NA bPRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA

18. Leagtar amach le hAirteagail 19 go 60 den Fhoscríbhinn seo na préimhrátaí íosta a chomhfhreagraíonn d'aicmiú riosca ceannaitheora/iasachtaí (nó, i gcás eintiteas difriúil, príomhfhoinse aisíocaíochta an idirbhirt).

19. Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil a sholáthar ag an bpréimhráta íosta nó os a chionn ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile thíos:

a) Is idirbheart de bhun sócmhainní é a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

1. Leas urrúis céadtosaíochta ar an aerárthach agus ar na hinnill nó i ndáil leo.

2. I gcás struchtúr léasa, sannachán agus/nó leas urrúis céadtosaíochta i ndáil leis na híocaíochtaí léasa.

3. Trasmhainneachtain agus comhthaobhacht de gach aerárthach agus inneall arna shealbhú go dlíthiúil agus go tairbhiúil ag na páirtithe céanna faoin maoiniú arna mholadh aon uair is féidir faoin gcóras dlí is infheidhme.

b) Déantar an t-idirbheart a struchtúrú chun maolaitheoirí riosca mar a leagtar amach i dTábla 1 thíos, ar a laghad, a chur san áireamh:

Tábla 1

Maolaitheoirí Riosca

Catagóir Riosca ASU	Rátaí Riosca	Maolaitheoirí Riosca	
		IOMLÁN	'A' ar a laghad
1	AAA go dtí BBB-	0	0
2	BB+ agus BB	0	0
3	BB-	1	1
4	B+	2	1
5	B	2	1
6	B-	3	2
7	CCC	4	3
8	CC go C	4	3

20. Chun críocha Airteagal 19 den Fhoscríbhinn seo:

a) Féadfaidh na Rannpháirtithe roghnú ó na maolaitheoirí riosca seo a leanas:

Maolaitheoirí riosca 'A':

1. Ráta laghdaithe airleacain: is ionann gach laghdú de chúig phointe céatadáin ó na rátaí airleacain dá dtagraítear in Airteagail 10 a) agus b) den Tuiscint Earnála seo agus aon mhaolaitheoir riosca 'A' amháin. Sa chás sin, ní sholáthróidh an Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil i bhfoirm ar bith is mó ná an ráta airleacain laghdaithe.

2. Amúchadh dronlíneach: is ionann aisíocaíocht an bhunairgid i dtráthchodanna cothroma agus aon mhaolaitheoir riosca amháin.

3. Téarmaí laghdaithe aisíocaíochta: is ionann téarma aisíocaíochta nach mó ná 10 mbliana agus aon mhaolaitheoir riosca amháin, gan beann ar an téarma uasta aisíocaíochta a cheadaítear.

Maolaitheoirí riosca 'B':

1. Taisc ráthaíochta: is ionann gach taisce ráthaíochta de mhéid atá coibhéiseach le haon tráthchuid ráithiúil amháin den bhunairgead agus den ús agus aon mhaolaitheoir riosca amháin. Féadfaidh an taisce ráthaíochta a bheith i bhfoirm airgid nó i bhfoirm litir chreidmheasa theannta.

2. Aisíocaíochtaí léasa roimh ré: déanfar íocaíochtaí léasa i méid atá cothrom le haon tráthchuid ráithiúil amháin den bhunairgead agus den ús a íoc aon ráithe amháin roimh gach dáta aisíocaíochta.

3. Cúlchistí cothabhála i bhfoirm agus de mhéid a léiríonn dea-chleachtais an mhargaidh.

b) Faoi réir fógra roimh ré, féadfaidh formhuirear 15 % ar an bpréimhráta íosta is infheidhme a chur in ionad suas le haon cheann amháin de na maolaitheoirí riosca 'A'.

21. Féadfar préimhrátaí íosta le cur i bhfeidhm ar idirbheart a shocrú roimh sheachadadh, ag an gceangaltas, ag an gceangaltas deiridh nó ag tús thréimhse shealbhaíochta na préimhe le fad sainithe. Maidir le préimhráta láithreach deiridh, raon difríochta in aghaidh na bliana, nó teaglaim díobh le cur i bhfeidhm ar idirbheart, comhlíonfaidh sé an préimhráta íosta a bhunófar chomh maith le maolaitheoirí riosca éigeantacha arna bhforordú in Airteagal 19 b) den Fhoscríbhinn seo ón dáta a leagfar síos na préimhrátaí íosta. Beidh feidhm ag téarmaí den sórt sin d'fhad iomlán thréimhse shealbhaíochta na préimhe agus ní fhéadfar iad a athbhreithniú ach amháin tar éis dhul in éag na tréimhse sin, agus ag an tráth sin beidh feidhm ag na préimhrátaí agus na maolaitheoirí riosca éigeantacha arna bhforordú ag ASU agus féadfar iad a shocrú do thréimhse shealbhaíochta na préimhe dá éis sin.

22. De bhun Airteagal 11 den Tuiscint Earnála seo, is éard a bheidh sna préimhrátaí íosta le cur i bhfeidhm rátaí íosta rioscabhunaithe (RBR) a mbeidh formhuirear margaidh-léiritheach (MRS) curtha leo, i gcomhréir le hAirteagail 23 go 35 thíos.

23. Ó theacht i bhfeidhm na Tuisceana Earnála seo, is iad seo a leanas na rátaí íosta rioscabhunaithe (RBRanna):

Tábla 2

Rátaí Rioscabhunaithe

Catagóir Riosca ASU	Raonta difríochta (bps)	Láithreach (%)
1	89	4,98
2	98	5,49
3	116	6,52
4	133	7,49
5	151	8,53
6	168	9,51
7	185	10,50
8	194	11,03

24. Déanfar na rátaí RBRanna a athshocrú ar bhonn bliantúil, bunaithe ar mheán gluaisteach 4 bliana de Chaillteanas i gcás Mainneachtana (LGD) de chuid Moody's. Bunaítear an LGD iomchuí don athshocrú sin ar iasachtaí bainc urraithe sinsearacha na 1ú lian, agus ríomhfar é mar a leanas:

Tábla 3

Léarscáiliú LGD	
Meán gluaisteach 4 bliana	LGD a breithníodh
>=45 %	25 %
>= '35 %' < 45 %	23 %
>= '30 %' < 35 %	21 %
< 30 %	19 %

25. Cinnfear fachtóir coigeartaithe RBR mar a leanas:

LGD a breithníodh = fachtóir coigeartaithe RBR

19 %

26. Déanfar an fachtóir coigeartaithe RBR a iolrú ar na RBRanna a leagtar amach i dTábla 2 thuas, d'fhonn na RBRanna athshocraithe a chinneadh.

27. Beidh éifeacht leis na RBRanna a eascraíonn as na próisis athshocraithe a liostaítear thuas ón 15 Aibreán gach bliain ina dhiaidh. Nuair a shonraítear na RBRanna a eascraíonn as an athshocrú bliantúil, cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas láithreach faoi na rátaí is infheidhme agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí iad.

28. Ríomhfar Formhuirear Margaidh-Léiritheach mar a leanas le haghaidh gach catagóire riosca:

$$MRS = B*[(0,5*MCS)-RBR]$$

i gcás inarb amhlaidh:

— Is comhéifeacht mheasctha é B a athraíonn ó 0,7 go 0,35 de réir gach catagóire riosca de réir Tábla 4 thíos.

— Is meán gluaisteach 90 lá de Mheánraonta Difríochta Creidmheasa (MCS) Moody's é MCS le meánré 7 mbliana.

29. Nuair a chuimsíonn catagóirí riosca níos mó ná aon ráta riosca amháin, déanfar na raonta difríochta a mheánú. I gcatagóir riosca 1, bainfear úsáid as an raon difríochta BBB.

30. Déanfar na raonta difríochta MCS a lascainiú de 50 % d'fhonn sócmhainn slándála a chur san áireamh. Déanfar na raonta difríochta MCS lascainithe a choigeartú ansin le fachtóir measctha ó 70 % go 35 % de réir Thábla 4 thíos, arna chur i bhfeidhm ar an difríocht idir na raonta difríochta MCS lascainithe agus RBR. Ní bhainfear aon raon difríochta diúltach a eascraíonn as an meascadh.

Tábla 4

Fachtóirí Measctha

Rátaí Riosca	Catagóir Riosca ASU	Fachtóir Measctha (%)
AAA	1	70
AA	1	70
A	1	70
BBB+	1	70

Rátaí Riosca	Catagóir Riosca ASU	Fachtóir Measctha (%)
BBB	1	70
BBB-	1	70
BB+	2	65
BB	2	65
BB-	3	50
B+	4	45
B	5	40
B-	6	35
CCC	7	35
CC	8	35
C	8	35

31. Déanfar MRS a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus beidh éifeacht leis an MCS a n-eascraíonn as ón 15 Eanáir, 15 Aibreán, 15 Iúil agus 15 Deireadh Fómhair gach bliain. Tar éis gach nuashonraithe, cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas láithreach faoin MRS is infheidhme agus faoi na rátaí íosta dá thoradh agus cuirfidh sé iad ar fáil do na Rannpháirtithe roimh an dáta a thagann na rátaí sin i bhfeidhm.

32. Déanfar an méadú ar phréimhrátaí íosta a éascaíonn ó thabhairt chun dáta MRS a uasteorannú ag 10 % de na préimhrátaí íosta ráithiúla roimhe sin. Mar sin, déanfar na préimhrátaí íosta (a éascaíonn ó RBRanna agus MRS a chur leo) a uasteorannú ag 200 % de RBRanna agus a íosteorannú ag 100 % de RBRanna.

33. Déanfaidh na préimhrátaí a éascaíonn ó chur i bhfeidhm Airteagal 32 do chatagóirí riosca 2-8 a choigeartú, más gá, lena áirithiú nach bhfuil an préimhráta do gach catagóir riosca níos lú ná an préimhráta don chatagóir riosca díreach roimhe (i.e. déanfar an préimhráta do chatagóir 'x' atá níos lú na an ráta do chatagóir 'x-1' a choigeartú in airde chuig leibhéal an phréimhráta do chatagóir 'x-1').

34. Chun na préimhrátaí íosta a shocrú:

— Úsáidfear an fhoirmle seo a leanas:

$$GlanMPR = MPR*(1+RTAS)*(1+RFAS)*(1+RMRS)*(1-CTCD)*(1+NABS) - CICD$$

I gcás inarb amhlaidh:

— Léirítear le RTAS formhuirear coigeartaithe na téarma aisíocaíochta a leagtar amach in Airteagal 12 b) den Tuiscint Earnála seo.

— Léirítear le RFAS formhuirear coigeartaithe na minicíochta aisíocaíochta a leagtar amach in Airteagail 13 a) 1) agus 2) den Tuiscint Earnála seo.

— Léirítear le RMRS formhuirear ionaid an mhaolaitheora riosca a leagtar amach in Airteagal 20 b) den Fhoscríbhinn seo.

— Léirítear le CTCD Lascaine Choinbhinsiún Cape Town a leagtar amach in Airteagal 38 den Fhoscríbhinn seo.

— Léirítear le NABS an formhuirear nach de bhun sócmhainní é a leagtar amach in Airteagail 57 a) 4), 57 b) agus 59 b) den Fhoscríbhinn seo, mar is infheidhme.

— Léirítear le CICD lascaine an chlúdaigh árachais choinníollach a leagtar amach in Airteagal 56 a) den Fhoscríbhinn seo.

— Féadfar préimhrátaí a íoc láithreach nó, thar shaolré na saoráide, mar raonta difríochta arna sloinneadh i mbonnphointí in aghaidh na bliana, nó in aon teaglaim de rátaí láithreacha agus raonta difríochta. Déanfar na rátaí láithreacha agus na raonta difríochta a ríomh leis an tsamhail comhshóite le haghaidh préimhrátaí (PCM) le go mbeidh an NPV céanna ag an bpréimh is iníoctha le haghaidh idirbheart ar leith cibé acu atá sé iníoctha láithreach, mar raon difríochta thar shaolré na saoráide, nó mar theaglaim díobh sin. In idirbhearta faoina gcomhaontaítear nó a sonraítear na téarmaí a bhfuil laghdú ar mheánré ualaithe i gceist leo roimh thosach feidhme an chumhdaigh, féadfar ráta láithreach (arna ríomh le PCM) a mhuirearú, a chomhfhreagraíonn i dtéarmaí na préimhe iníoctha dá bhfuil iníoctha i dtéarmaí NPV faoi na raonta difríochta.

35. Foilsítear na préimhrátaí íosta infheidhme ar shuíomh gréasáin ECFE, san fhormáid a leagtar amach i dTábla 5 thíos.

Tábla 5

Préimhrátaí íosta

(téarma aisíocaíochta 12 bhliain, idirbhearta de bhun sócmhainní)

Catagóir riosca	Aicmiú riosca	Préimhrátaí íosta	
		Raonta difríochta in aghaidh na bliana (bps)	Láithreach (%)
1	AAA go dtí BBB-		
2	BB+ agus BB		
3	BB-		
4	B+		
5	B		
6	B-		
7	CCC		
8	CC go C		

II. LAGHDÚ NA PRÉIMHE ÍOSTA

36. Faoi réir fhorálacha Airteagal 37 den Fhoscríbhinn seo, ceadófar laghdú ar na préimhrátaí íosta arna mbunú i gcomhréir le fo-Alt I thuas más rud é:

a) Go mbaineann an t-idirbheart de bhun sócmhainní le réad aerárthaigh de réir bhrí Phrótacal Cape Town maidir le Nithe a Bhaineann go Sonrach le Trealamh Aerárthaí;

b) Go bhfuil oibreoir an réada aerárthaigh (agus, murab ionann, an t-iasachtaí/ceannaitheoir nó léasóir má mheasann an Rannpháirtí a bhfuil an tacaíocht oifigiúil á tabhairt aige go ndlíonn struchtúr an idirbhirt amhlaidh) lonnaithe i Stát atá, tráth na heisíocaíochta i ndáil leis an réad aerárthaigh, ar liosta na Stát a cháilíonn do laghdú ar na préimhrátaí íosta ('Liosta Cape Town') agus, más infheidhme, in aonad críochach an Stáit sin a cháilíonn faoi Airteagal 39 den Fhoscríbhinn seo; agus

c) Go mbaineann an t-idirbheart le réad aerárthaigh arna chlárú ar an gClárú Idirnáisiúnta a bunaíodh de bhun Choinbhinsiún Cape Town, agus an Phrótacail Aerárthaí lena mbaineann (Coinbhinsiún Cape Town nó CTC).

37. An laghdú ar na préimhrátaí íosta a bunaíodh i gcomhréir le fo-Alt I thuas, ní bheidh sé níos mó ná 10 % den phréimhráta íosta is infheidhme.

38. Le bheith san áireamh ar Liosta Cape Town, beidh ar Stát:

a) A bheith mar Pháirtí Conarthach do Choinbhinsiún Cape Town;

b) Na dearbhuithe cáilitheacha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo a dhéanamh; agus

c) Coinbhinsiún Cape Town a chur chun feidhme lena n-áirítear na dearbhuithe cáilitheacha, ina dhlíthe agus ina rialacháin, mar a cheanglaítear, chun a áirithiú go suitear gealltanais Choinbhinsiún Cape Town sa dlí náisiúnta go hiomchuí.

39. Le bheith cáilithe faoi Airteagal 36 den Fhoscríbhinn seo, beidh ar aonad críche:

a) A bheith mar aonad críche ar cuireadh síneadh le Coinbhinsiún Cape Town ina leith;

b) A bheith mar aonad críche a bhfuil na dearbhuithe cáilitheacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bhFoscríbhinn seo infheidhme ina leith; agus

c) Coinbhinsiún Cape Town a chur chun feidhme lena n-áirítear na dearbhuithe cáilitheacha, ina dhlíthe agus ina rialacháin, mar a cheanglaítear, chun a áirithiú go suitear gealltanais Choinbhinsiún Cape Town sa dlí náisiúnta go hiomchuí.

40. Soláthróidh na Rannpháirtithe Liosta Cape Town tosaigh comhaontaithe don Rúnaíocht roimh theacht i bhfeidhm na Tuisceana Earnála seo. Déanfar Liosta Cape Town a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagail 41 go 53 den Fhoscríbhinn seo.

41. Aon Rannpháirtí nó Neamh-Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil d'aerárthaí, féadfaidh sé a bheartú don Rúnaíocht go gcuirfear Stát le Liosta Cape Town. Cuimseofar le togra den sórt sin, maidir leis an Stát sin:

a) An fhaisnéis ábhartha go léir maidir le dáta taiscthe dhaingniú Choinbhinsiún Cape Town nó ionstraimí aontachais leis an Taisce;

b) Cóip de na dearbhuithe atá déanta ag an Stát a bhfuil sé beartaithe é a chur le Liosta Cape Town;

c) An fhaisnéis ábhartha uile i leith an dáta ar tháinig Coinbhinsiún Cape Town agus na dearbhuithe cáilitheacha i bhfeidhm;

d) Anailís lena leagtar amach na céimeanna atá déanta ag an Stát a bhfuil sé beartaithe é a chur le Liosta Cape Town, chun Coinbhinsiún Cape Town a chur chun feidhme lena n-áirítear na dearbhuithe cáilitheacha ina dhlíthe agus ina rialacháin, mar a cheanglaítear chun a áirithiú go dtiontófar gealltanais Choinbhinsiún Cape Town ina ndlí náisiúnta go hiomchuí; agus

e) Ceistneoir a líonfar isteach go cuí, a bhfuil foirm an cheistneora curtha i gceangal ag Iarscríbhinn 2 den Fhoscríbhinn seo ('Ceistneoir CTC'), a líonfaidh gnóthas dlí amháin ar a laghad isteach ar gnóthas é a bheidh cáilithe chun comhairle dlí a thabhairt i ndáil le dlínse ábhartha an Stáit a bhfuil sé beartaithe é a chur le Liosta Cape Town. Sonrófar an méid seo a leanas sa Cheistneoir CTC a líonfar isteach:

i) Ainm/Ainmneacha agus seoladh/seoltaí oifige an ghnóthais/na ngnóthas dlí atá ag freagairt;

ii) Taithí ábhartha an ghnóthais dlí, lena bhféadfaí taithí ar phróisis reachtacha agus bhunreachtúla a áireamh ó thaobh a mhéid a bhaineann siad le cur chun feidhme na gconarthaí idirnáisiúnta sa Stát, agus taithí shonrach ar shaincheisteanna a bhaineann le CTC lena n-áirítear aon taithí ar chomhairle a thabhairt do rialtas maidir le cur chun feidhme agus le forfheidhmiú Choinbhinsiún Cape Town nó san earnáil phríobháideach, nó ar fhorfheidhmiú chearta an chreidiúnaí sa Stát a bhfuil sé beartaithe é a chur le Liosta Cape Town;

iii) Cé acu atá nó nach bhfuil an gnóthas dlí rannpháirteach nó ag beartú a bheith rannpháirteach in aon idirbheart a fhéadfaidh tairbhiú de laghdú ar phréimhrátaí íosta más rud é go gcuirfear an Stát atá beartaithe le liosta CTC ([4]); agus

iv) An dáta a líonadh an Ceistneoir CTC isteach.

42. Scaipfidh an Rúnaíocht teachtaireacht *via* ríomhphost laistigh de 5 lá oibre ina mbeidh an togra.

43. Aon Rannpháirtí nó Neamh-rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil d'aerárthaí, féadfaidh sé a bheartú go mbainfear Stát de Liosta Cape Town más rud é gurb é a thuairim go bhfuil gníomhaíochtaí déanta ag an Stát sin nach bhfuil i gcomhréir le gníomhaíochtaí a cheanglaítear de bhua ghealltanais an Stáit sin faoi Choinbhinsiún Cape Town, nó gur theip ar an Stát sin na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Chuige sin, áireoidh an Rannpháirtí nó an Neamh-rannpháirtí i dtogra maidir le Stát a bhaint de Liosta Cape Town, tuairisc iomlán ar na himthosca as ar eascair an togra lena bhaint den Liosta, amhail aon ghníomhaíocht Stáit nach bhfuil i gcomhréir lena ghealltanais faoi Choinbhinsiún Cape Town, nó aon teip reachtaíocht a cheanglaítear de bhun ghealltanais an Stáit sin faoi Choinbhinsiún Cape Town a choinneáil ar bun nó a fhorfheidhmiú. An Rannpháirtí nó an Neamh-Rannpháirtí a chuirfidh an togra isteach maidir le Stát a bhaint de Liosta Cape Town, soláthróidh sé aon doiciméadacht tacaíochta a fhéadfaidh a bheith ar fáil agus scaipfidh an Rúnaíocht teachtaireacht *via* ríomhphost laistigh de 5 lá oibre ina mbeidh an togra sin.

44. Aon Rannpháirtí nó Neamh-Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil d'aerárthaí, féadfaidh sé a bheartú go n-athchuirfear Stát le Liosta Cape Town, ar Stát é a baineadh den Liosta roimhe, i gcás ina mbeidh bonn cirt leis an athchur sin i ngeall ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha nó ar theagmhais cheartaitheacha dá éis sin. Beidh tuairisc in éineacht le togra den sórt sin ar na himthosca as ar eascair baint an Stáit den Liosta, mar aon le tuairisc ar na gníomhaíochtaí ceartaitheacha dá éis sin mar thacaíocht leis an Stát a athchur leis an Liosta. Scaipfidh an Rúnaíocht teachtaireacht *via* ríomhphost laistigh de 5 lá oibre ina mbeidh an togra.

45. Féadfaidh na Rannpháirtithe comhaontú le togra nó agóid a thabhairt ina aghaidh, ar togra é a thugtar ar aghaidh faoi Airteagail 41 go 44 den Fhoscríbhinn seo laistigh de 20 lá oibre ón dáta a chuirfear an togra isteach ('Tréimhse 1').

46. Más amhlaidh ag deireadh Thréimhse 1 go mbeidh an togra tarraingthe siar, agus i gcás Airteagal 43 den Fhoscríbhinn seo murab amhlaidh go mbeidh an togra tarraingthe siar ag an Rannpháirtí nó ag an Neamh-rannpháirtí a rinne é, ar Rannpháirtí nó Neamh-rannpháirtí é a sholáthraíonn fianaise ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha nó ar theagmhais cheartaitheacha, nach mbeidh aon agóid tugtha in aghaidh an togra, meastar go nglacann na Rannpháirtithe uile leis an nuashonrú atá beartaithe ar Liosta Cape Town. Modhnóidh an Rúnaíocht Liosta Cape Town dá réir sin agus seolfaidh teachtaireacht *via* ríomhphost laistigh de 5 lá oibre. Beidh éifeacht ag Liosta nuashonraithe Cape Town ag dáta na teachtaireachta sin.

47. I gcás ina dtabharfar agóid in aghaidh an nuashonraithe atá beartaithe ar Liosta Cape Town, déanfaidh Rannpháirtí nó Rannpháirtithe na hagóide, laistigh de Thréimhse 1, míniú scríofa a sholáthar faoi bhunús na hagóide sin. Tar éis do Rúnaíocht ECFE an agóid scríofa a scaipeadh ar na Rannpháirtithe uile, déanfaidh na Rannpháirtithe a ndícheall chun teacht ar chomhaontú laistigh de thréimhse 10 lá oibre eile ('Tréimhse 2').

([4]) In éineacht le faisnéis maidir le haon rannpháirtíocht (arna soláthar agus urraim chuí á tabhairt do dhualgais maidir leis an rúndacht).

48. Cuirfidh na Rannpháirtithe an Rúnaíocht ar an eolas faoi thoradh a bpléití. Más rud é go dtiocfar ar chomhaontú le linn Thréimhse 2, déanfaidh an Rúnaíocht, más gá, Liosta Cape Town a nuashonrú dá réir sin agus seolfaidh teachtaireacht *via* ríomhphost laistigh de 5 lá oibre. Beidh éifeacht ag Liosta nuashonraithe Cape Town ag dáta na teachtaireachta sin.

49. Más rud é nach dtiocfar ar aon chomhaontú le linn Thréimhse 2, déanfaidh Cathaoirleach na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo ('an Cathaoirleach' anseo feasta) a dhícheall/dícheall chun comhréiteach idir na Rannpháirtithe a éascú, laistigh de 20 lá oibre ('Tréimhse 3') díreach tar éis Thréimhse 2. Más amhlaidh ag deireadh Thréimhse 3, nach dtiocfar ar aon chomhréiteach, bainfear réiteach críochnaitheach amach trí na nósanna imeachta seo a leanas:

a) Déanfaidh an Cathaoirleach moladh scríofa i leith an nuashonrú atá beartaithe ar Liosta Cape Town. Léireofar le moladh an Chathaoirligh tuairim an tromlaigh a eascraíonn as na tuairimí a chuir ar a laghad na Rannpháirtithe in iúl go hoscailte ar Rannpháirtithe iad a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil d'onnmhairí aerárthaí. I gcás nach ann do thuairim ar tuairim an tromlaigh í, déanfaidh an Cathaoirleach moladh a bheidh bunaithe go heisiach ar na tuairimí a chuir na Rannpháirtithe in iúl agus leagfaidh sé amach an bunús leis an moladh i scríbhinn, lena n-áirítear i gcás na neamh-incháilitheachta, na critéir incháilitheachta nár comhlíonadh.

b) Ní nochtfar le moladh an Chathaoirligh aon fhaisnéis a bhaineann le tuairimí nó le seasaimh Rannpháirtithe a cuireadh in iúl i gcomhthéacs an phróisis a leagtar amach in Airteagail 41 go 50 den Fhoscríbhinn seo, agus

c) Glacfaidh na Rannpháirtithe le moladh an Chathaoirligh.

50. Más rud é, tar éis togra arna chur isteach faoi Airteagal 41 den Fhoscríbhinn seo, gur chinn na Rannpháirtithe nó an Cathaoirleach nach bhfuil Stát incháilithe lena chur le Liosta Cape Town, féadfaidh Rannpháirtí nó Neamh-rannpháirtí togra eile a chur isteach lena n-iarrfar go ndéanfaidh na Rannpháirtithe incháilitheacht an Stáit a athmheas. An Rannpháirtí nó an Neamh-rannpháirtí atá ag beartú go n-athmheasfar an cás sin amhlaidh, tabharfaidh sé aghaidh ar na cúiseanna lenar tugadh bunús leis an gcinneadh bunaidh go raibh an Stát neamh-incháilithe. An Rannpháirtí nó an Neamh-rannpháirtí atá ag beartú go n-athmheasfar an cás sin amhlaidh, gheobhaidh agus soláthróidh sé ceistneoir CTC nuashonraithe. Beidh an togra nua sin faoi réir an phróisis a leagtar amach in Airteagail 45 go 51 den Fhoscríbhinn seo.

51. I gcás aon athrú ar an liosta de thíortha cáilithe de bhun na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 49 den Fhoscríbhinn seo, eiseoidh an Rúnaíocht teachtaireacht *via* ríomhphost ina mbeidh Liosta nuashonraithe Cape Town laistigh de 5 lá oibre ó athrú den sórt sin. Beidh éifeacht ag Liosta nuashonraithe Cape Town ag dáta na teachtaireachta sin.

52. Maidir le Stát a chur le Liosta Cape Town, é a tharraingt siar nó a athchur leis tar éis eisíocaíochta i leith aerárthaigh, ní dhéanfar difear leis sin do MPRanna a leagtar síos maidir le haerárthaí den sórt sin.

53. I gcomhthéacs an phróisis a leagtar amach in Airteagail 41 go 51 den Fhoscríbhinn seo, ní nochtfaidh na Rannpháirtithe aon fhaisnéis a bhaineann le tuairimí nó le seasaimh a cuireadh in iúl.

54. Déanfaidh na Rannpháirtithe faireachán ar chur chun feidhme Airteagail 41 go 53 den Fhoscríbhinn seo agus déanfaidh siad athbhreithniú air go bliantúil nó arna iarraidh sin d'aon Rannpháirtí.

55. I gcás aerárthaí nua agus athláimhe, féadfar na coigeartuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis na préimhrátaí íosta is infheidhme:

a) Lascaine de chúig bhonnphointe (raonta difríochta *per annum*) nó 0,29 % (láithreach) ar na préimhrátaí íosta is infheidhme, féadfar é a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta arna dtacú go hoifigiúil i bhfoirm cumhdaigh árachais choinníollaigh.

b) Cuirfear na préimhrátaí íosta i bhfeidhm maidir leis an mbunairgead a chumhdaítear.

III. IDIRBHEARTA NACH IDIRBHEARTA DE BHUN SÓCMHAINNÍ IAD

56. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 19 a) den Fhoscríbhinn seo, feadfaidh na Rannpháirtithe creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a sholáthar le haghaidh idirbhearta nach idirbhearta de bhun sócmhainní iad, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

a) I gcás idirbhearta neamhfhlaithiúnais:

1. Is é USD 15 mhilliún luach uasta an chonartha onnmhairiúcháin dá bhfuil tacaíocht oifigiúil á cur ar fáil.

2. Is é 10 mbliana a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta,

3. Níl aon leas urrúis ag tríú páirtí sna sócmhainní atá á maoiniú, agus

4. Cuirfear formhuirear íosta 30 % i bhfeidhm maidir leis na préimhrátaí íosta a leagtar síos i gcomhréir le Foroinn I thuas.

b) I gcás idirbhirt ag a bhfuil flaithiúnas nó idirbhirt de bhun ráthaíocht flaithiúnais neamh-inchúlghairthe gan choinníoll, cuirfear formhuirear íosta i bhfeidhm, i gcomhréir le Tábla 6 thíos, maidir leis na préimhrátaí íosta a leagtar amach i gcomhréir le Foroinn I thuas.

Tábla 6

Catagóir riosca	Formhuirear (%)
1	0
2	0
3	0
4	10
5	15
6	15
7	25
8	25

57. Níl feidhm ag forálacha Airteagal 36 go 52 den Fhoscríbhinn seo maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil dá bhforáiltear de bhun Airteagal 56 den Fhoscríbhinn seo.

Roinn 3

Préimhrátaí íosta le haghaidh earraí agus seirbhísí seachas aerárthaí athláimhe a chumhdaítear le cuid 3 den tuiscint earnála seo

58. I gcás ina soláthrófar tacaíocht oifigiúil do gach earra agus seirbhís seachas aerárthaí athláimhe a chumhdaítear le Cuid 3 den Tuiscint Earnála seo, is iad na préimhrátaí íosta seo a leanas a bheidh i gceist:

a) I gcás idirbhearta de bhun sócmhainní, beidh na préimhrátaí íosta cothrom leis na raonta difríochta íosta atá i réim agus a leagadh síos i gcomhréir le Foroinn I thuas agus, i gcás cumhdach foirfe, arna gcomhshó ina dtáillí tosaigh agus an tsamhail comhshóite agus an aibíocht iomchuí á n-úsáid.

b) I gcás idirbhearta nach idirbhearta de bhun sócmhainní iad, beidh na préimhrátaí íosta cothrom leis na raonta difríochta íosta atá i réim agus a leagadh síos i gcomhréir le Foroinn I thuas rud lena gcuirfear formhuirear 30 %, agus i gcás cumhdach foirfe, arna gcomhshó ina dtáillí tosaigh agus an tsamhail comhshóite agus an aibíocht iomchuí á n-úsáid.

59. Beidh feidhm ag forálacha Airteagail 36 go 52 den Fhoscríbhinn seo maidir le tacaíocht oifigiúil d'innill spártha de bhun sócmhainní a chumhdaítear le hAirteagail 20 a) agus c) den Tuiscint Earnála seo agus maidir le tacaíocht faoi Airteagal 21 a) 1), an chéad fhleasc, den Tuiscint Earnála seo.

60. Beidh feidhm ag foráil Airteagal 55 den Fhoscríbhinn seo freisin maidir le tacaíocht oifigiúil do gach earra agus seirbhís seachas aerárthaí athláimhe a chumhdaítear le Cuid 3 den Tuiscint Earnála seo.

IARSCRÍBHINN 1

DEARBHUITHE CÁILITHEACHA

1. Chun críoch Fhoscríbhinn II, Roinn 2, ciallaíonn an téarma 'dearbhuithe cáilitheacha', agus gach tagairt eile dó sa Tuiscint Earnála seo, maidir le Páirtí conarthach i gCoinbhinsiún Cape Town (Páirtí Conarthach):

   a) Go bhfuil na dearbhuithe in Airteagal 2 den Iarscríbhinn seo déanta aige; agus

   b) Nach bhfuil na dearbhuithe in Airteagal 3 den Iarscríbhinn seo déanta aige.

2. Is iad seo a leanas na dearbhuithe chun críoch Airteagal 1 a) den Iarscríbhinn seo:

   a) Dócmhainneacht: Dearbhaíonn Páirtí Stáit go gcuirfidh sé Rogha Mhalartach A ar fad faoi Airteagal XI den Phrótacal Aerárthaí i bhfeidhm maidir le gach cineál imeachta dócmhainneachta agus nach faide ná 60 lá féilire í an tréimhse feithimh chun críocha Airteagal XI (3) den Rogha Mhalartach sin.

   b) Díchlárú: Dearbhaíonn Páirtí Stáit go gcuirfidh sé Airteagal XIII den Phrótacal Aerárthaí i bhfeidhm.

   c) Rogha dlí: Dearbhaíonn Páirtí Stáit go gcuirfidh sé Airteagal VIII den Phrótacal Aerárthaí i bhfeidhm.

   Agus ceann amháin díobh seo a leanas ar a laghad (cé go spreagtar an dá cheann a chur i bhfeidhm):

   d) Modh chun Leigheasanna a Fheidhmiú: Dearbhaíonn Páirtí Stáit faoi Airteagal 54 (2) den Choinbhinsiún maidir le haon leigheas a bheidh ar fáil don chreidiúnaí faoi aon fhoráil den Choinbhinsiún nach gcuirtear in iúl faoi na forálacha ábhartha de go gceanglaítear iarratas chun cúirte ina leith, go bhféadfar an leigheas sin a fheidhmiú gan cead ón gcúirt (moltar go gcuirfear 'gan caingean cúirte agus' isteach (ach ní cheanglaítear é sin a dhéanamh) roimh na focail 'cead ón gcúirt');

   e) Leigheasanna Tráthúla: Dearbhaíonn Páirtí Stáit go gcuirfidh sé Airteagal X den Phrótacal Aerárthaí i bhfeidhm ina iomláine (d'ainneoin nach gceanglaítear clásal 5 de a chur i bhfeidhm, rud atá le spreagadh) agus gurb iad seo a leanas an líon laethanta oibre a bheidh le húsáid chun críocha na teorann ama a leagtar síos in Airteagal X (2) den Phrótacal Aerárthaí i leith na leigheasanna seo a leanas:

      1. Na leigheasanna a shonraítear in Airteagail 13 (1) (a), (b) agus (c) den Choinbhinsiún (caomhnú réada an aerárthaigh agus a luacha; seilbh, rialú nó coimeád réada an aerárthaigh; agus bac gluaiseachta ar réada an aerárthaigh), tráth nach faide ná tréimhse a bheidh cothrom le 10 lá féilire, agus

      2. Na leigheasanna a shonraítear in Airteagail 13 (1) (d) agus (e) den Choinbhinsiún (léasú nó bainistiú réada an aerárthaigh agus an ioncaim uathu agus díol threalamh an aerárthaigh agus cur i bhfeidhm na bhfáltas dá thoradh sin), tráth nach faide ná tréimhse a bheidh cothrom le 30 lá féilire.

3. Is iad seo a leanas na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 b) den Iarscríbhinn seo:

   a) Faoiseamh Ar Feitheamh Cinneadh Críochnaitheach: Ní bheidh dearbhú déanta ag Páirtí Stáit faoi Airteagal 55 den Choinbhinsiún lena ndiúltaítear a bheith faoi réir Airteagal 13 nó faoi Airteagal 43 den Choinbhinsiún; ar choinníoll, áfach, gurb amhlaidh, más rud é go mbeidh na dearbhuithe déanta ag Páirtí Stáit ar iad na dearbhuithe a leagtar amach faoi Airteagal 2 d) den Iarscríbhinn seo iad, nach gcoiscfear cur i bhfeidhm lascaine Choinbhinsiún Cape Town le dearbhú a dhéantar faoi Airteagal 55 den Choinbhinsiún.

   b) Coinbhinsiún na Róimhe: Ní bheidh dearbhú déanta ag Páirtí Stáit faoi Airteagal XXXII den Phrótacal Aerárthaí lena ndiúltaítear a bheith faoi réir Airteagal XXIV den Phrótacal Aerárthaí; agus

   c) Leigheas Léasa: Ní bheidh dearbhú déanta ag Páirtí Stáit faoi Airteagal 54 (1) den Choinbhinsiún lena gcoisctear léas mar leigheas.

4. Maidir le hAirteagal XI den Phrótacal Aerárthaí, i gcás na mBallstát den Aontas, measfar gur ag Ballstát a bheidh an dearbhú cáilitheach déanta, ar dearbhú é a leagtar amach in Airteagal 2 a) den Iarscríbhinn seo, chun críocha an mhéid anseo, más rud é gur leasaíodh dlí náisiúnta an Bhallstáit sin chun téarmaí Rogha Mhalartach A faoi Airteagal XI den Phrótacal Aerárthaí a léiriú (lena ngabhann tréimhse feithimh uasta 60 lá féilire). A mhéid a bhaineann leis na dearbhuithe cáilitheacha a leagtar amach in Airteagail 2 c) agus e) den Iarscríbhinn seo, measfar go mbeidh siad sin comhlíonta, chun críche na Tuisceana Earnála seo, más rud é gur comhchosúil go substaintiúil dlíthe an Aontais Eorpaigh nó na mBallstát ábhartha leis na dlíthe sin a leagtar amach sna hAirteagail sin den Iarscríbhinn seo. I gcás Airteagal 2 c) den Iarscríbhinn seo, maidir le dlíthe an Aontais Eorpaigh (Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 maidir leis an Dlí Is Infheidhme maidir le hOibleagáidí Conarthacha), comhaontaítear gur comhchosúil go substaintiúil iad le hAirteagal VIII den Phrótacal Aerárthaí.

IARSCRÍBHINN 2

CEISTNEOIR CHOINBHINSIÚN CAPE TOWN

I. RÉAMHFHAISNÉIS

Soláthair an fhaisnéis seo a leanas:

1. Ainm agus seoladh iomlán an ghnóthais dlí atá ag líonadh isteach an cheistneora.

2. Taithí ábhartha an ghnóthais dlí, lena bhféadfaí taithí ar phróisis reachtacha agus bhunreachtúla a áireamh ó thaobh a mhéid a bhaineann siad le cur chun feidhme na gconarthaí idirnáisiúnta sa Stát, agus taithí shonrach ar shaincheisteanna a bhaineann le CTC lena n-áirítear aon taithí ar chomhairle a thabhairt do rialtas maidir le cur chun feidhme agus le forfheidhmiú Choinbhinsiún Cape Town nó san earnáil phríobháideach, nó ar fhorfheidhmiú chearta an chreidiúnaí sa Stát a bhfuil sé beartaithe é a chur le Liosta Cape Town.

3. Cé acu atá nó nach bhfuil an gnóthas dlí rannpháirteach nó ag beartú a bheith rannpháirteach in aon idirbheart a fhéadfaidh tairbhiú de laghdú ar phréimhrátaí íosta más rud é go gcuirfear an Stát atá beartaithe le liosta CTC ([1]).

4. An dáta a líonadh an ceistneoir sin isteach.

II. CEISTEANNA

1. ***Dearbhuithe cáilitheacha***

1.1. An ndearna an Stát ([2]) gach ceann de na dearbhuithe cáilitheacha i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Foscríbhinn II den Tuiscint Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta ('ASU') (agus gach ceann ina 'Dhearbhú Cáilitheach')? Go háirithe, maidir leis na dearbhuithe a bhaineann leis an 'Modh chun Leigheasanna a Fheidhmiú' [Airteagal 2 d)] agus 'Leigheasanna Tráthúla' (Airteagal 2 e)], sonraigh más rud é go bhfuil ceann amháin nó an dá cheann de na dearbhuithe sin déanta.

1.2. Tabhair tuairisc ar an mbealach ina bhfuil na dearbhuithe a rinneadh difriúil, más amhlaidh go bhfuil ar chor ar bith, leis na ceanglais dá dtagraítear i gCeist 1.1.

1.3. Deimhnigh nach bhfuil aon cheann de na dearbhuithe a liostaítear in Airteagal 3 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Foscríbhinn II de ASU déanta ag an Stát.

2. ***Daingniú***

1.1. Ar dhaingnigh, ar ghlac, nó ar fhormheas an Stát Coinbhinsiún Cape Town agus an Prótacal Aerárthaí ('Coinbhinsiún') nó ar aontaigh an Stát leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal sin? An bhféadfá dáta an daingnithe/aontachais a shonrú agus tuairisc achomair a thabhairt ar phróiseas aontachais an Stáit leis an gCoinbhinsiún nó ar phróiseas daingnithe an Choinbhinsiúin ag an Stát?

1.2. An bhfuil feidhm dlí ag an gCoinbhinsiún agus ag na Dearbhuithe Cáilitheacha ('QD') a rinneadh, i gcríoch iomlán an Stáit gan aon ghníomh ná aon reachtaíocht cur chun feidhme eile thairis sin a bheith ann ná aon dlí nó rialachán eile a bheith rite?

1.3. Más amhlaidh go bhfuil, mínigh go hachomair an próiseas lena dtugtar feidhm dlí don Choinbhinsiún agus do Dhearbhuithe Cáilitheacha.

([1]) In éineacht le faisnéis maidir le haon rannpháirtíocht (arna soláthar agus urraim chuí á tabhairt do dhualgais maidir leis an rúndacht).

([2]) Chun críocha an cheistneora sin is é an 'Stát' an tír a bhfuiltear ag beartú í a chur le Liosta Choinbhinsiún Cape Town faoi Fhoscríbhinn II, Roinn 2 II de ASU. I gcás inarb iomchuí, freagrófar na ceisteanna sin freisin i leith dhlíthe 'aonad críche' áirithe an Stáit ina bhfuil an t-oibreoir ábhartha aerárthaigh [nó comhlacht ábhartha eile mar a leagtar amach in Airteagal 35 (b) Foscríbhinn II] lonnaithe agus léifear 'dlí náisiúnta' amhail is go n-áirítear ann tagairt don dlí áitiúil ábhartha.

3. ***Éifeacht an dlí áitiúil agus náisiúnta***

1.1. Tabhair tuairisc ar agus liostaigh, más infheidhme, an reachtaíocht cur chun feidhme agus an rialachán/na rialacháin i ndáil leis an gCoinbhinsiún agus le gach QD dá bhfuil déanta ag an Stát.

1.2. Maidir leis an gCoinbhinsiún agus QDanna a rinneadh, de réir mar a aistríodh sa dlí náisiúnta iad ([3]) ('Coinbhinsiún agus QDanna'), an sáróidís aon dlí, rialachán, ordú, fasach breithiúnach ná cleachtas rialála náisiúnta a mbeadh easaontacht eatarthu agus an Coinbhinsiún agus QDanna, nó an mbeadh tosaíocht ag an gCoinbhinsiún agus ag QDanna orthu sin. Más amhlaidh, tabhair tuairisc ar an bpróiseas lena dtarlaíonn sé sin ([4]), agus murab amhlaidh, tabhair mionsonraí.

1.3. An ann d'aon bhearna i gcur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus QDanna? Más ann dó, tabhair tuairisc ([5]).

4. ***Cinntí cúirte agus riaracháin***

1.1. Tabhair tuairisc ar aon ní, lena n-áirítear cleachtas breithiúnach, rialála nó riaracháin lena bhféadfadh coinne a bheith leis gurb é a d'eascródh astu nach dtabharfadh na cúirteanna, na húdaráis nó na comhlachtaí riaracháin feidhm agus éifeacht iomlán don Choinbhinsiún agus do QDanna ([6]), ([7]).

1.2. Ar feadh d'eolais, ar ghlac creidiúnaí aon ghníomhaíocht bhreithiúnach nó riaracháin nó forfheidhmiúcháin faoin gCoinbhinsiún? Má ghlac, tabhair tuairisc ar an ngníomhaíocht agus tabhair le fios cé acu ar éirigh léi nó nár éirigh.

1.3. Ar feadh d'eolais, ó thráth a dhaingnithe/a churtha chun feidhme, ar dhiúltaigh na cúirteanna sa Stát sin in aon chás oibleagáidí iasachta féichiúnaí nó ráthóra a fhorfheidhmiú sa Stát, ar diúltú é sin atá contrátha don Choinbhinsiún agus QDanna?

1.4. Ar feadh d'eolais, an bhfuil aon ní eile ann ag a bhféadfadh tionchar a bheith ar cé acu ar cheart nó nár cheart coinne a bheith le cúirteanna agus le comhlachtaí riaracháin gníomhú ar mhodh atá comhsheasmhach leis an gCoinbhinsiún agus le QDanna? Má tá, tabhair sonraí.

([3]) Chun críocha an cheistneora seo, tagraíonn 'dlí náisiúnta' do reachtaíocht náisiúnta uile Stáit, lena n-áirítear an Bunreacht agus Leasuithe air, aon dlí nó rialachán feidearálach, stáit agus ceantair, ach gan a bheith teoranta do na nithe sin..

([4]) Mar shampla, go mbeidh (i) forlámhas ag conarthaí ar dhlíthe eile mar ábhar dlí bhunreachtúil nó creat dlí chomhchosúil i Stát X, nó (ii) go gceanglaítear reachtaíocht i Stát X, agus gur achtaíodh í agus tosaíocht Chonradh Cape Town á leagan amach go sainráite agus/nó reachtaíocht lena gcuirtear in ionad dlí eile den sórt sin í, nó (iii) maidir le Conradh Cape Town nó lena reachtaíocht cur chun feidhme (a) go bhfuil sé níos sonraí ná dlí eile (*lex specialis derogat legi generali*), agus/nó (b) go bhfuil sé níos déanaí ó thaobh ama de ná dlí eile den sórt sin (*lex posterior derogat legi priori*), agus de thoradh (a) agus/nó (b) go bhfuil forlámhas ag an gConradh nó ag an reachtaíocht sin ar dhlíthe eile den sórt sin.

([5]) Mar shampla, an bhfuil aon chúis ann maidir leis na cearta agus leis na leigheasanna arna ndeonú do chreidiúnaithe faoin gCoinbhinsiún, lena n-áirítear na cearta agus leigheasanna sin a dheonaítear faoi QDanna, nach amhlaidh ina leith (a) go n-aithneofaí iad mar chearta agus leigheasanna éifeachtacha nó (b) nach mbeidís leordhóthanach ina n-aonar, chun feidhmiú bailí na gceart agus na leigheasanna sin sa Stát a chumasú?

([6]) Sampla de ghníomhaíocht riaracháin chun críocha na ceiste de b'fhéidir ab ea teip an Stáit aon nós imeachta nó acmhainn a chur i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt d'fhoráil den Choinbhinsiún nó do Dhearbhú Cáilitheach. Sampla eile ab ea teip Stáit nósanna imeachta cearta a chur i bhfeidhm ina gclárlann aerárthaí chun IDERAnna a thaifeadadh.

([7]) Áirigh i d'anailís aon fhasach/chinneadh a bhaineann le haithint chearta na gcreidiúnaithe, lena n-áirítear ECAnna, i gcás inarb ábhartha.

Foscríbhinn III

Rátaí íosta úis

Maidir leis an bpréimhráta iomchuí a bheidh le gearradh maidir le riosca na neamh-aisíocaíochta de bhun fhorálacha Foscríbhinn II, ní dhéanfaidh soláthar tacaíochta maoinithe oifigiúil an préimhráta sin a fhritháireamh ná a chúiteamh, go páirteach ná go hiomlán.

1. RÁTA ÍOSTA COMHLÚTHACH

a) An bonnráta úis ábhartha le haghaidh an airgeadra mar a shonraíonn riarthóir tagarmhairc an airgeadra ('bonnráta comhlúthach') a bheidh sa ráta íosta comhlúthach ([1]), mar aon leis an aibíocht a chomhfhreagraíonn do mhinicíocht íocaíocht úis an chreidmheasa onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil, a ndéanfar tagarmharc corrlaigh a chur leis, ar tagarmharc é a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 8 den Fhoscríbhinn seo.

b) An sásra lena leagfar síos an ráta comhlúthach, beidh sé éagsúil de réir na próifíle aisíocaíochta a roghnófar, mar a leanas:

1. I gcás ina gcomhcheanglófar aisíocaíocht an bhunairgid le híocaíocht an úis ina dtráthchodanna cothroma, úsáidfear an bonnráta comhlúthach ábhartha a bheidh éifeachtach 2 lá gnó roimh dháta tarraingthe anuas na hiasachta, de réir an airgeadra ábhartha agus mhinicíocht ábhartha na híocaíochta, chun an sceideal íocaíochta iomlán a ríomh, amhail is gur ráta seasta a bheadh ann. Beidh sceideal íocaíochta an bhunairgid seasta mar sin mar aon leis an chéad íocaíocht úis. An dara híocaíocht úis, agus mar sin ar aghaidh, ríomhfar í bunaithe ar an mbonnráta comhlúthach ábhartha a bheidh éifeachtach 2 lá gnó roimh dháta na híocaíochta roimhe thar iarmhéid gan íoc an bhunairgid a leagadh síos ar dtús.

2. I gcás ina ndéanfar an bunairgead a aisíoc ina thráthchodanna cothroma, úsáidfear an bonnráta comhlúthach ábhartha, de réir an airgeadra ábhartha agus mhinicíocht ábhartha na híocaíochta, a bheidh éifeachtach 2 lá gnó roimh dháta tarraingthe anuas na hiasachta agus roimh gach dáta íocaíochta chun an íocaíocht úis seo a leanas a ríomh thar iarmhéid gan íoc an bhunairgid.

c) I gcás ina soláthrófar tacaíocht oifigiúil maoinithe le haghaidh iasachtaí ar ráta comhlúthach, féadfaidh an rogha a bheith ag ceannaitheoirí/iasachtaithe athrú ó ráta comhlúthach go dtí ráta seasta ar choinníoll go ndéanfar na coinníollacha seo a leanas a chomhall:

1. Tá an rogha srianta agus ní féidir ach athrú go dtí an ráta babhtála agus chuige sin amháin;

2. Ní fheidhmeofar an rogha chun athrú amhlaidh ach arna iarraidh sin, uair amháin agus sin amháin, agus tuairisceofar dá réir sin í le tagairt don fhoirm tuairiscithe a seoladh chuig an Rúnaíocht ar dtús de bhun Airteagal 24 den Tuiscint seo.

2. RÁTA ÍOSTA ÚIS SEASTA

Is ceann amháin díobh seo a leanas a bheidh i gceist leis an ráta íosta úis seasta:

a) An ráta babhtála, a bhaineann le hairgeadra ábhartha an chreidmheasa onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena mbaineann aibíocht atá cothrom leis an ráta idirshuite le haghaidh an dá thréimhse bhliantúla is cóngaraí dá bhfuil ar fáil do mheánré ualaithe na hiasachta. Socrófar an ráta úis 2 lá gnó roimh gach dáta tarraingthe anuas.

NÓ

b) An Ráta Tagartha don Ús Tráchtála (CIRR) a leagadh síos de réir na bhforálacha a leagtar amach in Airteagail 3 go 7 den Fhoscríbhinn seo,

lena gcuirfear, sa dá chás, an tagarmharc corrlaigh, a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 8 f) den Fhoscríbhinn seo.

3. DÉANAMH CIRR

a) Foilseofar CIRR le haghaidh an euro, yen na Seapáine, Punt na Ríochta Aontaithe, Dollar SAM agus, ar feitheamh iarraidh á cur isteach ag Rannpháirtí Leasmhar, aon cheann de na hairgeadraí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 9 den Tuiscint Earnála seo agus a ríomhfar é trí chorrlach seasta de 120 bonnphointe a chur le ceann amháin de na trí thoradh seo a leanas (na bonnrátaí):

1. Torthaí bannaí rialtais 5 bliana ar feadh téarma aisíocaíochta suas go dtí 9 mbliana, agus 9 mbliana san áireamh,

([1]) Fanfaidh an friotal sin ann go dtí go gcomhaontóidh Rannpháirtithe liosta cuimsitheach de thagarmharcanna sonracha agus go dtí 31 Nollaig 2022 ar a dhéanaí.

2. Torthaí bannaí rialtais 7 mbliana ar feadh téarma os cionn 9 mbliana agus go dtí 12 bhliain, agus 12 bhliain san áireamh, nó

3. Torthaí bannaí rialtais 9 mbliana ar feadh téarma os cionn 12 bhliain agus go dtí 15 bliana, agus 15 bliana san áireamh.

b) Ríomhfar CIRR go míosúil agus sonraí ón mí roimhe á n-úsáid agus tabharfar fógra don Rúnaíocht faoi tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dheireadh gach míosa. Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas láithreach faoi na rátaí infheidhme agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí iad. Beidh éifeacht ag CIRR an 15ú lá de gach mí.

c) Féadfaidh Rannpháirtí nó Neamh-rannpháirtí a iarraidh go ndéanfaí CIRR a bhunú d'airgeadra Neamh-rannpháirtí. I gcomhairle leis an Neamh-rannpháirtí, féadfaidh Rannpháirtí, nó an Rúnaíocht thar ceann an Neamh-rannpháirtí sin, a mholadh go bhforléireofar an CIRR san airgeadra sin agus nósanna imeachta na Líne Coitinne á n-úsáid ar nósanna imeachta iad a leagtar amach in Airteagail 28 go 33 den Tuiscint Earnála seo.

4. TRÉIMHSE BHAILÍOCHTA CIRR

a) CIRR a shealbhú: an CIRR a bheidh á chur i bhfeidhm maidir le hidirbheart, ní shealbhófar é ar feadh tréimhse is faide ná 6 mhí ó thráth a roghnaithe (dáta an chonartha onnmhairiúcháin nó aon dáta cur i bhfeidhm dá éis sin) go dtí dáta an chomhaontaithe creidmheasa. Más rud é nach síneofar an comhaontú creidmheasa laistigh den teorainn sin, agus go n-athshocrófar an CIRR ar feadh 6 mhí bhreise, déanfar an CIRR nua a ghealladh ar an ráta a bheidh i réim dáta an athshocraithe.

b) Tar éis dháta an chomhaontaithe chreidmheasa, cuirfear an CIRR i bhfeidhm maidir le tréimhsí tarraingthe nach faide ná 6 mhí. Tar éis na chéad tréimhse tarraingthe 6 mhí, athshocraítear an CIRR le haghaidh na chéad 6 mhí eile; CIRR nua, sin é CIRR a bheidh i réim an chéad lá den tréimhse 6 mhí nua agus ní féidir leis a bheith níos ísle ná CIRR a roghnaíodh ar dtús (nós imeachta atá le macasamhlú le haghaidh gach tréimhse 6 mhí de tharraingtí dá éis sin).

5. RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS A CHUR I bhFEIDHM

Laistigh d'fhorálacha an chomhaontaithe creidmheasa, ní cheadófar rogha don iasachtaí chun athrú ó mhaoiniú ar ráta comhlúthach arna dtacú go hoifigiúil go dtí maoiniú CIRR réamhroghnaithe, ná ní cheadófar dó athrú idir CIRR réamhroghnaithe agus an ráta margaidh gearrthéarmach arna lua maidir le haon dáta íocaíochta úis ar feadh ré na hiasachta.

6. IASACHTAÍ AR RÁTA ÚIS SEASTA A AISÍOC GO LUATH

I gcás aisíocaíocht luath shaorálach a bheith déanta ar iasacht mar a chinntear in Airteagal 2 den Fhoscríbhinn seo, nó ar aon chuid den iasacht sin nó tráth a dhéanfar an CIRR, a cuireadh i bhfeidhm faoin gcomhaontú creidmheasa, a mhodhnú ina ráta comhlúthach nó ina ráta babhtála, tabharfaidh an t-iasachtaí cúiteamh don institiúid a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe as na costais agus as na caillteanais uile a tabhaíodh de thoradh na ngníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear an costas don institiúid rialtais as an gcuid den insreabhadh airgid ar ráta seasta, ar ar cuireadh isteach leis an aisíocaíocht luath, a chur ar ais.

7. ATHRUITHE LÁITHREACHA I RÁTAÍ ÚIS

Nuair a cheanglófar le forbairtí an mhargaidh fógra de leasú ar CIRR a thabhairt le linn míosa, cuirfear an ráta leasaithe i bhfeidhm 10 lá tar éis fógra an leasaithe sin a bheith faighte ag an Rúnaíocht.

8. TAGARMHARC CORRLAIGH

a) Déanfar bonnráta comhlúthach 3 mhí le haghaidh thagarmharc corrlaigh dhollar SAM a ríomh go míosúil i gcomhréir le mír b), agus sonraí á n-úsáid ar tugadh fógra don Rúnaíocht fúthu i gcomhréir le mír c), agus beidh éifeacht aige an 15ú lá de gach mí. Agus an bonnráta sin ríofa, tabharfaidh an Rúnaíocht fógra faoin tagarmharc corrlaigh do na Rannpháirtithe agus cuirfear ar fáil go poiblí é.

b) An bonnráta comhlúthach 3 mhí le haghaidh thagarmharc corrlaigh dhollar SAM, is ráta é a bheidh coibhéiseach le meán an 50 % is ísle de na corrlaigh thar an méid seo a leanas: (i) bonnráta comhlúthach 3 mhí le haghaidh dhollar SAM arna mhuirearú le haghaidh idirbhearta ar ráta comhlúthach agus (ii) bonnráta comhlúthach 3 mhí le haghaidh dhollar SAM mar atá idirshuite tríd an eisiúint ar ráta seasta a bhabhtáil go dtí coibhéis ar ráta comhlúthach arna mhuirearú le haghaidh idirbhearta ar ráta seasta nó le haghaidh eisiúintí margaidh chaipitil. I gceachtar cás, na corrlaigh a áireofar sna tuarascálacha tagarmhairc míosúla arna gcur isteach ag na Rannpháirtithe ábhartha, is iad na corrlaigh a áireofar na corrlaigh sin ó na 3 mhí féilire iomlána roimh an dáta éifeachtach a leagtar amach i mír a) thuas. Idirbheart/eisiúintí a úsáidtear i ríomh an tagarmhairc chorrlaigh, comhlíonfaidh siad na coinníollacha seo a leanas:

1. idirbhearta lena mbaineann ráthaíocht 100 % neamhchoinníollach a ainmnítear i ndollair SAM; agus

2. Tacaíocht oifigiúil a sholáthraítear i leith aerárthaí arna luacháil ag USD 35 mhilliún nó os a chionn (nó ag a choibhéis in aon airgeadra incháilithe eile).

c) Tuairisceoidh rannpháirtithe corrlach an tráth is eol dóibh é agus fanfaidh an corrlach sin ar thuarascáil an Rannpháirtí maidir leis an tagarmharc corrlaigh ar feadh 3 mhí féilire iomlána. I gcás idirbhearta aonair lena mbaineann ilteagmhais phraghsála, ní dhéanfar aon iarracht teagmhais phraghsála dá éis sin a chomhoiriúnú le fógraí *ex post*.

d) Tabharfaidh rannpháirtithe fógraí an dáta a réadófar an corrlach fadtéarmach. Maidir le margaí arna sainordú ag bainc (lena n-áirítear PEFCO), an dáta a réadófar an corrlach, is é an dáta is luaithe de na dátaí a tharlaíonn an méid seo a leanas a bheadh ann: (i) gealltanas críochnaitheach á eisiúint ag an Rannpháirtí, (ii) an corrlach iarghealltanais á leagan síos, (iii) tarraingt anuas na hiasachta, agus (iv) an corrlach fadtéarmach á leagan síos tar éis na tarraingthe anuas. I gcás ina dtarlóidh roinnt tarraingtí anuas faoin sainordú bainc céanna agus an corrlach céanna i gceist, ní thabharfar fógra ach amháin i leith an chéad aerárthaigh. I gcás iasachtaí arna maoiniú trí eisiúint caipitil margaidh, an dáta a réadófar an corrlach, sin an dáta a leagfar síos an ráta fadtéarmach, arb é sin dáta eisiúna an bhanna é go hiondúil. I gcás ina dtarlóidh roinnt tarraingtí anuas faoin mbanna céanna agus an corrlach céanna i gceist, ní thabharfar fógra ach amháin i leith an chéad aerárthaigh.

e) An bonnráta comhlúthach 3 mhí le haghaidh thagarmharc corrlaigh dhollar SAM, beidh sé infheidhme maidir le hidirbheart ar ráta comhlúthach agus ní shocrófar é tráth is luaithe ná dáta an ghealltanais chríochnaithigh.

f) I gcás idirbheart ar ráta seasta, déanfar an tagarmharc corrlaigh is infheidhme maidir leis an idirbheart a chinneadh tríd an mbonnráta comhlúthach 3 mhí le haghaidh thagarmharc corrlaigh dhollar SAM a bhabhtáil ina raon difríochta coibhéiseach thar an ráta seasta is infheidhme, mar a chinntear in Airteagal 2 den Fhoscríbhinn seo, tráth nach luaithe ná dáta an ghealltanais chríochnaithigh agus ní shocrófar tráth is luaithe ná an dáta sin é.

g) Déanfaidh na Rannpháirtithe faireachán ar an tagarmharc corrlaigh agus déanfaidh athbhreithniú ar shásra an tagarmhairc chorrlaigh arna iarraidh sin d'aon Rannpháirtí.

Foscríbhinn IV

Foirm thuairiscithe

a) ***Faisnéis Bhunúsach***

1. An tír a dhéanann an fógra
2. Dáta an fhógra
3. Ainm an údaráis/na gníomhaireachta a dhéanann an fógra
4. Uimhir aitheantais

b) ***Faisnéis ar an gCeannaitheoir/Iasachtaí/Ráthóir***

5. Ainm agus tír an cheannaitheora
6. Ainm agus tír an iasachtaí
7. Ainm agus tír an ráthóra
8. Stádas an cheannaitheora/iasachtaí/ráthóra, e.g. ceannaitheoir/iasachtaí/ráthóir flaithiúnais, banc príobháideach, comhlacht príobháideach eile
9. Aicmiú riosca an cheannaitheora/iasachtaí/ráthóra

c) ***Téarmaí agus Coinníollacha Airgeadais***

10. Cén fhoirm ina soláthraítear an tacaíocht oifigiúil, e.g. cumhdach foirfe, tacaíocht oifigiúil maoinithe
11. Más tacaíocht oifigiúil maoinithe a sholáthraítear, an tacaíocht creidmheasa dhírigh/athmhaoinithe dhírigh/ráta úis í an tacaíocht sin
12. Tuairisc ar an idirbheart atá á thacú, lena n-áirítear an monaróir, an cineál aerárthaigh agus uimhir an aerárthaigh.
13. Dáta an cheangaltais deiridh
14. Airgeadra an chreidmheasa
15. Méid creidmheasa, de réir an scála seo a leanas i milliúin USD:

Catagóir	Méid Creidmheasa
I	0-200
II	200-400
III	400-600
IV	600-900
V	900–1 200
VI	1 200–1 500
VII	1 500–2 000 (*)

(*) Sonraigh an líon iolraithe de USD 300 milliún atá os cionn USD 2 000 milliún.

16. Céatadán den tacaíocht oifigiúil
17. Téarma Aisíocaíochta
18. Próifíl agus minicíocht aisíocaíochta — lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, meánré ualaithe
19. An t-achar ama idir túsphointe an chreidmheasa agus an chéad aisíocaíocht ar an mbunairgead

20. Rátaí úis:

— Rátaí íosta úis a chuirtear i bhfeidhm

— Tagarmharc corrlaigh a chuirtear i bhfeidhm

21. Préimh iomlán a mhuirearaítear tríd an méid seo a leanas:

— Táillí láithreacha (i gcéatadán den mhéid creidmheasa) nó

— Raonta difríochta (bonnphointí *per annum* os cionn an ráta úis a chuirtear i bhfeidhm)

— De réir mar is iomchuí, tabhair le fios ar leithligh an formhuirear 15 % a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le Foscríbhinn II Airteagal 20 b).

22. I gcás creidmheas díreach/maoiniú díreach, táillí díreacha a mhuirearaítear tríd an méid seo a leanas:

— Táille an tSocraithe/an Struchtúraithe

— Táille Gealltanais/Sealbhaíochta préimhe

— Táille riaracháin

23. Tréimhse sealbhaíochta na préimhe

24. I gcás cumhdach foirfe, táillí sealbhaíochta préimhe

25. Téarmaí struchtúraithe maidir le hidirbhearta: maolaitheoirí riosca/formhuirear préimhe a chuirtear i bhfeidhm

26. De réir mar is iomchuí, léiriú ar thionchar Choinbhinsiún Cape Town ar an bpréimhráta a chuirtear i bhfeidhm

Foscríbhinn V

Liosta sainmhínithe

Coibhéis costais ilghnéithigh: glanluach láithreach préimhrátaí, costais agus táillí ráta úis a mhuirearaítear le haghaidh creidmheas díreach mar chéatadán den mhéid creidmheasa dhírigh, is cothrom é le glanluach láithreach shuim na bpréimhrátaí, na gcostas ráta úis agus na dtáillí a mhuirearaítear faoi chumhdach foirfe mar chéatadán den mhéid creidmheasa faoi chumhdach foirfe.

De bhun Sócmhainní: idirbheart a dhéanann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19 a) d'Fhoscríbhinn II a chomhall.

Ceannaitheoir/Iasachtaí: lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh) eintitis tráchtála amhail aerlínte agus léasóirí, mar aon le heintitis flaithiúnais (nó más eintiteas difriúil atá i gceist, príomhfhoinse aisíocaíochta an idirbhirt).

Trealamh arna sholáthar ag an gceannaitheoir: trealamh arna sholáthar ag an gceannaitheoir agus arna chur isteach san aerárthach le linn an phróisis monaraíochta/athchóiriúcháin, tráth a sheachadta nó roimhe, agus an Bille Díolacháin ón monaróir ina fhianaise air.

Coinbhinsiún Cape Town: tagraíonn sé sin do Choinbhinsiún Cape Town ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste agus an Prótacal a ghabhann leis maidir le Nithe a Bhaineann go Sonrach le Trealamh Aerárthaí.

Gealltanas: aon ráiteas, i gcibé foirm, lena gcuirtear in iúl don tír fála, don cheannaitheoir, don iasachtaí, don onnmhaireoir nó don institiúid airgeadais, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do litreacha incháilitheachta, litreacha margaíochta, go dtoilítear tacaíocht oifigiúil a sholáthar, nó go bhfuil sé ar intinn é sin a dhéanamh.

Líne Choiteann: comhaontú na Rannpháirtithe maidir le hidirbheart ar leith, nó in imthosca speisialta maidir le téarmaí agus coinníollacha airgeadais sonracha le haghaidh tacaíocht oifigiúil; ní bheidh forlámhas ag an líne choiteann sin ar fhorálacha ábhartha na Tuisceana Earnála seo ach amháin le haghaidh an idirbhirt nó sna himthosca a shonraítear sa líne choiteann.

Cumhdach Árachais Coinníollach: tacaíocht oifigiúil, lena soláthraítear slánú don tairbhí i gcás mainneachtain ar íocaíocht le haghaidh rioscaí sainithe tar éis tréimhse feithimh shonraithe; le linn na tréimhse feithimh, níl an ceart ag an tairbhí ar íocaíocht ón Rannpháirtí. Bíonn íocaíocht faoi chumhdach árachais coinníollach faoi réir bhailíocht agus eisceachtaí na doiciméadachta forluití agus an idirbhirt fhorluitigh.

Tiontú: Athrú mór ar dhearadh cineáil an aerárthaigh tríd an aerárthach a thiontú ina chineál aerárthaigh difriúil (lena n-áirítear aerárthach paisinéirí a thiontú ina bhuamadóir uisce, ina aerárthach lastais, cuardaigh agus tarrthála, faireachais, nó ina scairdeitleán gnó), faoi réir a dheimhnithe ag an Údarás freagrach um Eitlíocht Shibhialta.

Aicmiúchán an Riosca Tíre: an t-aicmiú riosca tíre atá i réim maidir leis na Rannpháirtithe sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil mar atá foilsithe ar shuíomh gréasáin ECFE.

Gníomhaireacht Rátála Creidmheasa: ceann de na gníomhaireachtaí rátála iontaofa idirnáisiúnta nó aon ghníomhaireacht rátála eile is inghlactha do na Rannpháirtithe.

Fearais Innill: tacar páirteanna a thugtar isteach chun feabhas a chur ar an iontaofacht, ar an marthanacht agus/nó ar sholáthar feidhmíochta ar na sciatháin trí theicneolaíocht a thabhairt isteach.

Creidmheas onnmhairiúcháin: árachas, ráthaíocht nó socrú maoiniúcháin lena gcuirtear é ar a chumas do cheannaitheoir eachtrach earraí agus/nó seirbhísí onnmhairithe chun íocaíocht a chur siar thar thréimhse ama; féadfaidh creidmheas onnmhairiúcháin a bheith i bhfoirm creidmheas ó sholáthróir arna chur ar fáil ag an onnmhaireoir, nó i bhfoirm creidmheas ceannaitheora, i gcás ina dtugann banc an onnmhaireora nó institiúid airgeadais eile iasacht don cheannaitheoir (nó dá bhanc).

Ceangaltas Deiridh: is ann do cheangaltas deiridh i gcás ina gceanglóidh an Rannpháirtí air féin déanamh de réir téarmaí agus coinníollacha airgeadais atá beacht agus iomlán, bíodh sin trí chomhaontú cómhalartach nó trí ghníomh aontaobhach.

Conradh Gnóthais: comhaontú idir an monaróir agus an duine a ghlacann le seachadadh na n-aerárthaí nó na n-inneall mar cheannaitheoir, nó, i dtaca le socrú díola-aisléasaithe, mar léasaí faoi léas lena mbaineann téarma 5 bliana ar a laghad, lena leagtar síos gealltanas ceangailteach (gan na gealltanais sin a bhaineann le roghanna neamhfheidhmithe an tráth sin a áireamh), i gcás lena mbainfidh dliteanas dlíthiúil le neamhfheidhmíocht.

Rannpháirtí Leasmhar: Rannpháirtí (i) a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil d'aerfhráma nó d'innill aerárthaigh a mhonaraítear go hiomlán nó go páirteach ina chríoch, (ii) ag a bhfuil leas tráchtála substaintiúil cheana nó ag a bhfuil taithí ar an gceannaitheoir/ar an iasachtóir lena mbaineann, nó (iii) ar iarr monaróir/onnmhaireoir air tacaíocht oifigiúil a sholáthar don cheannaitheoir/iasachtaí atá i gceist.

Tacaíocht Ráta Úis: féadfaidh an tacaíocht sin a bheith i bhfoirm socrú ar thaobh amháin idir rialtas, nó institiúid a ghníomhaíonn le haghaidh rialtais nó thar a cheann, agus ar an taobh eile, bainc nó institiúidí airgeadais eile lena bhfágtar gur féidir maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar ar ráta seasta atá ar an ráta íosta úis seasta ábhartha, nó os a chionn.

Modhnú/Athfheistiú Mór: oibríochtaí athchumraíochta nó nuashonrúcháin ar aerárthach paisinéirí nó lastais.

Glanphraghas: an praghas ar mhír arna sonrascú ag monaróir nó ag soláthróir na míre sin, tar éis gach lascaine praghais agus creidmheasanna airgid eile a chur i gcuntas, lúide gach creidmheas eile nó lamháltais d'aon chineál a bhaineann leis an mír nó is in-leithdháilte go cothrom uirthi, mar a shonraítear in uiríoll ceangailteach ó mhonaróirí an aerárthaigh agus na n-inneall. Ní cheanglaítear uiríoll ón monaróir innill ach amháin i gcás inarb ábhartha é de réir fhoirm an chomhaontaithe ceannacháin — nó ón soláthraí seirbhíse, de réir mar a bheidh, agus arna thacú le doiciméadacht a cheanglaítear ar sholáthraí na tacaíochta oifigiúla chun an glanphraghas sin a dheimhniú. Gach dleacht agus cáin allmhairiúcháin (e.g. CBL) ní áirítear sa ghlanphraghas iad.

Aerárthaí Nua: féach Airteagal 8 a) den Tuiscint Earnála seo.

Idirbheart nach de bhun Sócmhainní é: idirbheart nach ndéanann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19 a) d'Fhoscríbhinn II a chomhall.

Idirbheart Neamhfhlaithiúnais: idirbheart nach gcomhlíonann an tuairisc a leagtar amach in Airteagal 57 b) d'Fhoscríbhinn II.

Tréimhse Sealbhaíochta Préimhe: faoi réir Airteagal 36 b) d'Fhoscríbhinn II, tréimhse (tréimhsí) ar lena linn atá préimhráta agus maolaitheoirí riosca éigeantacha ábhartha á gcoinneáil ar bun, ar ráta agus maolaitheoirí iad a tairgeadh le haghaidh idirbhirt; ní bheidh an tréimhse níos faide ná 18 mí ón dáta a leagadh síos é go dtí an eisíocaíocht chríochnaitheach.

Samhail Comhshóite le haghaidh Préimhrátaí: samhail arna comhaontú ag na Rannpháirtithe agus arna cur ar fáil dóibh, a bheidh le húsáid chun críche na Tuisceana Earnála seo chun préimhrátaí láithreacha a chomhshó ina raonta difríochta agus *vice versa*, arb é 4,6 % an ráta úis agus an ráta lascaine a úsáidfear; déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar an ráta sin go tráthrialta.

Réamhfhógra: fógra a dhéantar 10 lá féilire ar a laghad sula n-eisítear aon ghealltanas, agus an fhoirm tuairiscithe a leagtar amach i bhFoscríbhinn IV á húsáid.

Cumhdach Foirfe: Tacaíocht oifigiúil arna soláthar ag rialtas, nó thar ceann rialtais, trí bhíthin ráthaíocht creidmheasa onnmhairiúcháin, nó trí árachas amháin, i.e. nach dtairbhíonn de thacaíocht maoiniúcháin oifigiúil.

Téarma Aisíocaíochta: an tréimhse dar tús Túsphointe an Chreidmheasa agus dar críoch dáta conarthach aisíocaíocht chríochnaitheach an bhunairgid.

Idirbheart Flaithiúnais: idirbheart a chomhlíonann an tuairisc a leagtar amach in Airteagal 56 b) d'Fhoscríbhinn II.

Túsphointe an Chreidmheasa: maidir le díol aerárthaí lena n-áirítear héileacaptair, innill agus páirteanna spártha, ar a dhéanaí, an dáta iarbhír a ghlacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar na hearraí, nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar na hearraí. maidir le seirbhísí, is é an túsphointe is deireanaí don chreidmheas ná an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis an tseirbhís.

Ráta Babhtála: ráta seasta atá cothrom leis an ráta leathbhliantúil chun fiachas ar ráta comhlúthach a bhabhtáil go mbeidh sé ina fhiachas ar ráta seasta (Taobh na tairisceana), a dhéantar a phostáil ar aon soláthraí innéacs margaidh neamhspleách, amhail Telerate, Bloomberg, Reuters, nó a choibhéis, 11.00 a.m. am Nua Eabhrac, 2 lá gnó roimh dháta tarraingthe anuas na hiasachta.

Meánré Ualaithe: an t-achar a ghlacann sé leath de bhunairgead creidmheasa a íoc ar ais; déantar é seo a ríomh mar shuim ama (i mblianta) idir túsphointe an chreidmheasa agus gach aisíocaíocht den bhunairgead arna ualú leis an gcion den bhunairgead a íoctar ar ais ag gach dáta aisíocaíochta.

IARSCRÍBHINN IV

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LE CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN LE hAGHAIDH FUINNEAMH INATHNUAITE, AN MHAOLAITHE AR AN ATHRÚ AERÁIDE AGUS AN OIRIÚNAITHE DON ATHRÚ SIN, AGUS TIONSCADAIL UISCE

Is é cuspóir na Tuisceana Earnála seo téarmaí agus coinníollacha airgeadais oiriúnacha a sholáthar do thionscadail in earnálacha roghnaithe arna sainaithint, lena n-áirítear faoi thionscnaimh idirnáisiúnta mar thionscadail a rannchuidíonn go suntasach le maolú ar an athrú aeráide, lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite, astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú agus tionscadail lena mbaineann ardéifeachtúlacht fuinnimh, oiriúnú don athrú aeráide, mar aon le tionscadail uisce. Comhaontaíonn na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo maidir le téarmaí agus coinníollacha airgeadais na Tuisceana Earnála, lena gcomhlánaítear an Socrú, go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le Cuspóir an tSocraithe.

CAIBIDIL I

Raon feidhme na tuisceana earnála

1. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM MAIDIR LE TIONSCADAIL IN EARNÁLACHA FUINNIMH INATHNUAITE INCHÁILITHE A GHABHANN LE FOSCRÍBHINN I

   a) Leis an Tuiscint Earnála seo, leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí sna hearnálacha incháilithe a liostaítear i bhFoscríbhinn I den Tuiscint Earnála seo maidir leis an méid seo a leanas:

      1. Onnmhairiú gléasraí fuinneamh inathnuaite nó codanna díobh, lena gcuimsítear na comhpháirteanna, an trealamh, na hábhair agus na seirbhísí uile (lena n-áirítear oiliúint ar an bpearsanra) atá ag teastáil go díreach chun gléasraí den sórt sin a thógáil agus a choimisiúnú.

      2. Nuachóiriú ar ghléasraí fuinneamh inathnuaite atá ann cheana i gcásanna inar dócha go gcuirfear síneadh le ré eacnamaíoch an ghléasra, síneadh a bheidh cothrom le tréimhse na haisíocaíochta atá le tabhairt ar a laghad. Mura gcomhlíontar an critéar sin, beidh feidhm ag téarmaí an tSocraithe.

   b) Níl feidhm ag an Tuiscint Earnála seo maidir le míreanna atá lonnaithe lasmuigh de theorainn láithreán an ghléasra cumhachta infheidhme ar míreanna iad a mbíonn an ceannaitheoir freagrach astu de ghnáth, go háirithe, soláthar uisce nach bhfuil nasctha go díreach leis an ngléasra táirgeachta uisce, costais atá bainteach le forbairt talún, bóithre, sráidbhailte foirgníochta, línte cumhachta agus lasc-chlós, mar aon le costais a eascraíonn as nósanna imeachta um fhaomhadh oifigiúil (e.g. ceadanna láithreáin, cead foirgníochta) i dtír an cheannaitheora, ach amháin:

      1. I gcásanna inarb ionann ceannaitheoir an lasc-chlóis agus ceannaitheoir an ghléasra cumhachta, agus ina dtabharfar an conradh i gcrích i ndáil leis an lasc-chlós bunaidh le haghaidh an ghléasra cumhachta sin, ní bheidh na téarmaí agus coinníollacha le haghaidh an lasc-chlóis bunaidh níos mó ná na téarmaí agus coinníollacha sin le haghaidh ghléasra cumhachta fuinneamh inathnuaite; agus

      2. Maidir leis na téarmaí agus coinníollacha le haghaidh fostáisiún, claochladán agus línte tarchuir ag a bhfuil tairseach íosta voltais de 60 kV agus atá lonnaithe lasmuigh de theorainn láithreán an ghléasra cumhachta fuinneamh inathnuaite, ní bheidh siad níos flaithiúla ná na téarmaí agus coinníollacha sin le haghaidh an ghléasra cumhachta fuinneamh inathnuaite.

2. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM MAIDIR LE TIONSCADAIL IN EARNÁLACHA INCHÁILITHE AN MHAOLAITHE AR AN ATHRÚ AERÁIDE A GHABHANN LE FOSCRÍBHINN II

   a) Leis an Tuiscint Earnála seo, leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí in earnáil a liostaítear i bhFoscríbhinn II den Tuiscint Earnála. Maidir le liosta sin na n-earnálacha agus, i gcás inarb infheidhme, leis na critéir chomhfhreagracha i dtaca le feidhmíocht atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus a úsáidtear chun incháilitheacht tionscadail a shainiú, féadfar an liosta agus na critéir sin a mhodhnú le himeacht ama i gcomhréir le forálacha an athbhreithnithe a leagtar amach in Airteagal 10 den Tuiscint Earnála seo.

   b) Bainfidh na conarthaí sin le honnmhairiú tionscadal iomlán nó codanna díobh, ina mbeidh na comhpháirteanna, an trealamh, na hábhair agus na seirbhísí go léir (lena n-áirítear oiliúint ar phearsanra) a theastaíonn go díreach chun tionscadal inaitheanta a chur i gcrích agus a choimisiúnú, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

      1. Ba cheart a bheith mar thoradh ar an tionscadal astaíochtaí a bheidh ina n-astaíochtaí ísealcharbóin nó gan carbón ar bith, nó coibhéis CO_2 íseal nó nialasach, agus/nó ardéifeachtúlacht fuinnimh;

      2. Ba cheart an tionscadal a dhearadh chun go gcomhlíonfar, ar a laghad, na caighdeáin feidhmíochta a leagtar amach i bhFoscríbhinn II; agus

      3. Na téarmaí agus na coinníollacha a chuirfear ar fáil, ní leathnófar iad ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar na míbhuntáistí airgeadais sonracha a thagann aníos i dtionscadal, agus bunófar na téarmaí agus na coinníollacha sin ar na riachtanais airgeadais aonair agus ar na dálaí margaidh sonracha le haghaidh gach tionscadail.

3. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM MAIDIR LE TIONSCADAIL INCHÁILITHE UM OIRIÚNÚ A GHABHANN LE FOSCRÍBHINN III

a) Leis an Tuiscint Earnála seo, leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí le haghaidh tionscadail a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i bhFoscríbhinn III den Tuiscint Earnála seo.

b) Bainfidh na conarthaí sin le honnmhairiú tionscadal iomlán nó codanna díobh, ina mbeidh na comhpháirteanna, an trealamh, na hábhair agus na seirbhísí go léir (lena n-áirítear oiliúint an phearsanra) a theastaíonn go díreach chun tionscadal inaitheanta a chur i gcrích agus a choimisiúnú, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

1. Comhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn III;

2. Na téarmaí agus na coinníollacha a chuirfear ar fáil, ní leathnófar iad ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar na míbhuntáistí airgeadais sonracha a thagann aníos i dtionscadal, agus bunófar na téarmaí agus na coinníollacha sin ar na riachtanais airgeadais aonair agus ar na dálaí margaidh sonracha le haghaidh gach tionscadail.

c) Baineann an Tuiscint Earnála seo le nuachóiriú a dhéanamh ar na tionscadail atá ann cheana chun ábhair imní maidir le hoiriúnú a chur san áireamh, i gcásanna ina gcuirfear síneadh le ré eacnamaíoch an tionscadail, síneadh ar dócha go mbainfidh sí ar a laghad le tréimhse na haisíocaíochta atá le tabhairt. Mura gcomhlíontar an critéar sin, beidh feidhm ag téarmaí an tSocraithe.

4. RAON FEIDHME MAIDIR LE TIONSCADAIL UISCE

Leis an Tuiscint Earnála seo, leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí chun tionscadail chríochnaithe nó codanna díobh a onnmhairiú, ar tionscadail nó codanna iad a bhaineann le soláthar an uisce lena úsáid ag an duine agus le saoráidí cóireála fuíolluisce:

a) An bonneagar chun uisce óil a sholáthar chuig bardasachtaí, lena n-áirítear chuig teaghlaigh agus gnólachtaí beaga, i.e. íonghlanadh an uisce chun uisce óil a fháil agus an líonra dáileacháin (lena n-áirítear sceitheadh a rialú).

b) Saoráidí bailithe agus cóireála fuíolluisce, i.e. fuíolluisce agus séarachas ó theaghaisí agus ó thionscail a bhailiú agus a chóireáil, lena n-áirítear próisis chun uisce a athúsáid nó a athchúrsáil agus cóireáil ar an sloda a bhfuil baint dhíreach aige leis na gníomhaíochtaí sin.

c) Nuachóiriú ar shaoráidí den sórt sin i gcásanna inar dócha go gcuirfear síneadh le ré eacnamaíoch an ghléasra, síneadh a bheidh cothrom le tréimhse na haisíocaíochta atá le tabhairt ar a laghad. Mura gcomhlíontar an critéar sin, beidh feidhm ag forálacha an tSocraithe.

CAIBIDIL II

Forálacha maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin

5. TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA

a) I gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí sna hearnálacha a liostaítear i bhFoscríbhinn I, agus le haghaidh tionscadail uisce a shainítear in Airteagal 4 den Tuiscint Earnála seo, is é 18 mbliana an téarma uasta aisíocaíochta.

b) I gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhaineann le conarthaí ar luach CTS 10 milliún ar a laghad sna haicmí tionscadail a liostaítear i bhFoscríbhinn II, leagtar amach an téarma uasta aisíocaíochta mar a leanas:

1. I gcás conarthaí in Aicme Tionscadail A: 18 mbliana.

2. I gcás conarthaí in Aicme Tionscadail B agus in Aicme Tionscadail C: 15 bliana.

c) I gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhaineann le conarthaí ar luach is lú ná CTS 10 milliún sna haicmí tionscadail a liostaítear i bhFoscríbhinn II, leagtar amach an téarma uasta aisíocaíochta mar a leanas:

1. I gcás tíortha Chatagóir I mar a shainmhínítear in Airteagal 11 den Socrú, 5 bliana is ea an téarma uasta aisíocaíochta, agus an fhéidearthacht ann téarma suas le 8 mbliana go leith a chomhaontú i gcás ina leanfar na nósanna imeachta maidir le fógra roimh ré a leagtar amach in Airteagal 7 den Tuiscint Earnála seo.

2. Maidir le tíortha de Chatagóir II, 10 mbliana is ea an téarma uasta aisíocaíochta.

3. D'ainneoin fhomhíreanna 1) agus 2) thuas, i gcás gléasraí cumhachta neamhnúicléiche mar a shainmhínítear in Airteagal 14 den Socrú, 12 bhliain is ea an téarma uasta aisíocaíochta.

d) I gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhaineann le conarthaí ar luach CTS 10 milliún ar a laghad le haghaidh tionscadail arna dtacú i gcomhréir le Foscríbhinn III, 15 bliana is ea an téarma uasta aisíocaíochta.

6. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS ÍOCAÍOCHT AN ÚIS

a) Déanfaidh na Rannpháirtithe próifíl d'aisíocaíocht an bhunairgid agus d'íocaíocht an úis a chur i bhfeidhm mar a shonraítear i bhfomhír 1) nó 2) thíos:

1. Déanfar aisíoc an bhunairgid ina tráthchodanna cothroma.

2. Déanfar aisíoc an bhunairgid agus íoc an úis in éineacht i dtráthchodanna cothroma.

b) Déanfar an bunairgead a aisíoc agus déanfar an t-ús a íoc ar a laghad gach 6 mhí agus déanfar an chéad tráthchuid den bhunairgead agus ús tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

c) Ar bhonn eisceachtúil agus cuí-réasúnaithe, féadfar tacaíocht oifigiúil a sholáthar ar théarmaí eile seachas na téarmaí sin a leagtar amach i míreanna a) agus b) thuas. Is éard a bheidh de mhíniú ar sholáthar tacaíochta den sórt sin, gur ann d'éagothromaíocht idir tráthú na gcistí atá ar fáil don fhéichiúnaí agus an phróifíl seirbhíse féich a bheidh ar fáil faoi sceideal aisíocaíochta comhionann, leathbhliantúil, agus comhlíonfar na critéir seo a leanas:

1. Ní rachaidh aon aisíocaíocht aonair den bhunairgead ná aon sraith d'íocaíochtaí an bhunairgid laistigh de thréimhse 6 mhí thar 25 % de bhunsuim an chreidmheasa.

2. déanfar an bunairgead a aisíoc le minicíocht nach mó ná gach 12 mhí. Déanfar an chéad aisíocaíocht den bhunairgead tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis thúsphointe an chreidmheasa agus beidh 2 %, ar a laghad, de bhunsuim an chreidmheasa aisíoctha 18 mí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

3. Déanfar an t-ús a íoc le minice nach mó ná gach 12 mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis ag tráth nach déanaí ná gach 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

4. Ní rachaidh meánré ualaithe uasta na tréimhse aisíocaíochta thar 60 % den aibíocht uasta a bheidh ar fáil.

d) Ní dhéanfar caipitliú ar ús a bheidh dlite tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

CAIBIDIL III

Nósanna imeachta

7. RÉAMHFHÓGRA

a) Rannpháirtí atá ag beartú tacaíocht a sholáthar i gcomhréir le forálacha na Tuisceana Earnála seo, tabharfaidh sé fógra 10 lá féilire ar a laghad roimh ré sula n-eiseoidh sé aon ghealltanas, i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

1. Airteagal 46 den Socrú más rud é go gcuirfear síneadh leis an tacaíocht de bhun Airteagal 1, 2 nó 4 den Tuiscint Earnála seo;

2. Airteagal 45 den Socrú más rud é go gcuirfear síneadh leis an tacaíocht de bhun Airteagal 3 den Tuiscint Earnála seo.

b) I gcás tionscadail atá sna hAicmí Tionscadail a liostaítear i bhFoscríbhinn II den Tuiscint Earnála seo, áireofar le fógraí den sórt sin tuairisc fheabhsaithe ar an tionscadal chun an bealach a chomhlíonann an tionscadal na critéir le haghaidh tacaíochta a léiriú, mar a leagtar amach in Airteagal 2 b) den Tuiscint Earnála seo.

c) I gcás tionscadail arna dtacú i gcomhréir le Foscríbhinn III den Tuiscint Earnála seo, áireofar le fógra den sórt sin:

1. Tuairisc fheabhsaithe ar an tionscadal chun an bealach a chomhlíonann an tionscadal na critéir le haghaidh tacaíochta a léiriú, mar a leagtar amach in Airteagal 3 b) den Tuiscint Earnála seo, agus

2. Rochtain ar thoradh an athbhreithnithe tríú páirtí neamhspleách a cheanglaítear i bhFoscríbhinn III.

d) D'ainneoin mhír a) 1) thuas, más rud é go bhfuil an Rannpháirtí a thugann fógra ag beartú tacaíocht a sholáthar lena mbainfidh téarma aisíocaíochta is faide ná 15 bliana agus/nó i gcomhréir le hAirteagal 6 c) den Tuiscint Earnála seo, tabharfaidh sé fógra 10 lá féilire ar a laghad roimh ré sula n-eiseoidh sé aon ghealltanas i gcomhréir le hAirteagal 45 den Socrú.

e) Cuirfidh Rannpháirtí na Rannpháirtithe eile go léir ar an eolas maidir lena chinneadh deiridh tar éis plé a bheith ann chun an t-athbhreithniú ar an gcorpas taithí a éascú.

CAIBIDIL IV

Faireachán agus athbhreithniú

8. OBAIR A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Comhaontaíonn na Rannpháirtithe na saincheisteanna seo a leanas a scrúdú:

a) Préimheanna riosca arna gcoigeartú de réir téarma.

b) Coinníollacha le haghaidh gléasraí cumhachta de bhreoslaí iontaise lena mbaineann astaíochtaí ísle/ardéifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear ullmhacht maidir le CCUS a shainiú.

c) Foirgnimh ag a bhfuil glanúsáid nialasach fuinnimh.

d) Tionscadail breosla-cheall.

9. FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

a) Tuairisceoidh an Rúnaíocht ar chur chun feidhme na Tuisceana Earnála seo go bliantúil.

b) Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú go tráthrialta ar raon feidhme agus ar fhorálacha eile na Tuisceana Earnála seo agus faoi dheireadh 2020 ar a dhéanaí.

c) Déanfar athbhreithniú go tráthrialta ar Fhoscríbhinn II den Tuiscint Earnála seo, lena n-áirítear arna iarraidh sin do Rannpháirtí, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar cé acu ar cheart nó nár cheart cur le haon Aicme agus/nó le haon Chineál Tionscadail nó baint díobh, nó ar cé acu ar cheart nó nár cheart aon tairseach a athrú, san Fhoscríbhinn sin. Maidir le tograí le haghaidh Aicmí agus/nó Cineálacha nua Tionscadail, tacófar leo le faisnéis ar an mbealach ar cheart na critéir a leagtar amach in Airteagal 2 b) a chomhlíonadh le tionscadail laistigh den Chineál/Aicme sin, agus leanfaidh na tograí an mhodheolaíocht a leagtar amach i bhFoscríbhinn IV den Tuiscint Earnála seo.

d) Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar Fhoscríbhinn III den Chomhaontú Earnála seo faoi dheireadh 2020, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar na tionscnaimh idirnáisiúnta a bhaineann le hoiriúnú, le dálaí margaidh, agus leis an gcorpas taithí a fuarthas ón bpróiseas um fhógra a thabhairt chun a chinneadh ar cheart leanúint de na sainmhínithe, na critéir thionscadail, na téarmaí agus na coinníollacha nó ar cheart iad a leasú.

e) Tar éis an 31 Nollaig 2027, scoirfear de na téarmaí agus de na coinníollacha a bhaineann le Foscríbhinn III mura gcomhaontaíonn na Rannpháirtithe a mhalairt.

Foscríbhinn I

Earnálacha fuinneamh inathnuaite

Beidh na hearnálacha fuinneamh inathnuaite seo a leanas incháilithe do na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a leagtar amach sa Tuiscint Earnála seo ar an gcoinníoll go dtabharfar aghaidh ar a dtionchair i gcomhréir le Moladh 2012 ón gComhairle maidir le Cineálacha Coiteanna Cur Chuige i leith Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil agus Dícheall Cuí ó thaobh an Chomhshaoil agus Cúrsaí Sóisialta de [1] (arna leasú dá éis sin ag Comhaltaí Mheitheal ECFE um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin agus um Ráthaíocht Creidmheasa (ECG) agus arna ghlacadh ag Comhairle ECFE):

a) Fuinneamh gaoithe [2].

b) Fuinneamh geoiteirmeach.

c) Cumhacht taoide agus srutha taoide.

d) Cumhacht na dtonnta.

e) Cumhacht osmóiseach.

f) Cumhacht ghrianfhótavoltach.

g) Grianfhuinneamh teirmeach.

h) Aigéanfhuinneamh teirmeach.

i) Bithfhuinneamh: gach gás, fuinneamh nó breosla inbhuanaithe ar gás líonadh talún, gás ó ghléasra cóireála séarachais, fuinneamh bithgháis nó breosla é a dhíorthaítear de shuiteálacha fuinnimh bithmhaise. Ciallóidh 'bithmhais' an cion in-bhithdhíghrádaithe de tháirgí, de dhramhaíl agus d'iarmhair ón talmhaíocht (lena n-áirítear substaintí glasraíocha agus ainmhíocha), ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, chomh maith leis an gcion in-bhithdhíghrádaithe de dhramhaíl tionsclaíochta agus chathrach.

j) Hidreachumhacht.

k) An éifeachtúlacht fuinnimh i dtionscadail Fuinneamh Inathnuaite.

---

[1] Tuigtear go bhfuil feidhm ag Moladh ECFE 2012 chomh maith céanna maidir le tionscadail nach bhfuil incháilithe le haghaidh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha airgeadais seo.

[2] Is é 12 bhliain a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta le haghaidh rigí inardaitheacha a úsáidtear i suiteáil tuirbíní gaoithe.

Foscríbhinn II

Earnálacha an mhaolaithe ar an athrú aeráide

AICME TIONSCAD-AIL	SAINMHÍNIÚ	RÉASÚNAÍOCHT	CAIGHDEÁIN A ÚSÁIDTEAR	TÉARMAÍ AISÍOCAÍOCHTA
Aicme Tionscadail A: Gabháil, Úsáid agus Stóráil Carbóin				
CINEÁL 1: Gléasraí Cumhachta Breosla Iontaise ag a bhfuil Gabháil, Úsáid agus Stóráil Carbóin Oibríochtúil (CCUS)	Próiseas lena gcuimsítear an sruth CO_2 a scaradh ó na hastaíochtaí a tháirgeann foinsí giniúna breosla iontaise, é a iompar chuig láithreán stórála chun stóráil gheolaíoch bhuan a dhéanamh ar CO_2 agus déanamh amhlaidh ar bhealach atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, nó chun é a úsáid mar ionchur nó mar bhunábhar chun táirgí nó seirbhísí a chruthú.	Chun leibhéil ísle astaíochta carbóin a bhaint amach le haghaidh foinsí cumhachta breosla iontaise.	Ó thaobh na déine carbóin de, sroichfear leibhéal a bheidh cothrom le 350 tonna méadrach CO_2 in aghaidh GWh á scaoileadh amach san atmaisféar ([1]); Nó I gcás gach tionscadal, ráta gabhála agus stórála lena ndéanfaí laghdú 65 % nó níos mó ar astaíochtaí carbóin an ghléasra; Nó Maidir leis an ráta gabhála, ní mór 85 % de CO_2 arna astú ag an trealamh a ghabháil i gcás trealamh a áirítear san iarratas ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. Tá feidhm le bheith ag ráta 85 % agus gnáthdhálaí oibriúcháin i gceist.	18 mbliana
Aicme Tionscadail A: Gabháil, Úsáid agus Stóráil Carbóin				
CINEÁL 2: Tionscadail CCUS den sórt sin	Próiseas lena gcuimsítear CO_2 a scaradh ó fhoinsí tionsclaíocha nó giniúna fuinnimh, é a iompar chuig láithreán stórála chun stóráil gheolaíoch bhuan a dhéanamh ar CO_2 agus déanamh amhlaidh ar bhealach atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, nó chun é a úsáid mar ionchur nó mar bhunábhar chun táirgí nó seirbhísí a chruthú.	Chun laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin ó fhoinsí atá ann cheana.	I gcás gach tionscadail, ráta gabhála agus stórála lena ndéanfaí laghdú 65 % nó níos mó ar na hastaíochtaí carbóin tionsclaíocha nó giniúna cumhachta; Nó Maidir leis an ráta gabhála, ní mór 85 % de CO_2 arna astú ag an trealamh a ghabháil i gcás trealamh a áirítear san iarratas ar chreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil. Tá feidhm le bheith ag ráta 85 % agus gnáthdhálaí oibriúcháin i gceist.	18 mbliana

([1]) I gcás gléasra a bhreoslaítear le gás nádúrtha, tá coinne leis go mbainfear déine carbóin amach a bheidh cuid mhaith níos ísle.

AICME TIONSCAD-AIL	SAINMHÍNIÚ	RÉASÚNAÍOCHT	CAIGHDEÁIN A ÚSÁIDTEAR	TÉARMAÍ AISÍOCAÍOCHTA
Aicme Tionscadail B: Breosla Iontaise á Ionadú				
CINEÁL 1: Aisghabháil Fuinnimh	Aonad atá tiomanta chun fuinneamh a ghiniúint leis an gcóireáil theirmeach (lena n-áirítear gásúchán) ar dhramhaíl sholadach ó shruthanna measctha.	Chun astaíochta GCT a fhritháireamh ar astaíochtaí iad a eascraíonn as úsáid na cumhachta coinbhinsiúnta agus trí laghdú a dhéanamh ar GCT amach anseo amhail meatán a d'eascródh as an dramhaíl de ghnáth.	I gcás timthriall gaile, éifeachtúlacht tiontaithe fuinnimh 75 % ag coire (nó gineadóir gaile) ar a laghad bunaithe ar luach téimh íochtarach (LHV) ([2]). I gcás an ghásúcháin, éifeachtúlacht ghásdéantóra de 65 % LHV ar a laghad ([3]).	15 bliana
Aicme Tionscadail B: Breosla Iontaise á Ionadú				
CINEÁL 2: Gléasraí Cumhachta Hibridí	Gléasra cumhachta a ghineann cumhacht leictreach ó fhoinse inathnuaite fuinnimh agus ó fhoinse breosla iontaise araon.	Chun an ceanglas maidir le hinfhaighteacht an ghléasra a chomhlíonadh, is gá foinse giniúna breosla iontaise le haghaidh na dtréimhsí sin nach mbíonn fáil ar chumhacht ón bhfoinse inathnuaite fuinnimh nó nach leor an chumhacht sin. Leis an bhfoinse bhreosla iontaise, cumasaítear fuinneamh inathnuaite a úsáid sa ghléasra hibrideach, rud lena mbaintear laghdú suntasach ar charbón amach i gcomparáid le gléasra breosla iontaise caighdeánach.	Samhail 1: Dhá fhoinse ghiniúna ar leithligh: aon fhoinse amháin bunaithe ar an bhFuinneamh Inathnuaite agus aon fhoinse amháin bunaithe ar bhreosla iontaise. Déanfar an tionscadal a dhearadh ar bhealach lena dtionscnófar 50 % ar a laghad dá aschur fuinnimh iomlán arna réamh-mheas ar bhonn bliantúil as foinse inathnuaite fuinnimh an ghléasra. Samhail 2: Aon fhoinse ghiniúna amháin lena n-úsáidtear an teaglaim d'fhuinneamh inathnuaite agus de bhreosla iontaise. Déanfar an tionscadal a dhearadh ar bhealach lena ndíorthófar 75 % ar a laghad den fhuinneamh úsáideach a tháirgtear ón bhfoinse inathnuaite fuinnimh.	15 bliana

([2]) An éifeachtúlacht tiontaithe fuinnimh ag coire (nó gineadóir gaile) = (Glanmhéid teasa arna onnmhairiú ag an ngail/teas/nó luach calrach [LHV] arna sholáthar ag an teas) (× 100 %).

([3]) Éifeachtúlacht an ghásdéantóra = (Luach calrach an gháis in aghaidh kg de bhreosla a úsáidtear/meán-ghlanluach calrach (LHV) de 1 kg de bhreosla) (× 100 %).

AICME TIONSCADAIL	SAINMHÍNIÚ	RÉASÚNAÍOCHT	CAIGHDEÁIN A ÚSÁIDTEAR	TÉARMAÍ AISÍOCAÍOCHTA
Aicme Tionscadail C: Éifeachtúlacht Fuinnimh				
CINEÁL 1: Tionscadail Comhghiniúna Cumhachta & Teasa	Ilchineálacha fuinnimh a ghiniúint go comhuaineach (fuinneamh leictreach, meicniúil agus teirmeach) in aon chóras comhtháite amháin. Áireofar le haschur ghléasra CHP fuinneamh leictreach nó meicniúil agus teas lena úsáid ar bhonn tráchtála, tionscail agus/nó cónaithe.	Suas le dhá thrian den fhuinneamh príomhúil a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint i ngléasraí cumhachta teirmí traidisiúnta, caillteart i bhfoirm an teasa é. Is féidir le comhghiniúint cumhachta agus teasa (CHP) a bheith ina rogha éifeachtach chun GCT a mhaolú. Bíonn CHP indéanta i gcás gach innill teasa agus breosla (lena n-áirítear bithmhais agus grianfhuinneamh teirmeach) idir innill nach mbaineann ach ráta de bheagán kW leo agus ghléasraí cumhachta comhdhlúthúcháin ghaile lena mbaineann 1 000 MW ([4]).	Éifeachtúlacht fhoriomlán de 75 % ar a laghad bunaithe ar luach téimh íochtarach (LHV) ([5]).	15 bliana
Aicme Tionscadail C: Éifeachtúlacht Fuinnimh				
CINEÁL 2: Téamh agus fuarú ceantair	Líonra lena n-iompraítear/lena ndáiltear fuinneamh teirmeach ón aonad táirgthe fuinnimh go dtí an úsáid deiridh.	Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht théamh na gceantar trí líonraí píobánra a thógáil le haghaidh gaile agus/nó uisce te ag a mbeidh éifeachtúlacht theirmeach shubstaintiúil, trí chaillteanais ó phíobánra agus ó thiontairí araon a íoslaghdú, agus tríd an méid úsáide a bhaintear as dramhtheas a mhéadú. Is éard is córas fuaraithe ceantair ann teicneolaíocht chomhtháiteach lenar féidir rannchuidiú go suntasach le hastaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus truaillithe aeir a laghdú agus leis an tslándáil fuinnimh a mhéadú e.g. *via* aerchóiritheoirí aonair a ionadú.	Beidh seoltacht theirmeach phíobánra ceantair níos lú ná 80 % den tseoltacht theirmeach ábhartha a cheanglaítear le caighdeán Eorpach EN253:2009 (a bhfuil athbhreithniú le déanamh air agus an caighdeán sin á nuashonrú).	15 bliana

([4]) An Ceathrú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide: An tAthrú Aeráide, 2007, (https://www.ipcc.ch/publications_and_data/ar4/wg3/en/ch4s4-3-5.html)

([5]) Éifeachtúlacht iomlán an chórais (η_o) ag córas CHP, sin é suim an ghlanaschuir cumhachta úsáidigh (W_E) agus na nglanaschur teirmeach úsáideach (ΣQ_{TH}) arna roinnt ar ionchur iomlán an bhreosla (Q_{FUEL}), mar a thaispeántar thíos:

$$\eta_o = \frac{W_E + \Sigma Q_{TH}}{Q_{FUEL}}$$

AICME TIONSCADAIL	SAINMHÍNIÚ	RÉASÚNAÍOCHT	CAIGHDEÁIN A ÚSÁIDTEAR	TÉARMAÍ AISÍOCAÍOCHTA
Aicme Tionscadail C: Éifeachtúlacht Fuinnimh				
CINEÁL 3: Eangacha Cliste	Líonraí leictreachais comhtháite, atá iontach forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de, ag a bhfuil cumais dhinimiciúla fheabhsaithe chun faireachán a dhéanamh ar ionchur agus ar aschur na gcomhpháirteanna teicniúla uile dá gcuid agus iad a rialú (amhail giniúint na cumhachta, Réitigh Bainistíochta Líonra, tiontairí agus córais ag a bhfuil Sruth Díreach Ardvoltais (HVDC), Córais Sholúbtha Tarchurtha Srutha Ailtéarnaigh (FACTS), Córais Cumhachta Speisialta (SPS), tarchur, dáileadh, stóráil, Réitigh Leictreonaice mar chuid de Chumhacht Eangaí Cliste, tomhaltas a laghdú, méadrú, acmhainní fuinnimh a dháileadh). ICT de réir caighdeán tionsclaíoch a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta amhail NIST-SGIP agus ETSI-CEN-Cenelec.	Chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí líonra, oibreoirí na gcóras tarchurtha agus dáileacháin, úsáideoirí eangaí, úinéirí stórála, oibreoirí méadrúcháin, feidhmchláir agus soláthraithe seirbhíse nó oibreoirí na n-ardán malartaithe cumhachta chun córais chumhachta a chruthú a bheidh inbhuanaithe, cothromaithe, tíosach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ag a mbeidh leibhéil laghdaithe de chaillteanais tarchurtha agus leibhéil bharrfheabhsaithe de cháilíocht soláthair, cobhsaíocht eangaí, iontaofacht, bailiú cumhachta inathnuaite agus costéifeachtúlacht trí thacaíocht do chonarthaí soláthair lena mbaineann onnmhairiú teicneolaíochtaí agus seirbhísí go príomha ar teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálacha iad atá ar thús cadhnaíochta.	Comhlíonfar caighdeáin 1, 2 (a nó b) agus 3. 1. Áirítear le costas iomlán an tionscadail 20 % ar a laghad le haghaidh uasghráduithe incháilithe teicneolaíochta cumarsáide agus faisnéise (ITC). 2a. Beidh laghdú measta de 10 % ar a laghad ar mhéid na n-astaíochtaí CO_2 as breosla iontaise mar thoradh ar an tionscadal nó ar an bhfeidhmchlár, nó 2b. Beifear in ann laghduithe suntasacha ar astaíochtaí CO_2 a léiriú i ngeall ar an méid a chumasaítear trí cheachtar den dá chur chuige seo a leanas: — laghduithe de 5 % ar a laghad ar chaillteanais fuinnimh laistigh den eangach leictreachais a bhfreastalaíonn feidhmchlár nó tionscadail na hEangaí Cliste air; nó — laghduithe de 5 % ar a laghad ar an tomhaltas leictreachais comhiomlán de réir ualaí a bhfreastalaíonn an feidhmchlár nó tionscadal Eangaí Cliste air; nó — soláthar eadrannach fuinneamh inathnuaite, lena n-áirítear ó leibhéil voltais fo-ordaithe, arb é 10 % breise ar a laghad é den fhuinneamh iomlán a sholáthraítear don eangach i gcás ina gcuirfear na teicneolaíochtaí eangaí cliste i bhfeidhm. 3. Roimh údarú, déanfaidh tríú páirtí cáilithe, neamhspleách athbhreithniú ar an tionscadal agus ullmhóidh tuarascáil lena dtabharfar tuairisc ar shaintréithe an fheidhmchláir nó an tionscadail Eangaí Cliste atá beartaithe agus lena bhfíoróidh cé acu a chomhlíonfaidh an tionscadal nó an feidhmchlár caighdeáin 1 agus 2 (a nó b) nó nach gcomhlíonfaidh. I gcás tionscadail a úsáideann caighdeáin 2b, áireofar sa tuarascáil laghduithe measta ar astaíochtaí CO_2 arna gcumasú leis an tionscadal. Comhroinnfear an tuarascáil sin le Rannpháirtithe sula n-údarófar aon tacaíocht airgeadais agus beidh an t-údarú coinníollach ar fhíorú dearfach leis an tuarascáil go gcomhlíonfar caighdeáin 1 agus 2 (a nó b) leis an bhfeidhmchláir nó leis an tionscadal Eangaí Cliste atá beartaithe. Déanfar caighdeáin a thomhas trí na hastaíochtaí measta nó an úsáid fuinnimh mheasta ó Limistéar ar a bhFreastalaíonn an Eangach a chur i gcomparáid más rud é go gcuirfear na teicneolaíochtaí Eangaí Cliste atá beartaithe i bhfeidhm maidir le hastaíochtaí nó le húsáid fuinnimh an limistéir chéanna sin más rud é nár cuireadh na teicneolaíochtaí Eangaí Cliste i bhfeidhm.	15 bliana

Foscríbhinn III

Critéir incháilitheachta maidir le tionscadail i ndáil leis an oiriúnú don athrú aeráide

Tá tionscadal incháilithe do na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais a leagtar amach sa Tuiscint Earnála seo más rud é gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

a) Is é an t-oiriúnú don athrú aeráide príomhchuspóir an tionscadail, agus tugtar le fios agus mínítear go sainráite gurb amhlaidh an cás i bplean an tionscadail agus sna doiciméid tacaíochta, mar ghné bhunúsach de dhearadh an tionscadail.

b) Áireofar i dtogra an tionscadail sainaithint rioscaí agus na leochaileachtaí sonracha agus ábhartha a bhaineann leis an athrú aeráide agus anailís orthu, mar aon leis an mbealach lena dtabharfar aghaidh go díreach orthu leis na bearta nó leis na teicneolaíochtaí atá beartaithe.

c) Déanann tríú páirtí neamhspleách athbhreithniú ar an tionscadal, ar leithligh nó mar dhlúthchuid de phlean an tionscadail, ar athbhreithniú é a chuirtear ar fáil go poiblí, amhail foilsiú an athbhreithnithe ar shuíomh gréasáin an údaráis náisiúnta. San athbhreithniú sin, déanfar meastóireacht ar na rioscaí agus na leochaileachtaí sonracha agus ábhartha a bhaineann leis an athrú aeráide agus ar an gcaoi a dtabharfaidh na bearta atá molta sa tionscadal aghaidh orthu go díreach.

d) Maireann saolré ionchais an tionscadail níos faide ná 15 bliana.

Foscríbhinn IV

Modheolaíocht atá le húsáid agus incháilitheacht na n-earnálacha a bhaineann le hairteagal 2 den tuiscint earnála seo

I gcás ina mbeifear ag beartú go gcuirfear an Aicme nó an Cineál Tionscadail sin le Foscríbhinn II den Tuiscint Earnála seo, soláthróidh Rannpháirtithe tuairisc mhionsonraithe ar an Aicme nó ar an gCineál Tionscadail atá beartaithe agus faisnéis ar an mbealach a chomhlíonann tionscadail den sórt sin na critéir a leagtar amach in Airteagal 2 b) den Tuiscint Earnála seo; áireofar ar an bhfaisnéis sin:

a) Meastóireacht ar rannchuidiú díreach ón Aicme nó ón gCineál Tionscadail leis an athrú aeráide a mhaolú, lena n-áirítear comparáid idir feidhmíocht na hearnála, bunaithe ar shonraí intomhaiste maidir le hastaíochtaí carbóin nó astaíochtaí coibhéiseacha CO_2 agus/nó maidir leis an ardéifeachtúlacht fuinnimh, le cineálacha cuir chuige coinbhinsiúnta agus cineálacha teicneolaíocha níos nuaí atá in úsáid; beidh an chomparáid sin, i ngach cás, bunaithe ar bhearta cainníochtúla, amhail laghdú ar astaíochtaí in aghaidh an aonaid a tháirgtear.

b) Tuairisc ar chaighdeáin feidhmíochta agus theicniúla na hearnála atá beartaithe agus a bhaineann leis an Aicme nó leis an gCineál Tionscadail, lena n-áirítear faisnéis faoi aon Teicníc ábhartha Is Fearr atá Ar Fáil cheana (BAT); más iomchuí, míneofar leis an tuairisc sin an bealach ar feabhsú é an teicneolaíocht ar an teicníc sin atá ann cheana.

c) Tuairisc ar na bacainní airgeadais san Aicme nó sa Chineál Tionscadail atá beartaithe, lena n-áirítear aon riachtanas airgeadais agus dálaí an mhargaidh, agus sainaithint na bhforálacha faoin Tuiscint Earnála seo lena bhfuil coinne go gcuirfear é ar a chumas do thionscadail den sórt sin dul ar aghaidh.

Foscríbhinn V

Liosta sainmhínithe

Limistéar ar a bhFreastalaíonn an Eangach: Córas de sholáthraithe agus de thomhaltóirí cumhachta sioncronaithe a nasctar le líne tarchurtha agus dáileacháin agus a bhíonn á oibriú ag lárionad rialaithe amháin nó níos mó.

Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil: de réir shainmhíniú Threoir 96/61/CE ó AE (Airteagal 2.11), ciallóidh 'Teicnící Is Fearr atá Ar Fáil' an chéim is éifeachtaí agus is mó dul chun cinn déanta ina leith maidir le forbairt na ngníomhaíochtaí agus a modhanna oibriúcháin, lena léirítear oiriúnacht phraiticiúil teicnící áirithe chun an bonn a sholáthar, i bprionsabal, maidir le teorainnluachanna astaíochtaí, ar teicnící iad a dheartar chun astaíochtaí a chosc, agus i gcás nach indéanta sin, a laghdú i gcoitinne mar aon leis an tionchar ar an gcomhshaol ar fad:

a) ciallaíonn 'teicnící' an teicneolaíocht a úsáidtear agus an bealach ina ndéantar an tsuiteáil a dhearadh, a thógáil, a chothabháil, a oibriú agus a dhíchoimisiúnú.

b) ciallaíonn 'na teicnící atá ar fáil' na teicnící sin a fhorbraítear ar scála lena gceadaítear cur chun feidhme san earnáil tionsclaíochta ábhartha, faoi dhálaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus go teicniúil, agus na costais agus na buntáistí á gcur san áireamh, cé acu atá nó nach bhfuil na teicnící sin á n-úsáid nó á dtáirgeadh sa Bhallstát i gceist, ar choinníoll go bhfuil siad inrochtana go réasúnta ag an oibreoir.

c) ciallaíonn 'is fearr' na cinn is éifeachtaí chun leibhéal ginearálta ard cosanta an chomhshaoil ina iomláine a ghnóthú.

Gáis cheaptha teasa: sainmhínítear gáis cheaptha teasa mar gháis lena n-áirítear dé-ocsaíd charbóin, meatán, ocsaíd nítriúil, hidreafluaracarbóin, sárfhluaracarbóin agus heicseafluairídí sulfair.

Mórthionscadal Hidreachumhachta: de réir shainmhíniú an Choimisiúin Idirnáisiúnta maidir le Dambaí Móra (ICOLD). Sainmhínionn ICOLD damba mór mar dhamba ina bhfuil airde 15 m nó níos mó ón dúshraith. Dambaí atá idir 5 agus 15 m ar airde agus ag a bhfuil toirt taiscumair de bhreis agus 3 mhilliún m^3, aicmítear mar dhambaí móra freisin iad.

IARSCRÍBHINN V

TUISCINT EARNÁLA MAIDIR LE CREIDMHEASANNA ONNMHAIRIÚCHÁIN LE hAGHAIDH BONNEAGAR IARNRÓID

Comhaontaíonn na Rannpháirtithe sa Tuiscint Earnála seo maidir le téarmaí agus coinníollacha airgeadais na Tuisceana Earnála, lena gcomhlánaítear an Socrú, go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le Cuspóir an tSocraithe.

CAIBIDIL I

Raon feidhme na tuisceana earnála

1. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM

a) Leis an Tuiscint Earnála seo, leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus a bhaineann le conarthaí le haghaidh sócmhainní bonneagair iarnróid agus sócmhainní bonneagair iompair sonraithe eile a cheanglaítear de rianta agus a bhíonn fíor-riachtanach chun traenacha a oibriú, lena n-áirítear córais rialaithe (e.g. comharthaíocht agus TF eile), leictriú, rianta, sreanga agus cáblaí lastuas, piolóin, rothstoc, carranna cábla, busanna tralaí, agus obair foirgníochta ghaolmhar.

b) Is iad seo a leanas cineálacha sonracha na gcóras iompair a cheanglaítear de rianta agus atá incháilithe do thacaíocht de réir théarmaí agus choinníollacha na hIarscríbhinne seo:

1. Aon chineál córais iompair iarnróid.

2. Córais iompair busanna tralaí.

3. Córais iompair carranna cábla ([1]).

CAIBIDIL II

Forálacha maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin

2. TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA

a) I gcás creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil a bhaineann le conarthaí a áirítear laistigh de raon feidhme na Tuisceana Earnála seo, leagtar amach an téarma uasta aisíocaíochta mar a leanas:

1. I gcás conarthaí i dtíortha Chatagóir I (mar a shainítear in Airteagal 10 den Socrú): 12 bhliain.

2. I gcás conarthaí i dtíortha Chatagóir II (mar a shainítear in Airteagal 10 den Socrú): 14 bliana.

b) Chun bheith cáilithe do na téarmaí aisíocaíochta a leagtar amach i mír a) thuas, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

1. Beidh luach conartha foriomlán is mó ná CTS 10 milliún i gceist leis an idirbheart; agus

2. Ní bheidh na téarmaí aisíocaíochta níos faide ná saolré ionchais na sócmhainne iompair a cheanglaítear de rianta agus atá á maoiniú; agus

3. I gcás idirbhearta i dtíortha Chatagóir I, is iad seo saintréithe an idirbhirt nó na saintréithe a bhaineann leis:

— Rannpháirtíocht i sindeacáit iasachta in éineacht le hinstitiúidí airgeadais príobháideacha nach dtairbhíonn de Chreidmheas Onnmhairiúcháin ag a bhfuil Tacaíocht Oifigiúil, agus a bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leo:

i) Is comhpháirtí mionlaigh ag a bhfuil stádas *pari passu* é an Rannpháirtí i rith ré na hiasachta; agus

ii) Tá an tacaíocht oifigiúil a thugann na Rannpháirtithe do chreidmheas onnmhairiúcháin níos lú ná 50 % den sindeacáitiú.

— Maidir leis an bpréimhráta i gcomhair aon tacaíochta oifigiúla, ní bhaineann sé an bonn de mhaoiniúchán margaidh phríobháidigh atá ar fáil agus tá sé ar cóimhéid leis na rátaí comhfhreagracha atá á muirearú ag institiúidí airgeadais príobháideacha eile atá rannpháirteach sa sindeacáitiú.

([1]) Córais iompair carranna cábla atá bainteach le gníomhaíochtaí fóillíochta amhail an sciáil, níl siad incháilithe do thacaíocht faoin Iarscríbhinn seo.

c) Féadfaidh Rannpháirtí a iarraidh go ndéanfar an coinníoll a leagtar amach i mír b) 3) thuas a tharscaoileadh, trí Líne Choiteann a úsáid, i gcomhréir le hAirteagail 56 go 61 den Socrú. Sna cásanna sin, soláthróidh an Rannpháirtí ag a bhfuil an Líne Choiteann á beartú, sa Líne Choiteann atá beartaithe nó i ngach idirbheart aonair dá dtugtar fógra faoi dá éis sin, míniú cuimsitheach leis an tacaíocht, lena n-áirítear sonraí sonracha ar an bpraghsáil, agus réasúnaíocht leis an ngá le forálacha mhír b) 3) thuas a tharscaoileadh.

3. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS AN ÚIS

Soláthrófar aisíocaíocht an bhunairgid agus an úis de réir Airteagal 15 den Socrú ach amháin gurb amhlaidh an méid seo a leanas i gcás mheánré uasta ualaithe na tréimhse aisíocaíochta faoi mhír d) 4) den Airteagal sin:

a) I gcás idirbhearta i dtíortha Chatagóir I, 6 bliana agus ráithe; agus

b) I gcás idirbhearta i dtíortha Chatagóir II, 7 mbliana agus ráithe.

CAIBIDIL III

Nósanna imeachta

4. RÉAMHFHÓGRA

a) Tabharfaidh Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 45 den Socrú 10 lá féilire ar a laghad roimh aon ghealltanas a eisiúint má tá sé ar intinn aige tacaíocht a sholáthar d'idirbheart i dtír Chatagóir I. Áireofar i bhfógraí den sórt sin míniú cuimsitheach leis an tacaíocht oifigiúil, lena n-áirítear sonraí sonracha ar an bpraghsáil.

b) Tabharfaidh Rannpháirtí fógra roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 46 den Socrú 10 lá féilire ar a laghad roimh aon ghealltanas a eisiúint má tá sé ar intinn aige tacaíocht a sholáthar dóibh seo a leanas:

1. Idirbheart i dtír Chatagóir II; nó

2. Idirbheart arna thacú de bhun Líne Choiteann a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 2 c) den Tuiscint Earnála seo. Féadfar an fógra roimh ré sin a dhéanamh i gcomhthráth le togra na Líne Coitinne, agus faoi réir a formheasta.

5. BAILÍOCHT NA LÍNTE COITEANNA

D'ainneoin fhorálacha Airteagal 61 a) den Socrú, scoirfidh gach Líne Choiteann dá n-aontaítear de bheith bailí an 31 Nollaig 2023, ach amháin i gcás ina gcomhaontóidh na Rannpháirtithe le síneadh a chur leis an Tuiscint Earnála seo i gcomhréir le hAirteagal 6 d) den Tuiscint Earnála seo.

CAIBIDIL IV

Faireachán agus athbhreithniú

6. FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

a) Tuairisceoidh an Rúnaíocht ar chur chun feidhme na Tuisceana Earnála seo go bliantúil.

b) Tar éis 31 Nollaig 2023, agus faoi réir mhír c) thíos, cuirfear ceanglas sindeacáitithe 35 % ar a mhéad in ionad an cheanglais sindeacáitithe faoi bhun 50 % a leagtar amach in Airteagal 2 b) 3), an chéad fhleasc, fomhír ii), den Tuiscint Earnála mura gcomhaontaíonn na Rannpháirtithe a mhalairt.

c) Déanfaidh na Rannpháirtithe athbhreithniú ar an Tuiscint Earnála seo faoi dheireadh 2023 d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhálaí an mhargaidh agus ar thosca eile chun a chinneadh ar cheart leanúint de na téarmaí agus de na coinníollacha nó nár cheart nó ar cheart iad a leasú nó nár cheart.

d) Tar éis an 31 Nollaig 2023, cuirfear deireadh le téarmaí agus le coinníollacha na Tuisceana Earnála seo mura gcomhaontaíonn na Rannpháirtithe a mhalairt.

IARSCRÍBHINN VI

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA ATÁ INFHEIDHME MAIDIR LE hIDIRBHEARTA UM MAOINIÚ TIONSCADAIL

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

1. RAON FEIDHME AN CHUR I bhFEIDHM

a) Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na téarmaí agus na coinníollacha ar dá réir a fhéadfaidh Rannpháirtithe tacú le hidirbhearta um maoiniú tionscadail a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach i bhFoscríbhinn 1.

b) Sa chás nach bhfuil aon fhoráil chomhfhreagrach san Iarscríbhinn seo, is iad téarmaí an tSocraithe a mbeidh feidhm acu.

CAIBIDIL II

Téarmaí agus coinníollacha airgeadais

2. TÉARMAÍ UASTA AISÍOCAÍOCHTA

Is é 14 bliana an téarma uasta aisíocaíochta, ach amháin sa chás go mbíonn an tacaíocht oifigiúil a thugann na Rannpháirtithe do chreidmheas onnmhairiúcháin níos mó ná 35 % den sindeacáitiú i gcomhair tionscadail i dtír Ard-Ioncaim ECFE, agus sa chás sin is é 10 mbliana an téarma uasta aisíocaíochta.

3. AISÍOCAÍOCHT AN BHUNAIRGID AGUS ÍOCAÍOCHT AN ÚIS

Féadfar bunsuim chreidmheas onnmhairiúcháin a aisíoc i dtráthchodanna neamhchothroma, agus féadfar an bunairgead agus an t-ús a íoc ar a laghad i dtráthchodanna leathbhliana, a fhad agus a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a) Ní rachaidh aon aisíocaíocht aonair den bhunairgead ná aon sraith d'íocaíochtaí an bhunairgid laistigh de thréimhse 6 mhí thar 25 % de bhunsuim an chreidmheasa.

b) Déanfar an chéad aisíocaíocht den bhunairgead tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa agus beidh 2 %, ar a laghad, de bhunsuim an chreidmheasa aisíoctha 24 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

c) Déanfar an t-ús a íoc le minice nach mó ná gach 12 mhí agus déanfar an chéad íocaíocht úis ag tráth nach déanaí ná gach 6 mhí tar éis thúsphointe an chreidmheasa.

d) Ní faide ná 7 mbliana agus ráithe a bheidh meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta, ach amháin i gcás ina mbeidh le tacaíocht oifigiúil a thugann na Rannpháirtithe do chreidmheas onnmhairiúcháin níos mó ná 35 % den sindeacáitiú le haghaidh tionscadal i dtír Ard-Ioncaim ECFE, agus sa chás sin ní faide ná 5 bliana agus ráithe a bheidh meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta.

e) Tabharfaidh an Rannpháirtí fógra roimh ré de réir Airteagal 4 den Iarscríbhinn seo.

CAIBIDIL III

Nósanna imeachta

4. FÓGRA ROIMH RÉ I nDÁIL LE hIDIRBHEARTA UM MAOINIÚ TIONSCADAIL

Nuair a bhíonn sé ar intinn ag Rannpháirtí tacaíocht a thabhairt de réir théarmaí agus choinníollacha na hIarscríbhinne seo, tabharfaidh sé fógra do na Rannpháirtithe go léir 10 lá féilire ar a laghad sula n eiseofar aon cheangaltas. Soláthrófar an fógra i gcomhréir le hIarscríbhinn VII den Socrú. Más rud é, i rith na tréimhse sin, go lorgaíonn aon Rannpháirtí míniú i dtaca leis na téarmaí agus na coinníollacha ar dá réir atá tacaíocht á tabhairt, fanfaidh an Rannpháirtí a thugann an fógra 10 lá féilire eile sula n-eiseofar aon cheangaltas.

Foscríbhinn 1

Critéir incháilitheachta i ndáil le hidirbhearta um maoiniú tionscadail

I. CRITÉIR BHUNÚSACHA

Tá an méid seo a leanas i gceist leis an idirbheart nó is tréith den idirbheart iad:

a) Maoiniúchán ar aonad eacnamaíochta ar leith ina bhfuil an t-iasachtóir sásta sreafaí airgid agus tuillimh an aonaid eacnamaíochta sin a mheas mar fhoinse cistí as a ndéanfar an iasacht a aisíoc, agus go bhfuil sé sásta sócmhainní an aonaid eacnamaíochta a mheas mar chomhthaobhacht don iasacht.

b) Maoiniúchán ar idirbhearta onnmhairiúcháin le cuideachta tionscadail neamhspleách (go dlíthiúil agus go heacnamaíoch), e.g. cuideachta sainchuspóra, i ndáil le tionscadail infheistíochta a mbíonn a n-ioncaim féin acu.

c) Comhroinnt iomchuí riosca i measc comhpháirtithe an tionscadail, e.g. scairshealbhóirí príobháideacha nó scairshealbhóirí poiblí inchairde, onnmhaireoirí, creidiúnaithe agus ceannaitheoirí tháirgí na cuideachta tionscadail, lena n-áirítear cothromas leordhóthanach.

d) Sreabhadh airgid tionscadail a bheidh leordhóthanach i rith na tréimhse aisíocaíochta iomláine chun costais oibríochta agus an fónamh d'fhiachas le haghaidh cistí seachtracha a chumhdach.

e) Costas oibríochta agus fónamh d'fhiachas a asbhaint ar bhonn tosaíochta as ioncaim an tionscadail.

f) Ceannaitheoir/iasachtaí neamhcheannasach gan aon ráthaíocht aisíocaíochta flaithiúnais (ach gan ráthaíochtaí feidhmíochta, e.g. socruithe do cheannach táirgí na cuideachta tionscadail, san áireamh).

g) Urrúis shócmhainn-bhunaithe i gcomhair fháltais/shócmhainní an tionscadail, e.g. sannacháin, gealltáin, cuntais fáltais;

h) Teacht teoranta, nó gan teacht ar bith, ar urraitheoirí scairshealbhóirí earnála príobháidí/urraitheoirí an tionscadail, tar éis chríochnú an tionscadail.

II. CRITÉIR BHREISE MAIDIR LE hIDIRBHEARTA UM MAOINIÚCHÁN TIONSCADAIL I dTÍORTHA ARD-IOMCAIM ECFE

Tá an méid seo a leanas i gceist leis an idirbheart nó is tréith den idirbheart iad:

a) Rannpháirtíocht i sindeacáit iasachta in éineacht le hinstitiúidí airgeadais príobháideacha nach dtairbhíonn de Chreidmheas Onnmhairiúcháin ag a bhfuil Tacaíocht Oifigiúil, agus a bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leo:

   — Is comhpháirtí mionlaigh ag a bhfuil stádas *pari passu* é an Rannpháirtí i rith ré na hiasachta agus,

   — Tá an tacaíocht oifigiúil a thugann na Rannpháirtithe do chreidmheas onnmhairiúcháin níos lú ná 50 % den sindeacáitiú.

b) Maidir leis an bpréimhráta i gcomhair aon tacaíochta oifigiúla, ní bhaineann sé an bonn de mhaoiniúchán margaidh phríobháidigh atá ar fáil agus tá sé ar cóimhéid leis na rátaí comhfhreagracha atá á muirearú ag institiúidí airgeadais príobháideacha eile atá rannpháirteach sa sindeacáitiú.

IARSCRÍBHINN VII

FAISNÉIS ATÁ LE SOLÁTHAR LE hAGHAIDH FÓGRAÍ

Déanfar an fhaisnéis atá liostaithe i Roinn I thíos a sholáthar le haghaidh na bhfógraí go léir a dhéantar faoin Socrú (lena n-áirítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis). Sa bhreis air sin, déanfar an fhaisnéis a shonraítear i Roinn II a sholáthar, de réir mar is iomchuí, maidir leis an gcineál sainiúil fógra atá á dhéanamh.

I. FAISNÉIS ATÁ LE SOLÁTHAR LE hAGHAIDH NA bhFÓGRAÍ GO LÉIR

a) ***Faisnéis Bhunúsach***

1. An tír a dhéanann an fógra
2. Dáta an fhógra
3. Ainm na hinstitiúide/an údaráis/na gníomhaireachta a thugann fógra
4. CIE/CIEnna ag a bhfuil creidmheas onnmhairiúcháin arna thacú go hoifigiúil á tairiscint
   a. CIE ag a bhfuil tacaíocht árachais/ráthaíochta á soláthar
   b. CIE ag a bhfuil tacaíocht airgeadais á soláthar
5. Uimhir an fhógra
6. Cóid aitheantais (inmheánacha)
7. Uimhir thagartha na líne creidmheasa (más ábhartha)
8. Stádas (e.g. ceann bunaidh, athbhreithnithe, athsholáthartha)
9. Uimhir an athbhreithnithe (más ábhartha)
10. Airteagal/Airteagail an tSocraithe faoina bhfuil fógra á thabhairt
11. Uimhir thagartha an fhógra chomhoiriúnaithe (más ábhartha)
12. Tuairisc ar an tacaíocht atá á comhoiriúnú (más ábhartha)
13. Tír chinn scríbe

b) ***Faisnéis ar an gCeannaitheoir/Iasachtaí/Ráthóir***

14. Ainm an cheannaitheora
15. Tír an cheannaitheora
16. Suíomh an cheannaitheora (más eol)
17. Stádas an cheannaitheora
18. Cineál ceannaitheora
19. Ainm an iasachtaí (murab é an t-iasachtaí an ceannaitheoir)
20. Tír an iasachtaí (murab é an t-iasachtaí an ceannaitheoir)
21. Suíomh an iasachtaí (murab é an t-iasachtaí an ceannaitheoir)
22. Stádas an iasachtaí (murab é an t-iasachtaí an ceannaitheoir)
23. Cineál iasachtaí (murab é an t-iasachtaí an ceannaitheoir)
24. Ainm an ráthóra (más ábhartha)
25. Tír an ráthóra (más ábhartha)
26. Suíomh an ráthóra (más ábhartha)
27. Stádas an ráthóra (más ábhartha)
28. Cineál ráthóra (más ábhartha)

c) ***Faisnéis ar Earraí agus/nó ar Sheirbhísí atá á n-onnmhairiú agus faisnéis ar an Tionscadal***

29. Tuairisc mhionsonraithe ar na táirgí agus/nó ar na seirbhísí atá á n-onnmhairiú

30. Tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal (nó ar an earnáil) dá bhfuil na honnmhairí á soláthar

31. Cód cuspóra molta

32. Suíomh an tionscadail (más eol)

33. Dáta deiridh don tairiscint (más ábhartha)

34. Dáta éaga na líne creidmheasa (más ábhartha)

35. Luach an chonartha/na gconarthaí arna thacú/arna dtacú de réir an scála seo a leanas i milliúin CTS:

Catagóir	Ó	Chuig
I:	0	1
II:	1	2
III:	2	3
IV:	3	5
V:	5	7
VI:	7	10
VII:	10	20
VIII:	20	40
IX:	40	80
X:	80	120
XI:	120	160
XII:	160	200
XIII:	200	240
XIV:	240	280
XV:	280	(*)

(*) Sonraigh an líon iolraithe de 40 milliún CTS atá os cionn 280 milliún CTS, e.g. dhéanfaí 410 milliún CTS a fhógairt mar Chatagóir XV + 3.

36. Luach an chonartha/na gconarthaí arna thacú/arna dtacú, méid iarbhír (in airgeadra an chonartha)

37. Airgeadra an chonartha/na gconarthaí

d) ***Téarmaí agus Coinníollacha Airgeadais an Chreidmheasa Onnmhairiúcháin arna Thacú go hOifigiúil***

Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar i leith gach tráinse arna thacú le haghaidh idirbhearta lena gcuimsítear iltráinsí ag a bhfuil téarmaí agus coinníollacha airgeadais difriúla.

38. Luach creidmheasa, scála CTS

39. Luach creidmheasa, méid iarbhír (in ionad mhír 38 mar rogha)

40. Airgeadra creidmheasa

41. Éarlais (% luach an chonartha onnmhairiúcháin)

42. Costais Áitiúla (% luach an chonartha onnmhairiúcháin)

43. SPOC arna chinneadh de réir (in éineacht le tagairt do shainmhíniú q Iarscríbhinn XIV)

44. Fad na tréimhse aisíocaíochta

45. Fad aonaid na tréimhse aisíocaíochta

46. An bonn don ráta úis

47. An ráta úis nó an corrlach os cionn an bhoinn

48. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn I

II. FAISNÉIS BHREISE ATÁ LE SOLÁTHAR, DE RÉIR MAR IS IOMCHUÍ, D'FHÓGRAÍ A DHÉANTAR MAIDIR LE FORÁLACHA SAINIÚLA

a) ***Caibidil II Airteagal 12 d) 3)***

Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar i leith gach tráinse arna thacú le haghaidh idirbhearta lena gcuimsítear iltráinsí ag a bhfuil téarmaí agus coinníollacha airgeadais difriúla.

49. Cineál na gcostas áitiúil arna dtacú

50. A bhfuil i gceist leis na costais áitiúla arna dtacú: Trealamh caipitil?

51. A bhfuil i gceist leis na costais áitiúla arna dtacú: Seachadtaí ó fhochuideachtaí agus/nó ó chleamhnaithe áitiúla?

52. A bhfuil i gceist leis na costais áitiúla arna dtacú: Costais foirgníochta nó suiteála áitiúla?

53. A bhfuil i gceist leis na costais áitiúla arna dtacú: CBL, dleachtanna allmhairiúcháin, cánacha eile?

54. A bhfuil i gceist leis na costais áitiúla arna dtacú: Eile?

55. Tuairisc ar chostais áitiúla 'eile'

56. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.a.

b) ***Caibidil II, Airteagal 15 c) 5), Iarscríbhinn I Airteagal 5 e), Iarscríbhinn II Airteagal 6 a), Iarscríbhinn II Airteagal 6 b), Iarscríbhinn IV Airteagal 8 d), Iarscríbhinn VI Airteagal 4***

57. Próifíl aisíocaíochta

58. Minicíocht aisíocaíochta (bunairgead)

59. Minicíocht aisíocaíochta (ús)

60. An chéad aisíocaíocht den bhunairgead tar éis an Phointe Teagmhála Aonair

61. An chéad aisíocaíocht den bhunairgead tar éis aonaid an Phointe Teagmhála Aonair

62. An méid den ús a caipitlíodh roimh an bPointe Teagmhála Aonair

63. Airgeadra an úis chaipitlithe

64. Meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta

65. An céatadán den bhunairgead a aisíoctar faoi lárphointe an chreidmheasa

66. Míniú ar an gcúis gan tacaíocht a sholáthar de réir struchtúir aisíocaíochta chaighdeánacha

67. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.b.

c) ***Oibleagáidí na bhfógraí uile i gCaibidil II Airteagail 23, 26, 28, 29, Iarscríbhinn VI Airteagal 4 (le haghaidh tionscadail i dtíortha Ard-Ioncaim ECFE amháin) agus Iarscríbhinn V Airteagal 4a)***

68. Aicmiú an riosca tíre atá ag tír an oibleagáideora

69. Struchtúr á chur i bhfeidhm ar struchtúr é ag a bhfuil sreabhadh todhchaí eischósta nasctha le cuntas eascró eischósta? (Catagóirí 1-7 amháin)

70. Baineann na catagóirí tíre agus riosca ceannaitheora is infheidhme maidir leis an (gceannaitheoir, iasachtaí, ráthóir, tionscadal, idirbheart)

71. Aicmiú riosca tíre is infheidhme

72. Catagóir riosca ceannaitheora is infheidhme

73. An bhfuil rátáil airgeadra eachtraigh ó ghníomhaireacht rátála creidmheasa chreidiúnaithe (CRA) ag an eintiteas a léirítear in #70?

74. Rátáil airgeadra eachtraigh CRA is fabhraí le haghaidh an eintitis a léirítear in #70

75. CRA creidiúnaithe atá ag soláthar na rátála a thuairiscítear in #74

76. Bonn le haghaidh an Phréimhráta Íosta (MPR) is infheidhme

77. Bonn le haghaidh an phréimhráta a mhuirearaítear iarbhír

78. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an mbonn le haghaidh an phréimhráta a mhuirearaítear iarbhír

79. Fad na tréimhse tarraingthe anuas

80. Fad aonaid na tréimhse tarraingthe anuas

81. Céatadán an chumhdaigh maidir leis an riosca polaitiúil (tír)

82. Céatadán an chumhdaigh maidir leis an riosca tráchtála (ceannaitheoir)

83. Táirge creidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil

84. Ús a chumhdaítear le linn thréimhse feithimh na n-éileamh?

85. MPR (bunaithe ar mhír 76) feabhsuithe ar mhaolú an riosca tíre nó feabhsuithe creidmheasa ar an riosca ceannaitheora

86. Maoiniúchán in airgeadra áitiúil? (MPRanna Chatagóirí 1-7 amháin)

87. Toisc don airgeadra áitiúil (LCF) a chuirtear i bhfeidhm

88. Feabhsuithe creidmheasa ar an riosca ceannaitheora?

89. Toisc feabhsaithe creidmheasa iomlán (CEF) a chuirtear i bhfeidhm

90. MPR is infheidhme (bunaithe ar mhír 76) tar éis aon mhaolú ar an riosca tíre nó aon fheabhsú creidmheasa ar an riosca ceannaitheora

91. Préimhráta a mhuirearaítear iarbhír

92. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.c.

d) ***Socrú, Airteagal 26 e), an chéad fhleasc***

93. Míniú ar shaintréithe an oibleagáideora in aghaidh na gcritéar le haghaidh Chatagóir Riosca Ceannaitheora CC0 in Iarscríbhinn XII den Socrú

e) ***Socrú, Airteagal 26 (e), an dara fleasc***

94. Réasúnaíocht leis an gcatagóir riosca ceannaitheora a bheith níos fearr ná rátáil CRA creidiúnaithe

f) ***Socrú, Airteagal 23 c) 2)***

95. Cineál na hionstraime fiachais a bhaineann le hainm sonrach nó le heintiteas gaolmhar a úsáidtear chun an phréimh a shocrú

96. Ainm eintiteas na hionstraime fiachais

97. Tuairisc mhionsonraithe agus príomh-shaintréithe na hionstraime fiachais agus na modheolaíochta a úsáidtear chun an phraghsáil a dhíorthú, lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) faisnéis faoi aibíocht, phróifíl chreidmheasa, leachtacht agus airgeadra na hionstraime

98. Caidreamh idir oibleagáideoir/ráthóir an idirbhirt agus an t-eintiteas gaolmhar

99. An bhfuil rátáil eisitheora CRA céanna ag oibleagáideoir/ráthóir an idirbhirt agus atá ag an eintiteas gaolmhar?

100. An gcomhlíonann an t-eintiteas gaolmhar na critéir uile a liostaítear in Iarscríbhinn XIV (sainmhíniú 'o') den Socrú?

101. Míniú mionsonraithe ar an mbealach a comhlíonadh na critéir lena sainmhínítear eintiteas gaolmhar

g) ***Socrú, Airteagal 46 a) 7)***

102. Bonn cirt le haicmiú an riosca ceannaitheora

103. An rátáil airgeadra eachtraigh is fearr ó CRA creidiúnaithe le haghaidh an fhlaithiúnais i sainchónaí an oibleagáideora/ráthóra (Más rud é gur fabhraí catagóir an riosca ceannaitheora is infheidhme ná an rátáil is fearr ó CRA creidiúnaithe le haghaidh an fhlaithiúnais i sainchónaí an oibleagáideora/ráthóra le haghaidh oibleagáideoir neamhrátáilte)

104. CRA creidiúnaithe ag soláthar na rátála a thuairiscítear in #103

h) ***Socrú, Airteagal 23 c) 1)***

105. An bhfuil an pacáiste iasachtaí sindeacáite struchtúraithe mar idirbheart de bhun sócmhainní nó mar idirbheart maoinithe tionscadail?

106. An gcuimsítear 25 % ar a laghad den tsindeacáit le hiasachtaí/ráthaíochtaí margaidh tráchtála gan aon tacaíocht dhéthaobhach nó iltaobhach?

107. An bhfuil gach páirtí sa mhaoiniú ar théarmaí *pari passu* i leith gach téarma agus coinníll airgeadais, lena n-áirítear an pacáiste slándála?

108. An bhfuil téarmaí agus coinníollacha airgeadais an idirbhirt lán-chomhlíontach leis an Socrú, arna modhnú leis na forálacha maidir le praghsáil Thagarmhairc an Mhargaidh in idirbhearta iasachtaí/ráthaíochtaí sindeacáite?

109. Tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an phréimh a dhíorthú (nó costas ilghnéitheach le haghaidh iasachtú díreach) ar í sin an phréimh a thuairiscítear i mír 91

110. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.d.

i) ***Socrú, Airteagal 23 h)***

111. An gcumhdaíonn an ráthaíocht fad iomlán an fhiachais?

112. An bhfuil an ráthaíocht neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar fáil ar éileamh?

113. An bhfuil an ráthaíocht bailí faoin dlí agus an féidir í a fhorghníomhú i ndlínse thír an ráthóra?

114. An bhfuil an ráthóir inchairde i ndáil le méid an fhiachais atá faoi ráthaíocht?

115. An bhfuil an ráthóir faoi réir rialú airgeadais agus rialacháin aistrithe na tíre ina bhfuil sé lonnaithe?

116. Céatadán den mhéid iomlán faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús) a chumhdaítear leis an ráthaíocht

117. An bhfuil aon chaidreamh airgeadais idir an ráthóir agus an oibleagáideoir?

118. Cineál caidrimh

119. An bhfuil an ráthóir neamhspleách, ar bhonn dlíthiúil agus airgeadais, agus an féidir leis oibleagáid íocaíochta an oibleagáideora a chomhlíonadh?

120. An ndéanfadh teagmhais, rialacháin nó idirghabháil flaithiúnais i dtír an oibleagáideora difear don ráthóir?

121. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.e.

j) ***Socrú, Airteagal 28 b)***

Chun struchtúr a chur i bhfeidhm ar struchtúr é ag a bhfuil sreabhadh todhchaí eischósta nasctha le cuntas eascró eischósta:

122.-132. Deimhniú gur comhlíonadh na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn XIII

133. Faisnéis faoi thosca breise a chuirtear san áireamh agus/nó aon bharúil maidir le struchtúr a chur i bhfeidhm ar struchtúr é ag a bhfuil sreabhadh todhchaí eischósta nasctha le cuntas eascró eischósta

I gcás maoiniú in airgeadra áitiúil:

134.-139. Deimhniú gur comhlíonadh na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn XIII

140. Airgeadra áitiúil a úsáidtear

141. Faisnéis faoi thosca breise a chuirtear san áireamh agus/nó aon bharúil maidir le maoiniú in airgeadra áitiúil a chur i bhfeidhm

142. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.f.

k) ***Socrú, Airteagal 29 d)***

143.-150. Na feabhsuithe creidmheasa sonracha ar an riosca ceannaitheora a chuirtear i bhfeidhm mar aon le tosca feabhsaithe creidmheasa comhfhreagracha

151. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.g.

l) ***Iarscríbhinn V, Airteagal 4***

152. An faide an téarma aisíocaíochta ná saolré ionchais na sócmhainne bonneagair iompair a cheanglaítear de rianta agus atá á maoiniú?

153. Barúlacha (maidir le mír 152)

I gcás gach idirbheart a bhaineann le tíortha Chatagóir I:

154. Míniú cuimsitheach ar sholáthar na tacaíochta oifigiúla

155. Ar iarradh tarscaoileadh na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2, Mír b) 3) d'Iarscríbhinn V trí líne choiteann?

156. Stádas líne coitinne

157. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir le haon líne choiteann

m) ***Iarscríbhinn VI, Airteagal 4***

158. Míniú ar an gcúis go bhfuil téarmaí maoinithe tionscadail á soláthar

159. Luach an chonartha i ndáil le conradh d'fhoirgníocht lándéanta, cuid d'fhochonarthaí, etc.

160. An cineál cumhdaigh a sholáthraítear roimh phointe teagmhála aonair

161. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca polaitiúil roimh phointe teagmhála aonair

162. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca tráchtála roimh phointe teagmhála aonair

163. An cineál cumhdaigh a sholáthraítear tar éis pointe teagmhála aonair

164. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca polaitiúil tar éis pointe teagmhála aonair

165. An céatadán den chumhdach le haghaidh riosca tráchtála tar éis pointe teagmhála aonair

166. Fad na tréimhse foirgníochta

167. Fad aonaid na tréimhse foirgníochta

168.-183. Deimhniú (agus míniú de réir mar is gá) go gcomhlíonann an t-idirbheart na critéir a liostaítear i bhFoscríbhinn I d'Iarscríbhinn VI

n) ***Iarscríbhinn VI, Airteagal 4 agus Iarscríbhinn V, Airteagal 4 a), le haghaidh tionscadail i dTíortha Ard-Ioncaim ECFE***

184. Méid iomlán an tsindeacáitithe féich don tionscadal, lena n-áirítear iasachtóirí oifigiúla agus príobháideacha

185. Iomlán airgeadra an tsindeacáitithe féich

186. Céatadán den sindeacáitiú féich ó Rannpháirtithe sa Socrú

187. Méid iomlán an tsindeacáitithe féich ó iasachtóirí príobháideacha

188. Páirtí mionlaigh sa sindeacáitiú iasachta?

189. Barúlacha (maidir le mír 195)

190. An gcomhlíonann an préimhráta critéir an mhargaidh?

191. Barúlacha (maidir le mír 197)

192. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.h.

o) ***Socrú, Airteagail 47 agus 48***

193. Méid iomlán na cabhrach a bhaineann le trádáil, scála CTS

194. Comhdhéanamh phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil: sciar na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin neamhlamháltais atá i gcomhréir leis an Socrú

195. Comhdhéanamh phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil: sciar de chistí eile atá ar rátaí an mhargaidh nó gar dóibh

196. Comhdhéanamh phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil: sciar de chistí oifigiúla eile ag a bhfuil leibhéal lamháltais is lú ná an t-íosmhéid a cheadaítear faoi Airteagal 35 ach amháin i gcásanna comhoiriúnúcháin

197. Comhdhéanamh phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil: sciar na héarlaise ón gceannaitheoir

198. Comhdhéanamh phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil: sciar na n-íocaíochtaí ag túsphointe an chreidmheasa nó roimhe, ar íocaíochtaí iad nach meastar

199. Comhdhéanamh phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil: sciar na ndeontas

200. Comhdhéanamh phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil: sciar na gcreidmheasanna lamháltais

201. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: tréimhse chairde

202. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: fad na tréimhse aisíocaíochta

203. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: minice aisíocaíochta

204. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: próifíl aisíocaíochta

205. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: airgeadra

206. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: ráta úis

207. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: DDR is infheidhme

208. Téarmaí agus coinníollacha creidmheasanna lamháltais: leibhéal lamháltais

209. Leibhéal lamháltais foriomlán phacáiste na cabhrach a bhaineann le trádáil

210. Barúlacha, nótaí agus/nó mínithe maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i Roinn II.k)

IARSCRÍBHINN VIII

RÍOMH NA bPRÉIMHRÁTAÍ ÍOSTA LE hAGHAIDH IDIRBHEARTA CHATAGÓIR RIOSCA TÍRE 1-7

Foirmle MPR

Is é seo a leanas an fhoirmle chun an MPR is infheidhme maidir le creidmheas onnmhairiúcháin a ríomh ar creidmheas é a bhaineann le hoibleagáideoir/ráthóir i dtír a aicmítear i gCatagóirí Riosca Tíre 1-7:

MPR = {[(ai * HOR + bi) * max (PCC, PCP)/0,95] * (1-LCF) + [cin * PCC/0,95 * HOR * (1-CEF)]} * QPFi * PCFi * BTSF

i gcás inarb amhlaidh:

— ai = comhéifeacht an riosca tíre i gcatagóir riosca tíre i (i = 1-7)

— cin = comhéifeacht an riosca ceannaitheora le haghaidh chatagóir ceannaitheora n (n = SOV+, SOV/CCO, CC1-CC5) i gcatagóir riosca tíre i (i = 1-7)

— bi = tairiseach le haghaidh chatagóir riosca tíre i (i = 1-7)

— HOR = ionchas an riosca

— PCC = céatadán an chumhdaigh maidir leis an riosca tráchtála (ceannaitheoir)

— PCC = céatadán an chumhdaigh maidir leis an riosca polaitiúil (tír)

— CEF = an toisc do na feabhsuithe creidmheasa

— QPFi = an toisc do cháilíocht an táirge i gcatagóir riosca tíre i (i = 1-7)

— PCFi = céatadán an chumhdaigh i gcatagóir riosca tíre i (i = 1-7)

— BTSF = toisc is fearr ná riosca flaithiúnais

— LCF = toisc an airgeadra áitiúil

Aicmiú Riosca Tíre is Infheidhme

Cinntear an t-aicmiú riosca tíre is infheidhme de réir Airteagal 23 e) den Socrú, lena gcinntear, faoi seach, comhéifeacht an riosca tíre (ai) agus an tairiseach (bi) a fhaightear ó na tábla seo a leanas:

	1	2	3	4	5	6	7
a	0,090	0,200	0,350	0,550	0,740	0,900	1,100
b	0,350	0,350	0,350	0,350	0,750	1,200	1,800

An Chatagóir Riosca Ceannaitheora Iomchuí a Roghnú

Roghnaítear an chatagóir riosca ceannaitheora iomchuí ón tábla seo a leanas, lena soláthraítear teaglamaí na gcatagóirí tíre agus riosca ceannaitheora a leagtar síos agus an chomhréireacht chomhaontaithe idir catagóirí riosca CC1-CC5 agus aicmí CRAnna creidiúnaithe. Tá tuairiscí cáilíochtúla ar gach catagóir riosca ceannaitheora (SOV+ to CC5) leagtha síos chun aicmiú na n-oibleagáideoirí (agus na ráthóirí) a éascú agus soláthraítear in Iarscríbhinn XII iad.

Catagóir Riosca Tíre						
1	2	3	4	5	6	7
SOV+	SOV+	SOV+	SOV+	SOV+	SOV+	SOV+
SOV/CC0	SOV/CC0	SOV/CC0	SOV/CC0	SOV/CC0	SOV/CC0	SOV/CC0
CC1 AAA go dtí AA-	CC1 A+ go dtí A-	CC1 BBB+ go dtí BBB-	CC1 BB+ go dtí BB	CC1 BB-	CC1 B+	CC1 B
CC2 A+ go dtí A-	CC2 BBB+ go dtí BBB-	CC2 BB+ go dtí BB	CC2 BB-	CC2 B+	CC2 B	CC2 B- nó níos measa
CC3 BBB+ go dtí BBB-	CC3 BB+ go dtí BB	CC3 BB-	CC3 B+	CC3 B	CC3 B- nó níos measa	
CC4 BB+ go dtí BB	CC4 BB-	CC4 B+	CC4 B	CC4 B- nó níos measa		
CC5 BB- nó níos measa	CC5 B+ nó níos measa	CC5 B nó níos measa	CC5 B- nó níos measa			

Is leis an gcatagóir riosca ceannaitheora a roghnaítear, i gcomhcheangal leis an gcatagóir riosca tíre is infheidhme, a chinntear comhéifeacht an riosca ceannaitheora (c_{in}) ar comhéifeacht í a fhaightear ón tábla seo a leanas:

Riosca Ceannaitheora Catagóir	Catagóir Riosca Tíre						
	1	2	3	4	5	6	7
SOV+	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
SOV/CC0	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
CC1	0,110	0,120	0,110	0,100	0,100	0,100	0,125
CC2	0,200	0,212	0,223	0,234	0,246	0,258	0,271
CC3	0,270	0,320	0,320	0,350	0,380	0,480	n/bh
CC4	0,405	0,459	0,495	0,540	0,621	n/bh	n/bh
CC5	0,630	0,675	0,720	0,810	n/bh	n/bh	n/bh

Ionchas an Riosca (HOR)

Déantar Ionchas an Riosca (HOR) a ríomh mar a leanas:

I gcás próifílí aisíocaíochta caighdeánacha (i.e. aisíocaíochtaí comhionanna leathbhliantúla den bhunairgead):

HOR = (fad na tréimhse eisíocaíochta × 0,5) + fad na tréimhse aisíocaíochta

I gcás próifílí aisíocaíochta neamhchaighdeánacha:

HOR = (fad na tréimhse eisíocaíochta × 0,5) + (meánré ualaithe na tréimhse aisíocaíochta – 0,25)/0,5

Sna foirmlí thuas, is é blianta an t-aonad tomhais le haghaidh an ama.

Céatadán an Chumhdaigh le haghaidh an Riosca Tráchtála (Ceannaitheoir) (PCC) agus an Riosca Pholaitiúil (Tír) (PCP)

Céatadáin an Chumhdaigh (PCC agus PCP) arna shloinneadh mar luach deachúil (i.e. sloinntear 95 % mar 0,95) i bhfoirmle MPR.

Feabhsuithe Creidmheasa ar Riosca Ceannaitheora

Is é 0 luach na toisce feabhsaithe creidmheasa (CEF) le haghaidh aon idirbheart nach bhfuil faoi réir aon fheabhsú creidmheasa ar an riosca ceannaitheora. Maidir le luach CEF le haghaidh idirbheart atá faoi réir feabhsuithe creidmheasa ar an riosca ceannaitheora, cinntear an luach sin de réir Iarscríbhinn XII, faoi réir na srianta a leagtar amach in Airteagal 29 c) den Socrú agus ní fhéadfaidh sé dul os cionn 0,35.

Toisc do Cháilíocht an Táirge (QPF)

Faightear QPF ón tábla seo a leanas:

Cáilíocht an Táirge	Catagóir Riosca Tíre						
	1	2	3	4	5	6	7
Faoi bhun an Chaighdeáin	0,9965	0,9935	0,9850	0,9825	0,9825	0,9800	0,9800
Caighdeán	1,0000	1,0000	1,0000	1,0000	1,0000	1,0000	1,0000
Os cionn an Chaighdeáin	1,0035	1,0065	1,0150	1,0175	1,0175	1,0200	1,0200

Toisc do Chéatadán an Chumhdaigh (PCF)

Cinntear PCF mar a leanas:

I gcás (uas(PCC, PCP) ≤ 0,95, PCF = 1)

I gcás (uas(PCC, PCP) > 0,95, PCF = 1 + ((uas(PCC, PCP) – 0,95)/0,05) * (comhéifeacht chéatadán an chumhdaigh)

Faightear comhéifeacht chéatadán an chumhdaigh ón tábla seo a leanas:

	Catagóir Riosca Tíre						
	1	2	3	4	5	6	7
Comhéifeacht chéatadán an chumhdaigh	0,00000	0,00337	0,00489	0,01639	0,03657	0,05878	0,08598

Toisc Is Fearr ná Riosca Flaithiúnais (BTSF)

I gcás ina n-aicmeofar oibleagáideoir sa chatagóir riosca ceannaitheora 'is fearr ná riosca flaithiúnais' (SOV+), BTSF = 0,9, murab amhlaidh sin BTSF = 1.

Toisc don Airgeadra Áitiúil (LCF)

I gcás idirbheart lena mbaintear úsáid as maolú riosca tíre an airgeadra áitiúil, ní fhéadfaidh luach an LCF dul os cionn 0,2. Is é 0 luach an LCF le haghaidh gach idirbhirt eile.

IARSCRÍBHINN IX

TAGARMHARCANNA PRÉIMHE LE hAGHAIDH IDIRBHEARTA TAGARMHAIRC MARGAIDH

Tráinse Neamhchumhdaithe de Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin nó an Chuid Chumhdaithe d'Iasacht Shindeacáite nach CIE é

An praghas a thugann bainc/institiúidí príobháideacha le fios i leith thráinse neamhchumhdaithe an chreidmheasa onnmhairiúcháin atá i gceist (nó uaireanta mar an chuid chumhdaithe d'iasacht sindeacáitithe nach CIE é), féadfaidh sé gurb amhlaidh gurb é an praghas sin an comhoiriúnú is fearr le cumhdach CIE. Maidir le praghsáil ar na codanna neamhchumhdaithe nó ar na páirteanna neamhchumhdaithe sin, níor cheart iad a úsáid ach amháin más rud é gur soláthraíodh ar théarmaí tráchtála iad (e.g. bheadh codanna IFI maoinithe as an áireamh leis sin).

Bannaí Corparáide a bhaineann le hAinm Sonrach

Le bannaí corparáide, léirítear riosca creidmheasa a bhaineann le hainm sonrach. Ba cheart a bheith cúramach agus téarmaí shaintréithe chonradh CIE á gcomhoiriúnú, amhail an téarma aibíochta, agus ainmníocht airgeadra, agus aon fheabhsú creidmheasa. Más rud é go n-úsáidfear bannaí corparáide príomhúla (i.e. toradh ilghnéitheach ar eisiúint dóibh) nó bannaí corparáide tánaisteacha (i.e. an raon difríochta arna choigeartú thar an gcuar iomchuí, arb é sin an cuar babhtála airgeadra ábhartha de ghnáth), ba cheart na bannaí sin le haghaidh an oibleagáideora a úsáid ar an gcéad dul síos; mura mbeidh fáil orthu, féadfar bannaí corparáide príomhúla nó tánaisteacha ó Eintitis Ghaolmhara a úsáid.

Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa a bhaineann le hAinm Sonrach

Is éard is Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa (CDS) ann cineál cosanta ar mhainneachtain. Is éard is raon difríochta CDS ann an méid a íocann ceannaitheoir CDS in aghaidh na tréimhse mar chéatadán den bhunairgead barúlach, agus sloinntear i mbonnphointí de ghnáth é. Go héifeachtach, ceannaíonn ceannaitheoir CDS árachas in aghaidh na mainneachtana trí íocaíochtaí a dhéanamh le díoltóir CDS ar feadh ré na babhtála, nó go dtí go dtarlóidh an teagmhas creidmheasa. Ba cheart cuar CDS le haghaidh an oibleagáideora a úsáid ar an gcéad dul síos; mura mbeidh fáil air sin, féadfar cuair CDS ó Eintitis Ghaolmhara a úsáid.

Tagarmharcanna Iasachta

Tagarmharcanna na hiasachta príomhúla (i.e. praghsáil ar eisiúint dóibh) nó tagarmharcanna iasachta tánaisteacha (i.e. an toradh reatha ar an iasacht lena bhfuil coinne ag an institiúid airgeadais atá ag ceannach na hiasachta ó institiúid airgeadais eile). Ní mór a bheith ar an eolas faoi na táillí uile le haghaidh tagarmharcanna iasachta príomhúla chun gur féidir an toradh ilghnéitheach a ríomh. Más rud é go n-úsáidfear tagarmharcanna iasachta, ba cheart na tagarmharcanna le haghaidh an oibleagáideora a úsáid ar an gcéad dul síos; mura mbeidh fáil orthu sin, féadfar na tagarmharcanna sin ó eintitis chomhchosúla a úsáid.

Cuair an Mhargaidh Tagarmhairc

Le cuair an mhargaidh tagarmhairc, léirítear riosca creidmheasa earnála iomláine nó aicme iomláin ceannaitheoirí. Féadfaidh an fhaisnéis mhargaidh sin a bheith ábhartha i gcás nach mbeidh fáil ar fhaisnéis a bhaineann le hainm sonrach. I gcoitinne, braitheann cáilíocht na faisnéise atá ina dlúthchuid de na margaí sin ar an leachtacht a bhaineann leo. In aon chás, ba cheart ionstraimí margaidh a lorg lena soláthraítear an comhoiriúnú is cóngaraí i dtéarmaí shaintréithe chonradh an CIE, amhail dáta, rátáil chreidmheasa, téarma aibíochta agus ainmníocht airgeadra.

IARSCRÍBHINN X

CRITÉIR AGUS COINNÍOLLACHA LENA RIALAÍTEAR CUR I bhFEIDHM RÁTHAÍOCHT AISÍOCAÍOCHTA TRÍÚ PÁIRTÍ AGUS NA CRITÉIR CHUN MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR INSTITIÚIDÍ RÉIGIÚNACHA NÓ ILTAOBHACHA

CUSPÓIR

Soláthraítear leis an Iarscríbhinn seo, na critéir agus na coinníollacha lena rialaítear cur i bhfeidhm ráthaíochtaí aisíocaíochta tríú páirtí de réir Airteagal 23 e) den Socrú. Soláthraítear leis an Iarscríbhinn freisin na critéir lenar cheart measúnú a dhéanamh ar institiúidí réigiúnacha nó iltaobhacha agus é á chinneadh ar cheart nó nár cheart institiúid a bheith faoi réir na rialacha préimhe le haghaidh Idirbhearta Tagarmhairc Margaidh in Airteagal 23 c) den Socrú.

IARRATAS

Cás 1: Ráthaíocht don Mhéid Iomlán faoi Riosca

I gcás ina ndéanfar urrús i bhfoirm ráthaíocht aisíocaíocht ó eintiteas a sholáthar le haghaidh an mhéid iomláin faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús), maidir leis an Aicmiú Riosca Tíre agus leis an gCatagóir Riosca Ceannaitheora is infheidhme, féadfaidh sé gurb amhlaidh gurb é Aicmiú agus Catagóir sin an ráthóra a bheidh iontu sin i gcás ina gcomhlíonfar na critéir seo a leanas:

— Cumhdaíonn an ráthaíocht fad iomlán an chreidmheasa.

— Tá an ráthaíocht neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar fáil nuair a iarrtar sin.

— Tá an ráthaíocht bailí go dlíthiúil agus is féidir í a fhorghníomhú i ndlínse thír an ráthóra.

— Tá an ráthóir inchairde a mhéid a bhaineann le méid an fhéich atá faoi ráthaíocht.

— Tá an ráthóir faoi réir rialacháin maidir le rialú agus aistriú airgeadaíochta na tíre ina bhfuil sé lonnaithe, ach amháin i gcas inarb institiúid iltaobhach é an ráthóir ar chomhaontaigh na Rannpháirtithe ina leith go bhfuil sé díolmhaithe ó rialuithe agus ó theorainneacha den sórt sin i gcoitinne.

Más fochuideachta/máthairchuideachta den eintiteas faoi ráthaíocht é an ráthóir, déanfaidh na Rannpháirtithe, ar bhonn cás ar chás, a chinneadh: (1) agus an ghaolmhaireacht idir an fhochuideachta/máthairchuideachta agus méid cheangaltas dlíthiúil na máthairchuideachta á bhreithniú, an bhfuil an fhochuideachta/mháthairchuideachta neamhspleách ar bhonn dlí agus ar bhonn airgeadais, agus an bhféadfadh sí a cuid oibleagáidí íocaíochta a chomhall; (2) an bhféadfadh imeachtaí/rialacháin áitiúla nó idirghabháil flaithiúnais difear a dhéanamh don fhochuideachta/mháthairchuideachta; agus (3) an measfadh an Ceannáras gurb é féin atá faoi dhliteanas i gcás mainneachtana.

Cás 2: Ráthaíocht a bhfuil Teorainn leis an Méid inti

I gcás ina ndéanfar urrús i bhfoirm ráthaíochta aisíocaíochta ó eintiteas a sholáthar le haghaidh méid teoranta faoi riosca (i.e. bunairgead agus ús), maidir leis an Aicmiú Riosca Tíre agus leis an gCatagóir Riosca Ceannaitheora is infheidhme, féadfaidh sé gurb amhlaidh gurb é Aicmiú agus Catagóir sin an ráthóra a bheidh iontu le haghaidh chion an chreidmheasa atá faoi réir na ráthaíochta, ar choinníoll go gcomhlíonfar na critéir ábhartha uile eile a liostaítear faoi Chás 1.

Maidir leis an gcion nach bhfuil faoi ráthaíocht, is é Aicmiú Riosca Tíre agus Catagóir Riosca Ceannaitheora an oibleagáideora a bheidh san Aicmiú Riosca Tíre agus sa Chatagóir Riosca Ceannaitheora is infheidhme.

Critéir chun Measúnú a dhéanamh ar Institiúidí Iltaobhacha nó Réigiúnacha

Féadfaidh na Rannpháirtithe comhaontú go bhfuil institiúid réigiúnach nó iltaobhach faoi réir na rialacha préimhe le haghaidh an Idirbhirt Tagarmhairc Margaidh in Airteagal 23 c) más rud é go bhfuil an institiúid díolmhaithe i gcoitinne ó rialacháin maidir le rialú agus aistriú airgeadaíochta na tíre ina bhfuil an institiúid lonnaithe. Déanfar measúnú ar institiúidí den sórt sin ar bhonn cás ar chás de réir a bhfiúntas féin, agus an méid seo a leanas á mheas:

— atá nó nach bhfuil neamhspleáchas, ar bhonn reachtúil agus ar bhonn airgeadais, ag an institiúid,

— atá nó nach bhfuil sócmhainní uile na hinstitiúide díolmhaithe ó náisiúnú nó ó choigistiú,

— atá nó nach bhfuil lánsaoirse ag an institiúid cistí a aistriú agus a chomhshó,

— atá nó nach bhfuil an institiúid faoi réir idirghabhála rialtas sa tír ina bhfuil sí lonnaithe,

— atá nó nach bhfuil díolúine cánach ag an institiúid, agus

— atá nó nach bhfuil oibleagáid ar Bhalltíortha uile na hinstitiúide caipiteal breise a sholáthar chun freastal ar oibleagáidí na hinstitiúide.

Ba cheart a chur san áireamh leis an measúnú freisin an taifead íocaíochta stairiúil i gcásanna mainneachtana ar rioscaí creidmheasa tíre sa tír ina bhfuil siad lonnaithe nó i dtír oibleagáideora, mar aon le haon toisc eile a fhéadfar a mheas a bheith iomchuí sa phróiseas measúnúcháin.

Ní liosta iata é an liosta d'institiúidí iltaobhacha agus réigiúnacha den sórt sin, agus féadfaidh Rannpháirtí institiúid a ainmniú mar institiúid a ndéanfaí athbhreithniú uirthi de réir na mbreithnithe thuasliostaithe. Déanfaidh na Rannpháirtithe liosta na n-institiúidí réigiúnacha agus iltaobhacha atá faoi réir na rialacha préimhe le haghaidh Idirbheart Tagarmhairc Margaidh in Airteagal 23 c) a chur ar fáil go poiblí.

IARSCRÍBHINN XI

TUAIRISCÍ CAINNÍOCHTÚLA AR CHATAGÓIRÍ RIOSCA CEANNAITHEORA

Níos Fearr ná Riosca Flaithiúnais (SOV+)

Aicmiú eisceachtúil is ea é sin. An t-eintiteas a bhaineann amach aicmiú den sórt sin, is eintiteas é ag a bhfuil próifíl chreidmheasa iontach láidir amach is amach agus lena bhféadfaí coinne a bheith leis a oibleagáidí íocaíochta a chomhlíonadh le linn tréimhse anásta de bharr fiachais flaithiúnais nó mainneachtana fiú. Eisíonn Gníomhaireachtaí Rátála Creidmheasa Idirnáisiúnta tuarascálacha tráthrialta lena liostaítear Rátálacha Frithpháirtí agus Corparáide a sháraíonn Rátáil Airgeadra Eachtraigh an Fhlaithiúnais. Ach amháin i gcas ina sainaithnítear an riosca flaithiúnais tríd an Modheolaíocht Mheasúnaithe maidir le Riosca Flaithiúnais mar riosca flaithiúnais atá cuid mhaith níos airde ná an riosca tíre, maidir le Rannpháirtithe atá ag beartú go n-aicmeofar eintiteas mar níos fearr ná riosca flaithiúnais, déanfaidh na Rannpháirtithe sin tagairt do rátálacha níos fearr ná riosca flaithiúnais den sórt sin mar thacaíocht dá moladh. Chun bheith aicmithe mar níos fearr ná a eintiteas flaithiúnais óstach, bheadh coinne leis go mbeadh roinnt de na saintréithe nó de na coibhéiseacha seo a leanas le feiceáil i gcás eintitis, nó tromlach na saintréithe sin de ghnáth:

— próifíl chreidmheasa láidir,

— tuilleamh substaintiúil ón malairt eachtrach i gcoibhneas lena ualach fiachais airgeadra,

— saoráidí táirgthe agus cumas giniúna airgid ó fho-eintitis nó ó oibríochtaí eischósta, go háirithe na fo-eintitis nó na hoibríochtaí sin ar a bhfuil sainchónaí i bhflaithiúnais ardrátáilte i.e. fiontair ilnáisiúnta,

— úinéir eachtrach nó comhpháirtí straitéiseach ar a bhféadfaí brath mar fhoinse tacaíochta airgeadais in éagmais ráthaíocht fhoirmiúil,

— stair de chóir fhabhrach á tabhairt ag an bhflaithiúnas don eintiteas, lena n-áirítear díolúine ó shrianta maidir le haistriú agus leis an in-chomhshóiteacht agus ó cheanglais maidir le tabhairt suas i dtaca le fáltais onnmhairiúcháin, agus cóireáil cánach fhabhrach,

— línte creidmheasa tiomanta ó bhainc idirnáisiúnta ardrátáilte, go háirithe línte creidmheasa gan clásal maidir le hathrú ábhartha codarsnach (MAC) lena gcumasaítear do bhainc saoráidí tiomnaithe a tharraingt siar i gcás géarchéim flaithiúnais nó teagmhais riosca eile, agus

— sócmhainní i seilbh eischósta, go háirithe sócmhainní leachtacha, go minic de thoradh rialacha lena gceadaítear d'onnmhaireoirí iarmhéideanna airgid a cheapadh agus a choinneáil ar bun ar bhonn eischósta agus a bheidh ar fáil le haghaidh fiach-sheirbhíse.

Ní infheidhme an chatagóir riosca ceannaitheora SOV+ maidir leis an méid seo a leanas de ghnáth:

— eintitis agus fóntais atá faoi úinéireacht phoiblí, fo-eintitis flaithiúnais mar aireachtaí líne, rialtais réigiúnacha, etc.,

— institiúidí airgeadais ar a bhfuil sainchónaí i ndlínse an fho-eintitis flaithiúnais, agus

— eintitis a dhíolann leis an margadh intíre san airgeadra áitiúil go príomha.

Oibleagáideoirí/Ráthóirí Flaithiúnais (SOV)

Is éard is oibleagáideoirí/ráthóirí flaithiúnais ann eintitis ag a bhfuil sainordú sainráite dlíthiúil chun oibleagáid íocaíochta fiachais a shocrú thar ceann an Stáit Flaithiúnais, arb iad an Aireacht Airgeadais nó an Banc Ceannais iad go hiondúil ([1]). Aicmítear riosca ina riosca flaithiúnais i gcás inarb amhlaidh:

— tá sainordú dlíthiúil ag an oibleagáideoir/ráthóir chun oibleagáid íocaíochta fiachais a shocrú thar ceann an Fhlaithiúnais, agus tiomnaíonn sé iontaoibh agus creidmheas iomlán an fhlaithiúnais leis sin, agus

— i gcás ina ndéanfar riosca flaithiúnais a athsceidealú, d'áireofaí an fiachas atá i gceist sna hoibleagáidí maidir le hathsceidealú agus íocaíocht arna bhfáil ag an bhflaithiúnas de bhua an athsceidealaithe.

([1]) Is iondúil gur riosca don bhanc ceannais nó don Aireacht Airgeadais a bheadh sa riosca sin. I gcás eintitis rialtais láir seachas an aireacht airgeadais, déanfar dícheall cuí chun a dhearbhú go dtiomnaíonn an t-eintiteas iontaoibh agus creidmheas iomlán an fhlaithiúnais.

Coibhéiseach leis an bhFlaithiúnas (CC0): Cáilíocht Chreidmheasa Shármhaith

Leis an gcatagóir 'coibhéiseach le flaithiúnas', cuimsítear dhá chineál bhunúsacha d'oibleagáideoirí/ráthóirí:

— Eintitis phoiblí lena nochtar leis an dícheall cuí go bhfuil iontaoibh agus creidmheas/tacaíocht iomlán intuigthe an fhlaithiúnais ag an gceannaitheoir nó gur fíordhócha go bhfuil an leachtacht flaithiúnais agus an tacaíocht sócmhainneachta an-ard, i ndáil le hionchais aisghabhála agus riosca mainneachtana araon. Le heintitis phoiblí neamhfhlaithiúnais atá coibhéiseach leis an bhflaithiúnas, d'áireofaí cuideachtaí freisin ar leis an rialtas iad agus ag a bhfuil monaplacht nó cás inarb amhlaidh nach mór go bhfuil monaplacht acu maidir le hoibríochtaí in earnáil (e.g. cumhacht, ola, gás).

— Eintitis chorparáideacha ag a bhfuil próifíl chreidmheasa shárláidir, ar a bhfuil gnéithe le feiceáil i dtéarmaí ionchais mainneachtana agus aisghabhála araon, lena léirítear go bhféadfaí breathnú ar an riosca mar riosca atá coibhéiseach le riosca flaithiúnais. Le hiarrthóirí, d'fhéadfaí corparáidí gormshlise láidre nó bainc an-tábhachtacha a áireamh arb amhlaidh ina leith gur dócha go bhfuil an leachtacht flaithiúnais agus an tacaíocht sócmhainneachta ard.

Tuigtear le cáilíocht chreidmheasa shármhaith go bhfuil coinne leis gur diomaibhseach an riosca go gcuirfear isteach ar íocaíocht agus go bhfuil acmhainneacht shárláidir ag an eintiteas maidir le haisíocaíocht agus nach dócha go ndéanfaidh teagmhais intuartha difear don acmhainneacht sin. Fíoraítear an cháilíocht chreidmheasa go hiondúil i dteaglaim de roinnt saintréithe de phróifíl ghnó agus airgeadais an eintitis, nó teaglaim de na saintréithe uile sin:

— leibhéal idir sármhaith agus an-mhaith ó thaobh na giniúna airgid agus ioncaim de

— leibhéil idir sármhaith agus an-mhaith ó thaobh leibhéil leachtachta de

— leibhéal idir sáríseal agus an-íseal ó thaobh an luamhánaithe de

— próifíl ghnó atá idir sárláidir agus an-láidir agus cumais bhainistíochta atá cruthaithe agus an-láidir

Saintréithe eile atá ag an eintiteas freisin is ea cáilíocht ard maidir le nochtadh úinéireachta agus airgeadais, ach amháin i gcás ina mbeidh dóchúlacht an-ard ann maidir le tacaíocht ó mháthaireintiteas (nó flaithiúnais) ag a bhfuil aicmiú riosca ceannaitheora atá cothrom leis an méid a chomhfhreagraíonn don chatagóir riosca ceannaitheora sin, nó atá níos fearr.

Ag brath ar aicmiú na tíre ina bhfuil sainchónaí ar an oibleagáideoir/ráthóir, is dócha maidir le hoibleagáideoir/ráthóir a aicmítear sa chatagóir riosca ceannaitheora CC0 go ndéanfadh CRAnna creidiúnaithe é a rátáil idir AAA (Catagóir Tíre 1) agus B (Catagóir Tíre 7).

Cáilíocht Creidmheasa An-Mhaith (CC1)

Tá coinne leis go bhfuil an riosca go gcuirfear isteach ar íocaíocht íseal nó an-íseal. Tá acmhainneacht láidir ag an oibleagáideoir/ráthóir maidir le haisíocaíocht agus ní dócha go ndéanfaidh teagmhais intuartha difear don acmhainneacht sin. Tá soghabháltacht theoranta nó an-teoranta ag an oibleagáideoir/ráthóir i leith drochéifeachtaí athruithe ar imthosca agus ar dhálaí eacnamaíocha. Fíoraítear an cháilíocht chreidmheasa go hiondúil i dteaglaim de roinnt saintréithe den phróifíl ghnó agus airgeadais seo a leanas, nó teaglaim de na saintréithe uile sin:

— leibhéal idir an-mhaith agus maith ó thaobh na giniúna airgid agus ioncaim de

— leibhéil idir an-mhaith agus maith ó thaobh leibhéil leachtachta de

— leibhéal idir an-íseal agus íseal ó thaobh an luamhánaithe de

— próifíl ghnó an-láidir agus cumais bhainistíochta atá cruthaithe

Saintréithe eile atá ag an eintiteas freisin is ea cáilíocht ard maidir le nochtadh úinéireachta agus airgeadais, ach amháin i gcás ina mbeidh dóchúlacht an-ard ann maidir le tacaíocht ó mháthaireintiteas (nó flaithiúnais) ag a bhfuil aicmiú riosca ceannaitheora atá cothrom leis an méid a chomhfhreagraíonn don chatagóir riosca ceannaitheora sin, nó atá níos fearr.

Ag brath ar aicmiú na tíre ina bhfuil sainchónaí ar an oibleagáideoir/ráthóir, is dócha maidir le hoibleagáideoir/ráthóir a aicmítear sa chatagóir riosca ceannaitheora CC1 go ndéanfadh CRAnna creidiúnaithe é a rátáil idir AAA (Catagóir Tíre 1) agus B (Catagóir Tíre 7).

Cáilíocht Creidmheasa idir Maith agus Measartha Maith, Os Cionn an Mheáin (CC2)

Tá coinne leis go bhfuil an riosca go gcuirfear isteach ar íocaíocht íseal. Tá acmhainneacht atá idir maith agus measartha maith ag an oibleagáideoir/ráthóir maidir le haisíocaíocht agus ní dócha go ndéanfaidh teagmhais intuartha difear don acmhainneacht sin. Tá soghabháltacht theoranta ag an oibleagáideoir/ráthóir i leith drochéifeachtaí athruithe ar imthosca agus ar dhálaí eacnamaíocha. Fíoraítear an cháilíocht chreidmheasa go hiondúil i dteaglaim de roinnt saintréithe den phróifíl ghnó agus airgeadais seo a leanas, nó teaglaim de na saintréithe uile sin:

— leibhéal idir maith agus measartha maith ó thaobh na giniúna airgid agus ioncaim de

— leibhéil idir maith agus measartha maith ó thaobh leibhéil leachtachta de

— leibhéal idir íseal agus measartha íseal ó thaobh an luamhánaithe de

— próifíl ghnó atá measartha láidir agus cumais bhainistíochta atá cruthaithe

Saintréithe eile atá ag an eintiteas freisin is ea cáilíocht ard maidir le nochtadh úinéireachta agus airgeadais, ach amháin i gcás ina mbeidh dóchúlacht an-ard ann maidir le tacaíocht ó mháthaireintiteas (nó flaithiúnais) ag a bhfuil aicmiú riosca ceannaitheora atá cothrom leis an méid a chomhfhreagraíonn don chatagóir riosca ceannaitheora sin, nó atá níos fearr.

Ag brath ar aicmiú na tíre ina bhfuil sainchónaí ar an oibleagáideoir/ráthóir, is dócha maidir le hoibleagáideoir/ráthóir a aicmítear sa chatagóir riosca ceannaitheora CC2 go ndéanfadh CRAnna creidiúnaithe é a rátáil idir A+ (Catagóir Tíre 1) agus B- nó níos measa (Catagóir Tíre 7).

Cáilíocht Creidmheasa Measartha, Meánach (CC3)

Tá coinne leis go bhfuil an riosca go gcuirfear isteach ar íocaíocht measartha nó measartha íseal. Tá acmhainneacht atá idir measartha nó measartha maith ag an oibleagáideoir/ráthóir maidir le haisíocaíocht. Tá féidearthacht ann go dtiocfaidh riosca creidmheasa chun cinn agus neamhchinnteachtaí leanúnacha móra roimh an oibleagáideoir/ráthóir nó de réir mar a bhíonn siad neamhchosanta ar dhrochdhálaí gnó, airgeadais nó eacnamaíocha as a bhféadfadh acmhainneacht neamh-leordhóthanach eascairt maidir le híocaíochtaí tráthúla a chomhlíonadh. Féadfaidh roghanna malartacha airgeadais nó gnó a bheith ar fáil chun go mbeidh ar a gcumas tiomantais airgeadais a chomhlíonadh. Fíoraítear an cháilíocht chreidmheasa go hiondúil i dteaglaim de roinnt saintréithe den phróifíl ghnó agus airgeadais seo a leanas, nó teaglaim de na saintréithe uile sin.

— leibhéal idir measartha maith agus measartha ó thaobh na giniúna airgid agus ioncaim de

— leibhéil idir measartha maith agus measartha ó thaobh leibhéil leachtachta de

— leibhéal idir measartha íseal agus measartha ó thaobh an luamhánaithe de

— próifíl ghnó mheasartha agus cumais bhainistíochta atá cruthaithe

Saintréithe eile atá ag an eintiteas is ea cáilíocht oiriúnach maidir le nochtadh úinéireachta agus airgeadais, ach amháin i gcás ina mbeidh dóchúlacht an-ard ann maidir le tacaíocht ó mháthaireintiteas (nó flaithiúnais) ag a bhfuil aicmiú riosca ceannaitheora atá cothrom leis an méid a chomhfhreagraíonn don chatagóir riosca ceannaitheora seo, nó atá níos fearr.

Ag brath ar aicmiú na tíre ina bhfuil sainchónaí ar an oibleagáideoir/ráthóir, is dócha maidir le hoibleagáideoir/ráthóir a aicmítear i gcatagóir riosca ceannaitheora CC3 go ndéanfadh CRAnna creidiúnaithe é a rátáil idir BBB+ (Catagóir Tíre 1) agus B- nó níos measa (Catagóir Tíre 6).

Cáilíocht Creidmheasa atá Measartha Lag, Faoi Bhun an Mheáin (CC4)

Tá coinne leis gur measartha lag an riosca go gcuirfear isteach ar íocaíocht. Tá acmhainneacht maidir le haisíocaíocht ag an oibleagáideoir/ráthóir atá idir measartha agus measartha lag. Tá féidearthacht ann go dtiocfaidh riosca creidmheasa chun cinn agus neamhchinnteachtaí leanúnacha móra roimh an oibleagáideoir/ráthóir nó de réir mar a bhíonn siad neamhchosanta ar dhrochdhálaí gnó, airgeadais nó eacnamaíocha as a bhféadfadh acmhainneacht neamh-leordhóthanach eascairt maidir le híocaíochtaí tráthúla a chomhlíonadh. Mar sin féin, féadfaidh roghanna malartacha airgeadais nó gnó a bheith ar fáil chun go mbeidh ar a gcumas tiomantais airgeadais a chomhlíonadh. Fíoraítear an cháilíocht chreidmheasa go hiondúil i dteaglaim de roinnt saintréithe den phróifíl ghnó agus airgeadais seo a leanas, nó teaglaim de na saintréithe uile sin:

— leibhéal idir measartha agus measartha lag ó thaobh na giniúna airgid agus ioncaim de

— leibhéil idir measartha agus measartha lag ó thaobh na leachtachta de

— leibhéal idir measartha agus measartha ard ó thaobh an luamhánaithe de

— próifíl ghnó atá measartha lag agus cuntas teiste teoranta maidir le cumais bhainistíochta

Saintréithe eile atá ag an eintiteas is ea cáilíocht oiriúnach maidir le nochtadh úinéireachta agus airgeadais, ach amháin i gcás ina mbeidh dóchúlacht an-ard ann maidir le tacaíocht ó mháthaireintiteas (nó flaithiúnais) ag a bhfuil aicmiú riosca ceannaitheora atá cothrom leis an méid a chomhfhreagraíonn don chatagóir riosca ceannaitheora seo, nó atá níos fearr.

Ag brath ar aicmiú na tíre ina bhfuil sainchónaí ar an oibleagáideoir/ráthóir, is dócha maidir le hoibleagáideoir/ráthóir a aicmítear i gcatagóir riosca ceannaitheora CC4 go ndéanfadh CRAnna creidiúnaithe é a rátáil idir BB+ (Catagóir Tíre 1) agus B- nó níos measa (Catagóir Tíre 5).

Cáilíocht Creidmheasa Lag (CC5)

Tá coinne leis go bhfuil an riosca go gcuirfear isteach ar íocaíocht idir ard agus an-ard. Tá acmhainneacht maidir le haisíocaíocht ag an oibleagáideoir/ráthóir atá idir measartha lag agus lag. Tá an acmhainneacht ag an oibleagáideoir/ráthóir aisíocaíochtaí a chomhlíonadh faoi láthair ach tá corrlach teoranta sábháilteachta fós i gceist leis. Mar sin féin, tá féidearthacht ann go dtiocfaidh fadhbanna íocaíochta chun cinn toisc go mbraitheann an acmhainneacht maidir le híocaíocht leanúnach ar thimpeallacht inbhuanaithe fhabhrach eacnamaíoch agus ghnó. Is dócha go lagófar an acmhainneacht nó an toilteanas maidir le bheith ag aisíoc le drochdhálaí eacnamaíocha, airgeadais nó gnó. Fíoraítear an cháilíocht chreidmheasa go hiondúil i dteaglaim de roinnt saintréithe den phróifíl ghnó agus airgeadais seo a leanas, nó teaglaim de na saintréithe uile sin:

— leibhéal idir measartha lag agus lag agus an-lag ó thaobh na giniúna airgid agus ioncaim de

— leibhéil idir measartha agus lag ó thaobh na leachtachta de

— leibhéal idir measartha ard agus ard ó thaobh an luamhánaithe de

— próifíl ghnó atá lag agus cuntas teiste teoranta maidir le cumais bhainistíochta nó gan cuntas teiste ar bith den sórt sin

Saintréithe atá ag an eintiteas freisin is ea droch-cháilíocht maidir le nochtadh úinéireachta agus airgeadais, ach amháin i gcás ina mbeidh dóchúlacht an-ard ann maidir le tacaíocht ó mháthaireintiteas (nó flaithiúnais) ag a bhfuil aicmiú riosca ceannaitheora atá cothrom leis an méid a chomhfhreagraíonn don chatagóir riosca ceannaitheora seo, nó atá níos fearr.

Ag brath ar aicmiú na tíre ina bhfuil sainchónaí ar an oibleagáideoir/ráthóir, is dócha maidir le hoibleagáideoir/ráthóir a aicmítear i gcatagóir riosca ceannaitheora CC5 go ndéanfadh CRAnna creidiúnaithe é a rátáil idir BB- (Catagóir Tíre 1) agus B- nó níos measa (Catagóir Tíre 4).

IARSCRÍBHINN XII

CRITÉIR AGUS COINNÍOLLACHA A RIALAÍONN CUR I bhFEIDHM NA dTEICNÍCÍ MAOLAITHE RIOSCA TÍRE AGUS NA bhFEABHSUITHE CREIDMHEASA AR AN RIOSCA CEANNAITHEORA

CUSPÓIR

Soláthraítear leis an Iarscríbhinn seo, mionsonraí ar úsáid na dteicnící maolaithe riosca tíre a liostaítear in Airteagal 28 b) den Socrú agus ar úsáid na bhfeabhsuithe creidmheasa ar an riosca ceannaitheora a liostaítear in Airteagal 29 a) den Socrú; áirítear leis sin na critéir, na coinníollacha agus na himthosca sonracha ag a bhfuil feidhm maidir lena n-úsáid mar aon leis an tionchar ar MPRanna.

TEICNÍCÍ MAOLAITHE RIOSCA TÍRE

1. ***Struchtúr ag a bhfuil Sreabhadh Ionchasach Eischósta nasctha le Cuntas Eascró Eischósta***

Sainmhíniú:

Doiciméad i scríbhinn, amhail gníomhas nó socrú um scaoileadh nó um iontaobhaithe, a bhíonn séalaithe agus a sheachadtar chuig tríú páirtí, i.e. duine nach páirtí san ionstraim sin é nó í, agus ar doiciméad é a choinneofar i seilbh an tríú páirtí sin go dtí go ndéanfar coinníollacha áirithe a chomhall agus an uair sin go ndéanfaidh an tríú páirtí é a sheachadadh chuig an bpáirtí eile chun go mbeidh éifeacht leis. Má chomhlíontar na critéir seo a leanas, faoi réir na dtosca breise atá liostaithe a chur san áireamh, is féidir leis an teicníc seo na rioscaí um aistriú a laghdú nó a dhíothú, go príomha sna catagóirí ardriosca tíre.

Critéir:

— Tá an cuntas eascró ceangailte le tionscadal um thuilleamh ó mhalairt eachtrach agus is é an tionscadal féin agus/nó infháltais onnmhairiúcháin eischósta eile a ghineann na sreafaí isteach sa chuntas eascró.

— Is i seilbh eischósta atá an cuntas eascró, i.e. tá sé lonnaithe lasmuigh de thír an tionscadail mar a bhfuil na rioscaí tíre a bhaineann le haistriú nó nithe eile an-teoranta (i.e. i dtír Ard-Ioncaim de ECFE nó i dtír Ard-Ioncaim i Limistéar an Euro).

— Tá an cuntas eascró i mbanc den chéad aicme nach bhfuil á rialú go díreach nó go hindíreach le leasanna an oibleagáideora nó ag tír an oibleagáideora.

— tá cistiú an chuntais á urrú trí chonarthaí fadtéarmacha nó trí chonarthaí iomchuí eile,

— Is in airgeadra crua atá teaglaim na bhfoinsí ioncaim (i.e. arna nginiúint ag an tionscadal féin agus/nó ag na foinsí eile) atá ag an oibleagáideoir agus ag sreabhadh tríd an gcuntas agus is féidir coinne a bheith leis le réasún gur leordhóthanach teaglaim na bhfoinsí ioncaim sin le chéile chun an fiachas a sheirbhísiú ar feadh fhad iomlán an chreidmheasa, agus go dtagann siad ó chustaiméir eachtrach inchairde amháin nó níos mó atá lonnaithe i dtíortha ar fearr a leibhéal riosca ná an tír ina bhfuil an tionscadal lonnaithe (i.e. tíortha is tíortha Ard-Ioncaim de ECFE iad nó tíortha Ard-Ioncaim i Limistéar an Euro de ghnáth).

— Tugann an t-oibleagáideoir ordú neamh-inchúlghairthe do na custaiméirí eachtracha íoc isteach go díreach sa chuntas (i.e. ní chuirtear na híocaíochtaí ar aghaidh trí chuntas atá á rialú ag an oibleagáideoir nó trína thír).

— Tá na cistí a bheidh le coinneáil sa chuntas comhionann le 6 mhí ar a laghad den fhónamh d'fhiachas. I gcás ina mbíonn téarmaí solúbtha aisíocaíochta á gcur i bhfeidhm faoi struchtúr maoinithe tionscadail, déantar méid coibhéiseach leis an bhfónamh d'fhiachas 6 mhí iarbhír a choinneáil sa chuntas faoi théarmaí solúbtha den sórt sin; d'fhéadfadh an méid sin athrú in imeacht ama ag brath ar phróifíl na fiach-sheirbhíse.

— Tá srian curtha ag an oibleagáideoir ar rochtain chuig an gcuntas (i.e. ní bheidh rochtain ann go dtí go mbeidh íocaíocht an fhónaimh d'fhiachas déanta faoin gcreidmheas).

— Déantar na hioncaim a thaisctear sa chuntas a shannadh chuig an iasachtóir mar thairbhí díreach ar feadh ré iomlán an chreidmheasa.

— Le hoscailt an chuntais, tá na húdaruithe dlíthiúla go léir atá riachtanach faighte ó na húdaráis áitiúla agus ó aon údaráis iomchuí eile.

— Ní fhéadfaidh an cuntas eascró agus na socruithe conarthacha a bheith coinníollach agus/nó in-chúlghairthe agus/nó teoranta maidir lena dtréimhse.

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc faoi réir na saintréithe thuas a bhreithniú ar bhonn cás ar chás agus, *inter alia*, le haird ar na nithe seo a leanas:

— an tír, an t-oibleagáideoir (i.e. bíodh sé poiblí nó príobháideach), an earnáil, an leochaileacht i ndáil leis na tráchtearraí nó na seirbhísí atá i gceist, lena n-áirítear iad a bheith ar fáil d'fhad iomlán an chreidmheasa, na custaiméirí,

— na struchtúir dlí, e.g. cé acu atá nó nach bhfuil an sásra díolmhaithe a dhóthain ó thionchar an oibleagáideora nó a thíre,

— an méid a fhéadfaidh rialtas i gcónaí cur isteach ar an teicníc, í a athnuachan nó a tharraingt siar,

— cibé a bheadh nó nach mbeadh an cuntas cosanta a dhóthain in aghaidh rioscaí atá bainteach le tionscadal,

— an méid a shreabhfaidh isteach sa chuntas agus an sásra le haghaidh leanúint den soláthar iomchuí,

— an cás i ndáil le Club Pháras (e.g. díolmhú féideartha),

— an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí tíre, seachas an riosca aistrithe,

— an chosaint ar rioscaí na tíre ina bhfuil an cuntas lonnaithe,

— na conarthaí leis na custaiméirí, lena n-áirítear a gcineál agus a bhfad, agus

— méid foriomlán an tuillimh choigríche ionchasaigh i gcoibhneas le méid iomlán an chreidmheasa.

An tionchar ar MPR

D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm na teicníce maolaithe riosca tíre sin feabhsú aon chatagóire amháin san aicmiú riosca tíre is infheidhme maidir leis an idirbheart, ach amháin le haghaidh idirbheart i gCatagóir Riosca Tíre 1.

2. ***Maoiniú in Airgeadra Áitiúil***

Sainmhíniú:

Conradh agus maoiniú a dhéantar a chaibidlú in airgeadra in-chomhshóite agus atá ar fáil go háitiúil, ach nach airgeadra crua é, agus a dhéantar a mhaoiniú go háitiúil, rud a dhíothaíonn nó a mhaolaíonn an riosca aistrithe. I bprionsabal, ní dhéanfadh an chéad dá riosca creidmheasa tíre aon difear don phríomhoibleagáid fiachais san airgeadra áitiúil.

Critéir:

— Maidir le híocaíocht dhliteanas agus éilimh ECA nó maidir leis an íocaíocht leis an Dír-Iasachtóir, sloinntear/déantar go huile agus go hiomlán san airgeadra áitiúil í.

— Níl an ECA, de ghnáth, neamhchosanta ar an riosca aistrithe.

— De ghnáth, ní bheidh sé riachtanach taiscí in airgeadra áitiúil a chomhshó go hairgeadra crua.

— Is urscaoileadh bailí ar oibleagáid na hiasachta é go ndéanfadh an t-iasachtaí an aisíocaíocht ina airgeadra féin agus ina thír féin.

— Má bhíonn ioncam an iasachtaí in airgeadra áitiúil, tá cosaint ag an iasachtaí ar athruithe díobhálacha sa ráta malairte.

— Níor cheart go ndéanfadh rialacháin um aistriú i dtír an iasachtóra difear d'oibleagáidí aisíocaíochta an iasachtaí, óir d'fhanfaidís in airgeadra áitiúil.

Tosca Breise atá le cur san áireamh:

Tá feidhm ag an teicníc ar bhonn roghnach maidir le hairgeadraí in-chomhshóite agus inaistrithe, sa chás gur slán don eacnamaíocht bhunúsach. Ba cheart go mbeadh an ECA is Rannpháirtí in ann a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh a fhad a bhaineann le héilimh arna sloinneadh ina airgeadra féin a íoc sa chás go n-éiríonn an t-airgeadra áitiúil 'neamh-inaistrithe' nó 'neamh-inchomhshóite' tar éis don ECA dliteanas a ghlacadh ar láimh. (Thitfeadh an neamhchosaint seo ar Dhír-Iasachtóir, áfach.)

An tionchar ar MPR

D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm na teicníce maolaithe riosca tíre sin lascaine nach mó ná 20 % i dtaca le cion an riosca tíre de MPR (i.e. toisc airgeadra áitiúil [LCF] ag a bhfuil luach nach mó ná 0,2).

FEABHSUITHE CREIDMHEASA AR RIOSCA CEANNAITHEORA

Soláthraítear leis an tábla seo a leanas sainmhínithe ar na feabhsuithe creidmheasa ar an riosca ceannaitheora a fhéadfar a chur i bhfeidhm mar aon lena dtionchar uasta ar na MPRanna is infheidhme. I gcás na n-idirbheart atá faoi réir chatagóir riosca tír 1-7 MPR, sonraítear an CEF uasta a úsáidtear i bhfoirmle MPR; i gcás idirbhearta tagarmhairc margaidh, sonraítear an lascaine uasta ar Thagarmharc Margaidh an MPR is infheidhme ([1]).

Feabhsú Creidmheasa	Sainmhíniú	CEF Uasta (Catagóir Riosca Tíre 1-7)	Uasmhéid Lascaine (Tagarmharc Margaidh)
Sannadh Fáltas nó Infháltas Conartha	I gcás ina mbeidh conarthaí ag iasachtaí le ceannaitheoirí láidre, cé acu ceannaitheoirí eischósta nó áitiúla, le sannadh in-fhorfheidhmithe le dlí an chonartha foráiltear cearta chun conarthaí an iasachtaí a fhorfheidhmiú agus/nó cinntí a dhéanamh faoi chonarthaí móra in áit an iasachtaí tar éis mainneachtana faoin iasacht. Le comhaontú díreach le tríú páirtí in idirbheart (gníomhaireacht rialtais áitiúil in idirbheart fuinnimh nó mianadóireachta), fágtar go mbíonn Iasachtóirí in ann dul chuig rialtas chun leigheasanna a lorg maidir le díshealbhú nó le sárú eile ar oibleagáidí conarthacha a bhaineann leis an idirbheart. Féadfaidh infháltais a bheith ag cuideachta atá ann cheana agus a oibríonn i margadh nó in earnáil atá deacair, ar infháltais iad a bhaineann le díol táirgeachta le cuideachta nó le cuideachtaí atá lonnaithe i dtimpeallacht níos cobhsaí. Is in airgeadra crua a bheadh infháltais de ghnáth ach féadfaidh sé nach mbeidh siad faoi réir caidreamh conarthach sonrach. Le sannadh na n-infháltas sin, d'fhéadfaí slándáil sócmhainní a sholáthar i gcuntais an Iasachtaí, lena dtabharfar cóir fhabhrach don Iasachtóir maidir leis an sreabhadh airgid a ghineann an tIasachtaí.	0,10	N/A

([1]) Maidir le hIdirbhearta Tagarmhairc Margaidh, ní fhéadfaidh an préimhráta a eascróidh as cur i bhfeidhm na bhfeabhsuithe creidmheasa ar an riosca ceannaitheora a bheith níos ísle ná an Préimhráta Íosta Achtúireach is infheidhme.

Feabhsú Creidmheasa	Sainmhíniú	CEF Uasta (Catagóir Riosca Tíre 1-7)	Uasmhéid Lascaine (Tagarmharc Margaidh)
Urrús Sócmhainn-bhunaithe	Rialú ar shócmhainn arna léiriú leis an méid seo a leanas: (1) morgáiste ar phíosa maoine atá an-soghluaiste agus an-luachmhar agus (2) maoin ag a bhfuil luach iomlán inti féin. Is é atá in urrús sócmhainn-bhunaithe urrús ar ar féidir seilbh a fháil an athuair réasúnta éasca amhail inneall gluaiste, trealamh leighis nó trealamh tógála. Agus urrús den sórt sin á luacháil, ba cheart do CIE a chur san áireamh a éasca a bheidh sé ó thaobh an dlí de an tsócmhainn a aisghabháil. I bhfocail eile, is mó an luach a bhíonn i gceist nuair a chomhlánaítear an leas urrúis sa tsócmhainn faoi réimeas dlí bunaithe agus is lú an luach a bhíonn i gceist i gcás ina mbeidh ceist faoin gcumas ó thaobh an dlí de maidir leis an tsócmhainn a aisghabháil. Is é an margadh a shocraíonn luach beacht urrúis sócmhainn-bhunaithe, agus is doimhne an 'margadh' ábhartha ná margadh áitiúil toisc gur féidir an tsócmhainn a aistriú chuig dlínse eile. NÓTA: Maidir le feabhsú creidmheasa ar urrúis sócmhainn-bhunaithe a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta atá faoi réir MPRanna chatagóir riosca tíre 1-7, is infheidhme maidir leis an riosca ceannaitheora é, i gcás ina mbeidh an t-urrús sócmhainn-bhunaithe á shealbhú go hinmheánach laistigh den tír ina bhfuil sainchónaí ar an idirbheart.	0,25	15 %
Urrús Sócmhainní Dochta	Is éard is urrús sócmhainní dochta ann trealamh comhpháirteanna ar trealamh é a fhéadfaidh a bheith srianta i ngeall ar a fhisiciúlacht amhail innealra monaraíochta nó tuirbín atá comhtháite i líne chóimeála. Is éard a bheartaítear leis an urrús sócmhainní dochta agus is é an luach a bhaineann leis tuilleadh giarála a sholáthar do CIE thar úsáid na sócmhainne maidir le caillteanais a chúiteamh i gcás mainneachtana. Bíonn luach urrúis sócmhainní dochta éagsúil ag brath ar thosca eacnamaíocha agus dlíthiúla, ar thosca an mhargaidh agus ar thosca eile.	0,15	10 %
Cuntas Eascró	Baineann cuntais cúlchiste fiach-sheirbhíse le cuntais eascró ar cuntais iad atá á sealbhú mar urrús le haghaidh na n-iasachtóirí nó cineálacha eile de chuntais airgid infhála atá á sealbhú mar urrús le haghaidh na n-iasachtóirí ag páirtí nach bhfuil faoi rialú an cheannaitheora/oibleagáideora ná nach bhfuil comhúinéireacht aige leis an gceannaitheoir/oibleagáideoir. Ní mór an méid eascró a thaisceadh nó a eascró roimh ré. Is é 100 % den mhéid ainmniúil i gcuntais airgid den sórt sin beagnach i gcónaí luach an urrúis sin. Ceadaítear rialú níos mó leo ar úsáid an airgid thirim, áirithítear leo go seirbhíseofar an fiach roimh chaiteachas lánroghnach. NÓTA: Maidir le feabhsú creidmheasa ar chuntas eascró a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta atá faoi réir MPRanna chatagóir riosca tíre 1-7, is infheidhme maidir leis an riosca ceannaitheora é, i gcás ina mbeidh an cuntas eascró á shealbhú go hinmheánach laistigh den tír ina bhfuil sainchónaí ar an idirbheart. Le hurrús airgid, laghdaítear go suntasach an riosca mainneachtana le haghaidh na dtráthchodanna a chumhdaítear.	méid eascró mar % de chreidmheas suas le 0,10 ar a mhéad	méid eascró mar % de chreidmheas suas le 10 % ar a mhéad

IARSCRÍBHINN XIII

SEICLIOSTA DON CHÁILÍOCHT FORBARTHA

SEICLIOSTA DO CHÁILÍOCHT FORBARTHA NA dTIONSCADAL CABHAIR-MHAOINITHE

Tá roinnt critéar curtha i dtoll a chéile le blianta beaga anuas ag an DAC lena áirithiú go mbíonn tionscadail i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus a ndéantar maoiniú orthu, go hiomlán nó go páirteach, le Cabhair Forbartha Oifigiúil (ODA), ag rannchuidiú leis an bhforbairt. Go bunúsach, tá na critéir sin le fáil sna doiciméid seo a leanas:

— *DAC Principles for Project Appraisal, 1988* [Prionsabail an DAC maidir le Breithmheas Tionscadal, 1988],

— *DAC Guiding Principles for Associated Financing and Tied and Partially Untied Official Development Assistance*, [Treoirphrionsabail DAC maidir le Maoiniú Comhlachaithe agus Cúnamh Forbartha Oifigiúla atá Ceangailte agus atá Neamhcheangailte go Páirteach] 1987, agus

— Dea-Chleachtais Soláthair le haghaidh Cúnaimh Forbartha Oifigiúla (Good Procurement Practices for Official Development Assistance, 1986). As a measc sin, *DAC Principles for Project Appraisal* [Prionsabail DAC maidir le Breithmheas Tionscadal] agus *Good Procurement Practices for Official Development Assistance* [Dea-Chleachtais Soláthair le haghaidh Cúnaimh Forbartha Oifigiúla] in éineacht le roinnt 'prionsabal' nó 'dea-chleachtas eile' a tháirg DAC, foilsíodh in éineacht le chéile iad in *Development Assistance Manual, DAC Principles for Effective Aid (DAM)* [Lámhleabhar maidir le Cúnamh Forbartha, Prionsabail DAC maidir le Cabhair Éifeachtach (DAM)] in 1992.

A MHÉID ATÁ AN TIONSCADAL AG LUÍ LE TOSAÍOCHTAÍ FORIOMLÁNA INFHEISTÍOCHTA NA TÍRE FÁLA (ROGHNÚ TIONSCADAL)

An bhfuil cuid an tionscadail de na cláir um infheistíocht agus chaiteachas poiblí formheasta cheana féin ag údaráis lárnacha airgeadais agus pleanála na tíre fála?

(Sonraigh an doiciméad beartais ina luaitear an tionscadal, e.g. clár um infheistíocht phoiblí na tíre fála.)

An bhfuil an tionscadal á chómhaoiniú in éineacht le hinstitiúid airgeadais idirnáisiúnta um fhorbairt?

An bhfuil fianaise ann go ndearna institiúid airgeadais idirnáisiúnta um fhorbairt nó Comhalta eile den DAC an tionscadal a bhreithniú agus ansin a dhiúltú ar an bhforas go raibh tosaíocht íseal forbartha ag an tionscadal?

I gcás tionscadail earnála príobháidí, an bhfuil sé formheasta ag rialtas na tíre fála?

An bhfuil an tionscadal cuimsithe ag comhaontú idir-rialtasach lena bhforáiltear do raon leathan gníomhaíochtaí cabhrach a bheith á ndéanamh ag an mbronntóir sa tír fála?

ULLMHÚ AGUS BREITHMHEAS AN TIONSCADAIL

Ar ullmhaíodh, ar dearadh agus ar breithmheasadh an tionscadal ag baint leas as caighdeáin agus critéir atá ag teacht, cuid mhór, le Prionsabail DAC maidir le Breithmheas Tionscadail ó mhíreanna 91-162 de DAM? Baineann prionsabail ábhartha le breithmheas a dhéanamh ar thionscadail de réir na bpointí seo a leanas:

a) Gnéithe eacnamaíochta (míreanna 120 go 128 DAM).

b) Gnéithe teicniúla (mír 112 DAM).

c) Gnéithe airgeadais (míreanna 113 go 119 DAM).

I gcás tionscadail a chruthaíonn ioncam, go háirithe má bhíonn sé i mbun táirgíochta le haghaidh margadh iomaíoch, an bhfuil an mhír lamháltais den mhaoiniú cabhrach curtha ar aghaidh chuig úsáideoir deiridh na gcistí? (mír 115 DAM).

a) Measúnú institiúideach (míreanna 130 go 134 DAM).

b) Anailís shóisialta agus imdháiliúcháin (míreanna 137 go mír 147 DAM).

c) Measúnú comhshaoil (míreanna 145 go 147 DAM).

NÓSANNA IMEACHTA UM SHOLÁTHAR

Cad é an modh soláthair a bheidh in úsáid as measc na nithe seo a leanas? (Le haghaidh sainmhínithe, féach na Prionsabail a liostaítear in Dea-Chleachtas Soláthair le haghaidh ODA ó mhíreanna 409-429 de DAM).

a) Imthairiscint iomaíoch idirnáisiúnta (míreanna 411 agus 419-429 DAM: Coinníollacha íosta maidir le himthairiscint éifeachtach iomaíoch idirnáisiúnta).

b) Imthairiscint iomaíoch náisiúnta (mír 412 DAM).

c) Comórtas neamhfhoirmiúil nó caibidlíocht dhíreach (míreanna 413-414 DAM).

An bhfuil sé beartaithe praghas agus cáilíocht na soláthairtí a sheiceáil (mír 153 DAM)?

IARSCRÍBHINN XIV

LIOSTA SAINMHÍNITHE

Chun críche an tSocraithe:

a) **Gealltanas:** aon ráiteas, i gcibé foirm, lena gcuirtear in iúl don tír fála, don cheannaitheoir, don iasachtaí, don onnmhaireoir nó don institiúid airgeadais go dtoilítear tacaíocht oifigiúil a sholáthar, nó go bhfuil sé ar intinn é sin a dhéanamh;

b) **Líne Choiteann:** tuiscint idir na Rannpháirtithe, maidir le hidirbheart ar leith nó in imthosca speisialta, go gcomhaontaíonn siad téarmaí agus coinníollacha airgeadais sainiúla i gcomhair tacaíochta oifigiúla. Ní ghlacann na rialacha maidir le Líne Choiteann atá comhaontaithe ionad rialacha an tSocraithe ach amháin i gcás an idirbhirt nó na n-imthosca atá sainithe sa Líne Choiteann;

c) **Leibhéal Lamháltais na Cabhrach Ceangailte:** i gcás deontas, is 100 % é an leibhéal lamháltais. I gcás iasachtaí, is éard é an leibhéal lamháltais ná an difríocht idir luach ainmniúil na hiasachta agus luach láithreach lascainithe na n-íocaíochtaí fiach-sheirbhíse amach anseo a bheidh le déanamh ag an iasachtaí. Sloinntear an difríocht mar chéatadán de luach ainmniúil na hiasachta;

d) **Díchoimisiúnú:** gléasra cumhachta núicléiche a dhúnadh síos nó a dhíchur.

e) **Luach an Chonartha Onnmhairiúcháin:** an méid iomlán a bheidh le híoc ag an gceannaitheoir, nó thar a cheann, ar earraí agus/nó seirbhísí a onnmhairítear, i.e. gan na costais áitiúla a bhfuil sainmhíniú anseo thíos orthu san áireamh; i gcás léasa, eisiatar an cion sin den íocaíocht léasa atá coibhéiseach leis an ús.

f) **Ceangaltas Deiridh:** maidir le hidirbhearta creidmheasa onmhairiúcháin (bíodh sé sin ina idirbheart aonair nó ina líne chreidmheasa), is ann do cheangaltas deiridh nuair a cheanglaíonn an Rannpháirtí air féin déanamh de réir théarmaí agus coinníollacha airgeadais atá beacht agus iomlán, bíodh sin trí chomhaontú cómhalartach nó trí ghníomh aontaobhach;

g) **An Chéad Lucht Breosla:** maidir leis an gcéad lucht breosla, ní bheidh níos mó ann ná lán an chroíleaceáin núicléach a suiteáladh ar dtús, móide dhá athluchtú ina dhiaidh sin, arb éard a bheidh iontu sin le chéile méid suas go dtí dhá thrian de lán an chroíleacáin núicléach.

h) **Tacaíocht Ráta Úis:** socrú idir rialtas agus bainc nó institiúidí airgeadais eile lena bhféadtar maoiniú onnmhairiúcháin a sholáthar ar ráta seasta atá ag leibhéal an CIRR, nó os a chionn;

i) **Líne Chreidmheasa:** creat, i gcibé foirm, le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin a chumhdaíonn sraith idirbheart a d'fhéadfadh a bheith nasctha le togra sainiúil, nó a bhféadfadh sé nach ann do nasc le togra sainiúil;

j) **Costais Áitiúla:** caiteachas ar earraí agus seirbhísí i dtír an cheannaitheora atá riachtanach chun conradh an onnmhaireora a fhorghníomhú nó chun an tionscadal a bhfuil conradh an onnmhaireora mar chuid de a thabhairt chun críche. Eisatar leis seo aon choimisiún is iníoctha le gníomhaire an onnmhaireora sa tír cheannaigh.

k) **Idirbheart Tagarmhairc Margaidh:** idirbheart a bhaineann le hoibleagáideoirí/ráthóirí deiridh i dtíortha Chatagóir 0, tíortha Ard-Ioncaim de ECFE agus tíortha Ard-Ioncaim i Limistéar an Euro.

l) **Préimh Íosta Achtúireach:** is é sin an meánráta mainneachtana bliantúlaithe (a dhíorthaítear ó rátaí mainneachtana carnacha arna bhfoilsiú ag na príomh-CRAnna Creidiúnaithe) le haghaidh rátáil ar leith agus téarma iomlán (WAL an idirbhirt iomláin) arna choigeartú le caillteanas a thoimhdítear i ngeall ar mhainneachtain agus ar thoisc lódála costas de réir coinbhinsiún arna gcomhaontú ag na Rannpháirtithe.

m) **Banna lena mbaineann Ainm Sonrach nó CDS:** tá Banna lena mbaineann Ainm Sonrach nó CDS teoranta do na hionstraimí tagarmhairc margaidh sin ar leis an oibleagáideoir/ráthóir iad arb é sin an t-oibleagáideoir/ráthóir atá comhionann go beacht leis an oibleagáideoir/ráthóir san idirbheart arna thacú.

n) **Cumhdach Foirfe:** tacaíocht oifigiúil arna soláthar ag rialtas, nó thar ceann rialtais, trí bhíthin ráthaíocht nó árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, agus iad sin amháin, i.e. nach dtairbhíonn de thacaíocht maoiniúcháin oifigiúil.

o) **Eintiteas Gaolmhar:** Is éard is tagairtí d'Eintiteas Gaolmhar ann ionstraimí tagarmhairc d'iasachtaí ghaolmhair seachas an t-iasachtaí arb é sin an t-iasachtaí atá comhionann go beacht leis an iasachtaí san idirbheart arna thacú. Sa chás nach mbeidh aon bhannaí luaite ná aon CDS ag an oibleagáideoir, agus gur ann laistigh de struchtúr eagraíochtúil an oibleagáideora do mháthairchuideachta, fochuideachta nó comhchuideachta ag a bhfuil Bannaí lena mbaineann Ainm Sonrach nó CDSanna gan íoc sa mhargadh, mar sin i ndáil le hAirteagal 23 c), féadfar na Bannaí sin lena mbaineann Ainm Sonach nó na CDSanna sin a úsáid amhail is gurb é an t-oibleagáideoir féin a d'eisigh iad más rud é gurb amhlaidh:

1. Go bhfuil an rátáil eisitheora CRA chéanna ag mháthairchuideachta, fochuideachta nó comhchuideachta agus atá ag an oibleagáideoir/ráthóir; nó

2. Go gcomhlíontar na critéir uile seo a leanas:

   i. Comhfhreagraíonn rátáil inmheánach an Rannpháirtí ar an oibleagáideoir/ráthóir do rátáil CRA an eintitis ghaolmhair.

   ii. Gurb é an t-oibleagáideoir/ráthóir príomhchuideachta oibriúcháin na máthairchuideachta/an ghabháltais, ar príomhpháirt é atá ina dhlúthchuid de ghnó an ghrúpa.

   iii. Go bhfuil an rátáil CRA bunaithe ar phríomhghnó an ghrúpa.

   iv. Go soláthraíonn an t-oibleagáideoir/ráthóir cuid shuntasach de thuilleamh an ghrúpa trí chuid de phríomhtháirgí/sheirbhísí an ghrúpa a sholáthar do phríomhchliaint nó toisc gur leis cion mór de shócmhainní na máthairchuideachta, ar sócmhainní a bhíonn á n-oibriú ag an oibleagáideoir/ráthóir freisin.

   v. Go bhfuil sé an-deacair a shamhlú go ndíolfadh an grúpa an t-oibleagáideoir/ráthóir, agus dá ndéanfaí an diúscairt sin, go ndéanfaí athrú suntasach ar chruth foriomlán an ghrúpa.

   vi. Go mbeadh mainneachtain an oibleagáideora/ráthóra ina riosca mór don ghrúpa ó thaobh clú de, go ndéanfaí damáiste dá shaincheadúnas dá thoradh sin agus go bhféadfadh an mhainneachtain sin a bheith ina bagairt dá inmharthanacht.

   vii. Gur ann d'ardleibhéal de chomhtháthú oibriúcháin agus bainistíochta i gcás inarb í an mháthairchuideachta nó fochuideachta airgeadais a sholáthraíonn caipiteal agus maoiniú go hiondúil *via* iasachtaí idir cuideachtaí agus i gcás nach ann do cheist faoi thacaíocht na máthairchuideachta.

p) **Téarma Aisíocaíochta:** an tréimhse dar tús túsphointe an chreidmheasa, arna shainmhíniú san Iarscríbhinn seo, agus dar críoch dáta conarthach na haisíocaíochta deiridh den bhunairgead;

q) **Túsphointe an Chreidmheasa:**

1. *Páirteanna nó comhpháirteanna (earraí idirmheánacha), lena n-áirítear na seirbhísí gaolmhara*: i gcás codanna nó comhchodanna, ní bheidh túsphointe an chreidmheasa níos déanaí ná an dáta iarbhír a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí (lena n-áirítear seirbhísí, más infheidhme) nó, i gcás seirbhísí, an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis na seirbhísí;

2. *Earraí cuasachaipitiúla, lena n-áirítear seirbhísí gaolmhara — innealra nó trealamh, a bhfuil luach aonaid sách íseal acu de ghnáth, agus atá beartaithe lena n-úsáid i bpróiseas tionsclaíochta nó chun úsáide táirgíochta nó tráchtála*: i gcás earraí cuasachaipitiúla, ní bheidh túsphointe an chreidmheasa níos déanaí ná an dáta iarbhír a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí nó, má tá freagrachtaí i dtaca leis an gcoimisiúnú ar an onnmhaireoir, ansin is ag tráth an choimisiúnaithe a bheidh an túsphointe is deireanaí, nó i gcás seirbhísí, an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis an tseirbhís. I gcás conartha maidir le seirbhísí a sholáthar agus freagracht ar an soláthróir i leith an choimisiúnaithe, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí;

3. *Earraí caipitiúla agus seirbhísí tionscadail — innealra nó trealamh, a bhfuil luach ard acu, agus atá beartaithe lena n-úsáid i bpróiseas tionsclaíochta nó chun úsáide táirgíochta nó tráchtála*:

   — i gcás conartha chun earraí caipitiúla atá comhdhéanta d'ítimí aonair is féidir a úsáid iad féin a dhíol, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta iarbhír a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar na hearraí, nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar na hearraí,

   — i gcás conartha chun trealamh caipitiúil a dhíol i gcomhair gléasraí nó monarchana críochnaithe agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an soláthróir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar an trealamh go léir (gan páirteanna spártha san áireamh) arna sholáthar faoin gconradh,

— má bhíonn an t onnmhaireoir freagrach as an gcoimisiúnú, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí.

— maidir le seirbhísí, is é an túsphointe is deireanaí don chreidmheas ná an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis an tseirbhís. I gcás conartha maidir le seirbhísí a sholáthar agus freagracht ar an soláthróir i leith an choimisiúnaithe, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí;

4. *gléasraí nó monarchana críochnaithe — aonaid táirgíochta críochnaithe a bhfuil luach ard acu agus a gcaithfear earraí caipitiúla a úsáid ina leith*:

— i gcás conartha chun trealamh caipitiúil a dhíol i gcomhair gléasraí nó monarchana críochnaithe agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an soláthróir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a nglacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar an trealamh go léir (gan páirteanna spártha san áireamh) arna sholáthar faoin gconradh,

— i gcás conarthaí foirgníochta agus nach bhfuil aon fhreagracht ar an gconraitheoir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a mbeidh an foirgniú tugtha chun críche,

— i gcás aon chonartha agus go bhfuil freagracht ar an soláthróir nó ar an gconraitheoir as an gcoimisiúnú, is é an túsphointe is deireanaí ná an dáta a mbeidh an tsuiteáil nó an foirgniú tugtha chun críche agus na réamhthástálacha déanta lena áirithiú go bhfuil an tsuiteáil nó an foirgniú sin réidh le cur i mbun oibríochta. Beidh feidhm aige seo is cuma má bhíonn an tsuiteáil nó an foirgniú tugtha ar láimh do cheannaitheoir ag an tráth sin, nó nach mbíonn, i gcomhréir le téarmaí an chonartha agus beag beann ar aon cheangaltas leanúnach a d'fhéadfadh a bheith ar an soláthróir nó ar an gconraitheoir, e.g. ráthaíocht a thabhairt i dtaobh feidhmíochta éifeachtaí nó pearsanra áitiúil a oiliúint,

— más rud é go mbíonn forghníomhú ar leithligh de chodanna aonair de thionscadal i gceist leis an gconradh, is é dáta an túsphointe is deireanaí ná dáta an túsphointe do gach cuid ar leithligh, nó meándáta na dtúsphointí sin, nó, sa chás gur conradh do chuid lárnach den togra atá ag an soláthróir agus nach conradh don tionscadal ina iomláine, féadfar gurb é an túsphointe an dáta sin a bheidh iomchuí don tionscadal ina iomláine,

— maidir le seirbhísí, is é an túsphointe is deireanaí don chreidmheas ná an dáta a seoltar na sonraisc chuig an gcliant nó a nglacann an cliant leis an tseirbhís. I gcás conartha maidir le seirbhísí a sholáthar agus freagracht ar an soláthróir i leith an choimisiúnaithe, is é tráth an choimisiúnaithe an túsphointe is deireanaí;

r) **Cabhair Cheangailte:** cabhair atá ceangailte go héifeachtach (le dlí nó le gníomh) le soláthar earraí agus/nó seirbhísí ón tír bhronntach agus/nó ó líon teoranta tíortha; áirítear leis seo iasachtaí, deontais nó pacáistí maoiniúcháin comhlachaithe ag a bhfuil leibhéal lamháltais is mó ná náid faoin gcéad.

Tá feidhm ag an sainmhíniú seo cibé a dhéantar nó nach ndéantar an 'ceangal' le comhaontú foirmiúil nó le haon chineál tuisceana neamhfhoirmiúla idir an faighteoir agus an tír bhronntach, nó cibé a áirítear nó nach n-áirítear sa phacáiste comhchodanna de na foirmeacha a leagtar amach in Airteagal 32 den Socrú agus nach bhfuil ar fáil go saoráideach agus go hiomlán chun maoiniúchán a dhéanamh ar sholáthar ó thír fála, ó mhórán gach tír eile atá i mbéal forbartha agus ó na Rannpháirtithe, nó go mbíonn cleachtais i gceist leis a mheasann DAC nó na Rannpháirtithe a bheidh coibhéiseach le ceangal den sórt sin.

s) **Cabhair Neamhcheangailte:** cabhair lena n-áirítear iasachtaí nó deontais agus a bhfuil fáltais na n-iasachtaí nó na ndeontas sin ar fáil go hiomlán agus go saoráideach chun maoiniú a dhéanamh ar sholáthar ó aon tír;

t) **Meánré Ualaithe na Tréimhse Aisíocaíochta:** an t-achar a ghlacann sé leath de bhunairgead creidmheasa a íoc ar ais. Déantar é seo a ríomh mar shuim ama (i mblianta) idir túsphointe an chreidmheasa agus gach aisíocaíocht den bhunairgead arna ualú leis an gcion den bhunairgead a íoctar ar ais ag gach dáta aisíocaíochta.

IARSCRÍBHINN XV

FORÁLACHA MAIDIR LE RÁTA TAGARTHA DON ÚS TRÁCHTÁLA (CIRR)

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

1. DÉANAMH NA CIRRANNA

(a) Déanfaidh gach Rannpháirtí ar mian leis CIRR a bhunú ceann amháin de na córais bunráta seo a leanas a roghnú dá airgeadra náisiúnta:

(1) torthaí bannaí rialtais 3 bliana ar feadh téarma aisíocaíochta suas go dtí 5 bliana, agus 5 bliana san áireamh; torthaí bannaí rialtais 5 bliana ar feadh téarma os cionn 5 bliana agus suas go dtí 8 mbliana agus 8 mbliana go leith san áireamh; agus torthaí bannaí rialtais 7 mbliana ar feadh téarma os cionn 8 mbliana go leith; nó

(2) torthaí bannaí rialtais 5 bliana le haghaidh gach aibíochta.

Déanfaidh na Rannpháirtithe aon eisceachtaí ar an gcóras bunráta a chomhaontú eatarthu féin.

(b) Déanfar CIRRanna a shocrú ag corrlach seasta de 100 bonnphointe os cionn gach bonnráta Rannpháirtí, mura rud é go n aontaíonn na Rannpháirtithe a mhalairt.

(c) Bainfidh Rannpháirtithe eile úsáid as an gCIRR a bheidh socraithe d'airgeadra ar leith más rud é go gcinneann siad maoiniú a dhéanamh san airgeadra sin.

(d) Féadfaidh Rannpháirtí a chóras bonnráta a athrú tar éis fógra a thabhairt 6 mhí roimh ré do na Rannpháirtithe agus i ndiaidh dó dul i gcomhairle leo faoi sin.

(e) Féadfaidh Rannpháirtí nó Neamh-rannpháirtí a iarraidh go ndéanfaí CIRR a bhunú d'airgeadra Neamh-rannpháirtí. Ar dhul i gcomhairle leis an Neamh-rannpháirtí leasmhar, féadfaidh Rannpháirtí, nó an Rúnaíocht thar ceann an Neamh-rannpháirtí sin, a mholadh go ndéanfaí CIRR san airgeadra sin ag baint úsáid as nósanna imeachta Líne Choiteann i gcomhréir le hAirteagail 56 go 61.

2. BAILÍOCHT NA CIRRANNA

Ní dhéanfar ráta iasachta atá i bhfeidhm maidir le hidirbheart a shocrú go ceann tréimhse is faide ná 120 lá. Cuirfear corrlach 20 bonnphointe leis an CIRR, más rud é go ndéanfar téarmaí agus coinníollacha na tacaíochta maoiniúcháin oifigiúla a shocrú roimh an dáta conartha.

3. CUR I bhFEIDHM NA CIRRANNA

a) I gcás ina gcuirfear tacaíocht oifigiúil maoinithe ar fáil d'iasachtaí ar rátaí comhdhlúthacha, ní cheadófar do bhainc agus d'institiúidí eile maoinithe an rogha a thabhairt maidir leis an méid is ísle i gcás an CIRR (tráth an chonartha bhunaigh) nó ráta gearrthéarmach an mhargaidh le linn ré na hiasachta.

b) I gcás aisíocaíocht luath shaorálach a bheith déanta ar iasacht nó ar aon chuid di, tabharfaidh an t-iasachtaí cúiteamh d'institiúid an rialtais a chuireann tacaíocht oifigiúil maoinithe ar fáil do na costais agus do na caillteanais go léir a thabhaítear mar thoradh ar an aisíocaíocht luath shaorálach sin, lena n-áirítear an méid a chosnódh sé d'institiúid an rialtais an chuid den insreabhadh airgid ag ráta seasta, ar cuireadh as dó leis an aisíocaíocht luath, a chur ar ais.

CAIBIDIL II

Forálacha sonracha

4. CIRRANNA A DHÉANAMH LE hAGHAIDH IDIRBHEART FAOI IARSCRÍBHINNÍ II AGUS IV DEN SOCRÚ

a) I dtaca leis na CIRRanna is infheidhme maidir le tacaíocht oifigiúil maoinithe a sholáthraítear i gcomhréir le forálacha na dTuiscintí Earnála maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin do Ghléasraí Cumhachta Núicléiche (Iarscríbhinn II) agus do Thionscadail um Fhuinneamh In-athnuaite, Maolú ar an Athrú Aeráide agus Oiriúnú dó, agus Tionscadail Uisce (Iarscríbhinn IV), tógtar iad agus na bonnrátaí agus na corrlaigh seo a leanas á n-úsáid:

Téarma Aisíocaíochta (blianta)	Gléasraí cumhachta núicléiche nua agus tionscadail Iarscríbhinn IV lena mbaineann tréimhsí foirgníochta fada ([1])		Gach conradh eile ([2])	
	Bonnráta (Bannaí rialtais)	Corrlach (bps)	Bonnráta (Bannaí rialtais)	Corrlach (bps)
< 11	CIRR ábhartha i gcomhréir le Caibidil I, Airteagal 1 den Iarscríbhinn XV seo			
11 go 12	7 mbliana	100	7 mbliana	100
13	8 mbliana	120	7 mbliana	120
14	9 mbliana	120	8 mbliana	120
15	9 mbliana	120	8 mbliana	120
16	10 mbliana	125	9 mbliana	120
17	10 mbliana	130	9 mbliana	120
18	10 mbliana	130	10 mbliana	120

([1]) I gcás gléasraí cumhachta núicléiche nua, déantar tagairt d'Airteagal 1 a) 1) d'Iarscríbhinn II. I gcás Iarscríbhinn IV, áirítear tionscadail hidreachumhachta mhóra nua, Foscríbhinn II Aicme Tionscadail A, agus Foscríbhinn III Tionscadail um Oiriúnú.
([2]) I gcás gléasraí cumhachta núicléiche nua, déantar tagairt d'Airteagal 1 a) 2) go dtí 4) d'Iarscríbhinn II. I gcás Iarscríbhinn IV, áirítear leis sin gach tionscadal nach gcumhdaítear i bhfonóta 1 thuas.

b) Na hairgeadraí atá incháilithe do thacaíocht oifigiúil maoinithe, is iad sin na tionscadail atá iomlán in-chomhshóite agus dá bhfuil sonraí ar fáil chun na rátaí íosta úis a thógáil ar rátaí iad a luaitear in Airteagal 4 a) thuas, agus in Airteagal 1 den Iarscríbhinn XV seo le haghaidh téarmaí aisíocaíochta is giorra ná 11 bhliain.

5. CIRRANNA A THÓGÁIL LE hAGHAIDH IDIRBHEARTA FAOI IARSCRÍBHINNÍ V AGUS VI DEN SOCRÚ

Rannpháirtí a sholáthraíonn tacaíocht oifigiúil maoinithe le haghaidh iasachtaí ar ráta seasta i gcomhréir le forálacha na dTuiscintí Earnála le haghaidh Bonneagar Iarnróid (Iarscríbhinn V) nó leis na Téarmaí agus Coinníollacha atá Infheidhme maidir le hIdirbhearta um Maoiniú Tionscadal (Iarscríbhinn VI): cuirfidh sé iad seo a leanas i bhfeidhm, mar rátaí íosta úis:

a) Maidir le téarmaí aisíocaíochta suas go dtí 12 bhliain, an CIRR ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 1 den Iarscríbhinn XV seo.

b) Maidir le téarmaí aisíocaíochta is faide ná 12 bhliain, na CIRRanna ábhartha a thógtar i gcomhréir le hAirteagal 1 den Iarscríbhinn XV seo, lena gcuirfear formhuirear de 20 bonnphointe le haghaidh na n-airgeadraí uile.

CAIBIDIL III

Forálacha oibríochtúla maidir le rátaí íosta úis (CIRRanna) a chur in iúl

6. RÁTAÍ ÍOSTA ÚIS A CHUR IN IÚL

a) Maidir le CIRRanna le haghaidh na n-airgeadraí a chinntear de réir fhorálacha Chaibidil I den Iarscríbhinn XV seo, seolfar trí bhíthin cumarsáid ar an toirt iad chuig an Rúnaíocht uair sa mhí ar a laghad lena scaipeadh ar na Rannpháirtithe uile.

b) Sroichfidh an fógra sin an Rúnaíocht tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dheireadh gach míosa a chumhdaítear leis an bhfaisnéis seo. Cuirfidh an Rúnaíocht na Rannpháirtithe go léir ar an eolas láithreach faoi na rátaí infheidhme agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí iad.

7. DÁTA ÉIFEACHTA DO CHUR I bhFEIDHM RÁTAÍ ÚIS

Rachaidh aon athrú ar na CIRRanna in éifeacht ar an 15ú lá tar éis deireadh gach míosa.

8. ATHRUITHE LÁITHREACHA I RÁTAÍ ÚIS

Nuair a cheanglófar le forbairtí an mhargaidh fógra de leasú ar CIRR a thabhairt le linn míosa, cuirfear an ráta leasaithe i bhfeidhm 10 lá tar éis fógra an leasaithe sin a bheith faighte ag an Rúnaíocht.”